



## Ardteistiméireacht

Cúrsa Gaeilge d'iar-bhunscoileanna  
Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

## Treoir don mhúinteoir

Aoife Ní Chonchúir • Úna Nic Gabhann

Comhairleoir: Siuán Ní Mhaonaigh



# Ceacht.ie

## Cúrsa Gaeilge d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

### Treoir don mhúinteoir Áiseanna don Ardteist



The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. At the top left is the Ceacht.ie logo with the tagline 'Acmhainní do mhúinteoirí Gaeilge'. Below the logo is a vertical navigation menu with the following items: 'Cuid de Ceacht.ie?', 'Acmhainní do Teastas Sóisearach', 'Acmhainní do Ardteist', 'Fadhbanna', 'Eile', 'Na hOidáir', 'Nótaí', and 'Tráchtáil & Áiseolaí'. The main content area features a 'Fáilte go Ceacht.ie' section with a welcome message in Irish, a small image of a woman and a child, and a list of resources: 'Acmhainní do Teastas Sóisearach', 'Acmhainní do Ardteist', and 'Fadhbanna'. Below this is an 'Ábhair Nua' section with a search bar and a 'Liosáil' button.

Údair: Aoife Ní Chonchúir, Úna Nic Gabhann  
Comhairleoir don suíomh: Siuán Ní Mhaonaigh

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilte & Gaelscolaíochta



Ar an 28ú Meán Fómhair 2012 sheol Naoise Ó Muirí, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an suíomh [www.ceacht.ie](http://www.ceacht.ie).  
In earrach na bliana 2016 a foilsíodh an treoirleabhar do mhúinteoirí Ardteiste den chéad uair le haghaidh

### An Chomhairle um Oideachas Gaeilte agus Gaelscolaíochta

35 Cearnóg Mhic Liam

Baile Átha Cliath 2

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

Tógadh an póstaer ar chlúdach an leabhair ó shraith póstaer ar chruinneas na Gaeilge,  
atá ar fáil le híoslódáil saor in aisce ó [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie).

Maisiú póstaer le Dómhnaíl Ó Bric

Dearadh agus leagan amach: Denis M-Baker, [www.tudco.ie](http://www.tudco.ie)

Grianghraf: 01H P8-“Bus Éireann coach outside Connolly Station, 29-07-2012” by Calvinps. 01H P7-Luas Bus Crash-[www.flickr.com/photos/diamonddavesphotos/](http://www.flickr.com/photos/diamonddavesphotos/).  
01H P7-A Tambako The Jaguar [www.flickr.com/photos/tambako/](http://www.flickr.com/photos/tambako/). 01H P5-“Interior of Dundrum Town Centre” by William Murphy from Dublin, Ireland - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Interior\\_of\\_Dundrum\\_Town\\_Centre.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Interior_of_Dundrum_Town_Centre.jpg). 02A P3- © Copyright Patrick Baldwin and licensed for reuse under the Creative Commons Licence. 02B P1- © docentjoyce [www.flickr.com/photos/docentjoyce/4756155697](http://www.flickr.com/photos/docentjoyce/4756155697). 03B P1- © Copyright Eric Jones and licensed for reuse under the Creative Commons Licence. 03B P3- © Copyright Kenneth Hanson and licensed for reuse under the Creative Commons Licence. 03C P1- “Twomileborris signage” by Seighean - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Twomileborris\\_signage.JPG](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Twomileborris_signage.JPG). 03C P1C- Photo of Irish traffic sign © Michael Rogers 2002. 03C P4- © Sludge G. [www.flickr.com/photos/sludgeulper/3422227134](http://www.flickr.com/photos/sludgeulper/3422227134). 03D P1- © Giles Farrington. [en.wikipedia.org/wiki/File:Morph-NMM-Bradford.jpg](http://en.wikipedia.org/wiki/File:Morph-NMM-Bradford.jpg). 04C P2- © [www.leanforward.com](http://www.leanforward.com). 04C P7A- Chicago’s own President Elect - <https://www.flickr.com/photos/53326337@N00/3010826886/> - © Quinn Dombrowski. 04C P7B&C- Official White House Photo by Pete Souza. 04E P1G- Illustration of a laptop computer with a transparent background, by johnny\_automatic - <http://www.freestockphotos.biz/stockphoto/17115>.  
04E P1D- © Matt Jones - Generic mobile and hand, <https://www.flickr.com/photos/blackbeltjones/2654801951>. 04E P1B- Cartoon phone - Louisiana Sea Grant College Program Louisiana State University - <https://www.flickr.com/photos/88158121@N00/1042441248>. © Seaninryan - Jackie Tyrrell of Kilkenny and Gearoid McInerney of Galway in action in the 2015 National Hurling League at Pearse Stadium. 04F P2D- Maria Sharapova © Carine06 - [commons.wikimedia.org/wiki/File:Flickr\\_-\\_Carine06\\_-\\_Maria\\_Sharapova\\_\(1\).jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Flickr_-_Carine06_-_Maria_Sharapova_(1).jpg). 05A P1 - Human Brain, Scan - By Jens Maus <https://commons.wikimedia.org/wiki/File:PET-image.jpg>. 05B P3 - BY Lyn Lomasi - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Perfectionism\\_-\\_Measuring\\_Grass\\_Blade2\\_-\\_Original\\_Size\\_-\\_Sharpened.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Perfectionism_-_Measuring_Grass_Blade2_-_Original_Size_-_Sharpened.jpg). Alessio Damato - 05C P1A- 05C P3C - FamiliaOjeda.JPG - BY Ojedamd <https://commons.wikimedia.org/wiki/File:FamiliaOjeda.JPG>. 05C P3D - “Paternal bonding between father and newborn daughter” by KieferWolfowitz - [https://en.wikipedia.org/wiki/File:Paternal\\_bonding\\_between\\_father\\_and\\_newborn\\_daughter.jpg](https://en.wikipedia.org/wiki/File:Paternal_bonding_between_father_and_newborn_daughter.jpg). 05C P3E- “African Family” by Wazle - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:African\\_Family.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:African_Family.jpg). 05C P5 - “Cyanide and hapiness” by Xfigpower - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Cyanide\\_and\\_hapiness.svg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Cyanide_and_hapiness.svg). 05C P6 - Cartoon of a person talking, with arrows pointing towards audience. (Illustration by Calvin C. Chan). <https://www.flickr.com/photos/rosenfeldmedia/4459977018>. 05C P8 - By Wing-Chi Poon - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File%3AA\\_Cross\\_of\\_Candle\\_Light.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File%3AA_Cross_of_Candle_Light.jpg). 05D P2 -BY TaxRebate.org.uk - <https://www.flickr.com/photos/59937401@N07/5929579731/in/photostream/>. 05D P6-7F - “Rummichals at Appleby Fair” by Rumney2012 - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Rummichals\\_at\\_Appleby\\_Fair.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Rummichals_at_Appleby_Fair.jpg). 05D P6-7E - “Portrait of a Persian lady in Iran, 10-08-2006” by Hamed Saber from Tehran, Iran - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Portrait\\_of\\_a\\_Persian\\_lady\\_in\\_Iran\\_10-08-2006.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Portrait_of_a_Persian_lady_in_Iran_10-08-2006.jpg). 05E P1A - “Children playing on the beach” - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Children\\_playing\\_on\\_the\\_beach.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Children_playing_on_the_beach.jpg). 05E P2 - “Che por Jim Fitzpatrick” by Jgaray - self-made, based on Jim Fitzpatrick’s painting. Jim Fitzpatrick made it free of copyright. Licensed under Public Domain via Commons - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Che\\_por\\_Jim\\_Fitzpatrick.svg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Che_por_Jim_Fitzpatrick.svg). 05E P5 - millaj before after - by Tonks414, <http://tonks414.deviantart.com/art/millaj-before-after-197914313>. 05E P7 - BY Tnarik Innael. <https://www.flickr.com/photos/tnarik/366393127>. 05F P3 - “Cell phones” by Paul Martin Lester - Author’s own work. - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Cell\\_phones.jpg#/media/File:Cell\\_phones.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Cell_phones.jpg#/media/File:Cell_phones.jpg). 06A P5B - BY David Cintron. - <https://www.flickr.com/photos/loudestnoise/87055830>. 06A P5C - BY David Blackwell - <https://www.flickr.com/photos/mobilestreetlife/449006486>.  
06A P5D - Amelia’s Sad Face by Donnie Ray Jones <https://www.flickr.com/photos/donnieray/9436653177>. 06A P5F - “Envidia Envy Eyes dont lie (4254867826)” by Gabriel S. Delgado C. from Puerto Ordaz, Venezuela - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Envidia\\_Envy\\_Eyes\\_dont\\_lie\\_\(4254867826\).jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Envidia_Envy_Eyes_dont_lie_(4254867826).jpg). Nose - by Helga Weber - <https://www.flickr.com/photos/helga/3264983583>. 06A P5I - Sad Man by Abd allah Foteih <https://www.flickr.com/photos/117032936@N08/14580965074>.  
06A P5J - “CISV trust game” by Gorskiya - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:CISV\\_trust\\_game.JPG](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:CISV_trust_game.JPG). 06C P1B - “Graduated!” by Ralph Daily - <https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Graduated!.jpg>. 06C P2 - “Study in group in the library” by Warateens - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Study\\_in\\_group\\_in\\_the\\_HHS\\_library.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Study_in_group_in_the_HHS_library.jpg). 06D P8 - anna gutermuth <https://www.flickr.com/photos/anniferr/4097009340>. 06E P1 - “Construction worker at Westlake Center, 1988” by Seattle Municipal Archives - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Construction\\_worker\\_at\\_Westlake\\_Center\\_1988.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Construction_worker_at_Westlake_Center_1988.jpg). 06E P8 - “Arab Girl” by Elph - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Arab\\_Girl.JPG#/media/File:Arab\\_Girl.JPG](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Arab_Girl.JPG#/media/File:Arab_Girl.JPG). 06F P1B - BY Myfuture.com <https://www.flickr.com/photos/myfuturedotcom/6052490511/in/gallery-68675508@N04-72157627947480809/>. 06F P1C - <http://www.torange.us/People/People-at-work/Artist-paints-5062.html>. 06F P2A - “274 Augusta Westland 139 Irish Air Corps Baldonnell (3236390891)” by Jerry Gunner, Lincoln, UK - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:274\\_Agusta\\_Westland\\_139\\_Irish\\_Air\\_Corps\\_Baldonnell\\_\(3236390891\).jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:274_Agusta_Westland_139_Irish_Air_Corps_Baldonnell_(3236390891).jpg). 06F P2B - “New Light Tactical Armoured Vehicle (4521060858)” by Irish Defence Forces - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:New\\_Light\\_Tactical\\_Armoured\\_Vehicle\\_\(4521060858\).jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:New_Light_Tactical_Armoured_Vehicle_(4521060858).jpg). 06F P2C - L. E. Emer - BY Eoin Gardiner - The Irish Navy ship L.E. Emer in Galway Harbour. <https://www.flickr.com/photos/18091975@N00/5486731949/in/gallery-theyellabelly-72157626427796290/>. 06F P2D - “Oysters served on ice, with lemon and parsley” by David - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Oysters\\_served\\_on\\_ice\\_with\\_lemon\\_and\\_parsley.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Oysters_served_on_ice_with_lemon_and_parsley.jpg). 06F P4 - Current Cadet Class providing Guard of Honour - BY Irish Defence Forces - <https://www.flickr.com/photos/dfmagazine/5516637505>. 06F P7 - “Concept Mars colony” by NASA Ames Research Center - NASA Ames featured images. - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Concept\\_Mars\\_colony.jpg](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Concept_Mars_colony.jpg). 06G P4 - “Aerfort-bac” by ColmDeSpáinn - Own work. Licensed under Public Domain via Commons - <https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Aerfort-bac.jpg#/media/File:Aerfort-bac.jpg>. 06G P11 - “The Beatles in America” by United Press International, photographer unknown - This image is available from the United States Library of Congress’s Prints and Photographs division under the digital ID cph.3c11094. Licensed under Public Domain via Commons - [https://commons.wikimedia.org/wiki/File:The\\_Beatles\\_in\\_America.JPG](https://commons.wikimedia.org/wiki/File:The_Beatles_in_America.JPG). Various other images courtesy of pixabay.com.

Arna chlóbhualadh in Éirinn ag GPS Colour Graphics Ltd.

## Cad é Ceacht.ie?

Is tionscadal nua é [www.ceacht.ie](http://www.ceacht.ie) atá dírithe ar mhúinteoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna, ach is féidir le gach múinteoir Gaeilge úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ann. Tá an t-ábhar bunaithe ar shaol an duine óig agus baintear úsáid as ábhar nua-aimseartha agus tarraingteach ann.

## Ábhar don Ardteist

Faoi láthair tá sé chaibidil nó sé thopaic ann, agus gach ceann acu roinnte i bhfothopaicí.

## An Cineál Ábhair atá ann

Cuirtear ábhar na ndaltaí i láthair i bhfoirm Powerpoint. Bíonn tascanna labhartha, scríofa, éisteachta agus tuisceana le déanamh acu, agus tugtar píosaí litríochta agus filíochta dóibh freisin.

Mar aon leis sin, cuirtear plean ceachta cuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí le smaointe agus teoracha faoi conas an t-ábhar a úsáid go héifeachtach le gach rang; ag an am céanna, fágfar solúbthacht ag an múinteoir an plean a chur in oiriúint don rang atá aici/aige.

Tá ábhar físe agus fuaime le daltaí i nGaelcholáistí taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeiltacht ann, iad ag caint fúthu féin, nó i mbun díospóireachta, nó ag freagairt ceisteanna. Tugann sé seo deis do dhaltaí ar fud na tíre éisteacht lena bpiaraí agus na canúintí a chur i gcomparáid lena chéile.

## Caighdeáin éagsúla

Úsáidtear dathanna éagsúla le caighdeáin na bhfothopaicí a léiriú: glas do na topaicí bunúsacha, oráiste do thopaicí atá measartha dúshlánach agus dearg dóibh siúd atá dúshlánach.

## Bunúsach

## Measartha dúshlánach

## Dúshlánach

**Ceacht.ie**  
Acmhainní do Mhúinteoirí Gaeilge

**Ceacht.ie?**

**Acmhainní don Teacht Góireasach**

**Acmhainní don Ardteist**

**Fáilte go Ceacht.ie**

Is tionscadal de chuid na Comhairle um Dálacha Gaeltachta & Gaelscoileanna i Gaeilge. Is ábhar ar Acmhainní na dAilte Gaeltachta agus Gaelscoileanna atá na acmhainní agus ábhar na hAilte Gaeltachta & Gaelscoileanna. Éiríonn na hAilte Gaeltachta & Gaelscoileanna agus Ura Me. Góireasach agus tuisceana le déanamh acu, agus tugtar píosaí litríochta agus filíochta dóibh freisin. Tá an t-ábhar bunaithe ar shaol an duine óig agus baintear úsáid as ábhar nua-aimseartha agus tarraingteach ann.

Beirtear ar an t-ábhar ar fud na tíre éisteacht lena bpiaraí agus na canúintí a chur i gcomparáid lena chéile.

- Acmhainní don Teacht Góireasach - Teacht don mhúinteoir
- Acmhainní don Ardteist
- Físeanna

Tuigimid tuairiscí Gaeltachta i bhfothopaicí na hAilte Gaeltachta & Gaelscoileanna.

**Ábhair Nua**

Is tionscadal de chuid na Comhairle um Dálacha Gaeltachta & Gaelscoileanna atá na acmhainní agus ábhar na hAilte Gaeltachta & Gaelscoileanna. Éiríonn na hAilte Gaeltachta & Gaelscoileanna agus Ura Me. Góireasach agus tuisceana le déanamh acu, agus tugtar píosaí litríochta agus filíochta dóibh freisin. Tá an t-ábhar bunaithe ar shaol an duine óig agus baintear úsáid as ábhar nua-aimseartha agus tarraingteach ann.

**Léimid**

# Innéacs

<b>1. Saol na scoile</b>	<b>7</b>
A. Ábhair scoile	8
B. Brú staidéir	11
C. Scoil agus brú (bunúsach)	15
D. Scoil agus brú (Measartha dúshlánach)	18
E. Córas na bPointí	21
F. Scileanna staidéir	26
G. An Scrúdú Cainte Gaeilge	30
H. Turais scoile	35
I. Fócas ar theanga:	
i. An t-ainmfhocal baininscneach	39
ii. An t-ainmfhocal firinscneach	41
iii. Céimeanna comparáide na haidiachta	43
<b>2. Caidrimh</b>	<b>45</b>
A. Cumha	46
B. Ísle Brí	50
C. Caidreamh sa scoil	54
D. Póstaí	58
E. Múinteoir maith	62
F. Cén saghas duine thú?	65
G. Mo theaghlach	68
H. Fócas ar theanga:	
i. An aidiacht agus an séimhiú	75
ii. An Chopail Is	77
iii. Lagiobraí agus tréaniobraí	80
iv. Tuiseal ginideach uatha baininscneach	83
v. Tuiseal ginideach uatha firinscneach	85
<b>3. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht</b>	<b>87</b>
A. Ag staidéar trí Ghaeilge	88
B. Na canúintí	92
C. An Ghaeilge timpeall orainn	97
D. An teanga laghdaithe	101
E. Buntáiste an dátheangachais	106
F. Mise agus an Ghaeilge	109
G. Fócas ar theanga:	
i. An aimsir fháistineach	111
ii. An aimsir ghnáthchaite	113
iii. Comhfhocail	116

<b>4. An Chumarsáid</b>	<b>118</b>
A. Ag scimeáil ar líne	119
B. An bhlagáil	123
C. Brú sóisialta	127
D. Cad is cumarsáid ann?	131
E. Teicneolaíocht agus foghlaim	135
F. Teicneolaíocht agus spórt	140
G. Fócas ar theanga:    i. An tuiseal tabharthach	145
ii. Na réamhfhocail shimplí	147
<b>5. An Duine</b>	<b>149</b>
A. Ag labhairt in aghaidh easa	150
B. Aigne an duine	154
C. An duine sa tsochaí	158
D. Ar scáth a chéile	163
E. Bláth na hóige	168
F. Cailíní agus buachaillí	173
G. Fócas ar theanga:    i. An aidiacht san iolra	177
ii. An modh coinníollach	179
<b>6. An saol tar éis na scoile</b>	<b>181</b>
A. Ag fágáil an bhaile	182
B. An Ghaeilge sa saol mór	187
C. Cad atá i ndán duit?	193
D. Saol na hoibre	198
E. Comhionannas inscne	202
F. Conair eile	207
G. Eisimirce agus Uaigneas	212
H. Fócas ar theanga:    i. An Clásal Coibhneasta	217
ii. Dá	219
iii. Má	220

## Caibidil 1: Saol na Scoile

- A. Ábhair scoile (Dúshlánach)
- B. Brú staidéir (múinteoir)
- C. Scoil agus brú (Bunúsach)
- D. Scoil agus brú (Mearartha dúshlánach)
- E. Córas na bPointí (daltaí)
- F. Scileanna staidéir (alt)
- G. An Scrúdú Cainte Gaeilge
- H. Turais scoile
- I. Fócas ar Theanga:
  - i. An t-ainmfhocal baininsneach
  - ii. An t-ainmfhocal firinsneach
  - iii. Céimeanna comparáide na haidiachta

The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. At the top, there is a teal header with the Ceacht.ie logo and the text 'Acmhainní do mhúinteoirí Gaeilge'. Below the header, there are three navigation buttons: 'Cú e Ceacht', 'Acmhainní do Teachtair Scoilreach', and 'Acmhainní do Réaltair'. The main content area is titled 'Ábhair scoile' and features a video player showing a young man in a school uniform. To the left of the video player is a list of topics: 'Ól Saol na scoile', 'A. Ábhair scoile', 'B. Brú staidéir (múinteoir)', 'C. Scoil agus brú (Bunúsach)', 'D. Scoil agus brú (Mearartha dúshlánach)', 'E. Córas na bPointí (daltaí)', 'F. Scileanna staidéir (alt)', 'G. An scrúdú cainte Gaeilge', 'H. Turais scoile', and 'Fócas ar theanga'. Below the video player, there are two small icons representing different content types, each with a 'Táirgí' (Products) section showing 'Cú e Ceacht' and 'Ábhair scoile' with their respective prices: 14.99 and 12.77.

# 1A. Ábhair scoile (Dúshlánach): Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuiscena, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / na hábhair scoile
Stór focal	Na hábhair scoile

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag caint ar na hábhair a thaitníonn leis. Tá an mhír féin an-éasca ach tá na ceachtanna atá bunaithe uirthi níos deacra.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardeistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **hInscne Ainmfhocal** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhobair 1

- ✓ Abair leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceistanna atá ar an sleamhnán seo agus pléigh na freagraí leo (féach Freagraí thíos).



### Réamhobair 2

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar an gcleachtadh seo ina mbeirteanna agus pléigh na freagraí leo ag an deireadh (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceistanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceistanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceistanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceistanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile. Más fearr leat, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceistanna nó cuir na daltaí ag obair i ngrúpaí chun alt nó dhó a scríobh do gach ceist ina gcóipleabhair le plé leis an rang ar fad ansin.



### Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus mínigh aon fhocal nach mbeidh ar eolas acu do na daltaí.
- ✓ Cuir ag obair ar an ngníomhaíocht ansin iad agus cabhraigh leo smaoineamh ar shamplaí más gá.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár.





## Iarphlé 3

- ✓ Mínigh do na daltaí cad a bheidh le déanamh acu agus léigh amach an sampla atá tugtha chun tuairim a thabhairt dóibh ar cad a bheidh ag teastáil.
- ✓ Éist le cuid de na habairtí a bheidh scríofa acu agus scríobh stór focal nua ar an gclár.

## Freagraí

### Réamhobair 1

An bhitheolaíocht: Tá séimhiú ar an bhfocal seo mar tá sé baininscneach (agus tá sé sa tuiséal ainmneach).

Ar an mbitheolaíocht: Bíonn urú ar an ainmfhocal nuair a thagann réamhfhocal agus an t-alt le chéile (e.g. ar an, leis an, roimh an, faoin, ón etc.).

Má tá grúpa Ultach agat beidh séimhiú i gceist in ionad uraithe. B'fhéidir go dtabharfá faoi deara go n-úsáideann Niall sa mhír físe meascán den dá chóras ach is earráid é sin – ní gá aird a dhíriú air!

### Réamhobair 2

- |  |  |
|--|--|
| 1. An Ghaeilge (baininscneach)             | ar an nGaeilge                                 |
| 2. An Fhraincis (baininscneach)            | ar an bhFraincis                               |
| 3. An Ghearmáinis (baininscneach)          | ar an nGearmáinis                              |
| 4. An Béarla (firinscneach)                | ar an mBéarla                                  |
| 5. An Mhatamaitic (baininscneach)          | ar an Matamaitic (ní féidir urú a chur ar 'm') |
| 6. An Cheimic (baininscneach)              | ar an gCeimic                                  |
| 7. An Fhísic (baininscneach)               | ar an bhFísic                                  |
| 8. An Gnó (firinscneach)                   | ar an nGnó                                     |
| 9. An Ceol (firinscneach)                  | ar an gCeol                                    |
| 10. An Ealaín (baininscneach)              | ar an Ealaín                                   |
| 11. An Fhoirgníocht (baininscneach)        | ar an bhFoirgníocht                            |
| 12. An Eacnamaíocht Bhaile (baininscneach) | ar an Eacnamaíocht Bhaile                      |

# 1A. Ábhair Scoile

## Sleamhnán 01

### Ábhair Scoile Réamhobair 1

Cén fáth a bhfuil séimhiú in uimhir 1 thíos agus urú in uimhir 2?

Pléigh leis an duine in aice leat.

1. an **bh**itheolaíocht
2. Táim ag déanamh staidéir ar an **mb**itheolaíocht.

**Obair bheirte:**  
feasacht teanga; gramadach – Tuiseal ainmneach, tuiseal tabharthach.

## Sleamhnán 02

### Ábhair Scoile Réamhobair 2

Cuir an t-alt roimh na hábhair ar fad i gcolún A ar dtús. Nuair a bheidh sé sin déanta agat, déan an t-athrú is gá ar na hábhair i gcolún B.

Colún A	Colún B
Gaeilge: an _____	ar an _____
Fraincis: an _____	ar an _____
Gearmáinis: an _____	ar an _____
Béarla: an _____	ar an _____
Matamaitic: an _____	ar an _____
Ceimic: an _____	ar an _____
Fisic: an _____	ar an _____
Gnó: an _____	ar an _____
Ceol: an _____	ar an _____

**Obair bheirte:**  
**gramadach:** firinscneach, baininscneach, tuiseal tabharthach

## Sleamhnán 03

### Ábhair Scoile Éisteacht

Éist le Niall Mac Dhonnagáin ó Choláiste Eoin ag caint ar na hábhair scoile agus aimsigh freagraí na gceisteanna seo:

- Cad iad na hábhair atá ar bun ag Niall?
- Cad iad na hábhair is fearr leis?
- Cad nach maith leis faoin mbitheolaíocht?

**Tasc éisteachta; obair aonair:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 04

### Ábhair Scoile Iarphlé 1

- Ní maith le Niall a bheith ag foghlaim de ghlanmheabhair. B'fhearr leis an deis a bheith aige rudai a oibríú amach dó féin. An mbionn ortsa rudai a fhoghlaim de ghlanmheabhair go minic ar scoil? Cathain agus cén fáth?
- An bhfuil ábhair á ndéanamh agat ina mbionn ort rudai a oibríú amach duit féin? Cad iad?
- Cad a shileann tú den athfriotal seo? An cur síos cóir é ar an meánscolaíocht nó an bhfuil sé ródhian ar an saghas foghlama a tharlaíonn sa mheánscoil?

*Independence of thought is what a third level education seeks to instil in students. You are not simply regurgitating information that has been learnt directly from a textbook, as is the case with most of the Leaving Cert curriculum. Students are expected to go beyond that and think critically: making links between theory and practice, applying newfound knowledge to real life situations, evaluating arguments and theories, and formulating their own judgements ([www.gotocollege.ie](http://www.gotocollege.ie)).*

**Obair ghrúpa, tasc labhartha nó obair aonair, tasc scríofa;**  
ceisteanna le freagairt; plé ranga.

## Sleamhnán 05

### Ábhair scoile Iarphlé 2

Bhí coincheapa tábhachtacha san athfriotal:

- Neamhspleáchas intinne a chothú
- Machnamh go criticiúil
- Eolas agus tuiscintí nua a chur i bhfeidhm ar an bhfíorshaol
- Measúnú a dhéanamh ar argóintí agus ar theoricí
- A bheith ábalta do thuairim féin a bheith agat ar rud

Scríobh amach i do chópleabhar na hábhair scoile nó na himeachtaí scoile nó na tionscnaimh ar leith is mó a chothaíonn na scileanna thuas i do thuairim. Tabhair cúiseanna le do fhreagra (ní gá go mbeadh na hábhair/imeachtaí/tionscnaimh déanta agat féin).

**Obair aonair scríofa:**  
feasacht foghlama.

## Sleamhnán 06

### Ábhair Scoile Iarphlé 3

Tá cineálacha éagsúla ábhar ar fáil don Ardteist mar a fheiceann tú sa tábla thíos. Roghnaigh ábhar ó gach grúpa agus scríobh cúpla abairt faoin ábhar agus an cineál dalta a mbeadh spéis aige/aici san ábhar sin.

*e.g. is ábhar praiticiúil é an Fhoirgníocht ina mbionn daltaí ag obair le huirlisí agus le hinnealra. Bíonn siad ag dearadh, ag pleandáil agus ag tógáil rudai. Tá sé oiriúnach do dhaltai a bhfuil spéis acu sa tógáil agus atá go maith ag obair phraiticiúil agus ag dearadh rudai.*

Grúpaí ábhar	
<b>Praiticiúil</b>	An Fhoirgníocht, an Innealtóireacht, an Teicneolaíocht
<b>Eolaíocht</b>	An Ceimic, an Fhisic, an Bhith-eolaíocht, Eolaíocht Talmhalochta, an Mhatamaitic, an Mhatamaitic Fheidhmeach
<b>Na healaíona</b>	An Ealaín, an Ceol, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
<b>Léann Daonna</b>	An Tíreolaíocht, an Stair, an Ghaeilge, an Béarla, an Fhraincis, an Gearmáinis, an Spáinnis, an Araibis, an Iodáilis, an tSeapáinis, an Laidin
<b>Sóisialta</b>	An Eacnamaíocht Bhaile, an tOideachas Reiligiúil
<b>Gnó</b>	An Gnó, an Chuntasaíocht, an Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Talmhalochta

**Obair aonair scríofa:** tuairim le tabhairt faoi na cineálacha éagsúla ábhar – praiticiúil, eolaíocht, na healaíona agus araile.

# 1B. Brú staidéir (múinteoir): Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / oideachas
Stór focal	Oideachas agus brú scoile

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir ag labhairt faoi shaol na scoile sa lá atá inniu ann agus fadó. Toisc an chaint a bheith an-chanúnach, tá an píosa deacair go leor dóibh siúd nach bhfuil cur amach acu ar chanúint Uladh.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht **An t-ainmfhocal firinscneach** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhphlé

- ✓ Abair leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar na habairtí faoi oideachas fadó agus faoin oideachas sa lá atá inniu ann.
- ✓ Caithfidh siad cinneadh a dhéanamh an bhfuil na habairtí fíor faoin lá inniu nó fadó. Níl iontu ach coincheapa ginearálta chun plé a chothú (féach Freagraí thíos).



### Réamhobair

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar an gcleachtadh seo ina mbeirteanna agus pléigh na freagraí leo ag an deireadh (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht 2

- ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí an leagan ceart den fhocal a chur sna bearnaí.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís agus abair leo a gcuid freagraí a sheiceáil.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht agus ansin tabhair seans dóibh na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar na focail a phlé (féach Freagraí thíos).



## Iarphlé 1

- ✓ Iarr ar na daltaí an obair seo a dhéanamh ina n-aonar ar dtús agus ansin cuir i mbeirteanna iad chun cur síos a dhéanamh ar eachtraí a tharla dóibh. Mínigh dóibh nach bhfuiltear ag súil go luafaidh siad eachtraí atá príobháideach ná róphearsanta dóibh.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá, bí cinnte go háirithe go bhfuil na nathanna Gaeilge cuí acu (féach Freagraí thíos).



## Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.
- ✓ Cuir ag obair ar an ngníomhaíocht ansin iad agus cabhraigh leo smaoineamh ar shamplaí más gá.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár.



## Scríobh

- ✓ Mínigh do na daltaí go gcaithfidh siad cuntas a scríobh faoi na difríochtaí san oideachas in Éirinn agus i dtír eile. Mura bhfuil aon chur amach acu ar chóras oideachais i dtír eile abair leo córas éigin a shamhlú, mar shampla, an t-oideachas a bheadh ag déagóir san Amasóin!

## Freagraí

### Réamhphlé

- Níos deacra marc maith a bhaint amach san Ardteistiméireacht.
- Níos mó béime ar an scríbhneoireacht agus ar an léitheoireacht.
- ✓ Rogha ábhar agus cúrsaí an-leathan.
- Oideachas agus eolas níos fearr ag scoláirí ag deireadh an chórais oideachais.
- ✓ Oideachas foghlaimeoirilárnach.
- ✓ Caidreamh cothrom idir an múinteoir agus na foghlaimeoirí.
- ✓ Oideachas ildánach a bhfuil scileanna saoil mar chuid lárnach de.
- ✓ Níos mó áiseanna d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas.
- Múinteoirí níos fearr agus níos oilte.

### Réamhobair

Ag meas – ag ceapadh

Fóir – oir

Daofa – dóibh

Léir mór – cuid mhór / a lán

Siocair – de bhrí

Drochbhail – droch-chaoi

Scoltacha – scoileanna

Nach méanar daoibh – nach maith daoibh

Óige – youth

Ag fulaingt – suffering

Bhur spreagadh – inspiring you (plural)

Bhur ngríosú – motivating you (plural)

Réimse – range

Daonna – human

**An Ardteistiméireacht:** Is é an scrúdú deireanach é a dhéantar ag deireadh chóras na meánscolaíochta.

**Gairmchlár na hArdteistiméireachta:** Tá níos mó béime ar fhorbairt phearsanta, ar fhorbairt ghairme agus ar thábhacht an phobail sa chóras seo.

**An Ardteistiméireacht Fheidhmeach:** Tá an clár seo ann dóibh siúd nach bhfuil an dá ardteistiméireacht eile oiriúnach dóibh.

## Éisteacht 1

Ar shlí – ar dhóigh

Measartha maith – maith go leor

Nár fhóir – nár oir

Ceapaim - sílim

Sásta – lúcháir ar

Dubh dóite – leadránach

## Éisteacht 2

Mar mhúinteoir: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ‘mar’.

Ar dhaoine: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ‘ar’.

Nár fhóir: Cuirtear séimhiú ar an mbriathar tar éis na réimíre ‘nár’ san aimsir chaite.

Cuid mhór: Is ainmfhocal baininsneach é ‘cuid’ agus mar sin cuirtear séimhiú ar an aidiacht ina dhiaidh.

Drochbhail: Is comhfhocal é seo agus cuirtear séimhiú ar an dara focal sa chomhfhocal.

## Iarphlé 1

You are lucky – tá an t-ádh ort / nach maith duitse

Well done – fair play duit/ maith thú / bulaí fir / bulaí cailín

I don't believe it – ní chreidim é / tá tú ag magadh

Are you serious? – an bhfuil tú i ndáiríre? / an bhfuil tú ag insint na fírinne?

I'm delighted! – táim ar mhuinte na muice / tá ríméad (áthas) orm

I'm so sorry – tá an-bhrón orm/ tá mé iontach buartha / Is oth liom do chás

You poor thing – a chréatúir / mo ghraidhin thú / mo thrua thú

That's awful! – tá sé sin go hainnis / uafásach / millteanach olc

Are you ok? – an bhfuil tú i gceart? / an bhfuil tú ceart go leor?

I'm devastated! – tá mo chroí briste / tá mé in ísle brí / tá an-díomá orm

# 1B. Brú staidéir

## Sleamhnán 01

### Brú staidéir (múinteoir) Réamhphlé

Féach ar na habairtí thíos a bhaineann le hoideachas in Éirinn. Cuir **X** in aice le gach abairt a bhaineann le hoideachas fadó agus **✓** in aice leis na habairtí a bhaineann le hoideachas an lae inniu, dar leat.

- Níos deacra marc maith a bhaint amach san Ardeistiméireacht.
- Níos mó béime ar an scríbhneoireacht agus ar an léitheoireacht.
- Rogha ábhar agus cúrsaí an-leathan.
- Oideachas agus eolas níos fearr ag scoláirí ag deireadh an chórais oideachais.
- Oideachas foghlaimoirlárnach.
- Caidreamh cothrom idir an múinteoir agus na foghlaimoírí.
- Oideachas ildánach a bhfuil scileanna saoil mar chuid lárnach de.
- Níos mó áiseanna d'fhoghlaimoírí faoi mhíchumas.
- Múinteoirí níos fearr agus níos oile.

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus abair leis/léi cén fáth ar roghnaigh tú amhlaidh.

**Obair bheirte:**  
comparáid idir oideachas sa lá inniu agus fadó. **Plé ranga** ar an ábhar.

## Sleamhnán 02

### Brú staidéir (múinteoir) Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le múinteoir ag caint faoi oideachas inniu agus oideachas san am a chuaigh thart.

- Cad is brí leis na focail seo agus cén chanúint a mbaineann siad leo? Cén leagan atá agat féin?

Ag meas	Fóir	Daofa
Lear mór	Siocair	Drochbhail
Scoltacha	Nach méanar daoibh	

- Cad is brí leis na focail seo?

Óige	Ag fulaingt	Bhur spreagadh
Bhur ngríosú	Réimse	Daonna

- Scríobh abairt amháin ag déanamh cur síos ar na téarmaí thíos.

An Ardeistiméireacht  
Gairmchlár na hArdeistiméireachta  
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach

**Obair bheirte, stór focal:**  
plé ar mhíniú focal; plé ar na scrúduithe éagsúla Ardeiste.

## Sleamhnán 03

### Brú staidéir (múinteoir) Éisteacht 1

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna.

- Cén post atá ag Noel?
- Cad atá le rá aige faoin oideachas agus faoin saol scoile nuair a bhí sé féin ar an scoil?
- Cén fáth a ndeir sé le scoláirí an lae inniu go bhfuil an t-ádh orthu?

Éist leis an mír arís agus aimsigh an leagan a bhí ag an gcainteoir de na leaganacha thíos:

ar shlí \_\_\_\_\_  
measartha maith \_\_\_\_\_  
nár oir \_\_\_\_\_  
ceapaim \_\_\_\_\_  
sásta \_\_\_\_\_  
dubh dóite \_\_\_\_\_

**Tasc éisteachta:**  
saibhriú foclóra.

## Sleamhnán 04

### Brú staidéir (múinteoir) Éisteacht 2

- Lion na bearnaí leis an bhfoirm cheart de na focail idir lúibíní.

A Noel, mar phríomhoide agus mar \_\_\_\_\_ (múinteoir) Gaeilge anois an bhfuil tusa ag meas go bhfuil brú níos mó ar an aos óg anois ná bhí ort féin nuair a bhí tú ag déanamh na hArdeiste?

Bhuel, sílim ar dhóigh amháin go bhfuil níos lú brú ar \_\_\_\_\_ (daoine) óga. Sílim gur athraigh an córas oideachais go mór. Sílim nuair a bhí muidinne ar scoil, duine ar bith a bhí maith ar an scoil, duine ar bith a bhí cineál acadúil, go raibh saol maith go leor acu, ach bhí go leor scoláirí nár \_\_\_\_\_ (fóir) an córas oideachais daofa. Agus, ón taobh sin de sílim go raibh óige, droch-óige amach ag cuid \_\_\_\_\_ (mór) daoine óga agus sílim go bhfeicimid sa tír seo san am atá i láthair ann, mar shampla, go bhfuil lear mór daoine ag fulaingt siocair an droch \_\_\_\_\_ (bail) a tugadh orthu ar an scoil.

- Éist leis an mír arís – an raibh an ceart agat? Cad a bhí ag an duine in aice leat?
- An féidir libh a rá cén fáth a dtagann na hathruithe úd ar na focail?

**Gramadach:**  
focail le líonadh isteach; cruinneas, feasacht ghramádaí.

## Sleamhnán 05

### Brú staidéir (múinteoir) Iarphlé 1

Féach ar an nath cainte:

**Nach méanar duit!**

Cén Ghaeilge atá agat féin ar na nathanna Béarla seo?

You are lucky!  
Well done!  
I don't believe it!  
Are you serious?  
I'm delighted!

I'm so sorry.  
You poor thing.  
That's awful!  
Are you ok?  
I'm devastated!



An féidir leat smaoiniamh ar thrí eachtra mhaithe a tharla duit le bliain anuas, agus trí dhroch-eachtra?

Abair amach iad leis an duine in aice leat!

**Feasacht teanga:**  
nathanna le haistriú;  
**obair bheirte:**  
eachtraí le hinsint; **plé ranga** ar na samplaí.

## Sleamhnán 06

### Brú staidéir (múinteoir) Iarphlé 2

Bí ag obair i ngrúpaí:

- Scríobhaigí sainmhíniú ar cad is oideachas ann, dar libh féin.
- Breacaigí síos 5 pointe mhaithe faoin oideachas atá faighte agaibh féin go dtí seo.
- Breacaigí síos 5 pointe olca faoin oideachas atá faighte agaibh féin go dtí seo.
- An bhfuil aon athrú tagtha ar an gcóras oideachais le bhur linn, cad é?
- Cad iad na buntáistí a bhaineann le scolaíocht bhaile, dar libh?

**Scríobh:**

Scríobh cuntas ar na difríochtaí atá idir an t-oideachas in Éirinn agus in aon tír eile a bhfuil cur amach agat uirthi.

**Obair ghrúpa:**  
plé ar oideachas;  
**obair aonair/ghrúpa:**  
comparáid idir oideachas in Éirinn agus i dtír éigin eile.

# 1C. Scoil agus brú: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / brú
Stór focal	Oideachas agus brú scoile

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta scoile ag caint faoi ghnéithe éagsúla dá shaol ar an scoil. Níl ábhar na míre chomh deacair sin ach tá blas láidir Ultach ag an gcainteoir. Moltar an ghníomhaíocht **An t-ainmfhocal baininsneach** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal go leor Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu focail a bhreacadh síos ar na mothúcháin a léirítear sna pictiúir (féach Freagraí thíos).
- ✓ Nuair atá plé maith déanta agat ar na haidiachtaí ar fad a dhéanann cur síos ar dhaoine faoi bhrú nó gan a bheith faoi bhrú, iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh orthu féin agus an mbíonn siad faoi bhrú nó nach mbíonn de ghnáth.
- ✓ Iarr orthu trí abairt fúthu féin a scríobh, bí ag siúl timpeall le cuidiú leo.
- ✓ Abair leo an cheist seo a chur ar an duine in aice leo: An duine tú a bhíonn faoi bhrú go minic?



### Réamhobair 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí cad atá le déanamh.
- ✓ Iarr ar gach duine an colún 'tú féin' a líonadh fúthu féin ar dtús. Caithfidh siad 1 a chur ann má chuireann an rud an-strus orthu agus 5 a chur ann mura gcuireann an rud faoi bhrú in aon chor iad.
- ✓ Ansin caithfidh siad ceist a chur ar cheathrar eile sa rang leis na colúin eile a líonadh. Scríobh na ceistanna thíos ar an gclár más gá:

An gcaitheann tú mórán ama ar obair bhaile? An gcuireann sé isteach ort?

An mbíonn tú faoi bhrú roimh na scrúduithe scríofa?

An mbíonn strus ort roimh na scrúduithe cainte?

An bhfuil tú neirbhíseach faoin mbaile a fhágáil?

An mbíonn go leor ama agat gach tráthnóna d'obair bhaile a dhéanamh agus staidéar a dhéanamh chomh maith?



## Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí ansin agus iarr orthu na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.



## Iarphlé 1

- ✓ Iarr ar na daltaí na bearnaí a líonadh le heolas fúthu féin. Iarr ar gach duine na habairtí a rá amach os ard. Bí cinnte go bhfuil siad cruinn ceart.
- ✓ Is ceacht é seo a chuireann béim ar fheasacht chultúrtha agus ar fheasacht teanga.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí arís agus tabhair deis do na daltaí na ceisteanna 1-5 a phlé.
- ✓ Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang iomlán agus scríobh aon stór focal nua ar an gclár.



## Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.
- ✓ Is ceacht cainte é seo agus ceacht a théann siar ar cheisteanna agus freagraí san aimsir láithreach.
- ✓ Déan cleachtadh ar an ngné seo den ghramadach ar dtús más gá.
- ✓ Caithfidh na foghlaimeoirí labhairt le gach duine eile sa rang agus daoine a aimsiú a dhéanann na himeachtaí ar an sleamhnán.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo agus chun a chinntiú go bhfuil siad ag úsáid na mbriathar mar is ceart.

## Freagraí

### Réamhobair 1

- mearbhall ar dhuine
- trína chéile
- in ísle brí
- dubh dóite de, bréan de
- faoi bhrú millteanach
- an-strus ar
- ag imeacht le craobhacha
- ar daoraí
- réchúiseach
- féinmhuiníneach



# 1C. Scoil agus brú

## Sleamhnán 01

### Scoil & brú

Réamhobair 1

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Conas mar a mhothaíonn na daltaí thíos, dar libh?



Agus, cad fút féin? An mbíonn tusa faoi bhrú? Breac síos trí phointe faoin tsli a dtéann tú i ngleic le strus, mar shampla:

Is duine réchúiseach mé. Déanaim an obair a chaitfidh mé a dhéanamh agus sin é. Is leor sin!

Bím faoi bhrú go minic mar ní bhíonn go leor ama agam mo chuid obair bhaile a dhéanamh.

Cad faoin duine in aice leat?

**Obair bheirte:**  
stór focal –  
mothúcháin.  
**Obair scríofa:**  
mé féin agus  
brú; **obair**  
**bheirte:** plé.

## Sleamhnán 02

### Scoil & brú

Réamhobair 2

Cuir uimhir i ngach bosca sa cholún 'tú féin' a léiríonn cé chomh mór is a chuireann na nithe sa cholún ar chlé faoi bhrú tú. Féach ar an eochair.

- 1 – Ní bhím faoi bhrú ar chor ar bith.
- 3 – Cuireann sé isteach orm anois is arís.
- 5 – Bíonn an-strus orm.

Anois labhair le ceathrar eile sa rang le fáil amach conas mar a mhothaíonn siad féin faoi na nithe éagsúla.

	Tú féin	Duine 1	Duine 2	Duine 3	Duine 4
Obair bhaile					
Scrúduithe scríofa					
Scrúduithe cainte					
Ag fágáil an bhaile					
Easpa ama					

**Obair aonair:**  
mé féin agus  
brú; **obair**  
**bheirte, tasc**  
**labhartha:**  
daoine eile agus  
brú.

## Sleamhnán 03

### Scoil & brú

Éisteacht

Éist le hAntoin agus freagair na ceisteanna:

1. Cad ba mhaith leis a dhéanamh tar éis na hArdeiste?
2. Cén fáth a bhfuil níos mó ama ag Antoin anois le staidéar a dhéanamh?
3. An síleann sé go bhfuil brú ar dhaoine óga?
4. Cén chomhairle atá aige chun dul i ngleic leis an mbrú?

Bí ag obair i ngrúpaí:

Ón méid atá feicthe agaibh d'Antoin, an duine é a bhíonn faoi bhrú go minic, dar libh? Cén fáth?

Rinneadh suirbhé faoi na canúintí in Éirinn agus roghnaíodh an chanúint atá ag Antoin ar an chanúint is gnéasúla! Cén chanúint atá aige agus an maith libh féin?

**Tasc éisteachta:**  
ceisteanna  
tuisceana; **obair**  
**ghrúpa:** plé ar  
na ceisteanna;  
**plé ranga:**  
tuairimí le  
roinnt.

## Sleamhnán 04

### Scoil & brú

Iarphlé 1

Seo thíos cuid de na habairtí agus frásaí ar bhain Antoin úsáid astu. Líon na bearnaí iontu le heolas atá fíor fút féin.

Tá súil agam (dul agus) freastal ar \_\_\_\_\_.

Tá súil agam \_\_\_\_\_ a bhaint amach i \_\_\_\_\_ le bheith i \_\_\_\_\_.

Bhain Antoin úsáid as an bhfocal 'balancáil'. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Ar chuala tú a leithéid d'fhocail riamh – a chríochnaíonn le -áil? Tabhair cúpla sampla.
2. An bhfuil a leithéid níos coitianta sa Ghaeltacht nó taobh amuigh den Ghaeltacht?
3. Cén fáth dar libh ar bhain Antoin úsáid as an bhfocal sin?
4. An mbaineann sibh féin úsáid as an -áil anois is arís? Cén fáth?
5. An dtarlaíonn an nós i dteangacha eile, dar libh?

## Sleamhnán 05

### Scoil & brú

Iarphlé 2

Siúl timpeall an ranga agus faigh duine amháin a dhéanann na nithe seo a leanas. Sula dtosaíonn tú ag bogadh timpeall bí cinnte gur féidir leat na ceisteanna cearta a úsáid agus na freagraí cui a thabhairt, mar shampla:

An dtéann tú...? Téann / ní théann  
An ndéanann tú...? Déanaim / ní dhéanaim

Aimsigh duine...

...a chaitheann 3 uair an chloig nó níos mó ar obair bhaile.

...a théann amach go dtí club nó dioscó gach Satharn.

...a imríonn spórt gach lá den tseachtain.

...a bhfuil post páirtaimseartha aige.

...atá ag déanamh gach ábhar san ardeibhéal.

...atá ag athdhéanamh na bliana.

...atá ar bís leis na scrúduithe a dhéanamh.

...nach ndéanann aon rud eile ach staidéar gach tráthnóna.

# 1D. Scoil agus brú (Sorcha): Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / brú
Stór focal	Oideachas agus brú scoile

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta scoile ag caint faoi ghnéithe éagsúla dá saol ar an scoil. Níl an mhír chomh deacair sin ach tá stór focal maith inti.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht **Céimeanna comparáide na haidiachta** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhobair 1

- ✓ Iarr orthu ar dtús an leagan Gaeilge de na focail a fháil agus ansin iad a cheangal leis na topaicí cuí.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl sula bpléifidh tú na freagraí leo le seans a thabhairt dóibh a bhfreagraí féin a sheiceáil ón mír (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Iarr ar na daltaí an obair seo a dhéanamh ina n-aonar ar dtús ach ceist a chur ar an duine in aice leo mura bhfuil siad cinnte faoi mhíniú na bhfocal.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá.
- ✓ Abair leo na focail a chur in abairtí lena mbrí a léiriú.



### Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.
- ✓ Is é céimeanna comparáide na haidiachta atá i gceist.
- ✓ Cuir ag obair ar an ngníomhaíocht ansin iad agus cabhraigh leo smaoineamh ar shamplaí más gá.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár.



### Iarphlé 3

- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna ar an sleamhnán.
- ✓ Léigh trí na ceisteanna leis an rang iomlán.
- ✓ Abair leo na ceisteanna a phlé le chéile agus bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo más gá.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár.



### Scríobh & Iarphlé 4

- ✓ Míniú do na daltaí go gcaithfidh siad freagraí a scríobh ar na ceisteanna a cuireadh ar Shorcha sa mhír.
- ✓ Nuair atá siad sásta lena bhfuil scríofa acu, abair leo na ceisteanna a chur ar an duine in aice leo.
- ✓ Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo abairtí cruinne a scríobh agus a rá.



### Moltaí eile

- ✓ Is féidir cúpla eachtra i stair na hÉireann a bhreacadh ar an gclár bán agus seans a thabhairt do gach beirt, nó do gach grúpa, 3 nó 4 phointe eolais faoi gach eachtra a phlé le chéile. An Gorta Mór mar shampla.
- ✓ Is féidir iarraidh ar gach beirt nó gach grúpa 3 nó 4 eachtra nó imeacht a tharla ina gceantair féin a bhreacadh síos agus a phlé. Buachan Chraobh na hÉireann sa pheil ghaelach mar shampla.
- ✓ Is féidir 'Stair – Éisteacht 2' a úsáid leis féin mar thacaíocht ar aon cheacht eile a phléann an aimsir láithreach.

## Freagraí

### Réamhobair 1

#### An Ardteistiméireacht

Fair / balanced – cothrom

Continuous assessment – measúnú leanúnach

#### Cúrsaí oibre

Recession – cúlú eacnamaíochta

### Iarphlé 1

dubh dóite

tinn tuirseach

mac máthair

fud fad

fite fuaite

eagla na heagla

lom lár

### An Ghaeilge

Heart and soul – croí agus cuisle

Heritage – oidhreacht

### Tar éis am scoile

Water safety – sábháilteacht uisce

Rescue skills – scileanna tarrthála

# 1D. Scoil agus brú

## Sleamhnán 01

### Scoil & brú

Réamhobair

A. An féidir leat an leagan Gaeilge a aimsiú de na focail seo?

Recession: \_\_\_\_\_  
 Water safety: \_\_\_\_\_  
 Rescue skills: \_\_\_\_\_  
 Fair / balanced: \_\_\_\_\_  
 Continuous assessment: \_\_\_\_\_  
 Heart and soul: \_\_\_\_\_  
 Heritage: \_\_\_\_\_

B. An féidir leat na focail thuas a mheaitseáil leis na topaicí cuí?

An Ardeistiméireacht  
 Cúrsaí oibre  
 An Ghaeilge  
 Tar éis am scoile

C. Éist leis an mír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agat le **A** agus **B** thuas.

**Obair aonair:**  
 stór focal; focail le meaitseáil le topaic; **tasc éisteachta:** freagraí le seiceáil.

## Sleamhnán 02

### Scoil & brú

Éisteacht

Mír le Sorcha ó Choláiste Ailigh i Leitir Ceanainn.

- Féach ar an mír uair amháin eile gan aon ní a scríobh go fóill.
- Anois, breac síos gach eolas a bhfuil cuimhne agat air faoi na topaicí:

- An Ardeistiméireacht
- Cúrsaí oibre
- An Ghaeilge
- Tar éis am scoile

- Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Tasc scríofa:** sonraí le scríobh ó chuimhne; **obair bheirte:** freagraí le cur i gcomparáid lena chéile.

## Sleamhnán 03

### Scoil & brú

Iarphlé 1

Dúirt Sorcha gurb í an Ghaeilge *croí agus cuisle* na scoile – is minic a bhaintear úsáid as dhá fhocal chun béim a chur ar choincheap amháin. Is minic chomh maith a bhíonn uaim nó comhfhuaim ag baint leo.

An féidir leat na focail ar chlé a cheangal leis na focail ar dheis chun aonad a chruthú?

dubh	máthair
tinn	lár
mac	fad
fud	na heagla
fite	tuirseach
eagla	dóite
lom	fuaite

Cad is brí leo? Mura bhfuil tú cinnte labhair leis an duine in aice leat.

Cuir na nathanna in abairtí anois lena mbrí a léiriú.

**Saibhriú teanga:** nathanna le haithint agus le míniú; **tasc scríofa:** abairtí le cumadh leis na nathanna a shoiléiriú.

## Sleamhnán 04

### Scoil & brú

Iarphlé 2

Cad is brí le *níos fóirsteana*? Cén leagan atá agat féin?

An bhfuil a fhios agat cad is ainm don chuid seo den ghramadach?

Ag obair leis an duine in aice leat déanaigí comparáid idir na rudai sa dá cholún thíos agus bígi in ann cúis a thabhairt ar cén tsli a bhfuil siad difriúil, mar shampla:

Tá Baile Átha Cliath níos mó ná Gaillimh ach níl an caighdeán maireachtála chomh maith sin ann dá bharr.

An Teastas Sóisearach	An Ardeistiméireacht
Gaelscoileanna	Scoileanna Gaeltachta
Mná	Fir
Scolaíocht bhaile	Gnáthscolaíocht
Scannán	Sraitheanna tellifíse
Sacar	Rugbaí
Múinteoirí	Daltaí
An Ghaeilge	An Béarla
Canúint na Mumhan	Canúint Uladh
Rap	Hip hop

**Gramadach:** céimeanna comparáide na haidiachta; **obair bheirte:** comparáid le déanamh le chéile; **plé ranga:** freagraí le seiceáil.

## Sleamhnán 05

### Scoil & brú

Iarphlé 3

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

An bhfuil sé deacair ábhair scoile ar nós an Cheimic a dhéanamh trí mheán na Gaeilge? Cén fáth?

An ndéanann tú staidéar ar theangacha eile trí mheán na Gaeilge?

An labhraíonn tú Gaeilge i rith an lae ar scoil?

Cén bhaint atá ag an nGaeilge le hoidhreacht na tíre?

Cén fáth a bhfuil tusa sa scoil ina bhfuil tú? An tú féin a roghnaigh í?

An bhfuil clú ar do scoil as aon ní faoi leith? Cad é?

**Obair ghrúpa:** feacht chultúrtha, an saol le Gaeilge.

## Sleamhnán 06

### Scoil & brú

Iarphlé 4

**A. Ullmhaigh do chuid freagraí pearsanta féin ar na ceisteanna a cuireadh ar Shorcha sa mhír:**

Nuair atá tusa críochnaithe leis an Ardeist, cá háit ar mhaith leat a dhul?

An bhfuil brú millteanach oibre ort agus tú ag déanamh réidh don Ardeist?

Cé mhéad ábhar ar fad atá á ndéanamh agat?

Cén fáth ar fhíoc tusa \_\_\_\_\_ le theacht thar scoil ar bith eile?

An mbíonn tú ag caint Gaeilge sa bhaile?

**B. Anois, cuir na ceisteanna ar an duine in aice leat.**

**Tasc scríofa:** ceisteanna faoin scoil agus brú; **obair bheirte:** freagraí le cur i gcomparáid lena chéile.

# 1E. Córas na bPointí: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / oideachas
Stór focal	Córas na bpointí

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag caint ar an strus a bhaineann leis an Ardteistiméireacht agus córas na bpointí. Tá an mhír féin éasca go leor ach tá na ceachtanna atá bunaithe uirthi níos deacra.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair

- ✓ Abair leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo agus pléigh na freagraí leo (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Téigh siar ar na comhaonaid leo (féach Freagraí thíos).
- ✓ Téigh siar ar an aimsir chaite ag an bpointe seo sula gcuireann tú gach beirt ag obair ar na ceisteanna a chur ar a chéile.
- ✓ Míniú d'fhéidir go bhfuil dhá phointe le smaoineamh orthu ag plé leis an aimsir chaite: 'r' agus 'séimhiú', mar:
  - Athraíonn **An – Ar** san fhoirm cheisteach.
  - Athraíonn **Ní – Níor** san fhoirm cheisteach.
  - Cuirtear séimhiú ar an mbriathar san aimsir chaite.
- ✓ Téigh siar ar chúpla sampla agus ansin iarr orthu na ceisteanna a chur agus a fhreagairt (féach Freagraí thíos).
- ✓ Díriú aird na bhfoghlaimoirí ar fhreagraí na gceisteanna agus an tslí nach mbaintear úsáid as an bhforainm réamhfhoclach.



## Léamh

- ✓ Ba cheart sleamhnán 'léamh 1' a choinneáil in airde agus seans a thabhairt do gach beirt na pointí faoi *le baccalaureate* a phlé le chéile.
- ✓ Cabhraigh leo le haon deacracht a bheidh acu leo.
- ✓ Mínigh dóibh go mbeidh siad ag léamh faoin gcóras i Sasana ar ball agus mar sin go gcaithfidh siad achoimre a scríobh anois faoin gcóras sa Fhrainc.
- ✓ Ba cheart sleamhnán 'léamh 2' a choinneáil in airde agus seans a thabhairt do gach beirt na pointí faoi *A-Levels* a phlé le chéile.
- ✓ Cabhraigh leo le haon deacracht a bheidh acu leo.
- ✓ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad achoimre a scríobh anois faoin gcóras i Sasana.
- ✓ Is féidir cóip phriontáilte a thabhairt do na daltaí má cheapann tú go bhfuil sé ag teastáil.



## Iarphlé 1 & 2

- ✓ Cuir gach beirt le chéile chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile.
- ✓ Is ceacht scríofa é seo chomh maith le ceacht cainte.
- ✓ Caithfidh gach beirt plé a dhéanamh ar chóras na bpointí in Éirinn. Le linn an phlé sin, caithfidh siad cinneadh a dhéanamh faoi na príomhphointí a gcuirfidh siad béim orthu ina gcuntas scríofa.
- ✓ Is féidir pointe 3 agus 4 a dhéanamh mar phlé oscailte leis an rang ar fad má cheapann tú go n-oirfeadh sé níos fearr don rang atá agat.
- ✓ Téigh siar ar phointe 5 arís agus bí cinnte go dtuigeann gach duine cad atá le déanamh sula gcuireann tú an chéad sleamhnán eile in airde, 'Iarphlé 2'.
- ✓ Caithfidh gach beirt na trí phróifíl a léamh le chéile agus cinneadh a dhéanamh ar cad é an córas is fearr do gach dalta agus cén fáth.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag na daltaí mar rang iomlán.



## Iarphlé 3

- ✓ Mínigh do na daltaí cad a bheidh le déanamh acu agus léigh amach na treoracha ar an sleamhnán.
- ✓ Obair ghrúpa atá i gceist leis an tasc seo agus d'fhéadfá é a dhéanamh spráúil trí na daltaí a chur in iomaíocht le chéile. Cuir gach ceathrar nó mar sin ag obair le chéile chun córas nua pointí a chur le chéile. Abair leo go mbeidh 15 nóiméad acu chun oibriú air agus go mbeidh orthu a bplean a chur i láthair an ranga ag an deireadh.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag gach grúpa.



## Scríobh

- ✓ Caithfidh na daltaí an tuairisc a scríobh go cruinn ceart. Is féidir leo é a dhéanamh mar obair bhaile mura bhfuil go leor ama sa rang.

## Réamhobair 1

Ba cheart, teastaíonn athrú ar an gcóras: **70.3%**

Níor cheart, tugtar cothrom na féinne leis: **29.7%**

Is cuma liom: **5%**

## Réamhobair 2

Theip orm.

Ar theip ort riamh in aon scrúdú? Theip / Níor theip.

**D'éirigh liom.**

Ar éirigh leat bricfeasta a ithe ar maidin? D'éirigh / Níor éirigh.

**Chlis orm.**

Ar chlis ort d'obair bhaile a dhéanamh? Chlis / Níor chlis.

**Thaitin (rud éigin) liom.**

Ar thaitin an rang leat? Thaitin / Níor thaitin.

**Rith (rud éigin) liom.**

Ar rith sé leat mo leabhar a thabhairt isteach leat ar maidin? Rith / Níor rith.

# 1E. Córas na bPointí

## Sleamhnán 01

### Córas na bPointí

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht ar ball le Conor ag déanamh cur síos ar an mbrú a bhaineann leis an Ardeistiméireacht a dhéanamh agus a thuairimí faoi chóras na bpointí in Éirinn.

Féach ar thorthaí suirbhé a bhí sa nuachtán *Foinse* inar cuireadh an cheist:

**Ar cheart deireadh a chur le córas na bpointí san Ardeistiméireacht?**

Cad é an céatadán ceart do gach freagra, dar leat? Cén fáth? Cad a cheapann an duine in aice leat?



Ba cheart, teastaíonn athrú ar an gcóras: \_\_\_\_\_  
 Níor cheart, tugtar cothrom na féinne leis: \_\_\_\_\_  
 Is cuma liom: \_\_\_\_\_

## Sleamhnán 02

### Córas na bPointí

Éisteacht

Féach ar Chonor anois faoi dhó agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a shileann Conor go bhfuil an Ardeistiméireacht cothrom?
2. Ach, deir sé go bhfuil brú ag baint le lá na scrúduithe, cén brú é sin?
3. Cad atá deacair faoi chóras na bpointí, dar le Conor?

Bhain Conor úsáid as an bhfrása *mura n-éiríonn leat*. An féidir leat an forainm réamhfhoclach cui a chur leis na focail thíos chun nath úsáideach a chruthú.

Theip  
 D'éirigh  
 Chlis  
 Thaitin (rud éigin)  
 Rith (rud éigin)

Anois cuir ceisteanna ar an duine in aice leat san aimsir chaite, ag úsáid na nathanna thuas. Mar shampla:

Ar éirigh leat sa scrúdú tiomána? D'éirigh / Níor éirigh

**Tasc éisteachta:**  
 ceisteanna le freagairt;  
**Gramadach:**  
 an forainm réamhfhoclach;  
 dul siar ar an aimsir chaite.

## Sleamhnán 03

### Córas na bPointí

Léamh 1

Le Baccalaureate

- Déantar staidéar ar 7 n-ábhar (an Fhraincis, Mata, Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Fealsúnacht agus teanga iasachta).
- Tá trí rogha ann taobh istigh den chóras – an baccalaureate L (béim ar an litríocht), an baccalaureate S (béim ar an eolaíocht) agus an baccalaureate ES (béim ar chúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta).
- Ní scrúdú dheireadh chóras na meánscolaíochta é ach scrúdú chun freastal ar institiúidí éagsúla tríú leibhéal.
- Tá éileamh níos mó ag na hinstiúidí orthu siúd a bhfuil an 'bac S' acu agus bíonn seans níos fearr ag na daltaí seo freastal ar na coláistí is fearr – *les Grandes Écoles*.
- Is gá 10 as 20 nó níos mó a fháil chun pas a fháil.
- Is leor pas a fháil chun fáil isteach sna gnáth-ollscoileanna.
- Tá na *class préparatoires* mar an chéad chéim tar éis an bac le fáil isteach iontu ar agallaimh a dhéantar i bhfad roimh an bac.
- De bhrí freagraí na gceisteanna sa bac a bheith i bhfoirm aiste den chuid is mó, fiú san eolaíocht, is féidir leis na marcanna a bhronntar a bheith claonta nó suibhachtúil.
- Mura n-éiríonn le dalta ach idir 8-10 a fháil in ábhar ar bith tugtar an seans dó scrúdú breise cainte a dhéanamh ar an ábhar sin.
- Cé gur féidir le gach dalta a fhaigheann pas freastal ar na gnáth-ollscoileanna (chun leigheas nó múinteoireacht a dhéanamh, mar shampla) ní éiríonn ach le leath acu dul isteach sa dara bliain.

**Tasc léitheoireachta:**  
 Le Baccalaureate;  
**tasc scríofa:**  
 achoimre.

## Sleamhnán 04

### Córas na bPointí

Léamh 2

A-Levels

- Déantar staidéar ar 3-5 ábhar de ghnáth ag brath ar cad ba mhaith leis an dalta a dhéanamh san ollscoil.
- Déantar é idir 16-18 bliain d'aois agus maireann sé dhá bhliain. Ní dhéantar staidéar ar níos mó ná 3 ábhar de ghnáth sa dara bliain.
- Cuireann na múinteoirí marcanna sealadacha ar fáil do na hinstiúidí tríú leibhéal agus ní bhíonn siad cruinn i gcónaí. Glacann na hinstiúidí leis na daltaí ar bhonn sealadach ag brath ar na marcanna a chuireann na múinteoirí ar fáil.
- Caithfidh na daltaí na marcanna sin a thuar na múinteoirí a fháil, chun áit a fháil sna coláistí.
- Is féidir leis na daltaí a rogha ábhar a dhéanamh.
- Ní roghaíonn ach 17% de dhaltaí ábhair san eolaíocht.
- Tá torthaí na ndaltaí ag éirí níos fearr le blianta anuas.
- Déantar cuid de na scrúduithe anois ag deireadh na chéad bhliana agus is féidir na scrúduithe sin a athdhéanamh go dtí go bhfuil marc maith faighte.
- Cuireann ollscoileanna áirithe scrúduithe iontrála dá gcuid féin ar siúl chun eolas níos fearr a fháil ar chumas an dalta féin.
- Is ábhar roghnach é teanga iasachta a dhéanamh tar éis ceithre bliana déag d'aois.

**Tasc léitheoireachta:**  
 A-Levels;  
**tasc scríofa:**  
 achoimre.

## Sleamhnán 05

### Córas na bPointí

Iarphlé 1

1. Léigh an dá shleamhnán faoi chóras na bpointí sa Fhraincis agus sa Ríocht Aontaithe. Breac síos achoimre de na pointí faoin dá thopaic i do chóipleabhar.
2. Anois, ag obair leis an duine in aice leat scríobhaigí pointí cosúil leis na pointí ar an dá shleamhnán dheireanacha ach faoin Ardeistiméireacht.
3. Cad é an córas is fearr, dar libh? An bhfuil sibh beirt ar aon intinn faoi sin?
4. Breacaigí síos dhá bhuntáiste agus dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le gach córas.
5. Féachaigí ar phróifíl na ndaltaí ar an gcéad shleamhnán eile. Cad é an córas is fearr a oireann do gach duine? Bigí in ann a rá cén fáth ar roghnaigh sibh amhlaidh.

**Obair bheirte:**  
 pointí eolais faoin Ardeist  
 agus faoi chóras na bpointí,  
 na córais éagsúla le cur i gcomparáid lena chéile;  
**plé ranga** ar na pointí.

## Sleamhnán 06

### Córas na bPointí

Iarphlé 2

**Laura Ní Cheallaigh.**  
 Níl aon dabht ná go bhfuil bua na scríbhneoireachta aici. Tá cúpla comórta bualte aice le haghaidh úrscéalta a scríobh sí. Tá an-sum aici i litríocht na Gaeilge agus an Bhéarla agus ba bhreá léi céim a bhaint amach i Nua-Litríocht. Níl lámh mhaith aici ar an Matamaitic nó ar an Eolaíocht áfach.

**Seán Mac Mathúna.**  
 Ní duine ró-acadúil é Seán ach is fear mór spóirt é. Ní hé nach bhfuil sé cliste ach níl suim aige sa staidéar go háirithe sna hábhair nach bhfuil dúil aige iontu, sa Bhéarla, mar shampla. Is breá leis daoine óga agus bheith ag traenáil mhuintir óg na scoile sa pheil. Is cinnte go mbeidh sé ina mhúinteoir spóirt den scoth ach tá an-éileamh ar na cúrsaí sin sna hollscoileanna.

**Máire Ní Riada.**  
 Is duine iildánach í Máire agus ba mhaith léi bheith ina múinteoir bunscóile. Beidh uirthi gach ábhar a mnuineadh amach anseo ach is cuma léi mar is maith léi gach ábhar anois agus í ar an scoil agus creideann sí go bhfuil sé an-tábhachtach eolas ginearálta a bheith ag muintir óg na tíre.

**Obair bheirte:**  
 daoine éagsúla le meaitseáil le córas oideachais cui;  
**plé ranga:** na torthaí agus tuairimí le roinnt.



## Sleamhnán 07

### Córas na bPointí

Iarphlé 3

Bí ag obair i ngrúpaí.

Ba mhaith leis an Aire Oideachais córas na bpointí a athrú agus d'fhostaigh sé/sí sibhse chun moltaí a chur le chéile le haghaidh córas nua.

Cuirigí na moltaí le chéile anois agus ná déanaigí dearmad de na pointí seo a leanas:

- ✓ Cén fáth a bhfuil córas na bpointí ann?
- ✓ An féidir freastal ar gach saghas duine? Conas?
- ✓ Cad é an t-am is fearr le scrúdú iontrála do na hinstiúidí a dhéanamh?
- ✓ An bhfuil airgead ag an rialtas faoi láthair níos mó áiteanna sna hollscoileanna a chur ar fáil? Ní dócha.
- ✓ An bhfuil aon slí chun scileanna eile (ní scileanna acadúla amháin) na ndaltaí a thástáil?
- ✓ Cad faoi shocrúchán oibre nó taithe oibre?

**Scríobh:** Nuair atá na smaointe agus pointí bailithe agaibh, scríobhaigí (in bhur n-aonar) tuairisc don Aire.

**Obair ghrúpa:**  
moltaí faoin  
Ardteist agus  
faoi chóras na  
bpointí; **tasc**  
**scríofa:** tuairisc  
chruinn faoin  
gcóras.

# 1F. Scileanna staidéir: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / scileanna staidéir
Stór focal	Scileanna staidéir

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt faoi scileanna staidéir (bunaithe ar eolas a bhí ar an suíomh idirlín [www.kidshealth.org](http://www.kidshealth.org)).

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardeistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Cuir na daltaí i mbun oibre ar an gcleachtadh seo ar feadh nóiméad nó dhó agus nuair a bheidh siad críochnaithe éist le cuid de na tuairimí a bheidh acu.



### Réamhobair 2

- ✓ Tá go leor stór focal i gceist leis an gcleachtadh seo. Is féidir leo oibriú ina mbeirteanna chun Gaeilge a chur ar an méid agus is féidir leo sula léann siad an t-alt. Ná bac an ghníomhaíocht seo a cheartú ag an bpointe seo. Tabhair seans dóibh na leaganacha Gaeilge a aimsiú san alt de réir mar a bheidh siad á léamh. Ceartaigh ansin é nuair a bheidh an t-alt léite (féach Freagraí thíos).



### Léamh

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna, más féidir agus abair leo na leaganacha ón réamhobair a aimsiú.
- ✓ Pléigh na freagraí leo agus cabhraigh leo le haon deacracht a bheidh acu leis an alt.



### Léamhthuiscint

- ✓ Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca, abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



### Iarphlé 1

- ✓ Pléigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad (féach Freagraí thíos).



## Iarphlé 2

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceistanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile. Más fearr leat, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceistanna nó abair leis na daltaí abairt nó dhó a scríobh do gach ceist ina gcóipleabhair le plé leis an rang ar fad ansin.

## Freagraí

### Réamhobair 2

- |                         |  |
|-------------------------|--|
| 1. revise:              | <i>téigh siar ar rud</i>                                   |
| 2. review:              | <i>athbhreithnigh</i>                                      |
| 3. organise:            | <i>eagraigh</i>  |
| 4. improve:             | <i>cuir feabhas ar</i>                                     |
| 5. set aside time:      | <i>cuir am ar leataobh</i>                                 |
| 6. concentrate:         | <i>dírigh d'aighe</i>                                      |
| 7. tailor:              | <i>cuir in oiriúint</i>                                    |
| 8. figure out:          | <i>déan amach</i>  |
| 9. reread:              | <i>athléigh</i>  |
| 10. write down:         | <i>breac síos / scríobh síos</i>                           |
| 11. remember:           | <i>cuimhnigh</i>   |
| 12. learn off by heart: | <i>cuir de ghlanmheabhair / foghlaim de ghlanmheabhair</i> |
| 13. take turns:         | <i>tóg sealanna</i>  |
| 14. ignore:             | <i>déan neamhaird de</i>                                   |
| 15. get something done: | <i>rud a chur i gcrích</i>                                 |
| 16. get out of control: | <i>dul as smacht</i>                                       |
| 17. find a solution:    | <i>teacht ar réiteach</i>                                  |
| 18. ask for help:       | <i>cabhair a lorg</i>                                      |

### Iarphlé 1

- |   |   |
|---|---|
| 1. Rud a sheachaint:                            | <i>to avoid something</i>                 |
| 2. Anbhá a theacht ort:                         | <i>to panic</i>                           |
| 3. D'aird a bheith á tarraingt áit éigin eile:  | <i>attention to be drawn elsewhere</i>    |
| 4. Claonadh a bheith agat rud éigin a dhéanamh: | <i>to have a tendency to do something</i> |

### An seanfhocal

“Dá laghad é, is breis é,” arsa an Dreoilín agus é ag mún sa bhfarraige (“Although it’s not much, it’s a bit extra”, said the wren as he urinated in the sea. Ciallaíonn sé rud éigin ar nós ‘Every little helps’!)

# 1F. Scileanna staidéir

## Sleamhnán 01

### Scileanna staidéir

Réamhobair 1

Beidh tú ag léamh ailt ar ball ina bhfuil comhairle faoi conas staidéar a dhéanamh go héifeachtach.

I do chóipleabhar, scríobh síos 3 phíosa comhairle a cheapann tú a bheidh ann.



**Obair scríofa:**  
comhairle don staidéar.

## Sleamhnán 02

### Scileanna staidéir

Réamhobair 2

Sula léifidh tú an t-alt, pléigh na briathra seo leis an duine in aice leat agus cuir Gaeilge ar an méid agus is féidir libh (tá an chéad dá cheann déanta daoibh). Is féidir libh na leaganacha Gaeilge a fháil san alt ansin agus sibh á léamh.

- |                         |                   |
|-------------------------|-------------------|
| 1. revise:              | téigh siar ar rud |
| 2. review:              | athbhreithnigh    |
| 3. organise:            | _____             |
| 4. improve:             | _____             |
| 5. set aside time:      | _____             |
| 6. concentrate:         | _____             |
| 7. tailor:              | _____             |
| 8. figure out:          | _____             |
| 9. reread:              | _____             |
| 10. write down:         | _____             |
| 11. remember:           | _____             |
| 12. learn off by heart: | _____             |
| 13. take turns:         | _____             |
| 14. ignore:             | _____             |
| 15. get something done: | _____             |
| 16. get out of control: | _____             |
| 17. find a solution:    | _____             |
| 18. ask for help:       | _____             |

**Obair bheirte,**  
**stór focal:**  
aistriú ó  
Bhéarla go  
Gaeilge.

## Sleamhnán 03

### Scileanna staidéir

Léamh (Ich. 1)

#### 1. Tosaigh ag staidéar ar scoil

Tosaíonn an obair le haghaidh scrúduithe i bhfad sula ndéir an múinteoir go mbeidh scrúdú á chur ar an rang. Tosaíonn sé sa seomra ranga agus tú ag tógáil nótaí. Má tá tú go maith ag tógáil nótaí cabhróidh sé leat cuimhneamh ar an méid a múineadh duit sa rang nó ar an méid atá léite agat tú féin. Breac síos fríd a luann an múinteoir nó a scríobhann sé ar an gclár i rith an ranga. Má chailleann tú rud éigin, cuir ceist ar do mhúinteoir dul siar air leat tar éis an ranga. Eagraigh do chuid nótaí de réir ábhair agus bí cinnte go bhfuil siad éasca le léamh agus le hathbhreithniú. B'fhéidir, mar sin, go mbeidh ort cuid acu a scríobh amach arís sa bhallé nó le linn rang saor an fhad is atá an rang fós i do cheann. Ar an drochuair, ní mhúintear do dhaltai conas nótaí maithe, soiléire a thógáil. Is scil é ar féidir leat a fheabhsú de réir a chéile, áfach. Lean ort!

#### 2. Pleanáil do chuid ama

Nuair a shuifidh tú síos chun staidéar a dhéanamh, smaoinigh ar an méid ama a theastaíonn uait a chur ar fáil do gach topaic. Sa tsil sin, ní thioctfaidh anbhá ort nuair a fheicfidh tú an méid atá le déanamh agat. Más Dé Luain atá ann agus go bhfuil trí scrúdú agat Dé hAoine, déan amach cé mhéad ama a bheidh uait don staidéar idir é seo agus sin. Ansin déan amach cé mhéad ama a thógfaidh gach ábhar. Mar shampla, ní dócha go mbeidh an scrúdú seachtainiúil stór focal sa Spáinnis chomh dian le scrúdú ról Stáire. Ní bheidh ort an méid céanna ama a chur ar leataobh don Spáinnis, mar sin – agus má bhrioseann tú i gcodanna beag le déanamh gach oíche é, tá sé sin níos fearr fós. Tá sé ar chumas go leor daoine a n-aighe a dhírú go maith ar feadh timpeall 45 nóiméad. Is dócha go dteastóidh uait sos gearr a thógáil ina dhiaidh sin. Más rud é go mbraitheann tú go bhfuil d'aird á tarraingt in áit éigin eile agus tú ag smaoinigh ar rudaí eile, dírigh d'aighe arís. Cuir i gcúimhne duit féin go mbeidh sos ceathrú uair an chloig agat nuair a bheidh

**Obair bheirte:** tasc léitheoireachta.

## Sleamhnán 04

### Scileanna staidéir

Léamh (Ich. 2)

#### 3. Bunaigh do chuid staidéir ar an saghas scrúdaithe atá i gceist

Deir an-chuid múinteoirí leis na daltaí roimh ré an saghas leagan amach a bheidh ar an scrúdú. Cabhraíonn sé seo le daltaí an staidéar a chur in oiriúint don scrúdú. Mar shampla, má tá a fhios agat go mbeidh ceisteanna ilroghnacha ar an Dara Cogadh Domhanda agat, beidh a fhios agat gur cheart duit a bheith ag díriú ar fhírí agus ar shonraí ar leith. Ach más rud é go mbeidh aistí le scríobh sa scrúdú, beidh ort smaoinigh ar cad iad na topaicí a d'fhéadfadh a bheith sa scrúdú agus do chuid nótaí agus leabhar a úsáid chun a dhéanamh amach conas is fearr ceisteanna ar na topaicí sin a fhreagairt.

Agus tú ag staidéar, téigh siar arís ar do nótaí agus ar aon eolas breise ón

déacleabhar. Léigh agus athléigh rudaí más gá agus breac síos fráis nó smaointe a chabhróidh leat cuimhneamh ar na príomhchoincheapa. Nuair a bhíonn tú ag iarraidh dátaí nó ainmneacha a chur de ghlannbheathair ná déan dearmad go dtógann sé cúpla iarracht é a bheith i gceart agat. Sin cúis amháin gur cheart duit tosú ag staidéar i bhfad roimh scrúdú. Bain úsáid as nodanna a chabhróidh leat rudaí a chur de ghlannbheathair – b'fhéidir go bhfuil cúpla ceann tugtha duit ag do mhúinteoir, nó b'fhéidir go bhfuil cúpla ceann cumtha agat féin. Uaireanta ligean daoine orthu féin go bhfuil siad ag múineadh os ard do dhalta samhalteach. Cabhraíonn sé leo a bheith ag obair le duine eile agus sealanna a thógáil ag múineadh os ard dá chéile. Straitéis eile ná cártaí beaga a dhéanamh amach ina bhfuil na príomhphointí scríofa orthu. Is féidir na cártaí sin a úsáid ansin le dul siar a dhéanamh don scrúdú.

**Obair bheirte:** tasc léitheoireachta.

## Sleamhnán 05

### Scileanna staidéir

Léamh (Ich. 3)

#### 4. Seachain a bheith ag cur rudaí ar an méar fhada

Déan iarracht gan tús a chur leis an staidéar ag an nóiméad deireanach. Má tá an claonadh sin agatsa déan iarracht a bheith eagraithe. Nuair a scríobhann tú dátaí scrúduithe nó spríochdátaí ar fhéilire tá sé deacair neamhaird a dhéanamh dóibh. Agus nuair a shuíonn tú síos chun do chuid oibre a phleanáil agus a eagrú tuigeann tú go maith go dtógann sé a lán ama rudaí a chur i gcrích. Dá eagraithe tú is ea a bhíonn tú is ea is deacra atá sé rudaí a chur ar an méar fhada. Uaireanta bíonn eagla ar dhaoine tosú ag staidéar mar braitheann siad scanraithe roimh an méid atá le déanamh toisc go bhfuil siad taobh thiar ar an staidéar. Ná lig do seo tarlú duitse. Bíodh do chuid nótaí eagraithe, déan an léitheoireacht a iarrat ort a dhéanamh agus lean na nodanna staidéir atá luaite chun go mbeidh smacht agat ar an obair.

Ach cad atá le déanamh agat má tá rudaí imithe as smacht ort? Fiafraigh de do mhúinteoirí cabhrú leat chun teacht ar réiteach. Ná bíodh eagla ort cabhair a lorg. Bíonn meas ag múinteoirí ar dhaltai a bhfuil suim acu san obair agus a dteastaíonn uathu go n-éireodh go maith leo.

**Obair bheirte:** tasc léitheoireachta.

## Sleamhnán 06

### Scileanna staidéir

Léamhthuisicint

Freagair na ceisteanna seo ar an alt atá léite agat.

#### Cuid 1: Tosaigh ag staidéar ar scoil

1. Cén tábhacht a bhaineann le bheith ábalta nótaí maithe a thógáil?
2. Conas ar cheart duit do chuid nótaí a eagrú agus conas is féidir leat feabhas a chur orthu?

#### Cuid 2: Pleanáil do chuid ama

1. Cén fáth a bhféadfadh anbhá teacht ar dhuine nuair a thosaíonn sé/sí ag staidéar?
2. Cén chomhairle a thugtar maidir le d'aighe a dhírú agus tú ag staidéar?

#### Cuid 3: Bunaigh do chuid staidéir ar an saghas scrúdaithe atá i gceist

1. Conas ar cheart ullmhú do scrúdú ceisteanna ilroghnacha?
2. Cén fáth a moltar gur cheart tosú ag staidéar i bhfad roimh scrúdú?

#### Cuid 4: Seachain a bheith ag cur rudaí ar an méar fhada

1. Conas is féidir a bheith ag cur rudaí ar an méar fhada a sheachaint?
2. Cén fáth a mbeadh ar dhaltai cabhair a lorg ar mhúinteoir?

**Tasc scríofa:**  
ceisteanna le freagairt;  
**obair bheirte:**  
freagraí le plé.

## Sleamhnán 07

### Scileanna staidéir Iarphlé 1

Bhí roinnt nathanna san alt atá beagán deacair. An bhfuil siad ar eolas agat anois?

- Rud a sheachaint
- Anbhá a theacht ort
- D'aird a bheith á tarraingt áit éigin eile
- Clonadh a bheith agat rud éigin a dhéanamh

Féach an struchtúr seo:

"Dá eagraithe is ea a bhíonn tú is ea is deacra atá sé rudaí a chur ar an méar fhada."

An dtuigeann tú an seanfhocal seo:

"Dá laghad é, is breis é," arsa an Dreoilín agus é ag mún sa bhfarraige!

Cathain a d'fhéadfá an seanfhocal sin a úsáid?

**Plé ranga,  
saibhriú  
teanga:  
nathanna le  
foghlaim agus  
le húsáid.**

## Sleamhnán 08

### Scileanna staidéir Iarphlé 2

Pléigh na ceisteanna seo:

1. An raibh an chomhairle a bhí san alt úsáideach? Cén fáth?
2. An n-úsáideann tusa mórán de na straitéisí a bhí luaite san alt? Cad iad?
3. Cé mhéad staidéir a dhéanann tusa de ghnáth?
4. Cad iad na hábhair is mó a gcaitheann tú am leo? Cén fáth na hábhair sin?

**Obair ghrúpa  
nó plé ranga:  
scileanna  
staidéir  
pearsanta.**

# 1G. An Scrúdú Cainte: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse sin den siollabas – an scrúdú cainte
Stór focal	Saol na ndaltaí

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir scoile ag tabhairt comhairle do dhaltaí chun dul i ngleic leis an scrúdú cainte. Is mír fhada í agus tá na ceachtanna rannata i dtrí chuid dá bharr sin. Tá an-chuid sa chleachtadh seo agus ní gá gach gníomhaíocht a dhéanamh, is féidir iad a chur in oiriúint don rang atá agat féin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardeistiméireacht.

## An Scrúdú Cainte 1



### Réamhphlé

- ✓ Abair leis na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo agus iad a phlé i ngrúpaí. Is cleachtadh cainte é seo agus ba chóir i gcónaí iarracht a dhéanamh an t-atmaisféar ceart a chruthú chun na foghlaimeoirí a chur chun cainte le chéile.
- ✓ Ceacht é ar fheasacht foghlama freisin. Is cuid lárnach é d'fhoghlaim teangacha ceisteanna a chur agus plé a dhéanamh ar cad is teanga ann. Cén fáth a labhraítear an teanga? Cén fáth a ndéantar staidéar ar theanga agus a leithéid?
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis na daltaí nuair atá píosa maith cainte déanta acu féin cheana féin.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarphlé

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i mbeirteanna chun na ceisteanna seo a dhéanamh le chéile.
- ✓ Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad le cinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Is féidir leat ceisteanna a scríobh ar an gclár más gá chun cuidiú leo, mar shampla:

#### Mo Chlann & Mo Chairde

Cé mhéad deirfiúracha agus deartháireacha atá agat?

An réitíonn tú go maith leo?

An tusa an duine is óige?

An bhfuil do chara is fearr sa rang / sa scoil chéanna leat?  
An gcasann tú le do chuid cairde go minic i rith na seachtaine?  
Cad a dhéanann tú féin agus do chuid cairde ag an deireadh seachtaine?

- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.
- ✓ Téigh siar ar aon deacracht a tháinig aníos.

## An Scrúdú Cainte 2

Ba cheart a rá leis na daltaí go mbeidh siad ag déanamh na gníomhaíochta seo i gceann seachtaine nó i gceann coicíse, agus iarr orthu buntopaic, dán, sraithphictiúr agus topaic níos dúshlánaí a ullmhú don rang sin.



### Réamhphlé

- ✓ Caithfidh na daltaí an seicliosta a léamh agus machnamh a dhéanamh ar an obair a rinne siad le linn na seachtaine chun ullmhú don scrúdú cainte.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga chun cuidiú leo má bhíonn aon cheist acu.
- ✓ Iarr orthu ansin a seicliostaí a chur i gcomparáid leis na daoine in aice leo agus plé a dhéanamh ar aon deacracht a mhothaigh siad a bhí acu agus iad ag ullmhú don scrúdú.
- ✓ Plé na tuairimí atá ag an rang ar fad faoi na deacrachtaí a bhaineann le hullmhúchán don scrúdú cainte.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh (féach Freagraí thíos).



### Iarphlé

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i mbeirteanna chun an chéad cheist a phlé.
- ✓ Abair leo ansin a bheith ag siúl timpeall an ranga agus iad féin a chur in aithne do gach duine. Is dócha faoin am seo go bhfuil na daltaí breá ábalta é seo a dhéanamh, ach is í an aidhm atá leis an ngníomhaíocht ná a léiriú dóibh go bhfuil an scrúdú cainte in ainm is a bheith cosúil leis an bhfíorshaol.
- ✓ Cuir gach beirt le chéile arís leis an dá cheist dheireanacha a dhéanamh.
- ✓ Pléigh tuairimí an ranga ansin.

## An Scrúdú Cainte 3



### Réamhphlé

- ✓ Is cleachtadh cainte é seo agus cleachtadh ar fheasacht chultúrtha.
- ✓ Ba cheart na foghlaimeoirí a chur ag machnamh ar a gcumas Gaeilge féin agus ba cheart go mbeadh siad de shíor á gceistiú féin ar cén tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge agus cén tábhacht a bhaineann leo féin mar chainteoirí Gaeilge.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad tar éis dóibh píosa maith cainte a dhéanamh iad féin.



## Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Tá na ceisteanna éisteachta níos scaoilte agus mar sin beidh sé níos deacra do na foghlaimeoirí freagraí a thabhairt toisc go bhfuil go leor éisteachta le déanamh acu.
- ✓ Tarlaíonn sé i gcónaí go mbíonn amanna ann nuair nach dtuigeann cainteoirí a chéile in aon teanga ach ba chóir go gcruthódh na daltaí go bhfuil siad in ann déileáil le bunchomhrá go réasúnta éifeachtach agus go mbeadh na straitéisí cuí acu le déileáil le bearnaí ina gcuid eolais nó chun déileáil le haon deacracht a thagann chun cinn. Is é sin go díreach atá i gceist leis an gcleachtadh ar na *scenarios* éagsúla.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh (féach Freagraí thíos).



## Iarphlé

- ✓ Téigh go dtí <http://www.youtube.com/watch?v=SXrjouPxuAo> agus cuir an gearrscannán ar siúl don rang.
- ✓ Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile agus ansin pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.

## Freagraí

### An Scrúdú Cainte 2 – Éisteacht

Ag léamh an dáin: Tuiseal ginideach uatha tar éis ‘ag léamh’, ainm briathartha. Is focal firinsneach é ‘dán’.

Ó thaobh na léitheoireachta de: Tuiseal ginideach uatha tar éis ‘ó thaobh’, réamhfocal comhshuite. Is focal baininsneach é ‘léitheoireacht’.

Ar nós na gaoithe: Tuiseal ginideach uatha tar éis ‘ar nós’, réamhfocal comhshuite. Is focal baininsneach é ‘gaoth’.

Ar fhadhbanna na tíre: Tuiseal ginideach uatha tar éis ‘ar fhadhbanna’. Is focal baininsneach é ‘tír’.

### An Scrúdú Cainte 3 – Éisteacht

N’fheadar puinn: Níl a fhios agam a dhath faoi sin, níl barúil agam faoi...

1. Ar mhiste leat labhairt níos moille, le do thoil? / Gabh mo leithscéal, ní thuigim tú.
2. Tá an-bhrón orm, tá slaghdán orm! / Gabh mo leithscéal, tá súil agam nach gcuirfidh an chasachtach isteach ar an gcomhrá...
3. Oh tá náire orm, brón orm faoi sin! / Ní chreidim é! / Tá mé chomh hamscaí (ciotrúnta, tuathalach, liopasta)!
4. Imíonn an focal orm! / Ní ritheann an focal sin liom faoi láthair.
5. Níl a fhios agam aon ní faoi sin. / Níl aon chur amach agam ar na cúrsaí sin. / Níl suim dá laghad agam sna cúrsaí sin.
6. Níl a fhios agam aon ní faoi sin. / Níl aon chur amach agam ar na cúrsaí sin. / Níl suim dá laghad agam sna cúrsaí sin.
7. Ar mhiste leat é a rá arís? Níor chuala mé tú. / Abair arís é sin más é do thoil é.



# 1G. An Scrúdú Cainte

## Sleamhnán 01

### An Scrúdú Cainte 1

Réamhphlé

Beidh tú ag éisteacht ar ball le múinteoir ag cur comhairle faoin tslí is fearr le humhlú don scrúdú cainte. Sula n-éistean tú leis an mír áfach, bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus pléigí na ceisteanna seo le chéile:

1. Cad é an leagan amach atá ag an scrúdú cainte?
2. Cén fáth a bhfuil níos mó marcanna ag dul don scrúdú cainte inniu ná mar a bhí ag dul dó roimhe?
3. Cén chomhairle a thabharfadh sibh féin do dhaoine chun a bheith níos líofa sa Ghaeilge?

Ba chóir...  
Ba cheart...  
Tá sé rithábhachtach...  
Ní mór duit...  
Is gá...



**Obair ghrúpa, feacht teanga: an scrúdú cainte le plé; plé ranga: tuairimí le malartú.**

## Sleamhnán 02

### An Scrúdú Cainte 1

Éisteacht

Éist le Ciara ag cur comhairle anois agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth ar cheart tosú ag ullmhú láithreach don scrúdú, dar le Ciara?
2. Ba cheart tosú anois díreach ag labhairt na Gaeilge a deir Ciara, ach cad eile a mholann sí?
3. Luann Ciara nuachtáin agus araile gur féidir le déagóirí úsáid a bhaint astu, cad iad? An féidir leat smaoineamh ar aon acmhainn eile?



**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 03

### An Scrúdú Cainte 1

Iarphlé

1. Féach ar na buntopaic seo a bhí ar fáil ar [www.gaelport.ie](http://www.gaelport.ie) agus cuir uimhir (1-10) in aice le gach topaic ag léiniú cé chomh compordach is atá tú ag caint faoi. Mar shampla, cuir 10 in aice le topaic ar féidir leat labhairt faoi gan stró agus 1 in aice le topaic nach bhfuil tú in ann mórán a rá faoi.

- An fáiltiú & Mé féin
- Mo Chlann & Mo Chairde
- Mo Theach
- Mo Cheantar Dúchais
- Mo Shaoil [gach lá/deireadh seachtaine]
- Mo Chaitheamh Aimsire [ x2]
- Mo Scoil & An Ardeist
- Mo Thodhcháí & Pleananna
- Laethanta Saoire
- Mo thopaic pearsanta \*\* [An clár/scannán/leabhar/áit/cara/rud/turas/saoire is fearr liom]

2. Anois, féach cad atá ag an duine in aice leat. An bhfuil na tuairimí céanna agaih?
3. Roghnaigí topaic nach bhfuil an oiread sin cur amach ag an mbeirt agaih air agus scríobhaigí ceisteanna le chéile faoi.
4. Cuirigí na ceisteanna ar a chéile anois.

**Obair bheirte:** ábhair chainte don scrúdú béil, ceisteanna le cumadh agus le freagairt.

## Sleamhnán 04

### An Scrúdú Cainte 2

Réamhphlé

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos na codanna éagsúla atá mar chuid den scrúdú cainte.
2. Féachaigí anois ar an seicliosta thíos ó [www.gaelport.ie](http://www.gaelport.ie) agus cuirigí tic in aice leis na pointí atá déanta agat faoi **aon topaic amháin**. Bí ag obair libh féin ar dtús agus ansin cuirigí bhur seicliostaí i gcomparáid le chéile.

#### Buntopaic na seachtaine

- Tá cuntas gearr ullmhaithe agam ar \_\_\_\_\_
- Is féidir liom gach rud a fhoghrú i gceart
- Tuigim na ceisteanna samplacha a tugadh dom/cuireadh orm
- Rinne mé cleachtadh béil os ard go mion minic ar an topaic seo!
- Tá mé ábalta ceangal a dhéanamh le topaic níos deacra/níos pearsanta!

#### Dán na seachtaine

- Rinne mé cleachtadh béil ar an dán \_\_\_\_\_
- D'éist mé leis an taifead den dán ar [gaelport.com/cuireadhchuncainte](http://gaelport.com/cuireadhchuncainte)
- Tá go leor cleachtadh ó bhéal déanta agam ar an dán
- Tá mé compordach ag foghrú na bhfocal go léir
- Tá mé ábalta fuinneamh / beocht a chur isteach ann!!

**Obair aonair:** seicliosta ullmhúcháin le líonadh isteach; **obair bheirte:** liostaí le cur i gcomparáid lena chéile, deacrachtaí le plé.

## Sleamhnán 05

### An Scrúdú Cainte 2

Réamhphlé

#### Pictiúr na seachtaine

- Tá neart cleachtaidh déanta agam ar shraith \_\_\_\_\_
- Chruthaigh mé liosta foclóra agus nathanna don tsraith
- Tá mo chuntas gearr faoin tsraith ullmhaithe agam
- Tá mé ar mo chompond anois le hábhair na sraith seo
- Is féidir liom ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoin tsraith seo

#### Mo thopaic pearsanta (níos dúshlánaí)

- D'ullmhaigh & d'fhoghlaim mé liosta foclóra/nathanna/frásáil ar \_\_\_\_\_
- Tá alt gearr curtha le chéile agam faoi \_\_\_\_\_
- Rinne mé go leor cleachtaidh ó bhéal ar an topaic seo
- Tuigim conas an topaic seo a fhí isteach sa ghnáthchaint/chomhrá
- Airím ar mo chompond ag labhairt faoin topaic seo anois

**Obair aonair:** seicliosta ullmhúcháin le líonadh isteach; **obair bheirte:** liostaí le cur i gcomparáid lena chéile, deacrachtaí le plé.

## Sleamhnán 06

### An Scrúdú Cainte 2

Éisteacht

Éist le Ciara anois ag tabhairt comhairle faoi na codanna éagsúla den scrúdú cainte. Cad a deir sí faoi:

- An fáiltiú – ag cur tú féin in aithne
- An dán
- An tsraith pictiúr
- Caint agus comhrá

Féachaigí ar na nathanna seo a bhí ag Ciara. Cad is féidir leat a rá fúthu? Bí in ann labhairt faoi inscne na bhfocal agus na tuisil.

Ag léamh an dáin  
Ó thaobh na léitheoireachta de  
Ar nós na gaoithe  
Ar fhadhbanna na tíre

Cad a deir an duine in aice leat?

**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 07

### An Scrúdú Cainte 2

Iarphlé

➤ Is ionann an chéad chuid den scrúdú cainte (an fáiltiú) agus tú féin a chur in aithne ag cóisir, nach ionann? Breac síos na cosúlachtaí idir an dá rud. Cad atá ag an duine in aice leat?

➤ Siúl timpeall an ranga anois agus cuir tú féin in aithne do gach duine ann.

➤ Nuair a chasann tú le duine den chéad uair (ag cóisir, mar shampla), cad a dhéanann tú le dul i bhfeidhm go maith ar an duine sin?  
*Bím gléasta go deas...*

➤ Níl aon chúis nach féidir 100% a bhaint amach sa chuid sin den scrúdú cainte – an dán agus an tsraith pictiúr, ná níl? Cén fáth nach mbíonn sé amhlaidh áfach – pléigh leis an duine in aice leat.

**Obair bheirte:** scrúdú cainte vs cóisir maidir le cur in aithne; **obair ranga:** labhairt le chéile, cur in aithne; **obair bheirte:** plé cén fáth nach bhfaigheann gach dalta 100% san fháiltiú.

## Sleamhnán 08

### An Scrúdú Cainte 3

Réamhphlé

Cad is cainteoir dúchais Gaeilge ann?

Duine ón nGaeltacht?  
Duine a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil?  
Duine nach labhraíonn aon Bhéarla in aon chor?

An cainteoir dúchais Gaeilge tú féin? Cén fáth?

Cad iad na habairtí atá fíor fút féin:

- Labhraím Gaeilge anois is arís.
- Tá Gaeilge ar mo thoil agam.
- Tógadh go dátheangach mé.
- Níl aon Ghaeilge agam.
- Ní labhraím Gaeilge ach ar an scoil.
- Bím féin agus mo chuid cairde ag labhairt i nGaeilge.
- B'fhearr liom bheith ag caint as Béarla ná Gaeilge.
- Bím bródúil as a bheith ag caint as Gaeilge.

**Obair bheirte, feacht chultúrtha:** cainteoirí dúchais Gaeilge; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 09

### An Scrúdú Cainte 3

Éisteacht

Cad a deir Ciara faoi:

- a) Cainteoir dúchais agus an scrúdú cainte?
- b) Easpa foclóra agus an scrúdú cainte?

Cad is brí le **N'fheadar puinn?** Cén leagan a úsáideann tú féin?

Ag obair leis an duine aice leat, féachaigí ar na *scenarios* éagsúla seo agus pléigí conas a láimhseálfadh sibh iad dá dtarlódís daoibh féin. Cad a déarfadh sibh sna cásanna éagsúla?

1. Ní thuigeann tú canúint an scrúdaitheora.
2. Tá casachtach ort.
3. Tuisílíonn tú ar do bhealach isteach sa scrúdú.
4. Ní féidir leat smaoineamh ar an bhfocal as Gaeilge.
5. Cuireann an scrúdaitheoir ceist ort faoi thopaic nach bhfuil aon chur amach agat air, in aon teanga.
6. Tá tú ag labhairt faoi thopaic nach bhfuil ullmhaithe agat agus níl an foclóir a bhaineann leis ar eolas agat.
7. Níor chuala tú an cheist a chuir an scrúdaitheoir ort.

**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt; **obair bheirte:** conas déileáil le dúshlán éagsúla sa scrúdú béil.

## Sleamhnán 10

### An Scrúdú Cainte 3

Iarphlé

Féach ar an ngearrscannán *Lipservice* agus pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa ansin.



1. Ar thaitin an scannán leat? Cén fáth?
2. An mbíonn na scrúduithe cainte mar sin i ndáiríre, dar leat?
3. An bhfuil an scoil sa scannán cosúil le do scoil féin?
4. An mbeidh abairtí agus araile foghlamtha de ghlanmheabhair agat féin don scrúdú cainte?
5. Cén fáth a bhfuil scrúdú cainte ann?
6. Cé acu is deacrú duit féin – an scrúdú cainte nó an scrúdú scríofa?

**Tasc éisteachta:** físeán *Lipservice*; **obair bheirte:** ceisteanna le freagairt

# 1H. Turais scoile: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / turais scoile
Stór focal	Turais scoile /saol na tuaithe agus saol na cathrach

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt faoi thurais scoile a scríobh Tomás Ó Sé, dalta i bPobalscoil Chorca Dhuibhne, don Iris Scoile.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Toisc go bhfuil an cleachtadh seo réasúnta éasca, leag béim mhór ar an litriú a bheith cruinn ceart. Níl gníomhaíocht den chineál seo ‘ró-éasca’ do ghrúpa foghlaimeoirí ach amháin má tá siad ábalta gach briathar a litriú i gceart! (Féach Freagraí thíos.)



### Réamhobair 2

- ✓ Pléigh cuid (a) den sleamhnán seo leis an rang ar fad agus lig dóibh féin an míniú ar na frásaí a chur ar fáil, más féidir leo (féach Freagraí thíos).
- ✓ Abair leo tabhairt faoi chuid (b) le chéile ina mbeirteanna agus tar éis cúpla nóiméad éist le cuid den mhéid a bheidh scríofa síos acu. Bí cinnte stór focal úsáideach a chur ar an gclár de réir mar a oireann (e.g. An Gailearaí Náisiúnta; Ard-Mhúsaem na hÉireann; Príosún Chill Mhaighneann; Páirc an Fhionnuisce; Faiche Stiabhna; Leabhar Cheanannais; dánlann/gailearaí; iarsmalann/músaem; taispeántas; láthair stairiúil etc.).



### Léamh

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna.
- ✓ Cabhraigh leo le haon deacracht a bheidh acu leis an alt.



### Léamhthuiscint

- ✓ Iarr ar an rang freagraí na gceistanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca, abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



## Iarphlé 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad. Ansin cuir ag obair ina mbeirteanna iad chun an ghníomhaíocht a dhéanamh. Is gníomhaíocht éadrom atá i gceist anseo.
- ✓ Pléigh na samplaí a bheidh ag na daltaí mar rang iomlán nuair a bheidh cúpla ceann breactha síos acu.



## Iarphlé 2

- ✓ Obair ghrúpa atá i gceist leis an tasc seo agus d'fhéadfá é a dhéanamh spráúil trí na daltaí a chur in iomaíocht le chéile. Cuir gach ceathrar nó mar sin ag obair le chéile chun turas scoile spráúil, oideachasúil agus suimiúil a chur le chéile. Abair leo go mbeidh deich nóiméad acu chun oibriú air agus go mbeidh orthu a bplean a chur i láthair an ranga ag an deireadh. Mínígh dóibh go mbeidh orthu vóta a chaitheamh don turas scoile is fearr ach nach bhfuil cead acu vóta a thabhairt dá ngrúpa féin, gan amhras. Caithfidh a bplean a bheith bunaithe ar an gceantar áitiúil.
- ✓ Tugann gníomhaíocht den chineál seo deis do na daltaí smaoineamh ar a gceantar féin agus a bhfuil ar fáil ann trí shúile eile.



## Scríobh

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigfidh siad cad a bheidh le déanamh acu. Is fiú am a chaitheamh ar an tasc seo agus díriú ar cheisteanna gramadaí a thiocfaidh chun cinn / ar earráidí comónta a bheidh ina gcuid scríbhneoireachta / ar an litriú - chomh maith le díriú ar stíl na scríbhneoireachta.

## Freagraí

### Réamhobair 1

Ní gá do na daltaí an dá leagan thíos a chur ar fáil.

- |                          |  |
|--------------------------|--|
| 19. We went:             | <i>chuamar / chuaigh muid</i>                              |
| 20. We headed for:       | <i>thugamar aghaidh ar / thug muid aghaidh ar</i>          |
| 21. We gathered:         | <i>bhailíomar / bhailigh muid</i>                          |
| 22. We didn't do:        | <i>ní dhearnamar / ní dhearna muid</i>                     |
| 23. We stopped:          | <i>stopamar / stop muid</i>                                |
| 24. We enjoyed it:       | <i>bhaineamar taitneamh as / bhain muid...</i>             |
| 25. We went:             | <i>d'imíomar / d'imigh muid</i>                            |
| 26. We jumped:           | <i>léimeamar / léim muid</i>                               |
| 27. We headed for:       | <i>dhíríomar ar / dhírigh muid ar</i>                      |
| 28. We walked:           | <i>shiúlamar / shiúil muid</i>                             |
| 29. We continued:        | <i>chuamar ar aghaidh / chuaigh muid ar aghaidh</i>        |
| 30. We brought:          | <i>thugamar linn / thug muid linn</i>                      |
| 31. We didn't come home: | <i>níor tháingamar abhaile / níor tháinig muid abhaile</i> |
| 32. It showed us:        | <i>thaispeáin sé dúinn</i>                                 |

### Réamhobair 2

- |   |   |
|---|---|
| 5. Thugamar aghaidh ar:                     | <i>we set off for</i>                   |
| 6. Chuamar ar aghaidh:                      | <i>we continued</i>                     |
| 7. Tá sé díreach ansin, ar d'aghaidh amach: | <i>it's just there, in front of you</i> |

# 1H. Turais scoile

## Sleamhnán 01

### Turais scoile

I gceann tamaill beidh tú ag léamh ailt a scríobh dalta d'Iris na Scoile i bPobalscoil Chorca Dhuibhne faoi thuras scoile go Baile Átha Cliath.



Ach ar dtús, tabhair faoi na cleachtaí seo a leanas...

Réamhrá

## Sleamhnán 02

### Turais scoile

Réamhobair 1

Tá go leor samplaí den aimsir chaite san alt a bheidh tú ag léamh. Cuir Gaeilge ar na briathra thíos. Is féidir leat úsáid a bhaint as an bhfoirm tháite nó an fhoirm scartha, pé ceann is nádúrtha duitse. Tá an chéad cheann déanta duit.

Béarla	Gaeilge
We got up	D'éiríomar / D'éirigh muid
We went	
We headed for (tabhair aghaidh ar)	
We gathered (bailligh)	
We didn't do	
We stopped	
We enjoyed it	
We went (imigh)	
We jumped	
We headed for (dirigh ar)	
We walked	
We continued (téigh ar aghaidh)	
We brought	
We didn't come home	
It showed us (taispeáin do)	

**Obair aonair, gramadach:** briathra san aimsir chaite, béim ar litriú cruinn.

## Sleamhnán 03

### Turais scoile

Réamhobair 2

(a) Féach ar an difríocht atá idir an dá fhraása seo:

Thugamar aghaidh ar...  
Chuamar ar aghaidh...

An dtuigeann tú an difríocht atá eatarthu?

Agus an ceann seo?

Tá sé díreach ansin, ar d'aghaidh amach.

(b) San alt, tá dalta ag cur síos ar thuras scoile ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne go cathair Bhaile Átha Cliath. Sula léifidh tú an t-alt, tabhair féin agus an duine in aice leat buille faoi thuairim faoi na cineálacha áiteanna a ndeachaigh siad chucu / na cineálacha rudaí a rinne siad. Smaoinigh ar na gnéithe difriúla a bhíonn i dturais scoile de ghnáth (gné stairiúil, gné oideachasúil, gné siamsaíochta etc.). Breacaigí síos bhur dtuairimí in bhur gcóipéabhar.

**Obair ranga, feacht teanga:** nathanna le "aghaidh" iontu; **obair bheirte, stór focal:** áiteanna oideachasúla arbh fhiú cuairt a thabhairt orthu, litriú agus leaganacha Gaeilge de logainmneacha.

## Sleamhnán 04

### Turais scoile

Léamh (Ich. 1)

**Lá faoin dtóir! Le Tomás Ó Sé**  
Thugamar aghaidh ar an Ardchathair ar an gcéad lá de mhí na Márta 2012. Bhaillomar ar fad le chéile taobh thiar de Shíopa Uí Ghairbhí ar a 5.45 ar maidin! Bhí leath againn fós inár gcodiadh le turise mar nár dhearnamar néal codlata an oiche roimh ré mar go raibh lá iontach os ár gcomhair amach i mBaile Átha Cliath. Stopamar i Mainistir na Féile chun greim a ithe agus chun na cnámha a shineadh.

**REILIG GHLAS NAÍÓN**  
Tar éis turas fada thángthamar chomh fada le Reilig Ghlas Naíon, áit an-stairiúil ar fad. Bhí atmaisféar áit timpeall na háite mar go raibh a fhios againn i gcúl ár gcinn an méid a d'fhulaing na daoine a bhí curtha sa reilig seo chun saoirse a fháil d'Éirinn. Ina measc bhí Ruairí Mac Easmainn, Dónall Ó Conaill, Éamonn De Valera agus ar deireadh Micheál Ó Coileáin agus scata daoine eile. Bhiomar ábalta lámh a leagadh ar chónra Dhónaill Uí Chonaill, agus dúradh linn dá leagfaimis ár lámh air go dtabharfadh sé ádh dúinn dá saol ar fad. I ndiaidh don treoraí sinn a thabhairt timpeall an teampaill chuamar isteach go dtí músaem a raibh an-chuid eolais ann mar gheall ar an teampaill féin agus faoi na daoine a cuireadh ann. Ba thaitín iontach é a bheith ann agus bhaineamar an-sásamh as.

**TAISPEÁNTAS COIRP**  
D'iomair linn ag ithe lóin agus i gcomhair siúl beag agus ansin léimeamar ar an mbus arís agus dhíríomar ar an gathair. Ba é seo príomhchúis an turais seo - turas a thabhairt ar an 'Human Body Exhibition' i gceoláir Bhaile Átha Cliath. Bhí an lán cainte déanta ar thaispeántas na gcorp seo agus bhíomar ag súil le han-chaihteán eolais a fháil uaidh. Shíúlamar ar na sráideanna go dtí gur thángthamar go dtí an foirgneamh. Chuamar isteach ann agus bhí boladh mí-nádúrtha ag teacht ó na coirp. Boladh an bháis a bhí ag teacht ón seomra mór go raibh na coirp ann.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta.**

## Sleamhnán 05

### Turais scoile

Léamh (Ich. 2)

Ach b'fhiú go mór íoc chun dul isteach ann. Taispeáin sé dúinn cén tsíle a oibríonn na meatáin agus tú ag léimeadh san aer. Bhí cás gloine ann agus mhíneodh sé duit cén saghas cruth a bhí ar leanbh agus gan é ach tar éis a bheith tosaithe ag fás tar éis coicise, ansin mí agus suas go dtí 4 mhí, rud an-suimiúil a bhí ann. Chuamar ar aghaidh ansin go dtí na daoine fásta agus bhí corp gearrtha ina dhá leath chun go bhféicfeá an córas atá ag na horgáin difriúla agus an tsíle a n-oibríonn siad. Ar deireadh bhí cás gloine ann agus istigh ann bhí an croí, leis na féitheoga, na hartairí agus na ribeádáin ar fad go raibh tábhacht ag baint leo.



IONAD SIOPADÓIREACHTA I nDÚN DROMA

Tar éis tamaill rinneamar ár síle go dtí an deireadh agus bhíomar ag súil leis an rud seo go mór..... Siopadóireacht i nDún Droma! Bhí dúil againn sa reilig agus an t-eolas a bhí ag baint leis.... bhí dúil againn sa taispeántas coirp ach.... bhí an-an-dúil againn sa siopadóireacht. Thugamar breis airgid linn chun é a chaitheamh san ionad siopadóireachta agus níor thángthamar abhaile le cent. Bhí siopaí ann ar nós Hollister, Tommy Hilfiger, Jack&Jones, Hugo Boss agus gach aon saghas siopa a cheap Dia. Gan dabht bhí siopaí ann do chaillíní agus ina measc bhí Hollister, Mirage, Swamp, H&M agus Urban Outfitters agus gach saghas rogha de shiopaí ann.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta.**

## Sleamhnán 06

### Turais scoile

Léamhthuisicint

Freagair na ceisteanna seo ar an alt atá léite agat.

1. Cad is mó a chuaigh i bhfeidhm ar Thomás faoi Reilig Ghlas Naíon?
2. Cad iad na rudaí is mó ar chuir Tomás suim iontu i dTaispeántas na gCorp?
3. Ba é an t-ionad siopadóireachta i nDún Droma an chuid den turas scoile is mó a thaitín le Tomás. Cad a deir sé faoin ionad?

**Obair aonair:** ceisteanna le freagairt, léamhthuisicint; **obair bheirte:** freagraí le cur i gcomparáid lena chéile.

## Sleamhnán 07

### Turais scoile

Iarphlé 1

Bionn taithí saoil difriúil ag duine atá ag fás aníos i gcathair agus duine atá ag fás aníos faoin tuath. Ní thógann daoine cathrach ceann de rudaí laethúla a tharlaíonn sa chathair mar tá siad ina gcónaí ann a saol ar fad, mar shampla, busanna dhá stór nó ionaid siopadóireachta mhóra. Ach is rudaí spéisiúla iad sin do mhuintir na tuaithe.

Ar an lámh eile, ní thógann muintir na tuaithe aon cheann de rudaí laethúla tuaithe ar nós caoire a bheith ar an mbóthar nó aithne a bheith ag gach duine ar a chéile. Ach cuireann daoine cathrach an-spéis sna rudaí sin.

An féidir leat smaoinemh ar shamplaí eile?



Iontaisí na tuaithe do mhuintir na cathrach:

1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_
3. \_\_\_\_\_

Iontaisí na cathrach do mhuintir na tuaithe:

1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_
3. \_\_\_\_\_

## Sleamhnán 08

### Turais scoile

Iarphlé 2

Bí ag obair i ngrúpa. Leagaigí amach plean do thuras scoile a d'fhéadfaí a dhéanamh in bhur gceantar féin. Samhlaigí go bhfuil scoil ag teacht ó áit éigin eile sa tír. Cad a bheadh go maith dóibh le déanamh sa cheantar?



Caithfidh an rang vóta don turas is fearr ag an deireadh.

**Obair bheirte:**  
plé ar shaol na cathrach vs saol na tuaithe; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

**Obair ghrúpa:**  
turas scoile a eagrú do do cheantar féin;  
**cur i láthair:**  
an plean don turas a chur i láthair an ranga; **vóta:**  
don turas is fearr.

## Sleamhnán 09

### Turais scoile

Scríobh

Scríobh alt d'Iris na Scoile ar thuras éigin a ndeachaigh tú air leis an scoil. Bíodh an t-alt timpeall leathanach ar fhad agus bíodh do chuid gramadaí cruinn ceart.

Agus bíodh sé suimiúil chomh maith – is d'Iris na Scoile é!



Ná déan dearmad go mbíonn alt níos suimiúla le léamh nuair a bhíonn tuairimí pearsanta ann agus rudaí á dtabhairt faoi deara ann seachas díreach tuairisciú lom. Abair san alt, mar sin, ní hamháin cá ndeachaigh sibh ach cén saghas áite a bhí ann agus conas mar a bhraith tú nó cad a cheap tú de na rudaí a bhí ar bun agaibh.

**Tasc scríofa,**  
**obair aonair:**  
tuairisc ar thuras scoile.

# 1I Fócas ar Theanga (i) An t-ainmfhocal – baininscneach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht - bunúsach
Spriocanna	Aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar an ainmfhocal sa Ghaeilge
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha ginearálta faoi na hainmfhocail bhaininscneacha.

Bí cinnte go míníonn tú dóibh nach bhfuil sna rialacha seo ach treoracha i ndáiríre agus gur cheart dóibh an foclóir a úsáid má tá siad in amhras. Abair leo go bhfuil go leor eisceachtaí ann agus mar sin gur chóir dóibh inscne an fhocail a fhoghlaim gach uair a fhoghlaimíonn siad focal nua. Is féidir a rá freisin go bhfuil formhór na dteangacha baininscneach - tá ceacht faoi leith ar thíortha agus ar theangacha i 'Fócas ar Theanga' don Teastas Sóisearach.

Is fiú ag an bpointe seo dul siar ar an tslí an foclóir a úsáid mar is ceart.

## Freagraí

### Réamhphlé

- Braitheann na freagraí ar na samplaí a bhíonn ag na daltaí féin.

\*Féach leathanach 101 – 111 sa leabhar *Cogar Nua*

# 1I: Fócas ar theanga (i) An tAinmfhocal baininsneach




## Sleamhnán 01

### An t-ainmfhocal

baininsneach

Tá ainmfhocal bhaininsneacha agus fhirinsneacha sa Ghaeilge mar atá i dteangacha eile. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach inscne an fhocail a bheith ar eolas agat?

Is féidir na hainmfhocal bhaininsneacha a chur i mboscaí mar seo a leanas:

Focail a chríochnaíonn le –eog / –óg:	Focail a chríochnaíonn le consán caol:
fuinneog, bábóg	conclúid, sráid, próifil, anáil, oscailt, tuiscint, tiomáint, cúirt, sábháil, seic, céim, síocháin, cóip, stoirm
Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:	Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:
filíocht, cleasaíocht	gluaiseacht, daonnacht
Focail a chríochnaíonn le –chan:	Focail a chríochnaíonn le –lann:
athbheochan	pictiúrlann, bialann 

**Gramadach:**  
ainmfhocal bhaininsneacha.


## Sleamhnán 02

### An t-ainmfhocal

baininsneach

Líon na boscaí anois le do chuid samplaí féin.

Focail a chríochnaíonn le –eog / –óg:	Focail a chríochnaíonn le consán caol:
Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:	Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:
Focail a chríochnaíonn le –chan:	Focail a chríochnaíonn le –lann:



**Gramadach:**  
ainmfhocal bhaininsneacha, samplaí le scríobh.

## Sleamhnán 03

### An t-ainmfhocal

baininsneach

Nuair a bhíonn inscne an fhocail ar eolas agat is féidir leat an t-alt a chur leis gan aon stró! Féach ar na samplaí seo:

Focal a thosaíonn le guta (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an áit
Focail a thosaíonn le consán (cuirtear séimhiú ar an bhfocal):	an bhábóg
Focail a thosaíonn le s (cuirtear t rompu):	an tsráid
Focail a thosaíonn le d agus t (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an duine

Cuir an t-alt roimh na focail a bhí agat don cheacht deireanach.

**Gramadach:**  
ainmfhocal bhaininsneacha agus an t-alt.



# 1l Fócas ar Theanga (ii) An t-ainmfhocal – firinscneach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Bunúsach
Spriocanna	Aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an ainmfhocal sa Ghaeilge
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigean na daltaí na rialacha ginearálta faoi na hainmfhocail fhirinscneacha.

Bí cinnte go míníonn tú dóibh nach bhfuil sna rialacha seo ach treoracha i ndáiríre agus gur cheart dóibh an foclóir a úsáid má tá siad in amhras. Abair leo go bhfuil go leor eisceachtaí ann agus mar sin gur chóir dóibh inscne an fhocail a fhoghlaim gach uair a fhoghlaimíonn siad focal nua.

Is fiú ag an bpointe seo dul siar ar an tslí an foclóir a úsáid mar is ceart.

## Freagraí

Braitheann na freagraí ar na samplaí a bhíonn ag na daltaí féin.

\*Féach leathanach 101 – 111 sa leabhar **Cogar Nua**

# 1I: Fócas ar theanga (i) An tAinmfhocal firinscneach



## Sleamhnán 01

### An t-ainmfhocal firinscneach

Tá ainmfhocal bhaininscneacha agus fhirinscneacha sa Ghaeilge mar atá i dteangacha eile. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach inscne an fhocail a bheith ar eolas agat?

Is féidir na hainmfhocal fhirinscneacha a chur i mboscaí mar seo a leanas:

Focail a chríochnaíonn le guta:	Focail a chríochnaíonn le consán leathan:
iascaire, trócaire, ceo, páiste, scrúdú	trealamh, pobal, amhrán, iarratas, buicéad, samhradh, scéal, staidéar, príosún, pictiúr, déantús
Focail a chríochnaíonn le -ín, nuair is 'níos lú' atá i gceist:	Focail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth:
callín, toitín	siúinéir, múinteoir, dochtúir, cúntóir
Focail a chríochnaíonn le -eacht nó -acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu:	
ceacht, acht	



**Gramadach:**  
ainmfhocal fhirinscneacha.

## Sleamhnán 02

### An t-ainmfhocal firinscneach

Líon na boscaí anois le do chuid samplaí féin.

Focail a chríochnaíonn le guta:	Focail a chríochnaíonn le consán leathan:
Focail a chríochnaíonn le -ín, nuair is 'níos lú' atá i gceist:	Focail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth:
Focail a chríochnaíonn le -eacht nó -acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu:	



**Gramadach:**  
ainmfhocal fhirinscneacha, samplaí le tabhairt.

## Sleamhnán 03

### An t-ainmfhocal firinscneach

Nuair a bhíonn inscne an fhocail ar eolas agat is féidir leat an t-alt a chur leis gan aon stró! Féach ar na samplaí seo:

Focal a thosaíonn le guta (cuirtear t rompu):	an t-alt
Focail a thosaíonn le consán (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an bád
Focail a thosaíonn le s (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an sampla
Focail a thosaíonn le d agus t (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an duine

Cuir an t-alt roimh na focail a bhí agat don cheacht deireanach.

**Gramadach:**  
ainmfhocal fhirinscneacha agus an t-alt.

# 1I Fócas ar Theanga (iii) An Aidiacht – Céimeanna Comparáide: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht - bunúsach
Spriocanna	Rialacha faoi chéimeanna comparáide na haidiachta a mhúineadh do na daltaí
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Scoil agus brú (Sorcha)**, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoi chéimeanna comparáide na haidiachta.

## Freagraí

Míniú	Aidiacht	Tar éis <i>níos</i> agus <i>is</i>
<i>Ní athraíonn aidiachtaí a chríochnaíonn le guta.</i>	buí	níos buí, is uaine
<i>Caolaítear na haidiachtaí seo agus cuirtear e leo.</i>	saor	níos saoire, is daoire
<i>Leathnaítear –(i)úil go –(i)úla</i>	polaitiúil	níos polaitiúla, is suimiúla
<i>Athraíonn –each go dtí –í</i>	faiteach	níos faití, is aistí
<i>Athraíonn –ach go dtí –aí</i>	torannach	níos torannaí, is glóraí
<i>Athraíonn –aíoch go dtí –aíche</i>	ionadaíoch	níos ionadíche, is eolaíche
<i>Baintear amach an ‘í’ in aidiachtaí a chríochnaíonn le –air agus leathnaítear iad.</i>	socair	níos socra, is deacra

Breischéim na haidiachta	Sárchéim na haidiachta
Níos déine	Is déine
Níos faide	Is faide
Níos lú	Is lú
Níos teo	Is teo
Níos áille	Is áille
Níos fearr	Is fearr
Níos measa	Is measa
Níos fusa	Is fusa
Níos mó	Is mó
Níos fliche	Is fliche
Níos tréine	Is tréine
Níos breátha	Is breátha
Níos saibhre	Is saibhre
Níos leithne	Is leithne
Níos giorra	Is giorra
Níos raimhre	Is raimhre

Aimsir Láithreach agus Fháistineach **vs** Aimsir Chaite.

\*Féach leathanach 58 – 61 sa leabhar **Cogar Nua**

## 1I: Fócas ar theanga (i) An Aidiacht

### Sleamhnán 01

#### An Aidiacht

Céimeanna Comparáide

Líon na bearnaí sa cholún ar dheis leis an bhfoirm cheart den aidiacht. Bí in ann cúpla abairt a scríobh faoi na hathruithe a chuir tú i bhfeidhm sa cholún ar chlé. Tá an chéad cheann déanta duit.

Miniú	Aidiacht	Tar éis níos agus is
<i>Ni athraíonn aidiachtaí a chriochnaíonn le guta tar éis níos.</i>	buí	níos buí
	Saor	
	Polaitiúil	
	Faiteach	
	torannach	
	Ionadaíoch	
	socair	

Gramadach, feasacht teanga: céimeanna comparáide na haidiachta, rialacha le cumadh.

### Sleamhnán 02

#### An Aidiacht

Céimeanna Comparáide

Cad faoi na haidiachtaí seo a leanas? Bí cúramach, tá siad eisceachtúil, ach tá siad feicthe agat go minic!

Dian _____	Mór _____
Fada _____	Fliuch _____
Beag _____	Tréan _____
Te _____	Breá _____
Álainn _____	Saibhir _____
Maith _____	Leathan _____
Olc _____	Gearr _____
Furasta _____	Ramhar _____

Cad is féidir libh a rá faoi:

**Níos tábhachtaí vs Ní ba thábhachtaí**

Gramadach: céimeanna comparáide na haidiachta, eisceachtaí.

# Caibidil 2: Caidrimh

- A. Cumha
- B. Ísle Brí
- C. Caidreamh sa scoil
- D. Póstaí
- E. Múinteoir maith
- F. Cén saghas duine thú?
- G. Mo theaghlach
- H. Fócas ar Theanga:
  - i. An aidiacht agus an séimhiú
  - ii. An Chopail Is
  - iii. Lagiobraí agus tréaniobraí
  - iv. Tuiseal ginideach uatha baininscneach
  - v. Tuiseal ginideach uatha firinscneach



## 2A. Cumha: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – caidrimh / cumha
Stór focal	Cumha, uaigneas agus brón

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil daltaí ag labhairt faoin mbrón a bheidh orthu nuair a fhágann siad an baile. Canúint Uladh atá ag an cainteoirí, duine amháin as an nGaeltacht agus an cailín eile (Úna) as Leitir Ceanainn. Más mian leat aird na bhfoghlaimeoirí a tharraing ar fhuaimneanna na Gaeilge b'fhéarr cloí le hEmma mar níl na fuaimeanna chomh hiontach sin ag Úna.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair

- ✓ Abair leis na daltaí tabhairt faoi na ceistanna atá ar an sleamhnán seo ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh an stór focal leo, ansin a gcuid tuairimí ar fad (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceistanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceistanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceistanna leis an rang ar fad ag an deireadh (féach Freagraí thíos).



### Iarphlé 1, 2, 3 & 4

- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí le ceathrar i ngach grúpa.
- ✓ Míneigh dóibh go mbeidh gach grúpa ag déanamh plé ar théacsanna éagsúla agus go gcaithfidh siad na téacsanna a phlé faoi na fotheidil: cúlra/téama/mothúcháin. Mura bhfuil Clann Lir déanta acu fós, tabhair achoimre don rang ar an scéal.
- ✓ Iarr ar gach duine i ngach grúpa nótaí a ghlacadh faoina bhfuil á phlé acu mar go mbeidh siad ag tabhairt an eolais do dhaoine eile ar ball.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo i gcónaí. Ba dheas na hamhráin **Jimmy Mo Mhíle Stór** agus **Fairytales of New York** a bheith á seinm sa chúlra agat le linn an chomhrá. Cuirfidh sé seo le hatmaisféar an ranga agus léireoidh sé chomh maith go mbaineann an teanga (agus ábhar an ranga) leis an bhfíorshaol.
- ✓ Tar éis tamaill mhaith cainte, abair leo pointí maithe eolais faoin téacs a bhí acu féin a scríobh.



## Iarphlé

- ✓ Measc na grúpaí anois sa tslí is go mbeidh ceathrar difriúla i ngach grúpa agus go mbeidh téacs difriúil ag gach duine sna grúpa nua. Beidh duine a rinne obair ar **Clann Lir** ann, duine a rinne obair ar **Jimmy Mo Mhíle Stór**, duine a rinne obair ar **Mac Eile ag Imeacht** agus duine eile a rinne obair ar **Fairytale of New York**. Beidh gach grúpa de cheathrar mar seo.
- ✓ Abair le gach grúpa anois na ceisteanna ar an sleamhnán a phlé le chéile. Beidh gach duine ag tabhairt eolais faoin téacs atá aige féin.
- ✓ Nuair atá na ceisteanna pléite acu abair leo script do ghearrscannán a phleanáil le chéile. Níl ach creatlach an scannáin ag teastáil ag an bpointe seo ach ba cheart go mbeadh siad ag cur agus ag cúiteamh faoi théama agus cruth an scéil.



## Scríobh

- ✓ Nuair atá gach grúpa sásta leis an bplean atá acu don ghearrscannán, cuir stop leis an gcaint.
- ✓ Iarr ar gach dalta, agus iad ag obair ina n-aonar, an script a scríobh.

## Freagraí

### Réamhobair

cumha – homesickness i gcanúint Uladh agus i gcanúint Chonnacht.

I'll be homesick – beidh cumha / uaigneas orm.

I'll miss home – cronóidh mé an baile / mothóidh mé an baile uaim

Níl cara ag cumha ach cuimhne – memory is grief's only friend

### Éisteacht

1. Fíor.
2. Bréagach.
3. Bréagach.
4. Fíor.
5. Fíor.

i dteannta	<i>in éineacht</i>
a lán	<i>cuid mhór</i>
ní mór dom	<i>caithfidh mé</i>
ag súil le	<i>ag tnúth le</i>
ag teacht ar ais	<i>ag filleadh</i>

## Sleamhnán 01

### Cumha

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le beirt chailíní ag caint faoin mbrón a bheidh orthu nuair a fhágfaidh siad an baile chun freastal ar an ollscoil. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An mbeidh brón ort féin an baile a fhágáil tar éis na hArdteiste?
2. Cén áit ar mhaith leat dul? An bhfuil tú ag súil le himeacht? Cén fáth?
3. Cad is brí leis an bhfocal *cumha*?
4. Cén tslí a ndéarfá féin: *I'll be homesick* nó *I'll miss home*?
5. An raibh cumha ort féin riamh? Cathain?
6. An dtuigeann tú an seanfocal seo:

*"Níl cara ag cumha ach cuimhne"*

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé; **obair ranga, stór focal.**

## Sleamhnán 02

### Cumha

Éisteacht

A. Léigh na habairtí thíos sula bhféachfaidh sibh ar an mír – abair an bhfuil siad fíor nó bréagach agus tú ag féachaint ar an mír.

1. Tá Emma an-mhór lena deartháir agus bíonn siad le chéile i gcónaí. (fíor / bréagach)
2. Ní réitíonn sí lena máthair agus tá sí ar bis leis an mbaile a fhágáil. (fíor / bréagach)
3. Ní bheidh cead aici teacht abhaile gach seachtain. (fíor / bréagach)
4. Beidh brón ar Úna nuair a fhágfaidh sí Baile Átha Cliath. (fíor / bréagach)
5. Tagann a lán daoine ar ais ón ollscoil mar mothaíonn siad uathu a gclann agus a gcairde. (fíor / bréagach)

B. Féach ar an mír arís agus aimsigh an leagan a bhí ag na cainteoirí ar na nathanna seo thíos:

i dteannta \_\_\_\_\_  
a lán \_\_\_\_\_  
ní mór dom \_\_\_\_\_  
ag súil le \_\_\_\_\_  
ag teacht ar ais \_\_\_\_\_

**Tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt, **stór focal; obair ranga:** freagraí le plé.

## Sleamhnán 03

### Cumha

Plé – Grúpa 1

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigh an scéal *Clann Lir* le chéile. Bainigh úsáid as na fotheidil mar threoir:

Cúlra Téama Mothúcháin



**Obair ghrúpa:**  
Cúlra, téama, mothúcháin le plé sa scéal *Clann Lir*.

## Sleamhnán 04

### Cumha

Plé – Grúpa 2

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigh an t-amhrán *Jimmy Mo Mhíle Stór* le chéile. Bainigh úsáid as na fotheidil mar threoir:

Cúlra Téama Mothúcháin

Bliain an taca seo d'ímigh uaim rún mo chlhlébh  
Ní thiochfaidh sé abhaile go dtabharfaidh sé cursa an tsaol;  
Nuair a chfead é rithead le fuinneamh ró-ard ina chomhair  
'S clúdód le míl é, sé Jimmy mo mhíle stór

Bíonn m'athair is mo mháthair ag bearradh 's ag bruion liom féin  
Táim giobaithe piocaithe ciapaithe cráite de m' shaoil;  
Thugas taitneamh don duine úd dob fhinne 's dob áille snó  
Is chualgh sé ar bord loinge, sé Jimmy mo mhíle stór

Raghadais chun coille agus caithfead ann an chuid eile de m' shaoil  
San áit ná beidh éinne, ag éisteacht le ceol na n-éan  
Ag bun an chrainn chaorthainn mar a bhfásann ann féar go leor  
Ag tabhairt taitnimh don duine úd, sé Jimmy mo mhíle stór

**Obair ghrúpa:**  
Cúlra, téama, mothúcháin le plé san amhrán *Jimmy Mo Mhíle Stór*.

## Sleamhnán 05

### Cumha

Plé – Grúpa 3

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigh an dán *Mac Eile Ag Imeacht* le *Fionnuála Ní Fhlannagáin* le chéile. Bainigh úsáid as na fotheidil mar threoir:

Cúlra Téama Mothúcháin

Cuirfidimid chun bóthair arís inniu  
Chuir aerfort Bhaile Átha Cliath.  
Deireadh an tsamhraidh buailte linn  
Mac eile ag imeacht.

Eisean féin a thiomáinfidh an carr  
Tús curtha ar a thuras fada.

Ag mionchomhrá go treallach mílgothúciúil  
Meifimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha  
A bheidh idir lámha aige  
Béarfaidh sé ar an bhfaill

Faol spalladh gréine i Houston, Texas  
Tar éis slán a chur leis

Agus greim láimhe agann ar a chéile  
Pléifimid na buntástí a bheidh aige thall  
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

Gealgháireach fuadrach a bheidh  
Na strainséirí inár dtimpeall.  
Ní bhacfaimid le cupán caife.  
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.  
Deireadh an tsamhraidh buailte linn  
Mac eile ag imeacht.

**Obair ghrúpa:**  
Cúlra, téama, mothúcháin le plé sa dán *Mac Eile ag Imeacht*.

## Sleamhnán 06

### Cumha

Plé – Grúpa 4

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigh an t-amhrán *Fairytale of New York* leis na *Poques* le chéile. Bainigh úsáid as na fotheidil mar threoir:

Cúlra Téama Mothúcháin

It was Christmas Eve babe  
In the drunk tank  
An old man said to me: won't see another one  
And then they sang a song  
The rare old mountain dew  
I turned my face away and dreamed about you  
Got on a lucky one  
Came in eighteen to one  
I've got a feeling  
This year's for me and you  
So happy Christmas  
I love you baby  
I can see a better time  
Where all our dreams come true.

They got cars big as bars  
They got rivers of gold  
But the wind goes right through you  
It's no place for the old  
When you first took my hand on a cold Christmas Eve  
You promised me Broadway was waiting for me  
You were handsome you were pretty

**Obair ghrúpa:**  
Cúlra, téama, mothúcháin le plé san amhrán *Fairytale of New York*.



## Sleamhnán 07

### Cumha

Plé – Grúpa 4

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigí an t-amhrán *Fairytale of New York* leis na *Pogues* le chéile. Bainigí úsáid as na fotheidil mar threoir:

Cúlra Téama Mothúcháin

Queen of New York city when the band finished playing they yelled out for more

Sinatra was swinging all the drunks they were singing  
We kissed on a corner  
Then danced through the night.

And the boys from the NYPD choir were singing Galway Bay  
And the bells were ringing out for Christmas day.

You're a bum you're a punk  
You're an old slut on junk  
Lying there almost dead on a drip in that bed  
You scumbag you maggot  
You cheap lousy faggot  
Happy Christmas your arse I pray god it's our last.

Curfá

I could have been someone  
Well so could anyone  
You took my dreams from me  
When I first found you  
I kept them with me babe  
I put them with my own  
Can't make it out alone  
I've built my dreams around you

Curfá

**Obair ghrúpa:**  
Cúlra, téama,  
mothúcháin le  
plé san amhrán  
*Fairytale of*  
*New York.*

## Sleamhnán 08

### Cumha

Iarphlé

Tá tú ag obair i ngrúpa eile anois. Pléigí na ceisteanna seo le chéile:

1. Cad iad na mothúcháin atá le sonrú i ngach téacs? An bhfuil aon chuid de na mothúcháin mar an gcéanna? Cad iad?
2. Cad é cúlra gach téacs?
3. Cad é téama gach téacs?
4. An féidir leat a rá go mbaineann an téama le do shaol féin? Conas?

Anois, tá script do ghearrscannán le scríobh agaibh. Seo é téama an ghearrscannáin:

- ✓ cúlú eacnamaíochta
- ✓ imirce
- ✓ ag fágáil an bhaile
- ✓ cumha, uaigneas agus briseadh croí

**Obair ghrúpa le grúpaí nua:**  
ceisteanna le plé;  
gearrscannán le pleanáil, creatlach an scannáin le cur le chéile; **obair aonair, tasc scríofa:** script scannáin le scríobh.

## 2B Ísle brí: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – ísle brí
Stór focal	Mothúcháin agus ísle brí

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar litir a scríobh daltaí ón Idirbhliain i bPobalscoil Chorca Dhuibhne chuig tuismitheoirí mar chuid de thogra a raibh siad bainteach leis.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhphlé 1

- ✓ Cuir na daltaí i mbun oibre ar an ngníomhaíocht éasca seo. Níl ann ach gníomhaíocht chun tuairimí a spreagadh.
- ✓ Fiafraigh díobh cén chomhairle a cheap siad a bhí go maith/go holc agus abair leo go mbeidh siad ábalta tuairim níos fearr a fháil ar cad is comhairle mhaith ann agus iad ag léamh na litreach.



### Réamhphlé 2

- ✓ Mínigh do na daltaí cad a bheidh le déanamh acu agus cuir i mbun oibre iad ina mbeirteanna.
- ✓ Abair leo go mbeidh siad ábalta a gcuid freagraí a sheiceáil agus iad ag léamh na litreach.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang iomlán tar éis dóibh an litir a léamh (féach Freagraí thíos).



### Léamh

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna, más féidir, agus abair leo sealanna a thógáil ag léamh os ard le chéile. Cuidíonn sé seo leo teacht isteach ar fhuaimeanna na Gaeilge chomh maith.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo más gá.
- ✓ Pléigh aon stór focal / nathanna cainte deacra leo ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Tá an t-eolas ar an sleamhnán seo bunaithe ar eolas a fuarthas i dtaighde rialtais **Teenage Mental Health: What helps and what hurts?** (<http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/MentalHealthWhatHelpsAndWhatHurts.pdf>)
- ✓ Léigh an sleamhnán leis an rang ar fad go dtuigfidh siad a bhfuil i gceist leis.
- ✓ Cuir i mbun oibre ansin iad. Tá dhá thasc le comhlíonadh acu: (i) píosa a scríobh faoi cheann de na brúnna, ag déanamh cur síos ar na slite a d'fhéadfadh an brú áirithe sin cur isteach ar dhuine agus (ii) píosa a scríobh faoi cheann de na tacaíochtaí ag déanamh cur síos ar na slite a d'fhéadfadh an tacaíocht áirithe sin cabhrú le déagóirí.

- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla a gcuid píosaí a léamh amach don rang ar fad.
- ✓ Is fearr go mbeadh na daltaí ag obair ina mbeirteanna chun na píosaí a scríobh.



## Iarphlé 2

- ✓ Abair leis na daltaí tabhairt faoi chuid (1) ar an sleamhnán seo agus nuair a bheidh siad críochnaithe, mínigh dóibh go bhfuil na píosaí comhairle sin ar fad sa mhodh ordaitheach.
- ✓ Léigh na treoracha agus na fadhbanna atá i gcuid (2) leis ag an rang ar fad ansin. Cuir na daltaí ag obair ina mbeirteanna. Beidh ar dhuine A fadhb a roghnú agus í a insint do dhuine B. Beidh ar dhuine B comhairle a chur air. Ansin malartóidh siad rólanna agus roghnóidh siad fadhb eile. Leanfaidh siad ag aghaidh go dtí go mbeidh na ceithre fadhb pléite.
- ✓ Abair ansin le cúpla dalta an chomhairle a thug siad do fhadhb 1 a rá amach. Lig don rang ansin vóta a chaitheamh don chomhairle ab fhéarr. Lean ar aghaidh go dtí go mbeidh na fadhbanna ar fad réitithe.
- ✓ Cuir samplaí den mhodh coinníollach ar an gclár de réir mar a thagann siad chun cinn.

## Freagraí

### Réamhphlé 2

- |                        |                              |
|------------------------|------------------------------|
| 1. a social problem:   | fadhb shóisialta             |
| 2. mental health:      | meabhairshláinte             |
| 3. suffering:          | ag fulaingt                  |
| 4. feeling distressed: | ag braistint* / mothú suaite |
| 5. a negative outlook: | dearcadh diúltach            |
| 6. self-respect:       | féinmheas                    |
| 7. to manage emotions: | mothúcháin a bhainistiú      |
| 8. psychologists:      | síceolaithe                  |
| 9. help-lines:         | línte cabhracha              |
| 10. counsellor:        | comhairleoir                 |

\***ag braistint**: seo leagan Muimhneach de ‘ag mothú’.

## Sleamhnán 01

### Ísle brí

Réamhphlé

Beidh tú ag léamh litir a scríobh daltaí san Idirbhliain i bPobalscoil Chorca Dhuibhne chuig tuismitheoirí ag cur comhairle orthu faoi ísle brí i ndaoine óga.



Ach ar dtús tabhair faoi na cleachtaí seo...

Réamhrá

## Sleamhnán 02

### Ísle brí

Réamhbhair 1

Tá sé phiosa comhairle thíos do thuismitheoirí a bhfuil leanbh leo in ísle brí. Tá trí cinn go maith agus ciallmhar agus trí cinn nach bhfuil go maith. Cad iad na cinn mhaith agus cad iad na droch-chinn?

1. Ba cheart duit rá le do leanbh dearmad a dhéanamh dá thrioblóidí.
2. Ba cheart duit labhairt go hoscaite le do leanbh faoina mhothúcháin.
3. Ba cheart duit féin taighde a dhéanamh ar ísle brí.
4. Ná tarraing anuas féinmharú chuig do leanbh.
5. Abair le do leanbh gan a bheith ag smaoinemh air féin an oiread sin.
6. Abair le do leanbh go bhfuil an-ghrá agat dó.

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 03

### Ísle brí

Réamhbhair 2

An féidir leat Gaeilge a chur ar na frásaí seo atá le fáil sa litir a bheidh tú ag léamh ar ball?

1. a social problem: \_\_\_\_\_
2. mental health: \_\_\_\_\_
3. suffering: \_\_\_\_\_
4. feeling distressed: \_\_\_\_\_
5. a negative outlook: \_\_\_\_\_
6. self-respect: \_\_\_\_\_
7. to manage emotions: \_\_\_\_\_
8. psychologists: \_\_\_\_\_
9. help-lines: \_\_\_\_\_
10. counsellor: \_\_\_\_\_

**Obair bheirte, stór focal:**  
aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.

## Sleamhnán 04

### Ísle brí

Léamh 1

A thuismitheoirí/a chaomhnóirí,  
Tá ár rang idirbhliana tar éis cur isteach ar an gcomórtas YSI (Young Social Innovators). Roghnaíonn na scoileanna a thógann páirt sa chomórtas fadhb shóisialta a cheapann siad féin ar cheart díriú uirthi sa phobal. Rinne ár rang-na cinneadh dul i ngleic le fadhbanna meabhairsháinte agus ísle brí. Thíos, tá na comharthaí chun ísle brí a aithint agus treoracha agus comhairle chun cabhrú le duine atá ag fulaingt ó fadhbanna meabhairsháinte.

#### Is iad na comharthaí a bhaineann le ísle brí ná:

- Ag cailliúint suime i gcúrsaí an tsaoil a thairníonn leis an duine de ghnáth
- Easpa fuinnimh
- Athru i bpatrúin codlata nó i bpatrúin ithe
- Ag gol go minic agus ag braistint suaithe
- Ag ól an-chuid alcóil nó ag tógáil an-chuid drugaí
- Fearg ag teacht air/uirthi go héasca
- Ag tarraingt siar ón ngrúpa cairde
- Plan gan chúis m.sh. pian sa cheann, sa bholg, etc.
- Braistint folamh, dearcadh díultach ar an todhchaí
- Braistint inmíoch nó clontach
- Féinmhuinín agus féinmheas ísle
- Smaointe dona, smaointe féindiobhála

Conas is féidir cabhrú má cheapann tú go bhfuil do mhac/iníon in ísle brí:

Labhair go héasca agus go hoscaite le do leanbh faoina mhothúcháin. Déan iarracht ceist a chur air conas is féidir leat cabhrú leis agus é ag dul tríd am deacair.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
litir le léamh os ard le chéile, ag glacadh sealanna.

## Sleamhnán 05

### Ísle brí

Léamh 2

Nuair a labhraíonn tú go hoscaite, tá tú ag taispeáint go bhfuil grá agat dó agus go bhfuil tú ag tabhairt tacaíochta dó.

Seachain breithiúnas a thabhairt más féidir. Ná déan dearmad go bhfuil stiogma ag baint le bheith in ísle brí. Bíodh d'intinn oscailte agus cruthaigh timpeallacht shocair shábháilte dó ina mothaíonn sé ar a shuaimhneas. Bíodh meas agat ar theorainneacha do linbh. B'fhéidir nach mbeadh sé ábalta rud éigin a dhéanamh toisc é a bheith breoite agus b'fhéidir go dtógfadh sé tamall uaidh rudaí a rá leat. Mol do cabhair a fháil agus abair leis gur fearr go mór do labhairt mar gheall ar pé rud atá ag cur isteach air.

Lig do labhairt. Nuair a thugann tú seans do do leanbh labhairt cabhraíonn sé go mór leis gach rud a ligeann amach agus cabhraíonn sé leis a chuid mothúcháin a bhainistiú níos fearr. Má tá tú féin tar éis an rud céanna a bhraistint i do shaol féin b'fhéidir go mbeadh claonadh agat do scéal féin a insint faoi conas a d'éirigh leat dul tríd, ach b'fhéidir nach é seo an t-am ceart. B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr éisteach leis agus ligint do labhairt agus do scéal féin a insint níos déanaí.

Seachain comhairle a thabhairt. Má tharlaigh rud éigin den saghas seo duitse, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach insint dó cad a chabhraigh leatsa ach abair leis nach bhfuil ann ach do thuairim. Ní hionann cás gach duine. Úsáid ceisteanna ar féidir freagraí breá oscailte a thabhairt – mar shampla, b'fhearr 'Conas a bhraitheann tú mar gheall ar...?' seachas 'An mbraitheann tú...?'.  
 Séad na ceisteanna seo a chloí le do leanbh agus a chloí le do leanbh.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
litir le léamh os ard le chéile, ag glacadh sealanna.

## Sleamhnán 06

### Ísle brí

Léamh 3

Is féidir le ceisteanna mar sin cabhrú le daoine a dtuairimí agus a mothúcháin a rá amach os ard. Taispeáin go bhfuil tú ag éisteach. Taispeánann sé seo go bhfuil fadhbanna do linbh tábhachtach duit. Cuir ceisteanna agus déan iarracht féachaint sa dá shúil ar do leanbh. Tá comharthaíocht choirp tábhachtach. Má tá an chuma ort go bhfuil leadrán ort nó go bhfuil d'aird ar rud éigin eile tugann sé sin le fios nach bhfuil suim agat sa mhéid atá le rá aige.

Tabhair tacaíocht dó. Abair leis go bhfuil sé ceart go leor go bhfuil sé ag braistint mar seo. Abair leis go bhfuil síl as. Seachain bheith ag rá rudaí ar nós 'Tuigim cad atá do chraí'. B'fhearr a leithéid seo a rá: 'Ní féidir liom ach a shamhlú cad atá á fhulaingt agat, ach táimse anseo chun cabhrú leat'.

Cinntigh go bhfuil uimhreacha agat do shíceolaite/comhairleoirí agus línte cabhracha. Is é **Cuan Counselling** an tseirbhís comhairleoireachta is cóngaraí don Daingean. Is féidir dul i dteagmháil leo ag **085 7495054**.

Má tá duine a bhfuil tú mór leis ag smaoinemh ar lámh a chur ina bhás féin, ná coimeád mar rún é. Labhair leis an duine sin agus lig do labhairt go hoscaite faoi na fadhbanna atá aige, mar d'fhéadfadh sé seo faoiseamh a thabhairt dó ó na smaointe agus na mothúcháin deacra sin. Inis dó faoin méid grá atá agat dó mar nuair a bhíonn duine in ísle brí braitheann sé go bhfuil sé scartha amach ó dhaoine eile agus faoi mar gur cuma le daoine mar gheall air.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
litir a léamh os ard le chéile, ag glacadh sealanna.

## Sleamhnán 07

### Ísle brí

Léamh 4

Deir a lán daoine a bhí ar tí iad féin a fhéinmharú ach nach ndearna é toisc go bhfuair cabhair agus tacaíocht, gur tháinig feabhas ar a saol. Fuair eadar an tacaíocht agus an chabhair a bhí uathu agus bhíodar ábalta saol a bhfad níos fearr agus níos áthasaí a bhaint amach. Seo rud gur féidir leat a insint do dhuine a bhfuil tú mór leis atá ag cuimhneamh ar dhochar a dhéanamh dó féin. Cuireann **The Samaritans** seirbhís tacaíochta téacs ar fáil 24/7 agus 365 lá sa bhliain. Seo téacs chucu ag **087 2609090** agus freagróidh siad tú agus cabhróidh siad leat chomh tapa agus is féidir leo. Foghlaim mar gheall ar ísle brí tú féin, chun go dtuigfidh tú na cúiseanna atá le hiompar do mhic/inine. Tá go leor suíomh idirlín ar fáil, ina measc, [ie.reachout.com](http://ie.reachout.com), [www.aware.ie](http://www.aware.ie), [www.mentalhealthireland.com](http://www.mentalhealthireland.com).

Uaireanta nuair a bhímid ag cabhrú le cara nó duine sa chlann, déanaimid neamhaird ar conas mar a bhraithimid sinn féin. Tá sé tábhachtach aire a thabhairt duit féin agus tú ag cabhrú le do chara/duine sa chlann. Bí cinnte nach n-éiríonn tú as rudaí a mbaineann tú taitneamh astu, agus má tá tú trócairta nó má tá an brú ag fáil an ceann is fearr ort, tóg sos agus lig do scíth. Uaireanta nuair a bhíonn daoine in ísle brí, ní theastaíonn uathu labhairt mar gheall air le baill den chlann. Glac leis seo, agus cabhraigh leo ar pé siú gur féidir leat – mar shampla, iad a thiomáint go dtí an coinne leis an síceolaí/comhairleoir.

Ná déan dearmad, **ní ortsa atá an locht** go bhfuil siad in ísle brí. Go raibh maith agat as d'aird a thabhairt air seo, Rang YSI, Bliain 4.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:** litir le léamh os ard le chéile, ag glacadh sealanna.

## Sleamhnán 08

### Ísle brí

Iarphlé 1

I dtaighde a rinneadh le déagóirí sa bhliain 2009, chuir déagóirí in iúl (a) na rudaí is mó a mbíonn drochchleacht acu ar a meabhairshláinte agus (b) na rudaí a d'fhéadfadh cabhrú leo dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhíonn acu:

Brú	Tacaíocht
1. <b>Bulaíocht</b>	1. <b>Scoil</b> (níos mó béime ar oideachas iománaíoch; múinteoirí tuisceanacha)
2. <b>Féin-íomhá</b> (cad a cheapann daoine den chuma a bhíonn ort...méachan etc.)	2. <b>Na háiseanna atá ann do dhaoine óga</b> (saife /club óige)
3. <b>Teaghlach</b> (teannas sa chlann /fadhbanna eile)	3. <b>Na tacaíochtaí atá ann do dhaoine óga</b> (comhairleoir scoile; oibrí óige etc.)
4. <b>Piarbhú</b> (dí /drugaí / caitheamh tobac / gnéas)	4. <b>Caidrimh leis an duine a bhfuil tú ag dul amach leis/léi</b>
5. <b>Caidrimh leis an duine a bhfuil tú ag dul amach leis/léi</b>	5. <b>Féin-íomhá</b> (daoine de gach saghas a bheith le feiceáil sna meáin)
6. <b>Brú scoile agus an córas scrúdaithe</b>	6. <b>Teaghlach</b> (tuismitheoir)
7. <b>Imeallú</b> (uaigheas / cairde ag déanamh imeallú ort)	
8. <b>Bás</b> (duine sa teaghlach nó cara)	

Roghnaigh **brú amháin** ón gcolún ar chlé agus scríobh síochta faoi na sílte ar féidir leis an mbrú sin duine a chur in ísle brí.

Roghnaigh **tacaíocht amháin** ón gcolún ar dheis agus scríobh síochta faoi na sílte ar féidir leis an tacaíocht sin cabhrú le duine atá faoi bhrú.

**Obair bheirte, tasc scríofa:**

1. Brú & tionchar an bhrú sin
2. Tacaíocht & tionchar na tacaíochta sin.

**Obair ranga:** roinnt de na hailt thuas le léamh os ard.

## Sleamhnán 09

### Ísle brí

Iarphlé 2

- (1) Féach ar an alt arís agus cuir líne faoi gach píosa comhairle atá ann.
- (2) Is é an modh ordaitheach atá in úsáid san alt chun comhairle a chur ach tá sílte eile ann chun comhairle a chur. Mar shampla d'fhéadfá a rá:

**Dá mba mise tú dhéanfainn...**  
**Dá mba mise tú labhróinn...**  
**Dá mba mise tú ní rachainn...**

Glac sealanna anois leis an duine in aice leat ag cur comhairle ar a chéile ag úsáid an phatrúin thuas (an modh coinníollach). Seo iad na fadhbanna atá agailbh:

1. Tá suim ag mo chara mór sa duine céanna liomsa. Teastaíonn uaim dul amach leis an duine seo ach cad mar gheall ar mo chara?
2. Tá mo thuismitheoirí ag cur a lán brú orm pointí arda a fháil san Ardeist. Agus ní féidir liom oibriú go maith nuair a chuirtear an brú sin ar fad orm.
3. Tá cara agam agus tá sí go deas ach cuireann sí iachall orainn an rud a theastaíonn uathí féin a dhéanamh i gcónaí (an ceol a n-éistimid leis etc.). Tá pearsantacht an-láidir aici.
4. Tá cara sa ghrúpa agus bíonn sé i gcónaí ag caint faoi na daoine eile sa ghrúpa nuair nach mbíonn siad timpeall. Braithim nach bhfuil sé sin deas agus braithim ciontach faoi.

**Obair aonair:** comhairle a mharcáil san alt; **obair bheirte:** an modh coinníollach a úsáid le comhairle a chur ar dhuine.

## 2C Caidreamh sa scoil: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / caidrimh
Stór focal	Caidrimh, spórt agus mothúcháin

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir ag labhairt faoi shaol na scoile agus na caidrimh ar fad inti.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Éisteacht

- ✓ Iarr ar na daltaí na bearnaí a líonadh leis na focail ag bun an leathanaigh sula n-éisteann siad leis an mír.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl ansin le seans a thabhairt do na daltaí na bearnaí a líonadh.
- ✓ Pléigh freagraí na gceistanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Is féidir béim a chur ar an bhfuaim atá san fhocal ‘gasúir’ ag an bpointe seo. Tá an ‘r’ caol an-deacair sa Ghaeilge agus athraíonn sé ó chanúint go canúint.



### Plé 1

- ✓ Iarr ar na daltaí an obair seo a dhéanamh i mbeirteanna. Léigh na ceistanna agus an teachtaireacht amach os ard sula gcuireann tú chun cainte iad.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá.



### Scríobh

- ✓ Míneigh do na daltaí go gcaithfidh siad an teachtaireacht a scríobh ina gcuid focal féin.
- ✓ Caithfidh siad an chaint indíreach a úsáid.
- ✓ Iarr ar gach beirt ar scríobh siad a phlé le chéile.
- ✓ Téigh siar ar na leaganacha éagsúla a bhí ag na daltaí (féach Freagraí thíos).



### Plé 2

- ✓ Iarr ar gach beirt a bhfuil ar an sleamhnán a léamh.
- ✓ Abair leo a machnamh a dhéanamh ar cad a déarfadís féin faoina gcuid múinteoirí.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár.



## Léamh

- ✓ Is féidir cóip phriontáilte den eolas a bheith ag gach dalta nó is féidir é a choinneáil ar an sleamhnán. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna, más féidir, agus abair leo an t-alt a léamh amach os ard le chéile. Cuidíonn sé seo leo teacht isteach ar fhuaimeanna na Gaeilge chomh maith.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo más gá.



## Plé & Scríobh

- ✓ Mínigh do na daltaí go gcaithfidh siad leathanach faoi chúrsaí spóirt a scríobh faoina scoil féin.
- ✓ Tabhair deis do gach beirt cúrsaí spóirt ina scoil féin a phlé le chéile (A).
- ✓ Iarr orthu ansin an leathanach a scríobh le chéile (B).
- ✓ Téigh siar ar na leaganacha éagsúla a bhí ag na daltaí.
- ✓ Cuir gach triúr ina suí le chéile chun na ceistanna faoi chúrsaí spóirt a phlé le chéile (C).
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin.



## Plé 3

- ✓ Más maith leat, is féidir leat díospóireacht a eagrú sa rang pé slí a dhéanann tú féin de ghnáth é.
- ✓ Is féidir cur leis na tuairimí atá sna boscaí chomh maith.
- ✓ Ní gá cloí leis an rún atá tugtha, gan amhras. D'fhéadfadh na daltaí ceann eile a roghnú dóibh féin.

## Freagraí

### Scríobh

Dúirt an múinteoir gur ainmníodh í ar an suíomh agus gur tugadh an t-ainm Bean \*\*\*\*\* faoi oiliúint di. Dúirt sí go raibh na focail a úsáideadh an-mhíbhéasach agus tarcaisneach. Dúirt sí gur sheol sí ríomhphost chucu faoi dhó ag úsáid na bhfoirmeacha a chuireann siad ar fáil, ag iarraidh orthu a hainm a bhaint den suíomh nó ar a laghad an t-ainm ceart a úsáid. Dúirt sí nach bhfuair sí freagra riamh agus nár tháinig aon athrú ar an scéal. Dúirt sí chomh maith gur chláraigh sí mar bhall ar an suíomh le súil go mbeadh sí in ann 'botún' a lua lena hainm, agus gur chóir a hainm a athrú dá bharr sin. Dúirt sí gur mó an seans a bheadh ag daltaí an t-ainm mhíbhéasach a léamh a fhad is a fhanann an t-ainm ar an suíomh. Tá an seans ann gur mhaith léi post eile a fháil lá éigin ach dúirt sí gurbh eagal léi go gcuirfeadh an teachtaireacht isteach ar aon seans a bheadh aici agallamh a fháil amach anseo.

## 2C Caidreamh sa scoil

### Sleamhnán 01

#### Caidrimh sa scoil

Éisteacht

A. Beidh tú ag éisteacht le múinteoir ag labhairt faoi shaol na scoile ina scoil féin. An féidir leat na bearnaí a líonadh sa scrípt ar dtús?

Tá atmaisféar deas \_\_\_\_\_ sa scoil. Tá na gasúir den chuid is mó, tá siad \_\_\_\_\_ lena chéile. Bíonn siad go maith dá chéile, den chuid is mó. Mar gheall ar na scoileanna beaga tuaithe, bíonn \_\_\_\_\_ ar a chéile, fú, bíonn aithne acu ar go leor daoine sa scoil, agus iad ag teacht isteach anseo sa gcéad bhliain. \_\_\_\_\_ ar chúrsaí peile, cúrsaí rugbaí, bíonn aithne acu ar níos mó b'fhéidir... ar dhaoine as na ceantraacha eile timpeall agus mar sin de. Tá caidrimh an-mhaith, den chuid is mó, idir na scoláirí agus na múinteoirí. Bímid ag troid, bíonn \_\_\_\_\_ anois is arís ach bíonn i gcónaí, i scoil ar bith. Den chuid is mó, bíonn caidreamh dearfach ann idir na scoláirí agus na múinteoirí.

Mar gheall ar tríd is tríd an-aithne acu mór \_\_\_\_\_ achran ann

B. Éist leis an mír anois, an raibh an ceart agat?

**Obair aonair:**  
bearnaí le líonadh; tasc éisteachta: bearnaí líonta le ceartú.

### Sleamhnán 02

#### Caidrimh sa scoil

Plé 1

An bhfuil caidreamh maith ann idir na daltaí agus na múinteoirí i do scoil féin? An bhfuil aon chur amach agat ar an suíomh idirlín [www.ratemyteacher.com](http://www.ratemyteacher.com)? Cad a cheapann tú faoi? Féach ar nóta a scríobh múinteoir ar fhóram:

I have been named on the site as "Mrs \*\*\*\*\* Trainee". The two words used are both very rude and offensive. I have emailed the site using their form twice asking them to either take the listing down or change it to my real name. I have had no response and nothing has happened. I have also joined the site as a teacher member in the hope I could flag an "error" with the spelling of my name, and get it changed. The longer the rude listing stays up, the more kids will read it. Also should I want to move jobs, which I probably will in a year or two, I am scared of this listing being found and it being held against me, perhaps not being invited for interview.

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cad atá ag cur isteach ar an múinteoir? Cén fáth?
2. Ar scríobh tú féin aon rud dimheasúil faoi mhúinteoir ar shuíomh mar seo? Cén fáth?
3. An gcuirfeadh a leithéid de dhroch-theachtaireacht faoi mhúinteoir isteach ar na seansanna a bheadh aige post eile a fháil? Cén fáth?
4. Ar cheart do mhúinteoirí neamhaird a dhéanamh do na suíomh seo nó ar cheart dóibh bheith ag foghlaim ón méid a scríobhtar fúthu?

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé, litir le léamh.

### Sleamhnán 03

#### Caidrimh sa scoil

Scríobh

Féach ar an teachtaireacht arís agus scríobh a ndúirt an múinteoir i do chuid focal féin. Tá gluais ann chun cabhrú libh. Ná déan dearmad don chaint indíreach: *Dúirt sí go...*

I have been named on the site as "Mrs \*\*\*\*\* Trainee". The two words used are both very rude and offensive. I have emailed the site using their form twice asking them to either take the listing down or change it to my real name. I have had no response and nothing has happened. I have also joined the site as a teacher member in the hope I could flag an "error" with the spelling of my name, and get it changed. The longer the rude listing stays up, the more kids will read it. Also should I want to move jobs, which I probably will in a year or two, I am scared of this listing being found and it being held against me, perhaps not being invited for interview.

**ainmníodh mé faoi oilúint mibhéasach agus tarcaisneach le súil go go gcuirfeadh sé isteach ar...**

**Obair aonair,**  
tasc scríofa: litir le haistriú ó Bhéarla go Gaeilge; **obair bheirte:** an t-aistriúchán le plé agus le cur i gcomparáid lena chéile.

### Sleamhnán 04

#### Caidrimh sa scoil

Plé 2

Féach féin agus an duine in aice leat ar a ndúirt Aoife agus Niall faoina gcuid múinteoirí.

#### Aoife Ní Chroidhreáin (Coláiste Íosagáin):

Sílím go mbíonn caidrimh iontach, i ndáiríre idir múinteoirí agus daltaí. Ar ndóigh bíonn laethanta ann a mbíonn na múinteoirí crosta, bíonn na daltaí dána agus ní réitíonn siad ach ceapaim, formhór den am... is deachaidreamh a bhíonn ann... tá siad (na múinteoirí) ag iarraidh go mbeidh daltaí in ann marcanna maithe a ghnóthú agus ceapaim go gcabhraíonn siad go mór.

#### Niall Mac Dhonnagáin (Coláiste Eoin):

Tá caidreamh an-mhaith ann. Réitíonn múinteoirí go han-mhaith leis na daltaí. Ar ndóigh bíonn dalta nó dhó ann a bhíonn ag pleidhcíocht sa rang agus bíonn trioblóid ann nuair a tharlaíonn sin ach den chuid is mó den am bíonn na daltaí sásta an obair a dhéanamh agus bíonn na múinteoirí an-chabhrach leis na daltaí. Agus bíonn múinteoirí ann a chuireann ranganna sa bhreis ar siúl má tá fadhbanna ag na daltaí. Ar an Aoine. Agus bíonn na daltaí an-bhuíoch as.

Cad a déarfadh sibh féin?

**Obair bheirte:**  
alt le léamh, plé le déanamh ar an gcaidreamh idir múinteoirí agus daltaí i do scoil.

### Sleamhnán 05

#### Caidrimh sa scoil

Léamh

Féach ar an gclár ama spóirt ó Ghaelscoil Faighteann, Cill Airne, Co. Chiarraí.

#### Cúrsaí Spóirt sa Scoil

Is cuid lárnach é an spóirt i saol na Gaelscoile agus tacaíonn sé lenár stádas mar scoil chothaithe sláinte. Baineann gach páiste taitneamh agus tairbhe as an spóirt. Tá an t-ádh linn go bhfuil dhá chlós breá, páirc peile, cúirt cispheile agus halla scoile againn. Táimid in aice chlóis súgartha an Chomhairle Baile leis agus bíonn deis againn é seo a úsáid go minic. Is maith linn cur leis na hacmhainní atá againn go rialta.

#### Peil

Imríonn na buachaillí agus na cailíní peil. Bíonn traenáil iontach á déanamh leo ag múinteoirí sa scoil. Tagann traenáil breise isteach leis uair sa choicís ón gCumann Lúthchleas Gael. Tá Craobh an Chontae buaite ag cailíní agus buachaillí na scoile le blianta beaga anuas le Cumann na mBunscoil. Glacann na daltaí páirt i bhféile peile *Gael Linn* leis agus bhíodar i gCorca Dhuibhne agus Béal Átha'n Ghaorthaidh le dhá bhliain anuas.

#### Snámh

Téann ranganna 3, 4, 5 agus 6 ag snámh sa linn snámha áitiúil ar feadh tréimhse sé seachtaine i rith na scoilbhliana. Bíonn ranganna snámha ag na páistí ansin. Tá sé mar aidhm againn go mbeidh deis ag gach páiste scileanna snámha a bheith acu.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
léamh os ard le chéile.

### Sleamhnán 06

#### Caidrimh sa scoil

Léamh

#### Cispheil

Tacaíonn ár dtuismitheoirí linn le traenáil chispheile agus glacann na daltaí páirt sa "Killarney Schools Basketball League", comórtas atá buaite againn cúpla uair le blianta beaga anuas.

#### Iománaíocht agus Camógaíocht

Tagann traenáilthe iománaíochta agus camógaíochta go dtí an scoil. Cé nach bhfuil siad róchomórta i gCill Airne mar chluichí tá an-chuid oibre ar siúl ag na clubanna áitiúla chun an iománaíocht agus an chamógaíocht a chur chun cinn sna scoileanna.

#### Spikeball, Rugbaí agus Sacar

Bímid ag imirt na cluichí seo go rialta ar scoil leis agus ag glacadh páirte i gcomórtais éagsúla leo. Is cluichí nua iad spikeball agus rugbaí sa scoil.

#### Lúthchleasaíocht

Glacann na daltaí páirt i lúthchleasaíocht scoile sa Chontae agus bíonn lá spóirt againn sa scoil gach bliain. Tá an lá spóirt seo bunaithe go hiomlán ar pháirt a ghlacadh agus spraoi a bhaint as spóirt.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
léamh os ard le chéile.



## Sleamhnán 07

### Caidrimh sa scoil

Plé & scríobh

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí bhur machnamh ar chúrsaí spóirt in bhur scoil féin. Ná déanaigí dearmad ar na pointí seo:

- ✓ Gach spórt a dhéantar sa scoil
- ✓ Aon chomórtais a bhuanann sa scoil
- ✓ Na háiseanna spóirt atá sa scoil
- ✓ Ráiteas misin an scoil faoi spóirt
- ✓ An méid múinteoirí agus traenálaíthe spóirt



B. Scríobh leathanach do shuíomh idirlín anois faoi chúrsaí spóirt sa scoil.

C. Bí ag obair i ngrúpa agus pléigí na ráitis seo:

➤ Mura ndéanann déagóir spóirt ní féidir leis bheith sláintiúil.

➤ Cuireann spórt le féinmhuinín an déagóra.

➤ Cuireann spórt isteach ar shláinte an déagóra mar is féidir leis dochar fadtéarmach a dhéanamh don chorp.

➤ Is féidir le géariomaíocht sa spórt féinmhuinín an déagóra a íslú.

**Obair bheirte:**  
spórt sa scoil  
le plé, alt a  
scríobh faoi  
spórt sa scoil;  
**obair ghrúpa:**  
ceisteanna le  
plé faoin spórt.

## Sleamhnán 08

### Caidrimh sa scoil

Plé 3

Deir Cormac:

'Mar gheall ar na scoileanna beaga tuaithe, bíonn an-aithne acu ar a chéile, fiú, bíonn aithne acu ar go leor daoine sa scoil, agus iad ag teacht isteach anseo sa gcéad bhliain.'

Beidh sibh ag déanamh díospóireachta i gceann tamaill faoin rún:

**Is fearr an t-oideachas a fhaightear i scoil bheag tuaithe ná i scoil mhór chathrach.**

Féachaigí ar na buntáistí a bhaineann leis an dá chineál scoile thíos sula bpléifidh sibh bhur bpointí le chéile.

Scoil bheag tuaithe	Scoil mhór chathrach
- níos pearsanta	- níos mó áiseanna
- níos mó béime ar an dalta	- córas taistil chun na scoile nior fearr
- tugann tuismitheoirí na ndaltaí níos mó tacaíochta	- sochaí ilchultúrtha
- níos cairdiúla	
- níos réchúisí	

**Díospóireacht ranga:** scoil bheag tuaithe i gcomparáid le scoil mhór chathrach.

## 2D Póstaí: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – caidrimh agus póstaí
Stór focal	Caidrimh, grá agus póstaí

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt faoi luach brídeoige in Uganda (bunaithe ar eolas a bhí ar an suíomh idirlín [www.theguardian.co.uk](http://www.theguardian.co.uk)).

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **deach uatha – baininsneach agus firinsneach** ó ‘Fócas ar Theanga’ a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhphlé 1

- ✓ Cuir na daltaí i mbun oibre ar an gcleachtadh seo ar feadh nóiméad nó dhó agus cuidigh leo le haon deacracht a bheadh acu leis an stór focal. Nuair a bheidh siad críochnaithe, éist le cuid de na tuairimí a bheidh acu (féach Freagraí thíos).



### Réamhphlé 2

- ✓ Tá eolas ginearálta sa cheacht seo a chuideoidh leis na foghlaimeoirí agus iad ag léamh ailt faoi nósanna a bhaineann le pósadh in Uganda.
- ✓ Coinnigh na fíricí ar an sleamhnán in airde agus abair le gach beirt iad a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang iomlán (féach Freagraí thíos).



### Léamh

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna, más féidir, agus abair leo an t-alt a léamh amach os ard le chéile. Cuidíonn sé seo leo teacht isteach ar fhuaimneanna na Gaeilge chomh maith.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo más gá.



### Léamhthuiscint 1

- ✓ Iarr ar an rang freagraí na gceistanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna. Tá sé tábhachtach i gcónaí an nós a chothú sa rang, na daltaí de shíor a chur ag cur agus ag cúiteamh.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra, abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca, abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



## Léamhthuisicint 2

- ✓ B'fhearr na gníomhaíochtaí **deach uatha – baininscneach agus firinscneach** ó 'Fócas ar Theanga' a dhéanamh sula ndéantar an ghníomhaíocht seo.
- ✓ Ansin, iarr ar gach beirt na gnéithe gramadaí a aimsiú san alt, beidh go leor samplaí ag gach beirt. Pléigh na samplaí a bhí acu.
- ✓ Abair leo na ceisteanna ag bun an tsleamhnáin a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Ceacht é seo ar fheasacht fhoghlama na ndaltaí féin.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



## Iarphlé 1

- ✓ Iarr ar gach beirt na seanfhocail faoi ghrá agus pósadh a léamh le chéile. Tabhair cuid den stór focal dóibh sula dtosaíonn siad más gá, ag brath ar chumas an ranga.
- ✓ Téigh siar ar mhíniú gach ceann acu le bheith cinnte go dtuigeann siad iad.
- ✓ Iarr orthu aon seanfhocal mar seo atá ar eolas acu a chur i láthair an ranga.
- ✓ Is féidir ag an bpointe seo cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoghraíocht, mar tá samplaí maithe sna seanfhocail.
- ✓ Tarraing cúpla bosca ar an gclár agus cuir na focail thíos iontu:

Póg	Bean	Grá	Féasta
-----	------	-----	--------

- ✓ Iarr ar gach beirt focail a bhfuil na fuaimeanna céanna acu a chur sna boscaí.
- ✓ Tarraing aird faoi léith ar na fuaimeanna deacara sna focail – **bliain, leigheas** agus **iníon** (féach Freagraí thíos).



## Iarphlé 2

- ✓ Is ceacht é seo ar fheasacht chultúrtha. Abair leo na seanfhocail a phlé faoi na fotheidil éagsúla.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad ansin.

## Freagraí

### Réamhphlé 1

Cibé súisín a íocfaidh as – at all costs  
spré – dowry  
eagraíocht neamhrialtasach – NGO  
díscáileadh – dissolution  
díchumhachtú – disempowerment  
tráchtearraí – commodities

### Iarphlé 1

### Réamhphlé 2

1. Fíor, agus an Svahaílis (Swahili).
2. Bréagach. 1962.
3. Bréagach. Ar chlé.
4. Fíor.
5. Fíor, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar an scéal ó 2008.
6. Fíor, ar an meán.
7. Bréagach, idir 8 agus 10 uair an chloig.
8. Bréagach, fágann cailíní an scoil níos luaithe ná na fir chun obair tí agus feirme a dhéanamh nó chun pósadh.

<b>Póg</b> pósfaidh pós pósadh rósta pósta bhó	<b>Bean</b> b'fhearr ghleanna gleann	<b>Grá</b> más bás	<b>Féasta</b> céad céasta
--	---	--------------------------	---------------------------------

## 2D: Póstaí

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>Póstaí</b> <span style="float: right;">Réamhphlé 1</span></p> <p>Beidh tú ag léamh ailt faoi nósanna a bhaineann le pósadh in Uganda. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar an ailt. Féachaigí ar an gceannlíne, ar an bpiictiúr agus ar an stór focal thíos chun cabhrú libh.</p> <p><b>Pósadh, cibé súisín a íocfaidh as!</b></p>  <p>Comhghairdeas á dhéanamh le bean le linn a bainise in Katine. Grianghraf: Dan Chung</p> <p><b>Stór focal:</b> spré eagraíocht neamhrialtasach discaoileadh dichumhachtú tráchtearraí</p>	<p><b>Obair bheirte, stór focal.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>Póstaí</b> <span style="float: right;">Réamhphlé 2</span></p> <p>Ag obair leis an duine in aice leat fós, léigí na fíricí faoi Uganda. An gceapann tú go bhfuil siad fíor nó bréagach, cén fáth a gceapann sibh amhlaidh?</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Tá an Béarla ar cheann de na teangacha oifigiúla sa tír.</li> <li>2. Bhain siad neamhspleáchas amach sa bhliain 1921.</li> <li>3. Tíomáineann muintir Uganda ar dheis.</li> <li>4. Maraíodh 300,000 duine le linn dheachtóireacht Idi Amin.</li> <li>5. Tá Uganda ar cheann de na tíortha is boichte ar an domhan.</li> <li>6. Caitheann mná 15 uair an chloig ag obair gach lá.</li> <li>7. Caitheann fir 18 uair an chloig ag obair gach lá.</li> <li>8. Ní chaitheann na fir an méid céanna ama ar an scoil le mná.</li> </ol> 	<p><b>Obair bheirte: tomhais nó plé ar fíricí faoi Uganda.</b></p>
<p><b>Sleamhnán 03</b></p> <p><b>Póstaí</b> <span style="float: right;">Léamh 1</span></p> <p>Tá an t-alt bunaithe ar alt ón <i>Guardian</i>. Is bainisteoir faisnéise agus cumarsáide í Evelyn Schiller leis an eagraíocht neamhrialtasach <i>Mifumi</i> in Uganda.</p> <p>Fághtar mná in Uganda gan mhaoin, gan chumhacht agus gan neamhspleáchas nuair a phósann siad de bharr an nós atá sa tír iad a dhíol leis an teaghlach céile roimh an phósadh. Is ionann iad agus tráchtearraí ag deireadh an lae.</p> <p>Is gnás seanbhunaithe é maoin a thabhairt do theaghlach na mná sula bpósann sí agus níos a chleachtann an-chuid pobal in Uganda agus ar fud na hAfraice. Tháinig an gnás chun cinn an chéad lá riamh le grá na beirte a cheiliúradh agus an dá theaghlach a thabhairt le chéile. Is é an coincheap céanna é le spré a thabhairt ach a mhalairt atá ann mar tugtar an t-airgead do theaghlach na mná atá le pósadh agus ní do theaghlach an fhir atá le pósadh.</p> <p>Fadó, thugtaí an bronntanas do theaghlach na brídeoige le háthas faoin chleamhnas a léiriú. Thugtaí é go flaithiúil agus ní bhíodh teaghlach na brídeoige ag súil le mórán. Ní raibh i gceist leis an bhronntanas ach comhartha cairdis agus muintearais.</p>	<p><b>Obair bheirte, tasc léitheoireachta: léamh os ard le chéile.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 04</b></p> <p><b>Póstaí</b> <span style="float: right;">Léamh 2</span></p> <p>Ní hionann an scéal sa lá atá inniu ann áfach. Ní thugtar an t-ainm 'bronntanas brídeoige' ar a leithéid a thuilleadh ach 'luach brídeoige', luach a éilíonn teaghlach na brídeoige ar an teaghlach nua céile agus bíonn géarthrádáil ar bun acu. Is ionann na hiníonacha agus tráchtearraí i ndáiríre agus is minic iad níos luachmhara ná tuarastal an teaghlach. Éilíonn na haithreacha agus na deartháireacha gach uile shórt ar an teaghlach céile, ar nós airgid, éadaí, ainmhithe, táillí scoile nó bróga nua fiú – athrú mór ar na málaí prátaí a thugtaí mar bhronntanas fadó. Ní bhíonn baint ar bith ag na mná leis na margáí seo, ní nach ionadh. Ní fhaigheann an mháthair rud ar bith toisc í féin a bheith ceannaithe mar an gcéanna, agus beidh na deirfiúra eile sa teaghlach á malartú in am tráth, nuair a bhaineann siad dhá nó trí bliana déag d'aois amach.</p> <p>Tá éifeacht thubaisteach ag an chineál trádála seo ar shaol na mban. Bíonn siad mar a bheadh sclábhaithe ann.</p> <p>Maíonn an eagraíocht neamhrialtasach <i>Mifumi</i>, a oibríonn ar son cearta cuí ban agus leanaí, go bhfuil níos mó foréigin teaghlach in Uganda anois de thoradh ar an nós seo.</p>	<p><b>Obair bheirte, tasc léitheoireachta: léamh os ard le chéile.</b></p>

## Sleamhnán 05

### Póstaí

Léamh 3

Mothaíonn cailíní, de bhí gur ceannaíodh iad an chéad lá riamh, go gcaithfidh siad cur suas le póstaí polagamacha agus leis an iliomad páistí a bheith acu. Braitheann siad nach mbíonn an dara rogha acu ach gnéas a bheith acu lena bhfír chéile fiú má cheaptar go bhfuil SEIF acu.

Tá méadú mór tagtha chomh maith ar líon na bpáistí a phósann, go háirithe in áiteanna ar nós Katine atá in oirthuaisceart Uganda. Baineann na teaghlaigh a gcuid iníonacha amach as an scoil go luath sa dóigh is gur féidir leo pósadh ar mhaithe le cúpla bó nó cúpla mála rise a ghnóthú – dá óige an cailín a thugtar is ea is airde an praghas a fhaightear. Cé gur chuir an beartas um bunóideachas uilíoch le líon na gcaillíní a fhreastalaíonn ar an scoil, is iad na cailíní is mó a fhágann an scoil sula sroicheann siad an mheánscoil. Diolann (nó bíonn siad á dtairiscint le hairgead a shaothrú) a lán tuismitheoirí a n-iníonacha ar an dóigh seo chun go leor airgid a bheith acu a gcuid mac a chur ar scoil agus na táillí a íoc.

Go minic fághtar na mná seo gan dóigh, gan dídean nuair a fhaigheann a bhfír chéile bás mar ní féidir leo a n-íoctar faoina gcoinne a aisíoc, is é sin, níl go leor airgid acu nó níl bó ná gabhar acu le díol ar ais lena dteaghlach céile agus tugtar an bóthar dóibh dá bharr.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:** léamh os ard le chéile.

## Sleamhnán 06

### Póstaí

Léamh 4

Go minic freisin glacann an deartháir céile an bhean ina sheilbh mar ag deireadh an lae, is leis an teaghlach í an bhean mar gur cheannaigh an teaghlach í. Cé go bhfuil comhchearta do mhná mar choinníoll i mBunreacht Uganda, níl an dlí ag cosaint na gcaillíní óga agus bíonn siad á ndíol mar thráchtearraí i gcónaí.

Maíonn cúirteanna Uganda nach féidir aon phósadh a dhíscaoileadh go dtí go bhfuil gach cent a íocadh ar son na brídeoige díolta ar ais. Ina lán cásanna, cuirtear i bpríosún iad siúd a dteipeann orthu teaghlach an fhir a aisíoc. Má éalaíonn cailín ó chaidreamh mí-úsáide is amhlaidh a chuirtear a hathair nó a deartháireacha i bpríosún go dtí go n-íoctar an t-airgead.

Tá *Mifumi* ag féachaint le cearta bunreachtúil na mban a chur i bhfeidhm mar is ceart agus tá siad ag iarraidh deireadh a chur le praghsanna na mbrídeog, nó go mbeadh siad rialaithe ar an laghad. Ní haon dóithín é áfach toisc díchumhachtú na mban a bheith mar chuid lárnach den chultúr ach caithfear stop a chur leis.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:** léamh os ard le chéile.

## Sleamhnán 07

### Póstaí

Léamhthuisicint 1

Anois agus an t-alt léite agat freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad atá i gceist le *Mifumi*?
2. Cad atá i gceist le 'luach brídeoige'?
3. Cén fáth a bhfuil na hiníonacha ar nós tráchtearraí?
4. Cén fáth a bhfuil ráta foréigin teaghlaigh ag dul in airde in Uganda?
5. Cé acu a bhfuil an t-oidéachas is fearr – cailíní nó buachaillí? Cén fáth?
6. Cén fáth a bhfuil a lán ban fágtha gan dídean?
7. Cén seasamh atá ag an rialtas maidir leis an bpósadh in Uganda?

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Obair scríofa:** ceisteanna le freagairt. **Obair bheirte:** freagraí a chur i gcomparáid lena chéile.

## Sleamhnán 08

### Póstaí

Léamhthuisicint 2

Féach ar an alt arís agus aimsigh samplaí de na gnéithe gramadaí seo thíos:

- ✓ Ainmfhocal firinsneach
- ✓ Ainmfhocal baininsneach
- ✓ An tuiséal ginideach uatha (ainmfhocal firinsneach)
- ✓ An tuiséal ginideach uatha (ainmfhocal baininsneach)

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Pléigh na ceisteanna seo anois leis an duine in aice leat:

1. An raibh an t-alt suimiúil dar leat, cén fáth?
2. An raibh an t-alt deacair, dar leat? Cén fáth?
3. An raibh aon scéal mar sin ar eolas agat sular léigh tú an t-alt? Cad a bhí ann?
4. Cad a d'fhoghlaim tú ón alt?

**Obair aonair, gramadach:** samplaí de ghnéithe den ghramadach le haimsíú sa téacs. **Obair bheirte:** Freagraí le cur i gcomparáid. Ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 09

### Póstaí

Iarphlé 1

Léigh na seanfhocail faoi phósadh agus faoi chleamhnas leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

Ní haithne go haontíos

An chéad bhliain bliain na bpóg, an dara bliain bliain na ndorn.

B'fhéarr liom bean na bhfiche seift ná bean na bhfiche punt.

Is mac do mhac go bpósfaidh sé, ach is iníon d'iníon go deo.

Pós bean an ghleanna agus pósfaidh tú an gleann.

Níl aon leigheas ar an ngrá ach pósadh

Más maith leat do mholadh, faigh bás. Más maith leat do cháineadh, pós.

Ní féasta go rósta, 'is ní céasta go pósta.

Faigh do bhean i gcóngar, ach i bhfad uait díol do bhó.

**Obair bheirte:** seanfhocail le plé agus le míniú.

## Sleamhnán 10

### Póstaí

Iarphlé 2

**Bí ag obair i ngrúpa:**

Cad a deir na seanfhocail ar an sleamhnán deireanach faoi chultúr na hÉireann? Bainigí úsáid as na fotheidil seo chun an bplé a dhéanamh:

Margadh vs. Grá


Stádas na mban

Caidrimh idir fir agus mná

Pósadh fadó vs. Pósadh inniu (in Éirinn)

Cúrsaí eacnamaíochta fadó

Greann vs. Searbhas



**Obair ghrúpa, tasc labhartha:** plé ar sheanfhocail agus ar chultúr na hÉireann.

## 2E Múinteoir maith: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Réasúnta dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – caidrimh / tréithe daoine
Stór focal	Tréithe daoine agus cúrsaí oibre

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar thuairimí daltaí i leith na tréithe a bhaineann le múinteoir maith agus ar mhír físe ina bhfuil cur síos ar na tréithe a bhaineann le fiontraithe.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair

- ✓ Léigh a bhfuil ar an gcéad dá shleamhnán leis na daltaí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu. Cuir i mbun oibre ansin iad ina n-aonar nó ina mbeirteanna chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- ✓ Éist leis na tréithe a bheidh luaite acu agus scríobh an stór focal úsáideach a thiocfaidh chun cinn ar an gclár.



### Léamh

- ✓ Abair leis na daltaí an méid atá ar an sleamhnán a léamh. Tá an píosa an-éasca – níl ann ach téacs beag chun smaointe a spreagadh.
- ✓ Cabhraigh leo le haon deacracht a bheidh acu leis.
- ✓ Míniú do na daltaí go mbíonn siad ábalta cur síos a dhéanamh as Gaeilge go minic ar shlí shimplí i.e. frása cosúil le ‘duine a oibríonn go cruá’ a rá. Ach is minic a bhíonn slí eile nádúrtha ann chun an rud céanna a chur in iúl i.e. deir Éanna ‘duine a bhfuil fonn oibre air’. Ní haon díobháil é iarracht a dhéanamh saibhriú a dhéanamh an mbanc stór focal atá ag na daltaí ionas go mbeidh dul nádúrtha na teanga acu.



### Iarphlé 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin abair leo tabhairt faoin gcleachtadh atá ann.
- ✓ Pléigh a gcuid freagraí leo.
- ✓ B'fhéidir go mbeadh iontas orthu faoi nithe áirithe. Má deir siad go bhfuil an ‘dalta idéalach’ an-chiúin, míniú dóbh gur maith le múinteoirí go minic daltaí atá sásta ceisteanna a chur agus ábhar a phlé. Má deir siad go bhfuil an ‘dalta idéalach’ an-éirimiúil, míniú dóbh go bhfuil buanna eile díreach chomh tábhachtach don fhoghlaim agus mar sin de.
- ✓ Cuir aon stór focal nó nathanna cainte úsáideacha a thagann chun cinn ar an gclár.



## Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad. Ansin cuir na daltaí ag obair ina mbeirteanna chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- ✓ Pléigh na freagraí a bheidh ag na daltaí mar rang iomlán.



## Éisteacht

- ✓ Míneigh do na daltaí go mbeidh siad ag féachaint ar mhír físe ina ndéantar cur síos ar na tréithe a bhaineann le fiontraíthe.
- ✓ Míneigh dóibh gur féidir leo nótaí a ghlacadh agus iad ag éisteacht más maith leo chun go mbeidh siad ábalta an cheist a fhreagairt ach abair leo gan abairtí iomlána a scríobh. Nuair a bheidh siad tar éis éisteacht leis an mír beidh orthu casadh go dtí an duine in aice leo agus idir an bheirt acu cúpla líne a scríobh faoi na tréithe a bhaineann le fiontraíthe.
- ✓ Éist le cuid den mhéid a bheidh curtha le chéile ag na daltaí.
- ✓ Scríobh leaganacha úsáideach ón mír ar an gclár nó tabhair cóip den script do na daltaí.

## Cad is fiontraí maith ann? (Tréithe) – Script

### Eimear Ní Bhrádaigh (Léachtóir Fiontar DCU)

Tá a lán tréithe ag baint le fiontraí. Caithfidh an fiontraí a bheith lán le fuinneamh. Caithfidh sé nó sí a bheith sásta dul sa tseans. Bíonn físe ag fiontraíthe. Bíonn siad in ann foghlaim ó na botúin a dhéanann siad. Tá siad sásta glacadh leis an diúltú.

### Seán Mac Uidhir (Eagarthóir Grúpa Meán Bhéal Feirste)

Sílím go gcaithfidh fiontraí bheith cruthaitheach ar bhealach, samhlaíoch [samhlaíocht a bheith acu] agus i gcónaí ag foghlaim agus oscailte. Agus má aithníonn tú féidearthacht ar bith, seans ar bith, gur chóir duitse dul sa tóir air.

### Adrian Ó Tuathaigh (Bainisteoir Díolacháin Sioen)

Tá taithí agam ó thaobh láimhseáil daoine, láimhseáil margadh, láimhseáil táirgí úra agus táirgí difriúla agus go bhfuil mé in ann bualadh le daoine agus achan rud a chur os a gcomhair agus cúrsaí díolacháin a dhéanamh.

### Tom Trainor (Príomhfheidhmeannach Institiúid Margaíochta)

Tá tú ag iarraidh cineál pictiúr a bheith agat don chomhlacht agus sa dóigh a bheas an comhlacht amach sa todhchaí agus caithfidh tú ansin pleananna a thabhairt chun cinn chun an comhlacht sin a chruthú.

### Eimear Ní Bhrádaigh (Léachtóir Fiontar DCU)


Tagann fiontraíthe ó gach saghas cúlra. Bhíodh an t-am ann gur fir shaibhre a bhí i gceist ach tá mná ag bunú comhlachtaí anois. Tá daoine ó ghrúpaí mionlacha eile ag bunú... tá mionlaigh eile ag bunú comhlachtaí freisin. Agus go minic is iad na daoine atá ar imeall an tsochaí, nach bhfuil ag éirí leo na jabanna lárshrutha a fháil, a bhunaíonn comhlachtaí. So b'fhéidir daoine atá dífhostaithe, daoine amuigh faoin dtuath nach bhfuil sásta bogadh go dtí cathair mhór mar gurb é sin an áit ina bhfuil an jab – cruthaíonn siad comhlachtaí beaga iad féin. So faoin dtuath feicfidh tú ráta fiontraíochta níos airde faoin dtuath ná mar a gheobhaidh tú i gcathracha.

## 2E: Múinteoir maith

### Sleamhnán 01

#### Múinteoir maith

I gceann tamaill beidh tú ag léamh tuairimí daltaí i leith na dtréithe a bhíonn ag múinteoir maith.



Ach ar dtús, tabhair faoin gcleachtadh seo a leanas...

Réamhrá

### Sleamhnán 02

#### Múinteoir maith

Réamhobair

Samhlaigh go mbeidh múinteoir nua agat i mbliana i gcomhair cúpla ábhar. Cad iad na tréithe ba mhaith leat a bheadh ag an múinteoir sin? Breac síos cúig cinn sa bhosca thíos ar chlé. Cad iad na tréithe a mbeifeá ag súil nach mbeadh ag an múinteoir nua? Breac síos cúig cinn sa bhosca thíos ar dheis.

Tréithe dearfacha don mhúinteoir	Tréithe diúltacha don mhúinteoir
1.	1.
2.	2.
3.	3.
4.	4.
5.	5.

**Obair aonair, stór focal:** dea-thréithe agus droch-thréithe múinteora mhaith.

### Sleamhnán 03

#### Múinteoir maith

Léamh

Cad iad na tréithe a bhaineann le múinteoir maith?

**Niall Mac Dhonnagáin (Coláiste Eoin):**

Is dóigh liom go gcaithfidh siad a thaispeánt go bhfuil siad i gceannas ach é sin ráite, a bheith go deas leis na daltaí... na daltaí ar fad a dhéanann an obair. Ach má bhíonn daoine ag pleidhcloch agus más pleidhcloch é ina bhfuil mailis i gceist, is dóigh liom gur cheart go mbeadh pionós ann. Aon mhúinteoir gur féidir leis smacht a bheith aige ar an rang ach go mblonn na daltaí fós sásta leis sa rang, is dóigh liom gur múinteoir an-mhaith é. Agus tá an-chuid múinteoirí againn sa scoil seo atá cosúil leis sin agus táimid ar fad an-sásta.

**Aoife Ní Chroidhreáin (Coláiste Iosagáin):**

Is dóigh liom go bhfuil foighne i gceist, i ndáiríre agus a bheith tuiscianach, agus a bheith in ann tuiscint a bheith acu ar na fadhbanna a bhíonn ag daoine óga. Agus gaois saoil, chomh maith, ar shli, gur féidir leo comhairle a thabhairt ag an am céanna. Ceapaim gur sin iad.

**Éanna Ó Chonúir (Pobalscoil Chorca Dhuibhne):**

Caithfidh foighne a bheith aige ar dtús chun déileáil le mo leithéidí féin agus cúpla duine eile timpeall na scoile. Duine go bhfuil fonn oibre orthu féin. Tá múinteoirí áirithe agus tugann siad an obair dúinn le déanamh ach tá an oiread sin measa agam orthu go ndéanaim é. D'icheada áirithe, b'fhéidir nach mbeadh fonn orm an obair a dhéanamh ach deirim liom féin, bhuel, ní theastaíonn uaim iad a lígean síos mar chuirfidís siúd an obair isteach domsa.

**Tasc léitheoireachta, saibhriú agus feasacht teanga:** alt le léamh, nathanna le tabhairt faoi deara.

### Sleamhnán 04

#### Múinteoir maith

Iarphlé 1

Bunaithe ar an méid a dúirt Niall, Aoife agus Éanna ba cheart go mbeadh múinteoir maith ábalta na rudaí seo a rá faoi /fúithi féin:



"Is féidir liom a thaispeánt go bhfuil mé i gceannas. Bíim deas leis na daltaí. Tá smacht agam ar an rang. Bíonn na daltaí sásta i mo rang. Táim foighneach agus tuiscianach. Tá gaois saoil agam agus is féidir liom comhairle a chur ar dhaoine óga. Tá fonn oibre orm agus tá meas ag na daltaí orm."

Ach cad mar gheall ar na tréithe a bhaineann le scoláire maith! Cad a shíleann tusa a déarfadh múinteoirí dá gcuirfí an cheist orthu – Cad iad na tréithe a bhaineann le scoláire maith?

Scríobh síos 5 thréith dhearfach agus 5 thréith dhiúltach i do chópleabhar. Ansin, pléigh leis an múinteoir iad – an aontaíonn sé/sí libh?

**Obair aonair, tasc scríofa:** dea- agus droch-thréithe scoláire; **obair ranga:** freagraí le plé le chéile.

### Sleamhnán 05

#### Múinteoir maith

Iarphlé 2

Roghnaigh tréithe ón liosta thíos a d'oirfeadh do na posit seo a leanas (bíodh cúpla tréith agat le haghaidh gach post):

pleanálaí póstaí	eolaí
criadóir	abhcóide
aisteoir	máinlia
bainisteoir comhlachta	sciameolaí

- Táim an-mhaith le mo lámha.
- Ní chuireann brú ná uaireanta an chloig fada isteach orm.
- Is breá liom comhlúadar daoine.
- Is breá liom a bheith gnóthach.
- Táim go maith ag eagrú rudaí.
- Tá an-suim agam san airgead.
- Is cuma liom faoi chúrsaí airgid.
- Is maith liom a bheith i gceannas.
- Is breá liom a bheith ag oibriú liom féin.
- Is breá liom a bheith ag oibriú rudaí amach dom féin.
- Ní bhriseann ar m'fhoighne go deo/ach go hannamh.
- Ní bhraithim faoi bhrú rómhínic.
- Ní chuireann éiginnteacht sa saol isteach rómhór orm.
- Táim go maith ag caint le daoine.
- Is duine cruthaitheach mé.

**Obair bheirte:** tréithe agus scileanna le meaitseáil le poist.

### Sleamhnán 06

#### Múinteoir maith

Éisteach

Beidh tú ag féachaint ar mhír ina bhfuil daoine difriúla ag cur síos ar na tréithe a bhaineann le fiontraí.

Éist leo agus bí in ann an cheist thíos a fhreagairt:

Cad is fiontraí maith ann?

**Tasc éisteachta, obair aonair:** nótaí le glacadh; **tasc scríofa, obair bheirte:** alt gearr le scríobh.



## 2F Cén saghas duine thú?: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – caidrimh / tréithe daoine
Stór focal	Tréithe daoine

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag labhairt faoi na tréithe a bhaineann leis féin agus lena chairde. Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir. *Tá méid áirithe earráidí i gcaint an dalta agus méid áirithe focal Béarla chomh maith ach mura dtarraingítear aird air sin níor cheart go gcuirfeadh sé as don éisteacht.*

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair

- ✓ Abair leis na daltaí tabhairt faoin ngníomhaíocht atá ar an sleamhnán seo ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh an stór focal leo ansin agus nuair is féidir, abair leo tréithe a bhfuil malairt brí acu a sholáthar duit agus cuir an stór focal nua ar an gclár.



### Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile. Más fearr leat, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna nó abair leis na daltaí alt nó dhó a scríobh do gach ceist ina gcóipleabhair le plé leis an rang ar fad ansin.
- ✓ Is ábhar machnaimh do na daltaí atá san athfhriotal freisin a spreagfaidh smaointe don chéad chleachtadh eile – an díospóireacht.



### Iarphlé 2

- ✓ Más maith leat, is féidir leat díospóireacht a eagrú sa rang pé slí a dhéanann tú féin de ghnáth é.



## Scríobh

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí le go dtuigfidh siad cad a bheidh le déanamh acu. Cuir i mbun oibre ansin iad. D'fhéadfá iad a chur ag obair ina mbeirteanna nó ina n-aonar.
- ✓ Abair le daltaí éagsúla a dteachtaireachtaí a ghlaoch amach don rang ar fad agus scríobh an stór focal úsáideach a thiocfaidh chun cinn ar an gclár.



## Iarphlé 3

- ✓ Earráid an-chomónta i gcaint na ndaltaí atá faoi chaibidil sa sleamhnán seo. Bhí cúpla sampla de sa mhír éisteachta ach ná tarraing aird air sin.
- ✓ Abair leo an cleachtadh a dhéanamh le chéile agus ceartaigh ansin é (féach Freagraí thíos).
- ✓ Ceartaigh na daltaí gach uair a chloisfidh tú iad ag déanamh na hearráide sin as seo amach!

## Freagraí

### Cleachtadh

1. That's what I think: Sin é a shílím féin. / Sin an rud a shílím féin.
2. That's what she does: Sin é a dhéanann sí. / Sin an rud a dhéanann sí.
3. That's what happens: Sin é a tharlaíonn. / Sin an rud a tharlaíonn.
4. That's what they told me: Sin é a dúirt siad liom. / Sin an rud a dúirt siad liom.
5. That's what they recommended me to do: Sin é a mholadar dom a dhéanamh. / Sin an rud a mhol siad dom a dhéanamh.
6. That's what I wanted: Sin é a theastaigh uaim. / Sin an rud a theastaigh uaim.

## 2F: Cén saghas duine thú?

### Sleamhnán 01

#### Cén saghas duine tú?

Réamhobair

I gceann tamaill beidh tú ag éisteacht le hÉanna Ó Conchúir ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne ag rá cén saghas duine é féin.

Ach ar dtús féach ar an liosta tréithe seo. Cé mhéad ceann a thuigeann tú? An féidir leat malairt brí a chur ar fáil do chuid acu?

- díograiseach
- éirimíúil
- fiáin
- gealgháireach
- grámhar
- lách
- leisiciúil
- leithliseach
- réchúiseach
- searbhasach
- stuama
- teasáí
- trioblóideach
- tuisceanach

**Obair aonair, stór focal:**  
tréithe.

### Sleamhnán 02

#### Cén saghas duine tú?

Éisteacht

Éist le hÉanna agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a deir Éanna faoi chraic a bheith aige?
2. Cad a deir sé faoi a bheith ag staidéar?
3. Cén tslí a bhfuil cairde Éanna 'as a meabhair'?
4. Cad a deir Éanna faoi dhaoine cúthalacha agus *Facebook*?

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 03

### Cén saghas duine tú?

Iarphlé 1

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Deir Éanna go bhfuil daoine cúthalacha (cúthail) faoi mhíbhuntáiste, go mbiann sé níos deacra orthu post a fháil, mar shampla. An aontaíonn tusa leis an dearcadh sin? Cén fáth?
2. Deir Éanna nár cheart duit a bheith buartha faoi cad a cheapann daoine eile díot. Ach féach ar an athfhriotal seo thíos. An bhfuil aon fhírinnne ann? Cad a tharlaíonn do dhéagóirí ar scoil nuair nach gclóíonn siad leis an rud a bhfuil meas ag na déagóirí eile air?

"Teenagers are always on duty as conformists [...] Teenage kids pay a great deal of attention to clothes. They don't consciously dress to be popular. They dress to look good. But to who? To the other kids. Other kids' opinions become their definition of right, not just for clothes, but for almost everything they do, right down to the way they walk. And so every effort they make to do things "right" is also, consciously or not, an effort to be more popular." (Why Nerds are Unpopular ag www.paulgraham.com)

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le freagairt; **obair ranga:** plé ar na tuairimí.

## Sleamhnán 04

### Cén saghas duine tú?

Iarphlé 2

Cabhróidh an múinteoir libh anois díospóireacht a eagrú sa rang!

Seo daoibh an rún:

**Ní féidir le déagóirí a rud féin a dhéanamh agus iad sa mheánscoil. Caitheadh siad cloí leis na rudaí atá na daoine eile sa rang ag déanamh nó eile déanfar bulaíocht orthu nó déanfar imeallú orthu.**

**Díospóireacht ranga.**

## Sleamhnán 05

### Cén saghas duine tú?

Scriobh

Tá laethanta saoire an tsamhraidh ann agus tá do chara Séamus cráite. Is amhlaidh go raibh sé an-mhór le cailín darb ainm di Caitlín agus bhíodar ag caitheamh a lán ama le chéile. Cheap sé go raibh suim aici ann agus ní fhéadfadh sé é a chreidiúint mar cailín andathúil is ea í. Ach ansin, thosaigh buachaill eile ón rang, Micheál, ag caint le Caitlín an t-am ar fad agus anois bíonn sí i gcónaí ag cur téacsanna chuig Micheál agus ní fhéachann sí ar Shéamus níos mó. Tá sé cráite, an fear bocht agus ní chabhraíonn sé gur duine an-mhuiníneach agus lán de féin é Micheál.

Scriobh teachtaireacht príobháideach chuig Séamus ar Facebook ag tacú leis agus ag cur comhairle air. Déan iarracht cabhrú leis agus dea-ghíúmar a chur air arís.

Cuir i gcuimhne dó na tréithe iontacha a bhaineann leis féin chun muinín a thabhairt dó. Déan cur síos ar Chaitlín agus ar Micheál freisin agus tabhair do léamh féin dó ar cad atá ag titim amach.

Bíodh do theachtaireacht timpeall leathanach ar fhad.

**Obair aonair/ bheirte,**  
**tasc scríofa:**  
comhairle a chur ar chara.

## Sleamhnán 06

### Cén saghas duine tú?

Iarphlé 3

Earráid choitianta!

Is minic a chloisfeá foghlaimoirí Gaeilge ag rá rudaí ar nós 'Sin cad a dúirt sí.' nó 'Sin cad a bhí siad ag déanamh.' Tá sé sin mícheart! Is aistriúchán díreach ón mBéarla atá ann:

'That's **what** she said.'

'That's **what** they were doing.'

Sa Ghaeilge ní úsáidtear an focal 'cad' sa chomhthéacs sin. Úsáidtear an forainm 'é' in ionad agus bíonn an bhéim ar an 'é'. (In Uladh deirtear 'an rud'):

Sin é a dúirt sí. / Sin an rud a dúirt sí.

Sin é a bhí siad ag déanamh. / Sin an rud a bhí siad ag déanamh.

**Feasacht teanga, gramadach:**  
earráid choitianta.

## Sleamhnán 07

### Cén saghas duine tú?

Iarphlé 4

Cleachtadh

Abair na rudaí seo as Gaeilge:

1. That's what I think.
2. That's what she does.
3. That's what happens.
4. That's what they told me.
5. That's what they recommended me to do.
6. That's what I wanted.

**Obair bheirte,**  
**feasacht teanga:**  
aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.

# 2G Mo theaghlach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – teaghlach / pobal
Stór focal	Teaghlach

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag rá cé mhéad duine atá ina teaghlach. Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir agus tá an píosa gearr.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Abair leis na daltaí tabhairt faoin ngníomhaíocht atá ar an sleamhnán seo ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh an stór focal leo ansin (féach Freagraí thíos) ach ná ceartaigh na cinn atá ar shleamhnán 2 fós (a big family; husband; wife; father in law; mother in law; brother in law; sister in law).
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann na daltaí gur **lánúin** an Ghaeilge atá ar 'couple' agus ní **cúpla**!



### Réamhobair 2

- ✓ Tabhair seans do na daltaí na leaganacha atá ag teastáil don sleamhnán seo a chur ar fáil iad féin duit. Cuir na leaganacha cearta ar an gclár (féach Freagraí thíos).



### Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán a fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarobair 1

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá i gcuid (a) ar an sleamhnán seo a phlé le chéile. Más fearr leat, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna nó abair leis na daltaí alt nó dhó a scríobh do gach ceist ina gcóipleabhair le plé leis an rang ar fad ansin.
- ✓ Abair leo tabhairt faoi chuid (b) ansin. Cothaíonn na leaganacha seo deacrachtaí do dhaoine uaireanta sa Ghaeilge. Má tá leaganacha breise/canúnacha agat féin díobh, cuir ar fáil iad sin chomh maith leis, nó seachas, na cinn atá sna Freagraí thíos.
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann na daltaí nach féidir rudaí cosúil le 'tá siad an-ghearra dá chéile' a rá chun 'they're very close' a chur in iúl.



## Iarobair 2

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar an ngníomhaíocht seo.
- ✓ Mínigh dóibh cad is brí leis na seanfhocail muna dtuigeann siad iad (féach Freagraí thíos).



## Iarobair 3

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh ar an úsáid a bhaintear as an mbunfhocal 'dúchas'.
- ✓ Cuir i mbun oibre iad agus pléigh na freagraí leo tar éis cúpla nóiméad (féach Freagraí thíos).



## Iarobair 4

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí ar fad.
- ✓ Má tá grúpa daltaí Gaeltachta agat abair leo na trí cheist ag bun an tsleamhnáin a fhreagairt. Más grúpa Gaelscoile atá agat abair leo ceist 3 a fhreagairt.



## Iarobair 5

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí ar fad. Cuir i mbun oibre iad ansin. D'fhéadfá iad a chur ina mbeirteanna chun na ceisteanna a phlé le chéile nó chun freagraí ar na ceisteanna a scríobh ina gcóipleabhar. Cothaigh plé ranga ar na ceisteanna ansin, más féidir.
- ✓ Is féidir ábhar an tsleamhnáin seo a phlé le grúpa Gaeltachta nó Gaelscoile.
- ✓ Níl i gceist sa chéad sleamhnán eile (Ábhar machnaimh) ach díreach a chur ar a súile do dhaltaí an dá chiall atá leis an bhfocal 'baile'.



## Iarobair 6

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí ar fad.
- ✓ Tar éis dóibh machnamh ar an gceist mínigh dóibh an chúis stairiúil atá leis an nós 'bail ó Dhia ort' a rá tar éis moladh a thabhairt (féach Freagraí thíos).
- ✓ Mínigh do na daltaí go ndeir daoine 'bail ó Dhia ort' fiú mura dtuigeann siad an chúis stairiúil atá taobh thiar de. Is nós seanbhunaithe sa teanga anois é.



## Léamh agus Iarobair (léamh)

- ✓ Taispeáin an dán Faoiseamh a Gheobhadsa do na daltaí ar an sleamhnán.
- ✓ Léigh ansin a bhfuil ar an gcéad sleamhnán eile leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach a bhfuil ann.
- ✓ D'fhéadfaidís an ghníomhaíocht a dhéanamh ina n-aonar nó ina mbeirteanna. Éist lena dtuairimí ansin agus scríobh aon stór focal úsáideach a thagann chun cinn ar an gclár.



## Scríobh

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí le go dtuigfidh siad cad a bheidh le déanamh acu. Cuir i mbun oibre ansin iad. D'fhéadfá iad a chur ag obair ina mbeirteanna nó ina n-aonar.
- ✓ Abair le daltaí éagsúla a litreacha a ghlaoch amach don rang ar fad agus scríobh an stór focal úsáideach a thiocfaidh chun cinn ar an gclár.
- ✓ D'fhéadfá an ceacht seo a thabhairt mar obair bhaile seachas obair ranga dá n-oirfeadh sin níos fearr.

## Freagraí

### Réamhobair 1

- |                                       |   |
|---------------------------------------|---|
| 1. a big family:                      | <i>teaghlach mór / clann mhór</i>   |
| 2. half/step brother or sister:       | <i>leasdeartháir / leasdeirfiúr</i>   |
| 3. engaged:                           | <i>geallta</i>  |
| 4. in a relationship with:            | <i>ag dul amach le</i>  |
| 5. divorced:                          | <i>colscartha</i>   |
| 6. separated:                         | <i>scartha</i>  |
| 7. husband:                           | <i>fear céile</i>   |
| 8. wife:                              | <i>bean chéile</i>  |
| 9. mother in law:                     | <i>máthair chéile</i>   |
| 10. father in law:                    | <i>athair céile</i>   |
| 11. *brother in law / *sister in law: | <i>deartháir céile / deirfiúr céile (my spouse's brother/sister)<br/>nó bean mo dhearthár / fear mo dheirféar (my brother's wife /<br/>my sister's husband)</i> |
| 12. godmother / godfather / godchild: | <i>máthair bhaistí / athair baistí / leanbh baistí</i>  |
| 13. first cousin:                     | <i>col ceathrar</i>   |
| 14. second cousin:                    | <i>col seisir</i>   |
| 15. twin / half-twin:                 | <i>cúpla / leath-chúpla</i>   |
| 16. a married couple:                 | <i>lánúin phósta</i>  |
| 17. adopted:                          | <i>uchtaithe</i>  |
| 18. fostered:                         | <i>ar altramas</i>  |

### Réamhobair 2

- a. Teaghlach mór (mar tá **teaghlach** firinscneach).  
Clann **mhór** (mar tá **clann** baininscneach).
- b. Fear céile (mar tá **fear** firinscneach).  
Bean chéile (mar tá **bean** baininscneach).  
Athair céile (mar tá **athair** firinscneach).  
Máthair chéile (mar tá **máthair** baininscneach).
- c. Baineann na téarmaí 'deartháir céile' nó 'deirfiúr céile' le deartháir nó deirfiúr do chéile féin. Sa chás go bhfuil tú ag tagairt don duine atá pósta ag do dheartháir nó do dheirfiúr, deirtear 'bean mo dhearthár' nó 'fear mo dheirféar'.

## Iarobair 1

1. She looks like her mother: Tá dealramh aici lena máthair.
2. He looks like his brother: Tá dealramh aige lena dheartháir.
3. They're very close: Tá siad an-mhór le chéile.
4. They get on very well: Réitíonn siad an-mhaith le chéile.
5. They're always fighting: Bíonn siad i gcónaí in adharca a chéile. / Bíonn siad i gcónaí ag troid lena chéile.

## Iarobair 2

1. **Briseann an dúchas trí shúile an chait:** Úsáidtear an seanfhocal seo nuair a dhéanann duine rud nach gcuireann aon iontas ar dhaoine eile toisc é a bheith ag teacht leis an saghas ruda a dhéanfadh tuismitheoirí/gaolta an duine sin. Má léiríonn duine na tréithe/buanna/lochtanna céanna is a bhí ag a shinsear, deirtear an seanfhocal seo.
2. **Is geal leis an bhfiach dubh a gearrcach féin:** Is tagairt é seo don chlaonadh atá ag máithreacha an chuid is fearr a fheiceáil ina leanaí féin. Síleann máthair go bhfuil a leanbh féin gan locht (ceapann an fiach dubh go bhfuil a gearrcach féin geal seachas dubh).
3. **Is minic a bhí uan dubh ag caora bán:** úsáidtear an seanfhocal seo chun cur síos ar mhac/iníon nach bhfuil chomh deas is atá na tuismitheoirí ('a bad-egg').

## Iarobair 3

1. Is ceoltóir iontach é. Tá sé sa **dúchas** aige: tá dúchas á úsáid anseo sa chiall 'genes' nó 'blood' sa Bhéarla – *it's in his blood / in his genes*.
2. Is cainteoir **dúchais** Gaeilge í: tá dúchas á úsáid anseo sa chiall 'native'.
3. Ní planda **dúchasach** é an fhiúise: 'indigenous' an chiall atá le dúchasach anseo.
4. An ndéantar leatrom ar na **bundúchasaigh** i Meiriceá Theas?: *indigenous people* an chiall atá le bundúchasaigh.

## Iarobair 4

An chúis stairiúil atá le 'bail ó Dhia ar...' a rá tar éis rud moltach a rá faoi dhuine ná go raibh eagla an chuirthe ar dhaoine (cuiriú: the evil eye). Chreideadar dá ndearfaí rud éigin moltach mar gheall ar dhuine nach mbeadh aon chosaint acu ón gcuiriú. Dá ndearfaí 'bail ó Dhia ar...' thabharfaí an chosaint sin don duine. Is rud coitianta é i gcultúir ar fud an domhain eagla a bheith ann roimh chuiriú. Ní thuigeann daoine sa lá atá inniu ann gurb é sin an chúis a ndeirtear 'bail ó Dhia ort' anois, mar níl aon tábhacht ag baint leis an gcuiriú níos mó.

## Samplaí

Tá tú an-mhaith ag cócaireacht, bail ó Dhia ort.

Cainteoir breá is ea Sinéad, bail ó Dhia uirthi.

D'éirigh go hiontach le Colm sna scrúduithe, bail ó Dhia air.

Rinne sibh jab deas ar an dteach, bail ó Dhia oraibh.

Peileadóirí den scoth iad, bail ó Dhia orthu.

Tá an béas céanna i mBéarla na hÉireann:

She's a great singer, fair play to her.

## 2G: Mo theaghlach

### Sleamhnán 01

#### Mo theaghlach

Réamhobair 1

I gceann tamaill beidh tú ag éisteacht le dalta ag caint ar a teaghlach. Ach ar dtús cuir Gaeilge ar na focail/frásaí seo a bhaineann le teaghlach.

- a big family
- half/step brother or sister
- engaged
- in a relationship with
- divorced
- separated
- husband
- wife
- mother in law
- father in law
- \*brother in law / \*sister in law
- godmother / godfather / godchild
- first cousin
- second cousin
- twin / half-twin
- a married couple
- adopted
- fostered

**Obair bheirte, stór focal:** aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.

### Sleamhnán 02

#### Mo theaghlach

Réamhobair 2

a. Cuir an aidiacht 'mór' leis na hainmfhocail teaghlach agus clann. An dtagann aon athrú ar 'mór'? Cén fáth?

teaghlach \_\_\_\_\_ clann \_\_\_\_\_

b. Cuir an focal 'céile' tar éis na hainmfhocail 'fear' agus 'bean'. An dtagann aon athrú ar 'céile'? Cén fáth?

fear \_\_\_\_\_ bean \_\_\_\_\_

Déan an rud céanna anois leo seo ag úsáid 'céile':

athair \_\_\_\_\_ máthair \_\_\_\_\_

c. Sa Bhéarla úsáidtear an téarma *brother in law* nó *sister in law* chun cur síos a dhéanamh ar dhá chineál dhuine:

1. An duine atá pósta ag do dheartháir/ag do dheirfiúr.

2. Deartháir nó deirfiúr do chéile féin.

Ach sa Ghaeilge ní féidir an téarma 'deartháir céile' nó 'deirfiúr céile' a úsáid ach amháin chun cur síos a dhéanamh ar chineál amháin gaoil. Cén ceann, 1. nó 2. thuas? Conas a chuirfeá síos ar an ngaol eile sa Gaeilge?

**Feasacht teanga, gramadach:** aidiachtaí, téarmaí a bhaineann le gaolta.

### Sleamhnán 03

#### Mo theaghlach

Éisteacht

Éist le Deirdre Seoige ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad duine atá i dteaghlach

Dheirdre?

2. Cá dtagann sí féin sa teaghlach?

3. Cad a dúirt Deirdre faoina deartháireacha agus deirfiúracha níos sine?

**Obair aonair, tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

### Sleamhnán 04

#### Mo theaghlach

Iarobair 1

(a) Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Tá teaghlach mór ag Deirdre. Cé acu ab fhearr leatsa, a bheith mar chuid de theaghlach mór nó beag? Cén fáth?
2. Is iad Deirdre agus a deartháir na daoine is óige sa chlann. Cé acu is fearr, a bheith ar an duine is óige, an duine is sine, nó sa lár, dar leat? Cén fáth?
3. An mbíonn tréithe difriúla ag deartháireacha/deirfiúiracha ag brath ar cén áit a dtagann siad sa chlann? An mbíonn taithí saoil difriúil acu?

(b) Cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

- She looks like her mother.
- He looks like his brother.
- They're very close.
- They get on very well.
- They're always fighting.

**Obair ghrúpa/bheirte:** ceisteanna le plé, nó **obair scríofa** agus ansin **plé ranga**; aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge, **feasacht teanga, Béarlachas.**

### Sleamhnán 05

#### Mo theaghlach

Iarobair 2

Cad atá i gceist leis an seanfhocal seo?

**Briseann an dúchas trí shúile an chait.**

Agus na cinn seo:

**Is geal leis an bhfiach dubh a gearrcach féin.**

**Is minic a bhí uan dubh ag caora bán!**

Smaoinigh ar chásanna ina bhféadfaí na seanfhocail thuas a úsáid agus scríobh i do chópleabhar iad.

**Plé ranga:** seanfhocail; **tasc scríofa:** úsáid na seanfhocal.

### Sleamhnán 06

#### Mo theaghlach

Iarobair 3

Is féidir go leor úsáide a bhaint as an bhfocal 'dúchas' sa

Ghaeilge. Féach ar na habairtí seo a leanas – an dtuigeann tú cad atá i gceist leis an úsáid atáthar ag baint as an gciall 'dúchas' iontu ar fad?

1. Is ceoltóir iontach é. Tá sé sa **dúchas** aige.
2. Is cainteoir **dúchais** Gaeilge í.
3. Ní planda **dúchasach** é an fhiúise.
4. An ndéantar leatrom ar na **bundúchasaigh** i Meiriceá Theas?

Scríobh abairtí de do chuid féin i do chópleabhar ag úsáid na bhfrásaí seo a leanas lena mbrí a léiriú.

1. Tá sé sa dúchas agam.
2. Sin é an dúchas agat!
3. Nathanna cainte dúchasacha.

**Feasacht teanga, saibhriú teanga:** plé ranga; **tasc scríofa:** samplaí.



## Sleamhnán 07

### Mo theaghlach

Iarobair 4

#### Nósanna Gaeltachta 1

Tá córas speisialta ainmnithe ann sa Ghaeltacht ina nasctar ainm baiste an duine le hainm baiste a athar (nó uaireanta a mháthar), mar shampla,

Johnny Mhaidhc (Maidhc ainm athair Johnny)  
Nellie Tom (Tom ainm athair Nellie)

Nuair a bhíonn ainm an athar ceangailte go dlúth le hainm a athar siúd bíonn trí ainm ag an duine, mar shampla,

Pádraig Jimí Sheáinín (Jimí Sheáinín a thugtaí ar athar Phádraig toisc Seáinín a bheith ar a athair siúd)  
Máire Tom Neidí (Tom Neidí a thugtaí ar athair Mháire toisc Neidí a bheith ar a athair siúd)

Gan amhras bíonn an tuiséal ginideach i gceist leis na hainmneacha nuair is féidir é a chur i bhfeidhm!

1. An féidir leat smaoiniamh ar shamplaí ó do cheantar féin (má tá tú i do chónaí sa Ghaeltacht)?
2. An úsáideann tusa an córas Gaeltachta seo i measc do chairde (má tá tú i do chónaí sa Ghaeltacht)?
3. Cén 't-ainm Gaeltachta' atá/a bheadh ort féin?

**Feasacht teanga, feasacht chultúrtha:** ceisteanna le freagairt faoi chóras ainmnithe na Gaeltachta.

## Sleamhnán 08

### Mo theaghlach

Iarobair 5

#### Nósanna Gaeltachta 2

I measc aoisghrúpaí áirithe daoine sa Ghaeltacht, tá an-eolas ar ghaolta daoine. Bíonn a fhios ag daoine, ní hamháin cé hiad na deartháireacha agus na deirfiúra atá ag daoine eile ach bíonn a fhios acu chomh maith cén col ceathracha agus cén col seisreacha atá acu; cad as a tháinig siad agus fiú amháin úinéireacht talún ó ghlúin go glúin!

1. Cad is féidir linn a thuiscint mar gheall ar chultúr na Gaeltachta ón méid sin thuas? Cad a deir sé mar gheall orainn mar phobal?
2. An dóigh leat gur drochrud é nach bhfuil an t-eolas sin ag daoine óga a thuilleadh nó an bhfuil aon tábhacht ag baint leis, i do thuairim?
3. Tá slí an-speisialta ag muintir na Gaeltachta chun an cheist 'Who are you?' a chur. Deir siad, 'Cé leis tú?' Cad a léiríonn sé sin dúinn faoi chultúr na Gaeltachta?
4. An mbaintear úsáid as an gceist sin 'Cé leis tú?' mórán na laethanta seo? Cén fáth?

**Obair bheirte:** ceisteanna le plé agus/nó le scríobh.

## Sleamhnán 09

### Mo theaghlach

Ábhar machnaimh

#### Mo bhaile

Ar thug tú riamh faoi deara gur ionann an focal ar 'home' agus 'village' / 'town' sa Ghaeilge?



An chúis atá leis sin ná fadó riamh in Éirinn bhí ceangal an-dlúth idir an t-aonad teaghlai (máthair, athair, deartháireacha agus deirfiúra) agus na daoine eile a bhí ina gcónaí sa phobal céanna.

**Feasacht chultúrtha:** dhá chiall an fhocail "baile".

## Sleamhnán 10

### Mo theaghlach

Iarobair 6

#### Nósanna Gaeltachta 3

Ar thug tú riamh faoi deara gur aon uair a deir duine éigin rud éigin moltach faoi dhuine go ndeir siad i gcónaí 'bail ó Dhia air' nó 'bail ó Dhia uirthi' ina dhiaidh?

Mar shampla:

'Tá Sínead an-mhaith ag díospóireacht, bail ó Dhia uirthi.'

Nó :  
- Ceoltóir iontach is ea Eoin.  
- Sea. Bail ó Dhia air.

Is nós Gaeltachta é sin. Ach cad as a tháinig sé an chéad lá?



**Feasacht chultúrtha:** an nath cainte "bail ó Dhia ort."

## Sleamhnán 11

### Mo theaghlach

Léamh

Léigh an dán seo le Máirtín Ó Direáin.

#### Faoiseamh a Gheobhadsa

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ar oileán mara,  
Ag siúl cois cladaigh  
Maidín is tráthnóna  
Ó Luan go Satharn  
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ó chrá chroí,  
Ó bhuaire aigne,  
Ó uaigneas dhuairc,  
Ó chaint ghontach  
Thiar ag baile.

**Tasc léitheoireachta:** an dán "Faoiseamh a Gheobhadsa"

## Sleamhnán 12

### Mo theaghlach

Iarobair (léamh)

Is minic a deirtear faoin dán **Faoiseamh a Gheobhadsa** gur dán é faoin difear atá idir saol na tuaithe agus saol na cathrach agus an faoiseamh a bhraitheann an file nuair a fhágann sé Baile Átha Cliath le filleadh ar Inis Mór.

Ach d'fhéadfaí a áiteamh chomh maith gur dán é faoin bhfaoiseamh a bhraitheann ar fad nuair a bhíimid i measc ár muintir féin, is cuma an daoine tuaithe nó cathrach iad. Scríobh cúpla alt i do chóipleabhar ar gach ceist thíos.

1. Cad iad na cúiseanna a mbraitheann daoine an faoiseamh nó suaimhneas aigne agus iad i measc a muintire féin?
2. Cén saghas pobail atá san áit ina bhfuil tusa i do chónaí? Cén saghas tréithe a bhaineann le muintir na háite ann, dar leat? (Is féidir le pobal a bheith an-leathan - muintir Bhaile Átha Cliath, mar shampla).
3. Ar chaith tú riamh tréimhse ama as baile? Conas a bhraith tú ann? An gceapann tú gur rud maith é tréimhse ama a chaitheamh i dteaghlach / i bpobal eile? Cén fáth?

**Obair bheirte/ aonair, tasc scríofa:** ceisteanna le plé nó freagraí le scríobh.

## Sleamhnán 13

### Mo theaghlach

Scríobh

#### Chez Les Nouveions!

Tá tú ag déanamh malartú le teaghlach Francach, Les Nouveions. Tá tusa ag caitheamh trí seachtaine i do chónaí leo agus beidh mac/iníon den teaghlach ag fanacht i do theachsa ina dhiaidh sin.



Scríobh litir abhaile chuig duine de do mhuintir féin ag cur síos ar conas atá ag éirí leat. Déan cur síos ar nósanna an teaghlaigh agus ar na mothúcháin atá agat. Úsáid do shamhlaíocht!

**Obair bheirte/  
aonair, tasc  
scríofa:** litir a  
scríobh chuig  
do mhuintir.

## 2H Fócas ar Theanga (i) An Aidiacht agus an séimhiú: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Rialacha faoi chéimeanna comparáide na haidiachta a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Mo Theaghlach** Aonad 2 (Caidrimh). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aidiacht agus séimhiú.

### Freagraí

1. Is breá liom Snow Patrol, sílim go bhfuil amhráin **dheasa** acu.
2. Tá gruaig **fhada dhonn** ar Mháire.
3. Is fear **maith** é Séamus agus bíonn sé ag obair go crua i gcónaí.
4. Is breá liom na tithe **dearga** ar fad a fheiceann tú i Londain.
5. An bhfaca tú an chasóg **ghlas** atá ag Séan? Tá sé uafásach, nach bhfuil?
6. Tá bialanna **Francacha** nua sa bhaile mór, tá a lán bialanna **difriúla** anois ann.
7. An scrúdú **fada** é, an bhfuil a fhios agat?
8. Tá crainn **arda** taobh amuigh dá theach.
9. Is scríbhneoir **cáiliúil** é Oscar Wilde.
10. Féach ar na báid **bhána** ar fad atá sa chuan.

\*Féach leathanach 112 – 113 sa leabhar **Cogar Nua**

## 2H: Fócas ar theanga (i) An aidiacht agus an séimhiú



### Sleamhnán 01

#### An Aidiacht

séimhiú

Féach ar na samplaí thíos den séimhiú ar an aidiacht. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaí iarracht cúis an tséimhithe a mhíniú.

Aidiacht (+ séimhiú)	Cén fáth?
Tuiscint mhaith	
Fir bheaga	
Bean dheas	
Teaghlaigh mhóra	
Ceist dheacair	

**Gramadach, obair bheirte: séimhiú ar an aidiacht**

### Sleamhnán 02

#### An Aidiacht

séimhiú

An raibh an míniú ceart agaibh?

Aidiacht (+ séimhiú)	Cén fáth?
Tuiscint mhaith	Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal bhaininscrigh.
Fir bheaga	Cuirtear séimhiú ar an aidiacht nuair a chríochnaíonn an t-ainmfhocal roimhe le consan caol. Bíonn an aidiacht féin i bhfoirm an iolra chomh maith!
Bean dheas	Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal bhaininscrigh. Ní bhíonn séimhiú ann má thagann dhá ainmfhocal le chéile, m.sh. Cúirt dúiche.
Teaghlaigh mhóra	Cuirtear séimhiú ar an aidiacht nuair a chríochnaíonn an t-ainmfhocal roimhe le consan caol. Bíonn an aidiacht féin i bhfoirm an iolra chomh maith!
Ceist dheacair	Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal bhaininscrigh, agus ní bhaineann ról na dentals leis an scéal sa chás seo.

**Gramadach, obair bheirte: séimhiú ar an aidiacht**

### Sleamhnán 03

#### An Aidiacht

séimhiú

Roghnaigh an fhoirm cheart den aidiacht le cur sna bearnaí sna habairtí thíos. Nuair atá tú críochnaithe féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

1. Is breá liom Snow Patrol, sílim go bhfuil amhráin (deas) \_\_\_\_\_ acu.
2. Tá gruag (fada / donn) \_\_\_\_\_ ar Mháire.
3. Is fear (maith) é Séamus agus bíonn sé ag obair go crua i gcónaí.
4. Is breá liom na tithe (dearg) \_\_\_\_\_ ar fad a fheiceann tú i Londain.
5. An bhfaca tú an chasóg (glas) \_\_\_\_\_ atá ag Séan? Tá sé uafásach, nach bhfuil?
6. Tá bialanna (Francach) \_\_\_\_\_ nua sa bhaile mór, tá a lán bialanna (difriúil) \_\_\_\_\_ anois ann.
7. An scrúdú (fada) \_\_\_\_\_ é, an bhfuil a fhios agat?
8. Tá crainn (ard) \_\_\_\_\_ taobh amuigh dá theach.
9. Is scríbhneoir (cáiliúil) \_\_\_\_\_ é Oscar Wilde.
10. Féach ar na báid (bán) \_\_\_\_\_ ar fad atá sa chuan.

**Gramadach, obair aonair/ bheirte: an aidiacht, ceistanna le freagairt.**

## 2H Fócas ar Theanga (ii) An Chopail Is: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Rialacha faoin chopail a chur i láthair na bhfoghlaimoírí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigean na daltaí na rialacha faoin gcopail, go háirithe na ceisteanna agus na freagraí cearta.

### Freagraí

Spáinnis	Si / no
Gearmáinis	Ja / nein
Fraincis	Oui / non
Iodáilis	Si / no
Seapáinis	Níl a leithéid ann, úsáidtear an briathar chun an freagra a thabhairt, díreach cosúil leis na nGaeilge.

An bhfuil tú go maith?

**Tá / níl**

An dtéann tú go dtí an phictiúrlann gach lá?

**Téim / ní théim**

An itheann tú feoil?

**Ithim / ní ithim**

An imríonn Pól sacar?

**Imríonn / ní imríonn**

Is rang maith é seo!

**Is ea / ní hea**

An bhfuil an aimsir go deas?

**Tá / níl**

Is olc an scéal é!

**Is olc / ní olc nó is ea / ní hea**

An bhfuil bia blasta ann?

**Tá / níl**

An tusa Síle?

**Is mé / ní mé**

Tá drochlá ann!

**Tá / níl**

An mac léinn tú?

**Is ea / ní hea**

Is ceacht deacair é!

**Is ea / ní hea**

An tusa an cailín is cliste sa rang?

**Is mé / ní mé**

An ceoltóir tú?

**Is ea / ní hea**

## An cluiche – Cé hé?

Beidh gach beirt ag obair le chéile. Caithfidh duine amháin ainm ón mbosca a roghnú ach GAN é a insint don duine eile. Caithfidh an duine eile ceistanna a chur go dtí go bhfaigheann sé amach cé hé an duine sin. Ní féidir ach freagra gonta a thabhairt ar an gceist. Mar shampla:

Duine A: Superman roghnaithe aige go rúnda.

Duine B: An bean í?

Duine A: Ní hea.

Duine B: An fear é?

Duine A: Is ea.

Duine B: An Éireannach é?

Duine A: Ní hea.

Agus mar sin de go dtí go n-aimsíonn siad an duine ceart. Abair leo rólanna a mhalartú ansin.

## 2H: Fócas ar theanga (ii) An chopail Is

### Sleamhnán 01

#### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

Tá dhá bhriathar 'to be' ann sa Ghaeilge **Is** agus **Bí**. Tá rólanna difriúla acu sa teanga – déanann **Is** cúram do rudaí áirithe agus déanann **Bí** cúram do rudaí eile. Uaireanta is féidir leis an dá bhriathar an jab céanna a dhéanamh. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht samplaí a thabhairt sna cásanna seo:

An chopail **Is** amháin:

An briathar **Bí** amháin:

An chopail **Is** nó an briathar **bí**:

**Gramadach:**  
An chopail,  
samplaí;  
**obair bheirte:**  
samplaí le  
tabhairt - is vs  
bí.

### Sleamhnán 02

#### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

An raibh an ceart agaibh?

An chopail **Is** amháin:

- |                            |                     |
|----------------------------|---------------------|
| 1. Ag rá cad as tú:        | Is as Ciarraí mé.   |
| 2. Ag cur síos ar inscne:  | Is bean í.          |
| 3. Ag rá cén post atá agat | Is dalta scoile mé. |

An briathar **Bí** amháin:

- |                                       |                            |
|---------------------------------------|----------------------------|
| 1. Ag rá cá bhfuil tú i do chónaí:    | Tá mé i mo chónaí i...     |
| 2. Ag rá conas atá tú:                | Tá mé go maith.            |
| 3. Ag rá cad a dhéanann tú go rialta: | Bím ag imirt peile gach lá |

An chopail **Is** nó an briathar **bí**:

Is múinteoir mé. vs Tá mé i mo mhúinteoir.  
Is deas an lá é. vs Tá lá deas ann.  
Is fear cairdiúil é Julian. vs Tá Julian cairdiúil.

**Uaireanta sa chaint fágtar ar lár an Is:**

As Dún na nGall mé.  
As Gaillimh mé.  
Ó Chiarraí mé.

**Ní féidir go deo** 'tá' a rá sa chomhthéacs seo  
(\*tá mé as Corcaigh)

**Gramadach:** an  
chopail, samplaí  
tugtha.

## Sleamhnán 03

### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

Féach ar na foirmeacha seo:

<b>Is</b>	is duine maith é
<b>Ní</b>	ní cainteoir maith í
<b>An</b>	an ceoltóir maith é?
<b>Nach</b>	nach ceoltóir maith é?

Ní bhíonn séimhiú nó urú i gceist san aimsir láithreach! Tá sé chomh simplí sin.

**Gramadach:** an chopail, is, ní, an, nach.

## Sleamhnán 04

### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

Éiríonn an scéal níos casta áfach nuair is gá ceist a fhreagairt: Bí ag obair leis an duine in aice leat – an féidir libh **yes/no** a rá sna teangacha seo:

Spáinnis	
Gearmáinis	
Fraincis	
Iodáilis	
Seapáinis	

Anois, cad faoin nGaeilge?

Cad é an freagra gearr ar na ceisteanna seo:

**An bhfuil tú go maith?**

**An dtéann tú go dtí an phictiúrlann gach lá?**

**An itheann tú feoil?**

**An imríonn Pól sacar?**

ACH



**Gramadach:** an chopail; **feasacha teanga:** yes/no sa Ghaeilge.

## Sleamhnán 05

### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

**An múinteoir maith í Máire?**

**Is ea / Ní hea**

Nuair a bhíonn an t-ainmfhocal 'múinteoir' in aice le **An**.

Agus ní hé sin deireadh an scéil, féach:

**An í Máire an múinteoir?**

**Is í / Ní hí**

Nuair a bhíonn forainm in aice le **An**, bíonn sé sa fhreagra chomh maith.

**Nach deas an múinteoir í Máire?**

**Is deas / Ní deas**

Nuair a bhíonn aidiacht in aice le **An**, bíonn sé sa fhreagra chomh maith.

**Gramadach:** an chopail, samplaí, ceisteanna agus freagraí.

## Sleamhnán 06

### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

Anois, roghnaigh na freagraí cearta ar na habairtí thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

Is rang maith é seo! **Is ea/ní hea** Tá/níl Is maith/ní maith

An bhfuil an aimsir go deas? **Is ea/ní hea** Tá/níl Is deas/ní deas

Is oic an scéal é! **Is ea/ní hea** Tá/níl Is oic/ní oic

An bhfuil bia blasta ann? **Is ea/ní hea** Tá/níl Is blasta/ní blasta

An tusa Síle? **Is ea/ní hea** Tá/níl Is mé/ní mé

Tá drochlá ann! **Is ea/ní hea** Tá/níl Is drochlá/ní drochlá

An mac léinn tú? **Is ea/ní hea** Tá/níl Is mac léinn/ní mac léinn

Is ceacht deacair é! **Is ea/ní hea** Tá/níl Is deacair/ní deacair

An tusa an cailín is cliste sa rang? **Is ea/ní hea** Tá/níl Is mé/ní mé

An ceoltóir tú? **Is ea/ní hea** Tá/níl Is ceol/ní ceol

Cad atá ag an duine in aice leat?

**Gramadach:** an chopail; **obair aonair:** ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 07

### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

Cé as tú ó dhúchas?

Cá bhfuil tú i do chónaí?

An duine tú a dtaitníonn an spórt go mór leis?

An tusa an duine is óige nó is sine sa teaghlach?

An maith leat ceol traidisiúnta?

An duine cliste tú?

An mbíonn tú ag staidéar go díograiseach?

Nach aisteach iad na ceisteanna seo?

**Gramadach:** an chopail; **obair bheirte:** ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 08

### 'Is' An Chopail

An aimsir láithreach

Cé hé?

An Príomhoide	Barack Obama	Madonna	Angela Merkel
Mickey Mouse	Enda Kenny	Robbie Keane	Ghandi
Justin Bieber	Superman	Máire Nic Róibín	Brad Pitt
Cú Chulainn	James Joyce	Lady Gaga	Aung San Suu Kyi
Seán Ó Riordáin	Bono	Kate Winslet	Peig Sayers

**Gramadach:** an chopail, **cluiche beirte:** fiche ceist.

## 2H Fócas ar Theanga (iii) Lagiolará agus tréaniolará: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Rialacha faoi lagiolará, tréaniolará agus an tuiséal ginideach uimhir iolra a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Mo Theaghlach** Aonad 2 (Caidrimh). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin tuiséal ginideach uimhir iolra.

Nóta: tá éagsúlacht mhór sna Gaeltachtaí ó thaobh na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta. D'fhéadfá a chinntiú go mbeidh na rialacha áitiúla ag na daltaí más grúpa Gaeltachta atá agat ach seachain mearbhall a chur orthu! Mura bhfuil canúint ar leith ag do ghrúpa daltaí, múin an riail shimplí atá le fáil sa cheacht seo dóibh i.e. go leanann an tuiséal ginideach uimhir iolra na huimhreacha pearsanta.

## Freagraí

### Cleachtadh 1

Focal	Uimhir iolra	Lagiolra	Tréaniolra
crann	crainn	√	
ríomhaire	ríomhairí		√
gluaisteán	gluaisteáin	√	
gloine	gloiní		√
bróg	bróga	√	
bainisteoir	bainisteoirí		√
fuinneog	fuinneoga	√	
tine	tinte		√
gairdín	gairdíní		√
scoil	scoileanna		√
cnoc	cnoic	√	
aiste	aistí		√
rang	ranganna		√
mac	mic	√	



## Cleachtadh 2

Uatha	Iolra	Lag nó tréan?	Ginideach iolra
cnoc	cnoic	lag	cnoc
bord	boird	lag	bord
seomra	seomraí	tréan	seomraí
geansaí	geansaithe	tréan	geansaithe
bóthar	bóithre	tréan	bóithre
peann	pinn	lag	peann
leabhar	leabhair	lag	leabhar
bliain	blianta	tréan	blianta
siopa	siopaí	tréan	siopaí
urlár	urláir	lag	urlár

## Cleachtadh 3

1. *I spent the day reading the textbooks:* Chaith mé an lá ag léamh na dtéacsleabhar.
2. *I was reading the poems:* Bhí mé ag léamh na ndánta.
3. *I was calling out the names from the list:* Bhí mé ag glaach amach na n-ainmneacha ón liosta.
4. *Will you be knocking these walls?:* An mbeidh tú ag leagadh na mballaí seo?
5. *Where is the teachers' room?:* Cá bhfuil seomra na múinteoirí?
6. *What are the students' names?:* Cad iad ainmneacha na ndaltaí?

## Cleachtadh 4

1. Two farmers: beirt fheirmeoirí
2. Five teachers: cúigear múinteoirí
3. Four nurses: ceathrar banaltraí
4. Eight men: ochtar fear

\*Féach leathanach 109 sa leabhar *Cogar Nua*

## 2H: Fócas ar theanga (iii) Lagiolará agus tréaniolará

### Sleamhnán 01

#### Lagiolará agus tréaniolará

Tá dhá shaghas iolra ann sa Ghaeilge – lagiolará agus tréaniolará. Tá sé an-éasca a dhéanamh amach cén ceann atá i gceist mar níl ann ach dhá shaghas lagiolará:

##### Lagiolará:

- (1) Focal a gcuirtear **-a** leis chun an iolra a aimsiú  
e.g. cos – cosa; lámh – lámha; úll – úlla
- (2) Focal a **chaoitear** chun an iolra a aimsiú  
e.g. crann – crainn; fear – fir; leibhéal – leibhéil

Is tréaniolará iad **gach** saghas iolra eile.

e.g. deartháir – deartháireacha  
caillín – caillíní  
cathaoir – cathaoireacha  
doras – doirse  
tír – tíortha  
etc.

**Gramadach:** lag agus tréaniolará, samplaí.

### Sleamhnán 02

#### Lagiolará agus tréaniolará cleachtadh 1

Cuir na focail seo a leanas san uimhir iolra agus abair an bhfuil siad lag nó tréan. Tá an chéad cheann déanta duit.

Focal	Uimhir iolra	Lagiolará	Tréaniolará
crann	crainn	v	
riomhaire			
gluaisteán			
gloine			
guthán			
bróg			
bainisteoir			
fuinneog			
tine			
gairdín			
scoil			
cnoc			
aiste			
rang			
mac			

**Gramadach:** lag agus tréaniolará, obair aonair: samplaí le comhlánú.

## Sleamhnán 03

### Lagiolraí agus tréaniolraí

Anois tá tú ábalta a rá cé acu an bhfuil lagiolra nó tréaniolra i gceist ach cad a dhéanfaidh tú leis an eolas sin?

Tá an lagiolra agus an tréaniolra tábhachtach don tuiséal ginideach uimhir **iolra**. Níl sé tábhachtach in aon chás eile.

Cén rud é an tuiséal ginideach uimhir iolra?

Féach an difríocht idir an dá abairt seo:

- obair an mhúinteora** (the teacher's work)
- obair na múinteoirí** (the teachers' work)

Tá an dá cheann sa tuiséal ginideach ach tá an dara ceann sa tuiséal ginideach uimhir iolra.

Féach na samplaí eile seo:

- ag ithe an cheapaire** (eating the sandwich)
- ag ithe na gceapairí** (eating the sandwiches)

- timpeall an tí** (around the house)
- timpeall na dtíthe** (around the houses)

- trasna na páirce** (across the field)
- trasna na bpáirceanna** (across the fields)

**Gramadach:** lag agus tréaniolraí, samplaí den tréaniolra.

## Sleamhnán 04

### Lagiolraí agus tréaniolraí

Chun focal a chur sa tuiséal ginideach uimhir iolra caithfidh tú fios a bheith agat an bhfuil iolra lag nó tréan aige. Mar seo a oibríonn sé:

Má tá tréaniolra i gceist fanfaidh an focal mar a chéile sa tuiséal ginideach iolra is a bhí sé sa ghnáthuimhir iolra. Mar shampla:  
an deartháir → na deartháireacha (tréaniolra) →  
→ ainmneacha na ndeartháireacha  
Mar a fheiceann tú níor tháinig aon athrú ar 'deartháireacha' seachas go bhfuil urú ann.

Má tá lagiolra i gceist ní fhanfaidh an focal mar a chéile – titfidh sé ar ais go dtí an tsli a raibh sé san uimhir **uathu!** Mar shampla:

An cnoc → na cnoc (lagiolra) → ag siúl na gcnoc  
D'athraigh 'cnoc' ar ais go dtí 'cnoc' (agus cuireadh urú air).

Smaoinigh mar seo air: Tá lagiolra rólach chun an fhoirm san iolra a choimeád – titeann sé ar ais faoi mar a bhí sé san uathu.

**Gramadach:** lag agus tréaniolraí, samplaí den lagiolra.

## Sleamhnán 05

### Lagiolraí agus tréaniolraí cleachtadh 2

Bain triail as an gcleachtadh seo thíos. Cuir an leagan ceart den fhocal sna colúin. Tá an chéad cheann déanta duit.

Uathu	Iolra	Lag nó tréan?	Ginideach iolra
cnoc	cnoc	lag	cnoc
bord			
seomra			
geansaí			
bóthar			
peann			
leabhar			
bliain			
siopa			
urlár			

**Gramadach:** lag agus tréaniolraí, samplaí le comhlánú.

## Sleamhnán 06

### Lagiolraí agus tréaniolraí

Tá rud amháin eile a chaithfidh a bheith ar eolas agat mar gheall ar an tuiséal ginideach uimhir iolra agus is é sin go mblionn urú ag teastáil ar chonsain...

Bhí sí ag múineadh na **ndaltaí**.  
Bhí sé ag scríobh na **dtuairiscí**.

...agus bíonn n- ag teastáil ar ghutaí

Bhí sí ag ní na **n-úll**.  
Bhí sí ag comhaireamh na **n-óicheanta** go dtí go dtiocfadh sé abhaile.

**ACH**  
An t-aon chúis go bhfuil urú nó n- ag teastáil ná toisc go bhfuil an t-alt ann. Mura mbeadh an t-alt ann ní bheidís ag teastáil...

- Bhí sí ag múineadh daltaí.
- Bhí sé ag scríobh tuairiscí.
- Bhí sí ag ní úll.
- Bhí sí ag comhaireamh óicheanta.

**Gramadach:** lag agus tréaniolraí, tuiséal ginideach iolra.

## Sleamhnán 07

### Lagiolraí agus tréaniolraí cleachtadh 3

An féidir leat Gaeilge a chur ar na habairtí seo? Beidh an tuiséal ginideach uimhir iolra ag teastáil i ngach cás.

1. I spent the day reading the textbooks.
2. I was reading the poems.
3. I was calling out the names from the list.
4. Will you be knocking these walls?
5. Where is the teachers' room?
6. What are the students' names?

**Gramadach:** lag agus tréaniolraí, tuiséal ginideach iolra, aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.

## Sleamhnán 08

### Lagiolraí agus tréaniolraí cleachtadh 4

Tá go leor éagsúlachta sna rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta sna Gaeltachtaí difriúla. Ach tá riail amháin shimplí ann sa chaighdeán. Is é sin, leanann an tuiséal ginideach uimhir iolra na huimhreacha pearsanta.

Sampla den tréaniolra	Sampla den lagiolra
dalta amháin	mac amháin
*beirt dhaltaí	*beirt mbac
triúr daltaí	triúr mac
ceathrar daltaí	ceathrar mac
cúigear daltaí	cúigear mac
seisear daltaí	seisear mac
seachtar daltaí	seachtar mac
ochtár daltaí	ochtár mac
naonúr daltaí	naonúr mac
deichniúr daltaí	deichniúr

\*Bíonn séimhiú i gcónaí i ndiaidh 'beirt'.


Abair na rudaí seo as Gaeilge:

1. Two farmers
2. Five teachers
3. Four nurses
4. Eight men

**Gramadach:** lag agus tréaniolraí, tuiséal ginideach iolra leis na huimhreacha pearsanta.


## 2H: Fócas ar theanga (iv) Tuiseal ginideach uatha baininscneach

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> baininscneach</p> <p>Sula bpléifear tuiseal ginideach uatha an ainmfhocail bhaininscneigh, téigh siar ar a bhfuil ar eolas agat:</p> <p>An bhfuil an focal seo baininscneach – <i>céim</i>? Conas atá a fhios agat? Anois, agus an t-alt leis an bhfocal céanna – <i>an chéim</i>, cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm?</p> <p>An bhfuil an focal seo baininscneach – <i>uirlis</i>? Conas atá a fhios agat? Anois, agus an t-alt leis an bhfocal céanna – <i>an uirlis</i>, cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm?</p> <p>An bhfuil an focal seo baininscneach – <i>seift</i>? Conas atá a fhios agat? Anois, agus an t-alt leis an bhfocal céanna – <i>an tseift</i>, cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm?</p> <p>An bhfuil inscne an fhocail tábhachtach? Cén fáth?</p> <p><b>Féach an chéad sleamhnán eile. . .</b></p>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, baininscneach, feascht teanga: samplaí</b></p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> baininscneach</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>Bí féin agus an duine in aice leat ag obair le chéile anois agus déanaí líosta de na hamanna a úsáidtear an tuiseal ginideach.</li> <li>Tagann 3 athrú ar an ainmfhocal baininscneach agus ar an alt nuair a bhíonn siad sa tuiseal ginideach – cad iad?</li> <li>Cuir an 3 athrú thuas i bhfeidhm sna hainmfhocail: <ul style="list-style-type: none"> <li>an chéim (tar éis): _____</li> <li>an uirlis (ag úsáid): _____</li> <li>an tseift (dath): _____</li> </ul> </li> </ol>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, baininscneach, feascht teanga: samplaí</b></p>						
<p><b>Sleamhnán 03</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> baininscneach</p> <p>Féach ar na freagraí, an raibh an ceart agat?</p> <p>1)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Dhá ainmfhocal i ndlaidh a chéile an bhean: <i>hata na mná</i></li> <li>Tar éis réamhfocail <i>comhshuite</i> an bhliain: <i>i rith na bliana</i></li> <li>Tar éis ainm briathartha an fheoil: <i>ag ithe na feola</i></li> <li>Tar éis na focail <i>“timpéall”</i> agus <i>“trasna”</i> an scoil: <i>timpéall na scoile</i></li> <li>Tar éis focail a chuireann méid in iúl an tuiscint: <i>a lán tuisceana</i></li> </ul> <p>2)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Athraíonn <i>an – na</i>.</li> <li>Tús an fhocail: Bainítear amach an séimhiú nó an t má tá sé ann, nó cuirtear isteach ‘h’.</li> <li>Deireadh an fhocail: Cuirtear nó <i>a</i> le deireadh an fhocail ag brath ar an nguta deireanach roimh an gconsan.</li> </ul> <p>3)</p> <table> <tr> <td>an chéim (tar éis):</td> <td>tar éis na <i>céime</i></td> </tr> <tr> <td>an uirlis (ag úsáid):</td> <td>ag úsáid <i>na huirlise</i></td> </tr> <tr> <td>an tseift (dath):</td> <td>dath <i>na seifte</i></td> </tr> </table>	an chéim (tar éis):	tar éis na <i>céime</i>	an uirlis (ag úsáid):	ag úsáid <i>na huirlise</i>	an tseift (dath):	dath <i>na seifte</i>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, baininscneach, feascht teanga: samplaí, 3 athrú a thagann ar fhocail sa ghinideach.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 04</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> baininscneach</p> <p>Seo cuid de na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar fhocail eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Cuirtear <i>a</i> leis na focail go minic: an iománaíocht, ag imirt na hiománaíochta; an ghluaiseacht, tábhacht na gluaiseachta.</li> <li>✓ Cuirtear <i>n</i> le focail a chríochnaíonn <i>a</i>: an mhonarcha, obair na monarchan.</li> <li>✓ Cuirtear <i>a</i> le focail a chríochnaíonn le <i>–chan</i>: an athbheochan, gluaiseacht na hathbheochana.</li> <li>✓ Cuirtear <i>a</i> le focail agus leathnaítear iad: an tsíocháin, ar son na síochána; an tiomáint, dainséar na tiomána; an anáil, easpa na hanála.</li> </ul>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, baininscneach, feascht teanga, obair bheirte: athruithe ag deireadh an ainmfhocail.</b></p>
an chéim (tar éis):	tar éis na <i>céime</i>								
an uirlis (ag úsáid):	ag úsáid <i>na huirlise</i>								
an tseift (dath):	dath <i>na seifte</i>								
<p><b>Sleamhnán 05</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> baininscneach</p> <p>Féach féin agus an duine in aice leat ar an dán a bhíodh ar an siollabas don Ardteistiméireacht. Cuirigí líne faoi gach ainmfhocal baininscneach agus bigí in ann a rá cén fáth a raibh a fhios agaibh.</p> <p>Thíos ar an trá, is an mhaidin ag pléascadh sa chuan, braithim an bás an púca im thimpeall go buan: féach an faolleán ualbhreach ina bhruiscar ar charraig dhubh, cloisim amhrán uaigneach i saoirse na farraige.</p> <p>Bhíodh sé ar snámh go hard os clonn tonnta ba bhán, leath a sciatháin ó Bheantraí go Dún na nGall ach tháinig an bád ola seo trasna na farraige is líon sé an cuan cuachach le fuail lucht an airgid.</p> <p>Féach an faolleán ualbhreach ina bhruiscar ar charraig dhubh, cloisim amhrán uaigneach i saoirse na farraige.</p>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, baininscneach, feascht teanga, obair bheirte: samplaí le piocadh amach i ndán.</b></p>								



## 2H: Fócas ar theanga (v) Tuiseal ginideach uatha, firinscneach

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> <small>baininscneach</small></p> <p>Sula bpléifear tuiseal ginideach uatha an ainmfhocail bhaininscnigh, téigh siar ar a bhfuil ar eolas agat:</p> <p>An bhfuil an focal seo baininscneach – <i>céim</i>? Conas atá a fhios agat? Anois, agus an t-alt leis an bhfocal céanna – <i>an chéim</i>, cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm?</p> <p>An bhfuil an focal seo baininscneach – <i>uirlis</i>? Conas atá a fhios agat? Anois, agus an t-alt leis an bhfocal céanna – <i>an uirlis</i>, cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm?</p> <p>An bhfuil an focal seo baininscneach – <i>seift</i>? Conas atá a fhios agat? Anois, agus an t-alt leis an bhfocal céanna – <i>an tseift</i>, cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm?</p> <p>An bhfuil inscne an fhocail tábhachtach? Cén fáth?</p> <p><b>Féach an chéad sleamhnán eile. . .</b></p>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, firinscneach, feacht teanga: samplaí</b></p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> <small>baininscneach</small></p> <ol style="list-style-type: none"> <li>Bí féin agus an duine in aice leat ag obair le chéile anois agus déanaí líosta de na hamanna a úsáidtear an tuiseal ginideach.</li> <li>Tagann 3 athrú ar an ainmfhocal baininscneach agus ar an alt nuair a bhíonn siad sa tuiseal ginideach – cad iad?</li> <li>Cuir an 3 athrú thuas i bhfeidhm sna hainmfhocail:</li> </ol> <p>an chéim (tar éis): _____ an uirlis (ag úsáid): _____ an tseift (dath): _____</p>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, firinscneach, feacht teanga: samplaí</b></p>
<p><b>Sleamhnán 03</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> <small>baininscneach</small></p> <p>Féach ar na freagraí, an raibh an ceart agat?</p> <p>1)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile an bhean: hata na mná</li> <li>Tar éis réamhfhocal comhshuite an bhliain: i rith na bliana</li> <li>Tar éis ainm briathartha an fheoil: ag ithe na feola</li> <li>Tar éis na focail 'timpéall' agus 'trasna' an scoil: timpéall na scoile</li> <li>Tar éis focail a chuireann méid in iúl an tuiscint: a lán tuisceana</li> </ul> <p>2)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Athraíonn <i>an</i> – <i>na</i>.</li> <li>Tús an fhocail: Baintear amach an séimhíú nó an t má tá sé ann, nó cuirtear isteach 't'.</li> <li>Deireadh an fhocail: Cuirtear e nó <i>a</i> le deireadh an fhocail ag brath ar an nguta deireanach roimh an gconsan.</li> </ul> <p>3)</p> <p>an chéim (tar éis): tar éis na <b>céime</b> an uirlis (ag úsáid): ag úsáid na <b>uirilise</b> an tseift (dath): dath na <b>seifte</b></p>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, firinscneach, feacht teanga: samplaí, 3 athrú a thagann ar fhocail sa ghinideach.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 04</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> <small>baininscneach</small></p> <p>Seo cuid de na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar fhocail eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuirtear <b>a</b> leis na focail go minic: an iománaíocht, ag imirt na hiománaíochta; an ghluaiseacht, tábhacht na gluaiseachta.</li> <li>Cuirtear <b>n</b> le focail a chríochnaíonn <b>a</b>: an mhonarcha, obair na monarchan.</li> <li>Cuirtear <b>a</b> le focail a chríochnaíonn le –chan: an athbheochan, gluaiseacht na hathbheochana.</li> <li>Cuirtear <b>a</b> le focail agus leathnaítear iad: an tsíocháin, ar son na síochána; an tiomáint, dainséar na tiomána; an anáil, easpa na hanála.</li> </ul>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, firinscneach, feacht teanga, obair bheirte: athruithe ag deireadh an ainmfhocail.</b></p>
<p><b>Sleamhnán 05</b></p> <p><b>An tuiseal ginideach (uatha)</b> <small>baininscneach</small></p> <p>Féach féin agus an duine in aice leat ar an dán a bhíodh ar an siollabas don Ardteistiméireacht. Cuirigí líne faoi gach ainmfhocal baininscneach agus bigí in ann a rá cén fáth a raibh a fhios agaibh.</p> <p>Thíos ar an trá, is an mhaidin ag pléascadh sa chuan, braithim an bás an púca im thimpeall go buan: féach an faoileán uaibhreach ina bhruiscar ar charraig dhubh, cloisim amhrán uaigneach i saoirse na farraige.</p> <p>Bhíodh sé ar snámh go hard os clonn tonnta ba bhán, leath a sciatháin ó Bheantraí go Dún na nGall ach tháinig an bád ola seo trasna na farraige is líon sé an cuan cuachach le fuail lucht an airgid.</p> <p>Féach an faoileán uaibhreach ina bhruiscar ar charraig dhubh, cloisim amhrán uaigneach i saoirse na farraige.</p>	<p><b>Gramadach, tuiseal ginideach uatha, firinscneach, feacht teanga, obair bheirte: samplaí le picadh amach i ndán.</b></p>		



# Caibidil 3: Ag Ghaeilge agus an Ghaeltacht

- A. Ag staidéar trí Ghaeilge
- B. Na canúintí
- C. An Ghaeilge timpeall orainn
- D. An teanga laghdaithe
- E. Buntáiste an dátheangachais
- F. Mise agus an Ghaeilge
- G. Fócas ar Theanga:
  - i. An aimsir fháistineach
  - ii. An aimsir ghnáthchaite
  - iii. Comhfhocail

The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. At the top, there is a teal header with the Ceacht.ie logo and the tagline 'Acmhainní do mhúinteoirí Gaeilge'. Below the header, there is a navigation menu with several items: 'Cuid é Ceacht!', 'Acmhainní don Teachtú Scéimeach', and 'Acmhainní don Análúis'. The main content area is titled 'Ag staidéar trí Ghaeilge' and features a video player showing a woman speaking into a microphone. To the left of the video player, there is a list of topics: '01. Eanáir na seacht', '02. Caidrín', '03. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht', 'A. Ag staidéar trí Ghaeilge', 'B. Na canúintí', 'C. An Ghaeilge timpeall orainn', 'D. An teanga laghdaithe', 'E. Buntáiste an dátheangachais', 'F. Mise agus an Ghaeilge', and 'Fócas ar theanga'. To the right of the video player, there are two small icons with text: 'Fócas: Ag staidéar trí Ghaeilge' and 'Fócas: Ag staidéar trí Ghaeilge'.

# 3A Ag staidéar trí Ghaeilge: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an Ghaeilge sa scoil
Stór focal	Gaeilge sa scoil, na hábhair, an téarmaíocht agus cúrsaí ollscoile

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag labhairt faoi na hábhair a dhéanamh trí Ghaeilge. Moltar na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh le **An Aimsir Fháistineach** ó 'Fhócas ar Theanga'.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhphlé 1

- ✓ Iarr ar na daltaí an obair seo a dhéanamh ina mbeirteanna. Léigh na ceisteanna leo uair amháin ach ná mínigh aon fhocal dóibh fós.
- ✓ Is í aidhm na gníomhaíochta ná cumas na ndaltaí a mheas ó thaobh téarmaíochta de.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí nuair atá tamall caite acu ag plé na gceisteanna (féach Freagraí thíos).



### Réamhphlé 2

- ✓ Iarr ar na daltaí an obair seo a dhéanamh ina mbeirteanna. Léigh na ceisteanna leo agus bí cinnte go dtuigeann siad gach ceist.
- ✓ Is í aidhm na gníomhaíochta ná na daltaí a chur ag machnamh ar théarmaí nua-aimseartha agus ar théarmaí a bhaineann leis an eolaíocht.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad tar éis dóibh tamall cainte a dhéanamh iad féin. Scríobh aon fhocal nó aon fhrása úsáideach ar an gclár.
- ✓ Is é atá i gceist le ceist 6 ná aird na ndaltaí a dhíriú ar thábhacht na téarmaíochta agus ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfocal ceart a úsáid sa réimse cuí.



### Éisteacht

- ✓ Iarr ar na daltaí na ceisteanna a léamh sula gcuireann tú an mhír ar siúl.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl ansin le seans a thabhairt do na daltaí na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Ansin, iarr orthu na ceisteanna faoin mbriathar 'bí' a phlé ina mbeirteanna (féach Freagraí thíos).
- ✓ Tá tuilleadh plé déanta ar an aimsir fháistineach i 'Fócas ar Theanga'.



### Ról A / Ról B / Rólghníomhaíocht

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag tabhairt faoi rólghníomhaíocht ar ball agus go mbeidh eolas difriúil acu faoi chúrsaí éagsúla. Beidh orthu eolas a fháil ón duine eile faoin gcúrsa.



- ✓ Cuir gach beirt ina suí le chéile agus tabhair Ról A do dhuine A agus Ról B do dhuine B. Abair leo gan na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- ✓ Bíodh an sleamhnán ‘Rólghníomhaíocht’ in airde agat le linn na gníomhaíochta.
- ✓ Tabhair tamall do na daltaí an t-eolas atá acu a léamh agus a thuiscint, bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá.
- ✓ Ansin, abair le gach duine A na ceisteanna ar an sleamhnán a chur ar dhuine B.
- ✓ Iarr orthu na rólanna a mhalartú.
- ✓ Ní botún atá i gceist le ceist 6. Tugtar an t-eolas go pointe sa phíosa faoi **Fiontar** agus ní thugtar an t-eolas sa phíosa eile, caithfidh na daltaí bheith in ann déileáil le gach cineál ceiste.



## Iarphlé 1

- ✓ Iarr ar gach beirt a bhfuil ar an sleamhnán a léamh.
- ✓ Abair leo a machnamh a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na hábhair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár.



## Iarphlé 2

- ✓ Iarr ar gach beirt a bhfuil ar an sleamhnán a léamh.
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leo ansin agus scríobh focail nua / frásaí úsáideacha ar an gclár (féach Freagraí thíos).

## Freagraí

### Réamhphlé 1

- |                   |                          |
|-------------------|--------------------------|
| 1. Ní fhithisíonn | 6. Uiliteoir             |
| 2. An Mearcair    | 7. Charles Darwin        |
| 3. Iasc           | 8. An craiceann          |
| 4. Nítrigin       | 9. Albert Einstein       |
| 5. An Mearcair    | 10. Éiríonn siad níos lú |

### Éisteacht

UCD: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

An aimsir fháistineach atá ann. Is briathar mírialta é agus bíonn urú de ghnáth tar éis na réimíre ‘an’.

### Iarphlé 2

I don't care – *is cuma liom*

I'm not used to it – *níl taithí agam air*

I can't wait to – *tá mé ar bís le, ag tnúth le*

I used to – *ba ghnách liom*

I think – *is é mo thuairim, ceapaim, sílim, tá mé den bharúil*

We'll see – *feicfidimid, chífimid*

# 3A: Ag staidéar trí Ghaeilge

## Sleamhnán 01

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Réamhphlé 1

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh an quiz thíos a dhéanamh?



1. An bhfithisíonn an ghrian an Domhan?
2. Cad é an pláinéad is cóngaraí don ghrian?
3. An iasc nó mamach é an siorc?
4. Cad é an gás is mó san aer a análaímid?
5. Ní bhíonn ach miotal amháin leachtach ag teacht an tseomra, cad é?
6. Cén téarma a thugtar ar ainmhí a itheann idir phlandaí agus ainmhithe eile?
7. Cé hé an t-eolaí iomráiteach a chur tús leis an gcoincheap 'roghnú nádúrtha'?
8. Cad é an t-orgán is mó atá i gcorp an duine?
9. Cé hé an t-eolaí a bhain clú amach as a theoric choibhneasachta?
10. Éiríonn miotail níos mó nuair a théitear iad, cad a tharlaíonn nuair a fhuarítear iad?

**Obair bheirte:**  
quiz in eolas ginearálta, cumas na ndaltaí a mheas maidir le téarmaíocht.

## Sleamhnán 02

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Réamhphlé 2

Bí ag obair i ngrúpa agus pléigf na ceisteanna seo le chéile:

1. Ar thuig tú na téarmaí ar fad a bhí sa quiz?
2. An raibh aon fhocal ann nach raibh a fhios agat ach a bhí ar eolas agat i mBéarla?
3. Nuair a fhoghlaimíonn tú téarma nua san eolaíocht an bhfoghlaimíonn tú an téarma Béarla chomh maith?
4. An bhfuil topaicí áirithe ann nach bhfuil an foclóir agat i nGaeilge plé ceart a dhéanamh orthu? Tabhair sampla.
5. Má thagann coincheap ar an saol, cosúil leis an idirlíon blianta ó shin, ar cheart focal amháin a bheith ann don fhocal sin agus i ngach teanga sa domhan? Go mbeadh an focal *internet* ann agus sin é?
6. Féach ar na focail seo, tá dhá leagan Gaeilge ar an leagan Béarla, cé acu ab fhearr leat agus cén fáth?

Symptom: siomptóm nó comhartha  
Bat: ialtóg nó sciathán leathair

**Obair bheirte/ghrúpa, feasacht teanga:** daltaí a chur ag machnamh faoi théarmaíocht nua-aimseartha; **plé ranga:** ar na tuairimí.

## Sleamhnán 03

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Éisteacht

Éist le Anne anois agus freagair na ceisteanna:

1. Cá bhfuil sí ag súil le dul tar éis na scoile?
2. An féidir leat ainm na hOllscoile a scríobh amach i gceart as Gaeilge?
3. Cad a deir sí faoi ábhair a dhéanamh trí mheán an Bhéarla?
4. Cad a deir sí faoi cúrsa ollscoile a dhéanamh trí Ghaeilge?

Féach ar an abairt seo:

An measann tú **go mbeidh** brú ort...

- Cén aimsir atá i gceist leis na focail i gcló dubh?
- An briathar rialta é?
- Cén fáth a bhfuil urú ar an mbriathar?

**Tasc éisteachta, obair aonair:**  
ceisteanna le freagairt; **gramadach, obair bheirte:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 04

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Ról A

Tá eolas agatsa anseo faoi chúrsa Ollscoile. Beidh an duine in aice leat ag lorg eolais ort ar ball. Bí cinnte go dtuigeann tú gach rud.

#### Gnó agus Gaeilge DCU - bí cruthaitheach agus iomaíoch

San eamail ghnó tá gá le daoine cruthaitheacha, spleodracha. Bíonn fostóirí ag lorg daoine a bhfuil ardhumas sa ghnó acu agus scileanna i dteicneolaíocht na faisnéise. Ach níl ansin ach leath an scéil. Bíonn géarghá acu freisin le daoine atá in ann smaoineamh agus oibriú taobh amuigh de ghnáthchleachtas, daoine atá in ann cumas bainistíochta agus tréithe ceannaireachta a léiriú. Chun freastal ar na riachtanais seo tá struchtúr ar leith ar an gcúrsa seo. Tá an cur i láthair suntasach freisin: déantar gnó iomlán an chúrsa trí mheán na Gaeilge. Is í an Ghaeilge a thugann an t-aitheantas bunúsach sin dó.

Níl cúrsa ar bith inchurtha leis seo a chuireann clár oibre chomh maith sin ar fáil i gcúrsaí gnó agus bainistíochta, agus i dteicneolaíocht na faisnéise don ghnó agus i nGaeilge. Déantar staidéar ar an nGaeilge ar bhealach nuálach, praiticiúil. Tacáidinn fostóirí go tréan leis an gcur chuige seo agus tá nasc cruthaithe ag an gcúrsa le comhlachtaí agus le heagrais mhóra náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cinntíonn an nasc seo go mbeidh buntáiste ar leith agat agus tú ag stiúradh do ghairm bheatha.

Anuas ar ghnáthriachtanais iontrála na hOllscoile, caitheadh tú a bheith muiníneach as do chumas Gaeilge idir labhairt agus scríobh.

**Obair bheirte:**  
rólghníomh-aíocht, léamh, ceisteanna le cur agus le freagairt, rólanna le malartú.

## Sleamhnán 05

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Ról B

Tá eolas agatsa anseo faoi chúrsa Ollscoile. Beidh an duine in aice leat ag lorg eolais ort ar ball. Bí cinnte go dtuigeann tú gach rud.

Fáilte romhat go dtí Roinn na Gaeilge anseo in UCG. Ba mhaith liom míniú beag a thabhairt duit ar an gcúrsa Gaeilge atá anseo againn sa Chéad Bhliain.

#### AN CHÉAD BHLIAIN 2011-2012: AN CÚRSA

- (i) Ceartúsáid na Gaeilge: Dhá rang teagais sa teanga in aghaidh na seachtaine.
- (ii) Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge: Trí léacht sa tseachtain.
- (iv) Saíocht agus Socháin na Gaeilge: Trí léacht sa tseachtain.

Is fiú go mór duit an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar acadúil san ollscoil. Tá réimse leathan post ar fáil do chéimithe Gaeilge anois, ó phoist 'thraidisiúnta' mar mhúinteoireacht nó an tseirbhís phoiblí agus earnáil na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcóiríne, go dtí poist dhúshlánacha, nua-aoiseacha mar iriseoireacht, cúrsaí margálaíochta agus cumarsáide srl. Ina theannta sin, le feidhmíocht Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus leis an stádas atá anois ag an nGaeilge mar theanga Eorpach, beidh fás mór i líon na bpost nua spéisiúla a dteastóidh ardscoilanna Gaeilge iontu, m.sh., aistriúchán, ateangaireacht, riarachán srl.

**Obair bheirte:**  
rólghníomh-aíocht, léamh, ceisteanna le cur agus le freagairt, rólanna le malartú.

## Sleamhnán 06

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Rólghníomhaíocht

Anois, cuir na ceisteanna ar an duine in aice leat faoin gcúrsa atá aige. Malartaigh rólanna ansin.

1. Cá bhfuil an cúrsa ar siúl?
2. Cad is ainm don chúrsa?
3. Cad iad na hábhair a ndéantar staidéar orthu sa chúrsa?
4. Cén fáth a bhfuil an cúrsa seo difriúil?
5. Cad iad na tréithe a bheadh ag teastáil ó dhuine le freastal ar an gcúrsa seo?
6. Cén marc is gá a bhaint amach san Ardeistiméireacht chun freastal ar an gcúrsa?
7. Cad iad na poist is féidir le duine a fháil tar éis an chúrsa?

**Obair bheirte:**  
rólghníomh-aíocht, léamh, ceisteanna le cur agus le freagairt, rólanna le malartú.

## Sleamhnán 07

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Iarphlé 1

A. Ag obair leis an duine in aice leat fós, breacaigí na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na hábhair scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sa bhosca:

Buntáistí	Míbhuntáistí

B. Bí in ann na ceisteanna seo a fhreagairt agus ansin cuir na ceisteanna ar an duine in aice leat.

1. An bhfuil deiseanna níos fearr agatsa cúrsa ollscoile a bhaint amach toisc na hábhair mheánscoile ar fad a bheith déanta agat trí mheán na Gaeilge?
2. Cad é an t-ábhar scoile is measa leat? Dá mbeadh sé á dhéanamh agat i mBéarla an dtaitneodh sé níos fearr leat?
3. An ndéanann tú staidéar ar theangacha iasachta i do scoil trí Ghaeilge chomh maith?

**Obair bheirte:**  
buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le foghlaim trí Ghaeilge; **plé ranga:** ar na tuairimí.

## Sleamhnán 08

### Ag staidéar trí Ghaeilge

Iarphlé 2

Dúirt Anne go mbeadh sé:

'deacair go leor fáil cleachtaithe leis'

Cén leagan atá agat féin air sin?

Cuir Gaeilge ar na leaganacha Béarla seo anois:

I don't care...

I'm not used to it...

I can't wait to...

I used to...

I think...

We'll see

**Obair bheirte, feasacht teanga:**  
aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.

## Ag staidéar trí Ghaeilge (Anne) – Script

### Anne Bheáid – Pobalscoil Ghaoth Dobhair

Anois agus tú ag imeacht go Baile Átha Cliath go dtí UCD mar a dúirt tú, agus tú, bhí tú ag staidéar do chuid ábhar uilig trí mheán na Gaeilge, an measann tú féin go mbeidh brú ort anois agus tú ag déanamh cuid de do chuid ábhar trí mheán an Bhéarla?

Sílim, go mbeidh sé difriúil, 'is go mbeidh sé deacair go leor fáil cleachtaithe leis ach, tá Gaeilge or tá Béarla ag achan duine muid féin agus sílim go mbeidh muid cleachtaithe leis furasta go leor. Agus, tá an Ghaeilge mar bhuntáiste againn, an chuid is mó.... Go háirithe má tá mé fá choinne an Ghaeilge a staidéar sa tríú leibhéal beidh cuidiú mór ann le hábhair uilig a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Oh bhuel, tá sé sin go maith, so tá tú ag brath ar Ghaeilge a dhéanamh chomh maith.

## 3B Canúintí: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – canúintí na Gaeilge
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin i gConamara ag cur síos ar an taithí a bhíonn ag na daltaí sa scoil ar chanúintí eile. Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

Is ar dhaltaí i scoileanna Gaeltachta amháin atá an ceacht seo dírithe. Ní hamhlaidh nach bhféadfaí ceacht a dhéanamh le daltaí Gaelscoileanna ar an topaic seo ach díreach go bhfuil na gníomhaíochtaí sa cheacht seo oiriúnach do dhaltaí Gaeltachta amháin.



### Réamhobair 1

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Agus sibh á bplé mar rang iomlán, bí cinnte go dtuigeann na daltaí nach difríocht foghraíochta amháin atá i gceist le canúint. Bíonn difríochtaí sa stór focal agus sa ghramadach i gceist chomh maith.
- ✓ Mura bhfuil sé ar eolas ag na daltaí cheana féin, mínigh na pointí seo a leanas dóibh:
  - gur cumadh caighdeán oifigiúil don Ghaeilge chun leanúnachas agus comhréire a chur i bhfeidhm uirthi. Bhí éagsúlacht an-mhór ann ó thaobh rialacha gramadaí agus an litriú ó chanúint go canúint.
  - go bhfuil sé an-tábhachtach do theanga ar bith go mbeadh caighdeán ann don litriú agus do rialacha gramadaí don teanga scríofa.
  - nach raibh sé riamh i gceist go mbeadh an caighdeán i bhfeidhm ar an teanga labhartha.
  - nach bhfuil an caighdeán bunaithe ar aon chanúint ar leith. Is meascán de na canúintí éagsúla atá i gceist leis.
  - nár cheart an milleán a chur ar an gcaighdeán i gcónaí – uaireanta ní bhíonn na rudaí a deir agus a scríobhann daltaí ag teacht le caighdeán ná le canúint!
  - gur cuireadh leagan nua den chaighdeán ar fáil sa bhliain 2011.



### Réamhobair 2

- ✓ Cuir na daltaí i mbun oibre ar chuid A den sleamhnán seo agus pléigh a gcuid freagraí leo (féach Freagraí thíos). Má tá leaganacha sa bhreis agat féin, cuir ar fáil iad sin seachas / chomh maith leis na cinn atá thíos.
- ✓ Abair leo ansin na leaganacha cuí a chur ar fáil duit i gcuid B (féach Freagraí thíos).
- ✓ Mínigh do na daltaí gurb é an chiall atá le **láithreach** i gcanúint na Mumhan ná 'i gceann tamaill' ach i gcanúintí eile is 'anois díreach' an bhrí atá leis. Tabhair seans dóibh smaoineamh ar chásanna ina gothódh an difear céille sin míthuiscintí idir cainteoirí ó chanúintí difriúla.



## Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



## Iarobair 1

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ina mbeirteanna ar chuid A ar dtús. B'fhéidir nach mbeadh an méid sin eolais acu ar na tréithe a bhaineann lena gcanúint féin. Cuir eolas ar fáil dóibh, mar sin.
- ✓ Éist leis na smaointe a bheidh ag na daltaí do chuid B agus bí cinnte go luafar na gnéithe seo – an fhoirm tháite den bhriathar i gcanúint na Mumhan, an uimhir iolra i gcanúint Chonnacht agus an fhoghraíocht i gcanúint Uladh.



## Iarobair 2

- ✓ Léigh a bhfuil faoi chuid A leis na daltaí agus cuir i mbun oibre iad. Pléigh na freagraí leo ansin (féach Freagraí thíos).
- ✓ Léigh a bhfuil faoi chuid B leo ansin agus cabhraigh leo smaoineamh ar na hearráidí is mó a dhéanann siad féin – earráidí a bhíonn ag cainteoirí dúchais na háite go coitianta.



## Iarobair 3

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar na habairtí agus pléigh na freagraí leo tar éis cúpla nóiméad (féach Freagraí thíos).
- ✓ Tabhair seans dóibh ansin na rudaí céanna a rá ina gcanúint féin.



## Iarphlé 4

- ✓ Tá na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo dúshlánach go maith ach is fiú na daltaí a chur ag machnamh orthu.
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann na daltaí go bhfuil dhá chúis ann, ar a laghad, go mbíonn saghsanna áirithe téacsanna níos deacra dóibh as Gaeilge seachas as Béarla. Ar an gcéad dul síos, is mionteanga í an Ghaeilge agus ní chloiseann siad plé ar rudaí teicniúla / acadúla chomh minic céanna inti is a dhéanann sa Bhéarla. Dá bhrí sin, ní bhíonn an stór focal ar eolas go maith acu ná ní bhíonn an taithí chuí acu ar na struchtúir teanga a bhíonn in úsáid. Anuas air sin, i gcásanna áirithe ní bhíonn réim na teanga a úsáidtear i dtéacsleabhair ná i dtéacsanna eile Gaeilge oiriúnach don aoisghrúpa / cumas teanga atá i gceist.
- ✓ Mínigh dóibh an ról atá ag an gCoiste Téarmaíochta agus cé chomh tábhachtach is atá an obair a dhéanann an Coiste don Ghaeilge. Abair leo, chomh maith, gur féidir leo féin ríomhphost a chur chuig an gCoiste Téarmaíochta am ar bith le fáil amach cén leagan Gaeilge atá ar théarma nua Béarla (leagan nach bhfuil ar fáil in aon fhoclóir). Is gá foirm a líonadh agus ríomhphost a chur, agus d'fhéadfá an fhoirm sin a phlé leis an rang. Is féidir an ríomhphost a sheoladh ón suíomh idirlín [www.focal.ie](http://www.focal.ie).



## Iarobair 5

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí ar fad. Níl ann ach smaointe le hiad a chur ag machnamh.

## Freagraí

### Réamhobair 2

#### Cuid A

boy: tá buachaill sna canúintí ar fad agus ansin tá: garsún (M), stócach (U)  
 girl: tá cailín sna canúintí ar fad agus ansin tá: gearrchaile (M), girseach (U)  
 children: páistí (U) (C), gasúir (C) agus leanaí (M)  
 grandmother: seanmháthair (U) (C) agus máthair mhór (U) agus máthair chríonna (M)  
 grandfather: seanathair (U) (C) agus athair mór (U) agus athair críonna (M)  
 table: tábla (U) bord (C) (M)  
 also: fosta / chomh maith (U) freisin / chomh maith (C) leis / chomh maith (M)  
 terrible: millteanach / uafásach (U) uafásach (C) go huafásach / go hainnis (M)  
 easy: furasta (U) éasca (C) agus furaist (M)  
 old: sean (U) (C) agus críonna (M)  
 sick: tinn (U) (C) agus breoite (M)  
 painful: pianmhar (U) (C) agus nimhneach (U) agus tinn (M)

#### Cuid B

Canúint na Mumhan	Canúint Chonnacht	Canúint Uladh
Conas atá tú? Cad as tú?	Cén chaoi a bhfuil tú? Cárb as duit?	Cad é mar atá tú? Cé as thú?
<i>Má tá leaganacha sa bhreis agat, cuir síos iad.</i>	<i>Má tá leaganacha sa bhreis agat, cuir síos iad.</i>	<i>Má tá leaganacha sa bhreis agat, cuir síos iad.</i>

### Iarobair 2

#### Cuid A

bainisteoir (M)                      bainisteoir (C&U)  
 drámaíocht (M)                    drámaíocht (C&U)  
 ealaín (M)                            ealaín (C&U)  
 íoslódáil (M)                        íoslódáil (C&U)

### Iarobair 3

1. Tá mé tinn tuirseach den aimsir seo. (U)
2. N'fheadar faic na ngrást mar gheall air sin. (M)
3. Bíonn sí anseo chuile lá. (C)
4. An bhfuil an t-airgead agat fá choinne an ticéid? (U)
5. Nach bhfuil Máire in éindí leat? (C)
6. An rabhais amuigh aréir? (M)
7. Tá sé sin togha, a mhac! (C)
8. An dtig leat cupán tae a thabhairt domh? (U)
9. Tá mo sciathán nimhneach. (U) (Tá pian i mo lámh!)
10. Bhíos ag caint le Séamus ó chianaibh. (M)

# 3B: Na canúintí

## Sleamhnán 01

### Canúintí

Réamhobair 1

Beidh tú ag éisteacht le múinteoir ó Chonamara ag caint ar dhaltai Gaeltachta agus na canúintí, ach ar dtús pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:



1. Cad is brí le canúint? Cén difríocht atá idir canúint agus blas?
2. Cad iad canúintí na Gaeilge?
3. Cad atá i gceist leis an gCaighdeán Oifigiúil?
4. Cén fáth a bhfuil an Caighdeán Oifigiúil ann?

Obair bheirte, feasacht teanga: plé ranga ar na canúintí; tabhair eolas faoin gCaighdeán Oifigiúil más gá.

## Sleamhnán 02

### Canúintí

Réamhobair 2

- (a) Conas a deirtear na rudaí seo i do chanúint áitiúil? An féidir leat iad a rá in aon slí eile?

*boy, girl, children, grandmother, grandfather, table, also, terrible, easy, old, sick, painful*

- (b) Conas a déarfá ‘How are you?’ agus ‘Where are you from?’ sna trí mhórchanúint? Cuir na freagraí sna colúin chuí.

Canúint na Mumhan	Canúint Chonnacht	Canúint Uladh

- (c) Tá ciall difriúil ag an bhfocal ‘láithreach’ i gcanúint na Mumhan ná mar atá i gcanúint Chonnacht agus Uladh. Cad is brí leis i gcanúint na Mumhan? Agus sa dá chanúint eile? An samhlaíonn tú go gcothódh an difríocht sin míthuiscintí ar bith? Smaoinigh ar chomhthéacs ina gothófaí míthuiscint.

Obair bheirte/ ghrúpa: aistriúchán ar roinnt focal/nathanna ó Bhéarla go Gaeilge; feasacht teanga: an dá chiall a bhaineann le “láithreach”.

## Sleamhnán 03

### Canúintí

Éisteacht

Éist le Cormac Ó Comhraí ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag caint ar dhaltai Gaeltachta agus a dtuiscint ar na canúintí agus freagair na ceisteanna seo:



1. Cathain is mó a chloiseann daltaí Gaeltachta canúintí eile, dar le Cormac?
2. Cad é an saghas Gaeilge is mó a chloiseann daltaí taobh amuigh dá gcanúint féin, dar le Cormac?
3. Cén fáth a bhfuil sé deacair stór focal ó chanúintí eile a thabhairt do na daltaí?
4. Cé a bhíonn ‘ag brú’ rudaí ar na daltaí, dar leo féin?

Obair aonair, tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 04

### Canúintí

Iarobair 1

#### Do chanúint féin

- (a) Deir Cormac go bhfuil ‘muintir na Gaeltachta uafásach bródúil as a gcanúint féin’. Liostaíl na príomhthréithe a bhaineann le do chanúint féin agus cúpla focal/nath cainte atá bainteach léi a ritheann leat.

- (b) Cad iad na tréithe, a bhaineann le do chanúint áitiúil, is mó a chothaíonn deacrachtaí d’fhoghlaimoirí nó do chainteoirí eile Gaeilge?

Obair bheirte, feasacht teanga: tréithe chanúint na ndaltaí, tréithe na gcanúintí eile.

## Sleamhnán 05

### Canúintí

Iarobair 2

(a) Bíonn difríochtaí sa bhéim a leagtar ar fhocail ilsiollacha sna canúintí. Bíonn an bhéim ar shiolla amháin i gCanúint na Mumhan agus ar shiolla eile i gCanúint Chonnacht agus Uladh e.g. buidéal (M) agus buidéal (C&U).

Cuir an bhéim san áit cheart ar na focail seo:

bainisteoir (M)	bainisteoir (C&U)
drámaíocht (M)	drámaíocht (C&U)
ealaín (M)	ealaín (C&U)
ioslódáil (M)	ioslódáil (C&U)

(b) Déanann cainteoirí dúchais earráidí sa litriú uaireanta ag brath ar an gcanúint atá acu. Mar shampla, uaireanta bíonn mearbhall ar mhuintir Uladh agus litrionn siad an focal CORCAIGH mar seo: CORCAL. An chúis atá leis sin ná gur mar sin a fhuaimnítear ó thuaidh é. Ní dhéanfadh cainteoirí Muimhneach an earráid áirithe sin mar fuaimnítear an –AIGH ar shlí dhifriúil. Earráid a dhéanann muintir na Mumhan go minic ná an focal ARD a litriú mar seo: ÁRD - toisc go bhfuil an A fada go maith sa bhfuaimniú. Gan trácht ar mhuintir Chonnacht agus an uimhir iolra atá acu...nó acub!

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí eile? Cad iad na hearráidí is mó a dhéanann tusa sa litriú de bhri go gcuireann an chanúint beagán ar strae tú?

Obair aonair, feasacht teanga: an bhéim sna canúintí éagsúla, botúin choitianta a tharlaíonn de bharr foghraíochta.

## Sleamhnán 06

### Canúintí

Iarobair 3

I gcás na n-abairtí seo ar fad thíos, abair cén chanúint atá i gceist, canúint Chonnacht, canúint na Mumhan nó canúint Uladh.

1. Tá mé tinn tuirseach den aimsir seo.
2. N’fheadar faic na ngrást mar gheall air sin.
3. Bíonn sí anseo chuile lá.
4. An bhfuil an t-airgead agat fá choinne an ticéid?
5. Nach bhfuil Máire in éindí leat?
6. An rabhais amuigh aréir?
7. Tá sé sin togha, a mhac!
8. An dtig leat cupán tae a thabhairt domh?
9. Tá mo sciathán nimhneach.
10. Bhíos ag caint le Séamus ó chianaibh.

- (b) Athscríobh na habairtí thuas nach mbaineann le do chanúint féin i do chanúint féin.

Obair aonair/ bheirte, feasacht teanga: canúint a aithint, abairtí le hathscríobh i gcanúint na ndaltaí.

## Sleamhnán 07

### Canúintí

Iarphlé 4

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá i gceist le 'Gaeilge na Leabhar'?
2. An mbíonn sé níos deacra duitse rudaí áirithe a léamh as Gaeilge seachas as Béarla? Cén cineál rudaí agus cén fáth, meas tú?
3. Cad atá i gceist ag Cormac nuair a deir sé: 'breathnaíonn roinnt [daltaí] air mar ghéilleadh don rud atá á bhrú orthu ón taobh amuigh ó dhaoine nach labhraíonn Gaeilge ar bhealach nádúrtha'?
4. Cad a tharlaíonn nuair a chaitear focal nua a chumadh do rud éigin as Gaeilge (má thagann rud éigin nua ar an saol e.g. an t-idirlíon, fón póca, fón cliste etc.)? Cén próiseas atá ann chun focal nua a chumadh?

Obair bheirte: ceisteanna le plé; eolas le tabhairt: faoi na deacrachtaí a bhaineann le téacsanna a léamh i nGaeilge; faoi obair an Choiste Téarmaíochta.

## Sleamhnán 08

### Canúintí

Iarphlé 5

#### Ábhar machnaimh

Caitheann cainteoirí dúchais Gaeilge go leor scileanna a bheith acu – eolas an-mhaith ar a gcanúint féin, eolas réasúnta ar chanúintí eile agus eolas an-mhaith ar an gcaighdeán (go háirithe tar éis na scoile agus iad ag obair trí mheán na Gaeilge).

Ach tá na scileanna sin acu sa Bhéarla chomh maith a bhíochas do na meáin chumarsáide mar, féach, nach bhfuil na canúintí Béarla seo an-difriúil óna chéile?

1. Béarla an gheiteo i Nua-Eabhrac
2. Béarla Bhanríon Shasana
3. Béarla na tuaithe in Éirinn

Tá tú in ann daoine a thuiscint agus iad ag baint úsáide as na canúintí éagsúla sin i mBéarla.

Dá mhínicé is a chloiseann tú na canúintí eile in úsáid is ea is fearr a thuigfidh tú iad!

Ábhar machnaimh: canúintí sa Bhéarla, plé ranga ar an ábhar.



## 3C An Ghaeilge timpeall orainn: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an Ghaeilge sa saol timpeall orthu
Stór focal	Gaeilge sa chathair, comharthaí bóthar agus logainmneacha

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír nuachta de chuid Nuacht24 i dTuaisceart Éireann.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhphlé

- ✓ Iarr ar na daltaí an obair seo a dhéanamh i ngrúpaí. Léigh na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✓ Is í aidhm na gníomhaíochta ná na daltaí a chur chun cainte agus chun machnaimh ar an méid Gaeilge atá feiceálach ina gceantar féin.
- ✓ Téigh siar ar na tuairimí a bhí ag gach duine tar éis dóibh an plé a dhéanamh.



### Léamh 1 agus 2

- ✓ Iarr ar na daltaí a bhfuil ar an dá shleamhnán a léamh iad féin ar dtús. Bí ar fáil le cuidiú leo má bhíonn aon cheist acu.
- ✓ Abair leo ansin, ag obair i mbeirteanna, na pointí a chur in ord tábhachta ina dtuairim féin. Caithfidh siad teacht ar chomhréiteach chomh maith agus ba cheart go gcothódh sé sin tuilleadh cainte.
- ✓ Pléigh na tuairimí atá acu ar fad.



### Logainmneacha

- ✓ Iarr ar gach beirt an rún a phlé le chéile, duine amháin ar son an rúin agus an duine eile i gcoinne an rúin. Thiocfadh leat díospóireacht ranga a dhéanamh freisin má oireann a leithéid don rang atá agat.
- ✓ Bíodh plé sa rang faoin dá cheist eile atá ar an sleamhnán. Féach na freagraí.
- ✓ Iarr orthu samplaí a thabhairt duit de logainmneacha a bhfuil na focail sin iontu.



### Réamhphlé 1

- ✓ Iarr ar gach beirt a bhfuil ar an sleamhnán a léamh.
- ✓ Abair leo na ceisteanna a phlé le chéile agus ansin pléigh a dtuairimí ar fad.
- ✓ Abair leo iarracht a dhéanamh a leagan féin de na focail a sholáthar. Tá na leaganacha le fáil sa script.



## Léamh 1 agus 2

- ✓ Iarr ar na daltaí a bhfuil ar an dá shleamhnán a léamh iad féin ar dtús. Bí ann le cuidiú leo má bhíonn aon cheist acu.
- ✓ Léigh thusa an script leo ansin ag míniú gur script nuachta atá ann agus mar sin go bhfuil réim faoi leith aici, is teanga cineál neamhfhoirmiúil atá ann.



## Iarphlé

- ✓ A – Cuir an mhír ar siúl dóibh ansin. Bíodh an script os a gcomhair nó ná bíodh, ag brath ar chumas do ranga.
- ✓ B – Cuir ar siúl an mhír arís ag díriú aird na bhfoghlaimoirí ar na botúin atá sa mhír. Féach na freagraí.
- ✓ C – Abair leo dul go dtí an suíomh mar obair bhaile agus a gcuid tuairimí a thabhairt duit don chéad rang eile.
- ✓ D – Éist leis na tuairimí atá acu.
- ✓ E – ‘darb ainm’ – an aimsir láithreach / ‘darbh ainm’ – aimsir chaite nó modh coinníollach.

## Freagraí

### Logainmneacha

Áth – ford	Gleann – glen
Béal – mouth	Gort – field
Baile – town	Inis – island
Carraig – rock	Lios – ring fort
Ceann – head	Loch – lake
Cill – church	Muileann – mill
Cnoc – hill	Port – harbour
Cluain – meadow	Ráth – fort
Dún – hill	Teach – house

### Iarphlé

Inár seasamh – ag seasamh

An bhóthair – an mbóthar

Idir bheag agus mhór – idir bheag agus mór

Na geallghlacadóirí – an geallghlacadóirí

# 3C: An Ghaeilge timpeall orainn

## Sleamhnán 01

### An Ghaeilge timpeall orainn

Réamhphlé

Bíog ag obair i ngrúpaí agus pléig na ceisteanna seo le chéile:

1. Cá bhfuil tú i do chónaí?
2. Mura bhfuil tú i do chónaí i gcathair cad í an chathair is mó in aice leat?
3. An labhraítear Gaeilge sa chathair sin?
4. An bhfuil an Ghaeilge go feiceálach sa chathair sin?
5. An bhfuil an Ghaeilge go feiceálach san áit a bhfuil tú féin i do chónaí? Conas?
6. An mbaineann tú féin úsáid as an leagan Gaeilge nó an leagan Béarla den áit a bhfuil tú i do chónaí?
7. Cad is brí leis an ainm atá ar an áit a bhfuil tú i do chónaí?



**Obair ghrúpa, feacht chultúrtha: an Ghaeilge sa timpeallacht; plé ranga: ar na tuairimí.**

## Sleamhnán 02

### An Ghaeilge timpeall orainn

Léamh 1

Chuir *Gaillimh le Gaeilge* ceisteanna ar mhuintir na cathrach sin ar cad is cathair dhátheangach ann. Seo thíos na tuairimí a bhí acu. Léigh na pointí leis an duine in aice leat.

1) Dhá theanga le cloisteáil ar na sráideanna:

An dá theanga taobh a chéile ar ghnáthchomharthaí na cathrach, m.sh. ar aghaidheanna siopaí, ar chuailí eolais, ar chomharthaí bóthair, i bhfógraíocht, ionas go mbeidh timpeallacht dhátheangach an-feiceálach

2) An dá theanga le cloisteáil in áiteanna poiblí ar fud na cathrach:

Ar na sráideanna, sna tábhairní, bialanna agus siopaí srl. ionas go mbeidh an Béarla agus an Ghaeilge le cloisteáil ag gach uile duine sa chathair, agus go mbeidh an chlostimpeallacht dátheangach

3) Imeachtaí sóisialta sa dá theanga:

Imeachtaí sóisialta a eagrú agus a chur ar fáil i gceann de na teangacha nó sa dá theanga, go comhuineach nó ag amanna ar leith, ionas go mbeidh rogha teanga ag an bpobal dá n-imeachtaí sóisialta

**Obair aonair, tasc léitheoireachta.**

## Sleamhnán 03

### An Ghaeilge timpeall orainn

Léamh 2

4) Seirbhísí ar fáil sa dá theanga ón earrnáil phríobháideach:

Seirbhísí i nGaeilge nó i mBéarla a bheith ar fáil i gcuideachtaí príobháideacha, m.sh. siopaí, bialanna, dochtúirí srl., ionas go mbeidh rogha teanga ag an bpobal agus iad i mbun gnó sa chathair

5) Seirbhísí ar fáil sa dá theanga ón earrnáil poiblí:

Seirbhísí i nGaeilge nó i mBéarla a bheith ar fáil in eagraíochtaí poiblí, m.sh. oifigí an údarás áitiúil, comhlachtaí stáit, na Gardai srl., ionas go mbeidh rogha teanga ag an bpobal agus iad i mbun gnó leis an stát

6) Na meáin ar fáil sa dá theanga:

Is é sin ná go mbeidh na nuachtáin, an raidió, na meáin ar líne srl. ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, ionas gur féidir leis an bpobal úsáid a bhaint as na meáin ina rogha teanga

**Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirig na pointí thuas in ord tábhachta, trí uimhir a haon a chur in aice leis an bpointe is tábhachtaí.**



**Obair aonair, tasc léitheoireachta; obair bheirte, tasc labhartha: pointí a chur in ord tábhachta.**

## Sleamhnán 04

### An Ghaeilge timpeall orainn

Logainmneacha

Pléigh an rún seo leis an duine in aice leat. Beidh duine amháin in éadan an rúin agus beidh an duine eile ar son an rúin:

Ba cheart go mbeadh na comharthaí bóthair i mBéarla amháin.

Cén fáth nach bhfuil an leagan Béarla sna comharthaí seo?



Seo thíos cuid de na focail choitianta a thagann aníos i logainmneacha na tíre, cad is brí leo?

Ath	Gleann
Béal	Gort
Baile	Inis
Carraig	Lios
Ceann	Loch
Cill	Mulleann
Cnoc	Port
Cluain	Ráth
Dún	Teach

**Plé beirte nó díospóireacht ranga: logainmneacha dátheangacha; plé ranga: logainmneacha coitianta, ciall na bhfocal, samplaí.**

## Sleamhnán 05

### An Dátheangachas ó thuaidh

Réamhphlé

Beidh tú ag léamh scrípte ó mhír nuachta faoin dátheangachas i dTuaisceart Éireann ar ball. Sula léifid sibh an scrípt áfach, bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na ceisteanna thíos:

1. An ndéanann gach duine staidéar ar an nGaeilge i dTuaisceart Éireann? Cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil an Ghaeilge chomh feiceálach nó chomh láidir i mBéal Feirste, dar leat?
3. Cad a cheapann tú faoin gcanúint i dTuaisceart Éireann? An ionann é agus canúint Dhún na nGall, dar leat?
4. Cad is brí leis an logainm **Béal Feirste**? Cad faoi na cinn seo – **Baile Átha Cliath, Gaillimh, Trá Lí, Corcaigh, Luimneach agus Doire**?

Anois, féachaigí ar na focail/frásaí seo, an bhfuil leagan difriúil agaibh féin dóibh?

is minic \_\_\_\_\_ rud a chloí \_\_\_\_\_  
 cur ina luí \_\_\_\_\_ ag áiteamh \_\_\_\_\_  
 ag an tús \_\_\_\_\_ grúpa daoine \_\_\_\_\_  
 ag an deireadh \_\_\_\_\_ a ghriósú \_\_\_\_\_

Féachaigí cén leagan atá sa scrípt agus sibh ag léamh anois.

**Obair bheirte: ceisteanna le plé.**

## Sleamhnán 06

### An Dátheangachas ó thuaidh

Léamh 1

Is iomaí *first* a rinneadh anseo sa cheathrú Ghaeltachta, ach os ár gcomhair amach tá ceann atá deacair a sháru. Is é sin, an chéad gheallghladóir sa tír le comhartha as Gaeilge. Comhartha le do chroí a chur chun rásaí.

**Feargal Mac Ionnrachtaigh**

Tá muid anseo *inár seasamh* i gcoirílár na ceathrún Ghaeltachta anseo in Iarthar na cathrach. Agus má fheicimid fud fad *an bhóthair* anseo tá comharthaí as Gaeilge in airde, so, tá muidinne ag iarraidh, i mo phost féin le *Forbairt Feirste*, táimid i gcónaí ag iarraidh dul i bhfeidhm ar ghnóthaí, idir bheag agus mhór, ag tacú leis an Ghaeilge agus an Ghaeilge a bheith feiceálach taobh amuigh de ghnó s'acu. Agus táimid i gcónaí ag iarraidh bheith ag impí orthu gurbh fhíú é a dhéanamh. Chan amháin ó thaobh athbhreochan na Gaeilge de ach ó thaobh forbairt a ngnó de, ó thaobh forbairt eacnamaíochta, ó thaobh turasoíreachta agus eile. So, nuair a rinne muid teagmháil le *Ladbroke's* ar dtús báire thug muid cuireadh daofa a theacht anseo chuig an cheathrú Ghaeltachta chun an áit a fheiceáil agus *just* le fheiceáil cad é go díreach atá taobh thiar den rud.

**Obair aonair, tasc léitheoireachta.**

## Sleamhnán 07

### An Dátheangachas ó thuaidh Léamh 2

So, tháinig an bhean atá i mbun PR, fear darb ainm, bean darb ainm Hayley O'Connor, tháinig sí anseo ar cuairt. Chuaigh sí isteach sa chultúrlann, bhí lón aici sa chultúrlann, ghlac muid í thart an bhóthar, bhí sí, chonaic sí an stáisiún raidió ansin, Raidió Fáilte agus eile. Agus chuaigh muid go mór i bhfeidhm uirthi, so chuaigh sí féin ar ais chuig an cheannáras i Londain agus d'iarr sí cead speisialta an Ghaeilge a chur in airde anseo i gcroílár na ceathrún Gaeltachta. Agus bhí uirthi an-tionchar a bheith aici ar an dream seo, bhí plé agus idirphlé ann agus sa deireadh thiar thall ghlac siad an cinneadh. So, seo an chéad áit in Éirinn ar ghlac *Ladbroke's*, arb iad *na* geallghlacadóirí is mó áitiúla ar domhan, so ghlac siad an cinneadh anseo in iarthar na cathrach na comharthaí Gaeilge a chur in airde agus tá muidinne ag iarraidh áiteanna eile, ceantair eile a spreagadh chun dul i bhfeidhm orthu agus iarracht a dhéanamh chun amhlaidh a chothú sna ceantair sin.

**Obair aonair, tasc léitheoireachta.**

## Sleamhnán 08

### An Dátheangachas ó thuaidh Iarphlé

A. Féach ar an mír anois, an dtuigeann tú gach rud?

**nuacht24**

B. Éist leis an mír den dara huair agus an script á léamh agat ag an am céanna. Cén fáth a bhfuil líne faoi na focail úd sa script?

C. Téigh go dtí an suíomh idirlín [www.nuacht24.com](http://www.nuacht24.com) am éigin an tseachtain seo agus bí in ann do chuid tuairimí a thabhairt faoi.

D. Cén leagan atá agat féin ar na leaganacha Ultacha seo a leanas:

muidinne	taobh amuigh
s'acu	chan amháin

E. Déan féin agus an duine in aice leat plé ar an gceist seo le chéile:

Cén fáth gur 'darb ainm' atá ann in áit 'darbh ainm', agus cén fáth gur 'gurbh fhiú' atá ann in áit 'gur fiú'?

**Tasc éisteachta, gramadach:**  
botúin a aithint; **obair bhaile:** tuairim faoi shuíomh a thabhairt;  
**obair aonair:** leaganacha malartacha de nathanna a thabhairt;  
**obair bheirte, feasacht teanga:** aimsir chaite i gcomparáid le haimsir láithreach.

# 3D An Teanga Laghdaithe: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – a dtaithí féin ar a bheith ag maireachtáil le mionteanga agus mórtheanga
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt a scríobh Ciarán Leonach sa leabhar *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardeistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### An Corp 1

- ✓ Iarr ar gach beirt na baill den chorp a scríobh amach. Féach sna freagraí chun liosta gearr a fháil. Is féidir tuilleadh a chur leis ag brath ar do rang féin.
- ✓ Pléigh an foclóir mar rang iomlán ansin.



### An Corp 2

- ✓ Léigh an chéad chuid den sleamhnán leis na foghlaimeoirí agus déan iarracht plé a chothú sa rang faoi cad is teanga laghdaithe ann. Féach sna freagraí.
- ✓ Ansin iarr orthu machnamh a dhéanamh ar na baill eile den chorp a bhíonn deacair do chainteoirí mionteanga. Féach na freagraí, ach is dócha go mbeidh leaganacha eile ann ag brath ar chanúint na bhfoghlaimeoirí.



### Léamh 1 agus 2

- ✓ Iarr ar na daltaí a bhfuil ar an dá shleamhnán a léamh iad féin ar dtús. Bí ann le cuidiú leo má bhíonn aon cheist acu.
- ✓ Léigh thusa na pointí leo ar fad ansin ag míniú cad atá i gceist más gá.
- ✓ Abair leo ansin, ag obair i mbeirteanna, sampla amháin ar a laghad a thabhairt do gach pointe óna saol féin. Mar shampla: 'Is féidir le mo mháthair cur síos a dhéanamh ar gach cineál aimsire ach ní féidir liomsa'.
- ✓ Pléigh na tuairimí atá acu ar fad.



### Iarphlé 1

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun Gaeilge a chur ar na samplaí ar an sleamhán. Féach na freagraí.
- ✓ Faigh amach an raibh sé deacair orthu smaoineamh ar na focail agus cén fáth. Déan iarracht plé a chothú sa rang.



## Iarphlé 2

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí an ceacht seo a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt nó triúr.
- ✓ Caithfidh siad smaoineamh ar cad a déarfaidís leis na daoine éagsúla sna pictiúir. Féach na freagraí. Níl sna freagraí ach treoir, beidh go leor leaganacha difriúla ann ag brath ar chanúint do ranga.



## Cluiche

- ✓ Bíodh cóip agat den sleamhnán **Cluiche 1** do gach beirt sa rang, agus díslle chomh maith. Abair leo barr pinn nó a leithéid a úsáid lena n-áit ar an gclár cluiche a mharcáil.
- ✓ Bíodh na habairtí ar an sleamhnán **Cluiche 2** gearrtha agat agus curtha i gclúdach litreach. Bíodh clúdach litreach agat do gach beirt.
- ✓ Croithfidh duine A an díslle agus rachaidh siad go dtí an uimhir sin ar an gclár. Léifidh duine B amach abairt amháin ón gclúdach litreach agus caithfidh duine A a rá cad a déarfadh sé lena chara, mar shampla:

Fuair sé 5 cárta vailintín:                      Nach méanar duit!

Thosaigh sé ag caitheamh toitíní:              Nach tusa an t-amadán!

- ✓ Má tá duine B sásta go bhfuil an ceart ag duine A, is féidir le duine A an díslle a chroitheadh arís agus bogadh ar aghaidh. Ní dhéanfaidh sé ceann eile, is é babhta duine B anois é.
- ✓ Leanann an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí go mbaineann duine acu uimhir 16 amach ar an gclár.
- ✓ Mura féidir le duine freagra a thabhairt nó má dhéanann siad botún, ní féidir an díslle a chroitheadh den dara huair.
- ✓ Má stopann siad ag uimhir 3 is féidir leo dul suas go dtí uimhir 12, agus ag uimhir 5 go dtí uimhir 14. Má stopann siad ag uimhir 15 nó 10 áfach, beidh orthu sleamhnú síos go dtí uimhir 1 agus uimhir 2, faoi seach.

## Freagraí

### An Corp 1

Head	<i>m</i>	an ceann, na cinn
Hair	<i>f</i>	an ghruaig, mo chuid gruaige
Face	<i>f</i>	an aghaidh, <i>m</i> an t-éadan (forehead)
Eye(s)	<i>f</i>	an tsúil, na súile, mo dhá shúil
Ear(s)	<i>m</i>	an cluas, na cluasa, mo dhá chluas
Nose	<i>f</i>	an tsrón
Mouth	<i>m</i>	an béal
Neck	<i>m</i>	an muineál
Shoulder(s)	<i>f</i>	an ghualainn, na guaillí
Arm(s)	<i>f</i>	an ghéag, na géaga, mo dhá ghéag; géag láimhe
Hand(s)	<i>f</i>	lámh, lámha, mo dhá lámh
Finger(s)	<i>f</i>	an mhéar, na méara, mo mhéara

Thumb(s)	<i>f</i>	an ordóg, na hordóga
Chest	<i>m</i>	an cliabh/ cliabhrach; an t-ucht
Breast	<i>m</i>	an brollach, na brollaigh
Abdomen	<i>m</i>	an bolg, na boilg
Back	<i>m</i>	an droim
Rear end	<i>f</i>	an tóin
Leg(s) / Foot/Feet	<i>f</i>	an chos, na cosa; an chois, mo dhá chos
Toe(s)	<i>f</i>	an ladhar, na ladhracha, mo ladhracha (nó an lúidín, na lúidíní, mo lúidíní)

## An Corp 2

Gaeilge laghdaithe atá ag daoine a rugadh ó 1990 i leith.

Más Gaeilge laghdaithe atá ag duine is Gaeilge níos laghdaithe fós, nó Béarla amháin, a bheidh ag a chlann agus ag clann a chlainne.

Imleacán

Cromán, cromáin

Colpa, colpaí

Ladhar, ladhracha (nó lúidín, lúidíní)

Rosta, rostaí (nó caol na láimhe)

Rúitín, rúitíní (nó alt, ailt)

Mala, malaí

Fabhra, fabhraí

## Iarphlé 1

- Ní féidir liom cur suas leis.
- Tá boladh aoibhinn ann.
- Cén chaoi a bhfuil tú ag mothú?
- Ní féidir leis é a chreidiúint.
- Tá sé ar mire, ar buile.
- Níl sí róshásta.
- Tá sí suaite go maith.
- Tá mearbhall uirthi.
- Tá fearg air.
- Tá iontas / ionadh uirthi.

## Iarphlé 2

1. Seachain tú féin, bí cúramach, coimhead
2. Comhghairdeas, saol fáda, bhur saol le chéile, go maire an grá go deo
3. Maith thú, bail ó Dhia ort, togha
4. Ó mo ghraidhin tú, a chréatúir, is olc liom do chás
5. Ná bí buartha, tóg go bog é, éireoidh go geal leat
6. Mo thrua thú, tá brón orm faoi do chás

# 3D: An teanga laghdaithe

## Sleamhnán 01

### An Teanga Laghdaithe

An Corp 1

Ag obair leis an duine in aice leat, breacraig síos gach ball den chorp atá ar eolas agaibh.



**Obair bheirte, stór focal:** na baill bheatha; **plé ranga:** ar na focail a bhí agus nach raibh acu.

## Sleamhnán 02

### An Teanga Laghdaithe

An Corp 2

Scríobh fear darb ainm Ciarán Leonach alt ina phléann sé na fadhbanna a bhaineann le mionteanga agus deir sé nuair a bhíonn teanga faoi bhrú gur leagan 'laghdaithe' den teanga a labhraíonn na daoine óga.

Cad is brí le 'teanga laghdaithe'? Tabhair buille faoi thuairim!

Pointe eile a dhéanann sé san alt ná go bhfuil cineálacha áirithe focal ann nach mbíonn ar eolas rómhaith ag cainteoirí óga. An féidir leatsa agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na baill choirp seo:



**Plé ranga:** teanga laghdaithe; **obair bheirte, stór focal.**

## Sleamhnán 03

### An Teanga Laghdaithe

Léamh 1

Léigh féin agus an duine in aice leat na pointí thíos a dhéanann achoimre ar an alt a scríobh Ciarán Leonach.

#### Cén rud Gaeilge Laghdaithe?

- Ní fhoghlaimíonn an ghluín óg an Ghaeilge chomh maith ná chomh hiomlán is a d'fhoghlaim daoine níos sine é.
- Ní bhíonn na daoine óga ábalta an méid céanna struchtúr a úsáid agus bíonn níos mó focal ón mBéarla in úsáid acu.
- Ní bhraitheann na cainteoirí óga go bhfuil baint mhór ag an teanga lena bhféiniúlacht mar dhaoine agus iad ag fás aníos.
- Braitheann siad go bhfuil baint ag an mBéarla lena bhféiniúlacht agus is í an teanga sin is mó a labhraíonn siad.
- Ní thuigeann cainteoirí na teanga laghdaithe agus na teanga traidisiúnta a chéile go minic.
- Ní bhíonn ach an t-aon stíl amháin acu sa Ghaeilge den chuid is mó (cineálacha stíle: neamhfoirmiúil /foirmiúil/teanga teaghlaiht/teanga acadúil srl.).

**Obair aonair, tasc léitheoireachta; teagasc:** míniú ar na pointí; **obair bheirte:** sampla a thabhairt do gach pointe.

## Sleamhnán 04

### An Teanga Laghdaithe

Léamh 2

- Is minic nach mbíonn siad ábalta smaointe ná coincheapa casta a chur in iúl sa mhionteanga agus caithfidh siad iompú ar an mórtheanga chun é sin a dhéanamh.
- Is é laghdú teanga an chéim dheiridh i dtreo aistriú iomlán go teanga eile (.i. ó Ghaeilge go Béarla).

#### Príomhphointí an ailt:

- Gaeilge laghdaithe atá ag daoine a rugadh ó 1990 i leith.
- Más Gaeilge laghdaithe atá ag duine is Gaeilge níos laghdaithe fós, nó Béarla amháin, a bheidh ag a chlann agus ag clann a chlainne.

Ag obair leis an duine in aice leat fós, tugaigí samplaí de na pointí thuas ó bhur saol féin.

**Obair aonair, tasc léitheoireachta; teagasc:** míniú ar na pointí; **obair bheirte:** sampla a thabhairt do gach pointe; **plé ranga:** ar na tuairimí.

## Sleamhnán 05

### An Teanga Laghdaithe

Iarphlé 1

Bíonn deacrachtaí i gcónaí ag daoine cur síos a dhéanamh ar a gcuid mothúcháin i dteanga eile atá á foghlaim acu nó i mionteanga nuair a bhíonn an mhórtheanga an-láidir.

Féachaigí ar na samplaí seo ó dhaoine níos sine a bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas (ó alt Chiarán):

- Níl mé in ann iad a bhearáil.
- Tá boladh beautiful ann.
- Cén chaoi a bhfuil tú ag feel-áil?

Agus samplaí ó pháistí ó 2012:

- Tá sé shocked.
- Tá sé mad.
- Tá sí kind of annoyed.
- Tá sí ag breathnú shocked.
- Tá sí confused.
- Tá sé angry.
- Tá sí surprised.

Cén Ghaeilge atá agaibh féin ar na samplaí thuas?

**Obair bheirte:** nathanna le haistriú go hiomlán go Gaeilge; **feasacht teanga:** deacrachtaí mothúcháin a phlé i mionteanga.

## Sleamhnán 06

### An Teanga Laghdaithe

Iarphlé 2

Cad a déarfá leis na daoine seo:



**Obair ghrúpa:** mothúcháin a chur i bhfocail.



## Sleamhnán 07

### An Teanga Laghdaithe

Cluiche 1

**Cad a déarfá le do chara?**

Déan comhghairdeas nó comhbhrón leis nó léi.



**Cluiche teanga:**  
mothúcháin i  
chur i bhfocail.

## Sleamhnán 08

### An Teanga Laghdaithe

Cluiche 2

Faigheann a sheanmháthair bás
Tá spota uafásach ar a aghaidh
Níl páirtí aici le dul chuig cóisir mhór na bliana
Rinne sé an aiste is fearr sa rang
Níl cead aige dul chuig ceolchoirm Dé hAoine
Tá deirfiúr bheag nua aici
Fuair sé 5 cárta vaillintín
Ní bhfuair sé aon cárta vaillintín
Bhris sí a cos
Níl an cailín a bhfuil sé i ngrá léi i ngrá leis
Chuir a chailín deireadh lena gcaidreamh
Fuair sé 15% i scrúdú matamaitice arís
Ghearr sí a cuid gruaige agus ní oireann an stíl di
Thosaigh sé ag caitheamh toitíní
Is é an ceoltóir is fearr leis ná Daniel O'Donnell
Ní maith leis do chairde eile
Thit sí os comhair an ranga ar fad
Tá an iomarca smididh uirthi
D'éirigh go geal léi sa scrúdú Gaeilge

**Cluiche teanga:**  
mothúcháin i  
chur i bhfocail.

# 3E Buntáiste an dátheangachais: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spríocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – a dtaithí féin ar a bheith dátheangach
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil Meiriceánach ag labhairt faoi chuid de na buntáistí a bhíonn ag daoine atá dátheangach.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán **ard** Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá an foclóir agus na ceachtanna dúshlánach go maith agus iad dírithe ar ghné amháin d'fhoghlaim teanga – is é sin nithe a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Cé go bhfuil a lán Béarla sa cheacht seo tá sé tábhachtach i gcónaí go ndéanfadh na foghlaimeoirí cleachtadh ar an scil úd a chuideodh leo cur síos a dhéanamh ar leabhar nó scannán Béarla, mar shampla, as Gaeilge.



### Réamhphlé 1

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun an cheist atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile. Más fearr leat, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna.
- ✓ Pléigh an cheist leis an rang iomlán ansin.



### Réamhphlé 2

- ✓ Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail Ghaeilge a aimsiú. Beidh orthu úsáid a bhaint as foclóirí nó as an idirlíon. Beidh leaganacha éagsúla ann ach féach sna freagraí mar threoir.
- ✓ Pléigh an stór focal leis an rang ar fad tar éis tamaill.



### Éisteacht 1

- ✓ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh orthu éisteacht le fear ó na Stáit Aontaithe ag déanamh cur síos ar na buntáistí a bhíonn ag leanaí atá dátheangach. Abair leo éisteacht go géar mar go mbeidh orthu pointí a bhreacadh síos tar éis tamaill i nGaeilge.
- ✓ Abair leo iarracht a dhéanamh Gaeilge a chur ar an teideal. Féach na freagraí.



### Éisteacht 2

- ✓ Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh an chuid seo den cheacht dúshlánach go leor.
- ✓ Iarr orthu abairtí a chruthú atá simplí agus soiléir. Féach na freagraí.



## Iarphlé

- ✓ Abair leis na daltaí scaoileadh faoin gcéad chuid ar an sleamhnán seo. Abair leo na habairtí atá díreach aistrithe acu a úsáid agus an chuid eile a rá ina bhfocail féin. Cuir béim ar abairtí simplí agus soiléire.
- ✓ Iarr ar chuid acu a bhfuil scríofa acu a léamh amach os ard. Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
- ✓ Iarr orthu ansin plé a dhéanamh ar na ceisteanna sa dara cuid den sleamhnán. Is í aidhm an phlé seo ná na foghlaimeoirí a chur ag machnamh faoin dátheangachas ina saol féin.

## Freagraí

### Réamhphlé 2

unanticipated advantages:	<i>buntáistí nach mbeifeá ag súil leo</i>
laboratories:	<i>saotharlanna</i>
to be better able to:	<i>a bheith níos fearr ábalta rud éigin a dhéanamh</i>
unlearn a rule:	<i>riail a foghlaímíodh a chur ar leataobh</i>
ancillary benefits:	<i>buntáistí tánaisteacha</i>
theory of mind:	<i>teoiric intinne</i>
general capacity:	<i>cumas ginearálta</i>
empathy:	<i>comhbhá</i>
demonstrated:	<i>léirithe</i>
dementia:	<i>néaltrú</i>
delayed:	<i>moill / moillithe</i>

### Éisteacht 1

Sárluchtóidh an dátheangachas intinn do linbh / Treiseoidh an dátheangachas intinn do linbh /  
Nearthóidh an dátheangachas intinn do linbh

### Éisteacht 2

- Tá buntáistí móra, nach mbeifeá ag súil leo, ag leanbh a bhfuil dhá theanga le cloisteáil aige.
- Tá sé i bhfad níos fusa dóibh dearmad a dhéanamh ar riail a d'fhoghlaim siad agus riail nua a fhoghlaim ina áit / riail a foghlaímíodh a chur ar leataobh.
- Má thaispeánaim an focal 'dearg' duit ach é scríofa i ndúch glas beidh ort a rá go bhfuil sé scríofa i ndúch glas agus gan a rá go bhfuil sé scríofa i ndearg. Tá rud ann ar a dtugtar 'Teoiric na hIntinne' agus bíonn sé sin níos forbartha ag leanaí atá dátheangach.
- Tuiscint a bheith agat ar smaointe daoine eile.
- Tagann néaltrú ar dhaoine aonteangacha timpeall ceithre bliana níos luaithe ná daoine atá dátheangach.

# 3E: Buntáiste an dátheangachais

## Sleamhnán 01

### Buntáiste an dátheangachais Réamhphlé 1

Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith dátheangach?

Smaoinigh ar:

- (1) buntáistí do shaol pearsanta an duine
- (2) buntáistí d'inchinn an duine.



**Obair ghrúpa**  
nó **plé ranga:**  
ceisteanna a phlé.

## Sleamhnán 02

### Buntáiste an dátheangachais Réamhphlé 2

Beidh tú ag éisteacht le fear ag déanamh cur síos ar chuid de na buntáistí a bhaineann le bheith dátheangach ar ball. Tá an mhír i mBéarla. Sula bhféachfaidh sibh uirthi, aimsigh féin agus an duine in aice leat an leagan Gaeilge de na focail thíos. Bainigh úsáid as foclóir nó [www.focal.ie](http://www.focal.ie).



unanticipated advantages:  
laboratories:  
to be better able to:  
unlearn a rule:  
ancillary benefits:  
theory of mind:  
general capacity:  
empathy:  
demonstrated:  
dementia:  
delayed:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Obair bheirte,**  
**stór focal:** focail  
le haimsiú i  
bhfoclóir nó ar  
líne.

## Sleamhnán 03

### Buntáiste an dátheangachais Éisteacht 1

Éist leis an mír:

Bilingualism Will Supercharge Your Baby's Brain



Seo an Ghaeilge ar 'supercharge':  
An briathar – sár-luchtaigh  
An aidiacht bhriathartha – sár-luchtaithe

Cén Ghaeilge a chuirfeá féin ar an teideal?  
Cad atá ag an duine in aice leat?

**Tasc éisteachta:**  
buntáiste an  
dátheangachais;  
**tasc scríofa:** an  
teideal a aistriú.

## Sleamhnán 04

### Buntáiste an dátheangachais Éisteacht 2

Déan féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na habairtí seo:

- If children are exposed to 2 languages before their 1<sup>st</sup> birthday, this has unanticipated benefits.
- They are better able to unlearn a rule they have learned.
- If I show you the word 'red', except it's written in green ink, you have to resist the impulse to say red and say it's in green ink.
- Children who know two languages are better at what is known as 'Theory of Mind'.
- Being able to understand what's on another person's mind.
- Dementia is delayed by an average of about 4 years in people who are bilingual compared with people who do not speak a second language.

**Obair bheirte:**  
aistriúchán  
ó Bhéarla  
go Gaeilge  
ar abairtí  
dúshlánacha.

## Sleamhnán 05

### Buntáiste an dátheangachais Iarphlé

An féidir leat féin agus an duine in aice leat cur síos simplí a thabhairt as Gaeilge ar an méid a dúirt an fear san fhíseán?

Scríobh amach na príomhphointí ón mír in abairtí simplí, soiléire.

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil tú féin dátheangach? Nó ilteangach?
2. An bhfuil tú ag foghlaim teanga eile ar an scoil? Cad í an teanga sin?
3. An gceapann tú go mbeifeá féin go maith ag an tasc Stroop? Agus, cad faoi 'Teoiric na hintinne'?
4. Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith dátheangach i do shaol féin?

**Obair bheirte,**  
**tasc scríofa:**  
achomre ar an  
mír éisteachta;  
**feasacht**  
**chultúrtha,**  
**féinfhasacht:**  
dátheangachas  
i saol na ndaltaí  
féin.

# 3F Mise agus an Ghaeilge: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spríocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – a dtaithe féin ar a bheith dátheangach
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil bean ón nGaeltacht ag cur síos ar an taithe a bhí aici agus í ag fás aníos mar dhuine dátheangach. Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

Moltar an ghníomhaíocht ‘An aimsir ghnáthchaite’ ón rannóg **Fócas ar Theanga** a úsáid leis na ceachtanna seo má shíleann tú go bhfuil sí oiriúnach do do ghrúpa daltaí.



### Réamhobair 1

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceistanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile. Más fearr leat, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceistanna nó abair leis na daltaí alt nó dhó a scríobh do gach ceist ina gcóipleabhair le plé leis an rang ar fad ansin.
- ✓ Pléigh na ceistanna mar rang iomlán ansin.



### Éisteacht

- ✓ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh orthu éisteacht le bean a tógadh i gCorca Dhuibhne ag caint ar a bheith dátheangach. Abair leo éisteacht go géar mar go mbeidh orthu pointí a bhreacadh síos i gceann tamaill.



### Iarphlé 1

- ✓ Abair leis na daltaí scaoileadh faoi chuid A ar an sleamhnán seo. Tabhair cúpla nóiméad dóibh a gcuid pointí féin a bhreacadh síos agus ansin lig dóibh casadh go dtí an duine in aice leo chun a bpointí a chur i gcomparáid.
- ✓ Fiafraigh den rang an bhfuil an focal Muimhneach ar ‘brionglóid’ ar eolas acu. Tabhair an freagra dóibh: taibhreamh.



### Iarphlé 2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun smaoineamh ar abairtí a léireodh brí na bhfrásaí/bhfocal ar an sleamhnán seo.
- ✓ Cuir cuid de na habairtí a bheidh acu ar an gclár.



### Iarphlé 3

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí na ceistanna seo a phlé i ngrúpaí de bheirt nó triúr. Déan iarracht plé ranga a chothú faoi chuid de na ceistanna.

## 3F: Mise agus an Ghaeilge

### Sleamhnán 01

#### Mise agus an Ghaeilge Réamhobair 1

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Conas a chuirfeá síos ort féin mar chainteoir Gaeilge – (i) cainteoir líofa amach is amach/cainteoir dúchais; (ii) cainteoir maith Gaeilge; (iii) cainteoir réasúnta Gaeilge?
2. Cé leis nó cén áit a labhraíonn tú Gaeilge, de ghnáth (le do thuismitheoirí, deartháireacha nó deirfiúracha, le cairde áirithe, le múinteoirí amháin, sa scoil amháin, le gaolta nó le daoine áirithe sa phobal srl.)?
3. An mbíonn rudaí áirithe níos fusa duit le déanamh/le plé leo i dteanga amháin seachas i dteanga eile (Gaeilge nó Béarla)? Mar shampla, ag caint le daoine an aois chéanna leat, leabhair a léamh, obair scoile a dhéanamh srl?
4. An mbraitheann tú riamh náire má bhíonn tú ag caint as Gaeilge, mar shampla os comhair cairde áirithe nó istigh i mbaile mór nó áit éigin mar sin?
5. An dóigh leatsa go bhfuil aon bhuntáiste sa saol agat toisc gur cainteoir Gaeilge tú? Cad é?

**Obair ghrúpa**  
nó **plé ranga:**  
ceisteanna le plé.

### Sleamhnán 02

#### Mise agus an Ghaeilge Éisteacht

“She speaks Irish!”

Éist le hAilín Ní Chonchúir ag caint ar a taithí saoil mar dhuine dátheangach a tógadh sa Ghaeltacht (4 nóim. 26).



**Tasc éisteachta**

### Sleamhnán 03

#### Mise agus an Ghaeilge Iarphlé 1

A:

Breac síos na pointí is mó ar chuir tú spéis iontu a rinne Ailín san agallamh. Ansin, cuir do phointí i gcomparáid leis na pointí a bhí ag an duine in aice leat.

B:

Bhí focal Muimhneach ag Ailín ar bhrionglóid. An cuimhin leat cad ba ea é?

**Obair aonair:**  
nótaí a bhreacadh faoin mír éisteachta; **obair bheirte:** pointí a chur i gcomparáid lena chéile; **stór focal:** brionglóid vs taibhreamh

### Sleamhnán 04

#### Mise agus an Ghaeilge Iarphlé 2

Cuir na frásaí seo ón agallamh in abairtí chun a mbrí a léiriú.

1. De réir dealraimh
2. Is amhlaidh
3. B’ait liom...
4. Ba dhóigh leat
5. Ar bharr mo theanga
6. Faoiseamh
7. Gaeilge ó dhúchas

**Obair bheirte, saibhriú teanga, tasc scríofa:** focail a chur in abairtí.

### Sleamhnán 05

#### Mise agus an Ghaeilge Iarphlé 3

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén teanga a bhí agatsa ar dtús – Gaeilge nó Béarla (nó teanga éigin eile)?
2. An cuimhin leat an t-am nuair nár thuig tú an dara teanga a d’fhoghlaim tú?
3. Cad is mó a labhraíodh tú sa bhunscoil?
4. An bhfuil daoine áirithe i do shaol nach labhraíonn tú **ach** Gaeilge leo? Cé hiad?
5. Dúirt Ailín gur ‘rud an-nádúrtha ar fad an dátheangachas agus go bhfuil formhór mór de dhaonra an domhain dátheangach.’ An gcuireann sé sin iontas ort?
6. Chuir an dearcadh nó an t-aineolas a bhí ag daoine nach raibh aon taithí acu ar an nGaeilge agus ar an dátheangachas iontas ar Ailín. An raibh an taithí sin riamh agatsa? Déan cur síos air.

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé; **plé ranga:**  
tuairimí a mhalartú.

# 3G Fócas ar Theanga

## (i) An Aimsir Fháistineach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Rialacha na haimsire fáistíní a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Ag staidéar trí Ghaeilge**, Aonad 3 (An Ghaeilge agus an Ghaeltacht). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aimsir fháistineach.

Bí cinnte go bhfuil na rialacha a bhaineann leis na briathra san aimsir láithreach ar eolas ag do rang sula dtosóidh tú ar an aimsir fháistineach.

## Freagraí

### Aimsir Fháistineach

- ✓ Tá **cuir** sa chéad réimniú mar nach bhfuil ach siolla amháin ann.
- ✓ Tá éirigh sa dara réimniú mar go bhfuil níos mó ná siolla amháin ann.
- ✓ Seo na deirí:

An chéad réimniú - caol	An chéad réimniú - leathan	An dara réimniú - caol	An dara réimniú - leathan
-fidh	- faidh	- eoidh	- óidh
-fimid	- faimid	- eoimid	- óimid

Dún	Ceannaigh
Dúnfaidh mé	Ceannóidh mé
Dúnfaidh tú	Ceannóidh tú
Dúnfaidh sé / sí	Ceannóidh sé / sí
Dúnaimid	Ceannóimid
Dúnfaidh sibh	Ceannóidh sibh
Dúnfaidh siad	Ceannóidh siad
An ndúnfaidh sé?	An gceannóidh siad?
Dúnfaidh / ní dhúnfaidh	Ceannóidh / ní cheannóidh

### Aimsir láithreach - ceisteanna

- An ólfaidh tú?
- An gcaithfidh mé?
- An mbaileoidh sibh?
- An imeoidh siad?

\*Féach leathanach 1 – 20 sa leabhar **Cogar Nua**

# 3G: Fócas ar theanga(i) An aimsir fháistineach



## Sleamhnán 01

### An Aimsir Fháistineach

Déan plé leis an duine in aice leat ar na briathra seo thíos atá san aimsir fháistineach. Cad iad na difríochtaí idir na briathra sa dá bhosca? Cén fáth?

<b>Cuir</b> Cuirfidh mé Cuirfidh tú Cuirfidh sé / sí Cuirimid Cuirfidh sibh Cuirfidh siad	<b>Éirigh</b> Éireoidh mé Éireoidh tú Éireoidh sé / sí Éireoidimid Éireoidh sibh Éireoidh siad
---	--

An gcuirfidh sibh Cuirfidh / ní chuirfidh An éireoidh tú? Éireoidh / ní éireoidh

Anois, cuir na deirí céanna i bhfeidhm sna briathra seo agus ná déan dearmad den riail sin 'caol le caol agus leathan an leathan'.

Dún	Ceannaigh

**Gramadach, obair bheirte:** an aimsir fháistineach, an chéad agus dara réimniú.

## Sleamhnán 02

### An Aimsir Fháistineach Ceisteanna

Féach ar an seicliosta thíos chun ceisteanna a chumadh san aimsir fháistineach:

- ✓ Tosaíonn an cheist le 'An'.
- ✓ Cuirtear urú ar an mbriathar 'An dtitfidh?'.
- ✓ Tagann an forainm díreach tar éis an bhriathair 'An dtitfidh tú?'

Cum ceisteanna leis na briathra seo anois:

Ól    Caith    Bailigh    Imigh

**Gramadach:** dul siar ar rialacha don aimsir fháistineach.

## Sleamhnán 03

### An Aimsir Láithreach Freagraí

Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigh ar na briathra mírialta (ceisteanna agus freagraí). Cuirigí ceisteanna ar a chéile ag úsáid na mbriathra thíos, mar shampla:

An ndéarfaidh tú leis teacht anonn?  
Déarfaidh/Ní déarfaidh

**abair** An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/Ní déarfaidh

**beir** An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/Ní bhéarfaidh

**clois** An gcloisfidh tú? Cloisfidh/Ní chloisfidh

**déan** An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/Ní dhéanfaidh

**faigh** An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/Ní bhfaighidh

**feic** An bhfeicfidh tú? Feicfidh /Ní fheicfidh

**ith** An íosfaidh tú? Íosfaidh/Ní íosfaidh

**tabhair** An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh

**tar** An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/Ní thiocfaidh

**téigh** An rachaidh tú? Rachaidh/Ní rachaidh

**bí** An mbeidh tú? Beidh/Ní bheidh

**Gramadach, obair bheirte:** ceisteanna le cur ag baint úsáide as na briathra mírialta san aimsir fháistineach.



## 3G Fócas ar Theanga (ii) An Aimsir Ghnáthchaite: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht
Spriocanna	Rialacha na haimsire ghnáthchaite a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Mise agus an Ghaeilge**, Aonad 3 (An Ghaeilge agus an Ghaeltacht). Moltar, freisin, iad a úsáid le rang a bhfuil cumas ard sa Ghaeilge acu. Seans nach mbeadh an ceacht seo ró-áisiúil do ghrúpa foghlaimeoirí Ultach ón uair gur leagan eile a úsáidtear i gCanúint Uladh seachas an aimsir ghnáthchaite. Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aimsir ghnáthchaite.

## Freagraí

### Aimsir Ghnáthchaite

- ✓ Tá **cuir** sa chéad réimniú mar nach bhfuil ach siolla amháin ann.
- ✓ Tá éirigh sa dara réimniú mar go bhfuil níos mó ná siolla amháin ann.
- ✓ Bíonn séimhiú ar an mbriathar nuair is féidir agus d' ar ghutaí.
- ✓ Seo na deirí:

An chéad réimniú - caol	An chéad réimniú - leathan	An dara réimniú - caol	An dara réimniú - leathan
-inn	-ainn	-ínn	-aínn
-teá	-tá	-íteá	-aíteá
-eadh	-adh	-íodh	-aíodh
-imis	-aimis	-ímis	-aímis
-eadh	-adh	-íodh	-aíodh
-idís	-aidís	-ídís	-aídís

Cas	Tosaigh
Chasainn	Thosaínn
Chastá	Thosaíteá
Chasadh sé / sí	Thosaíodh sé / sí
Chasaimis	Thosaímis
Chasadh sibh	Thosaíodh sibh
Chasaidís	Thosaídís
An gcasadh sé?	An dtosaíodh sé?
Chasadh / ní chasadh	Thosaíodh / ní thosaíodh

## Aimsir ghnáthchaite – samplaí ón script

Níl ach sampla amháin de na briathra sa liosta seo.

1. thosaínn
2. deirinn
3. thagadh na daoine
4. bhídís
5. ní chuimhnímis air
6. labhraíteá
7. an ceann is mó a chuireadh iontas orm
8. bhíodh
9. chasadh sí
10. deireadh sí
11. rud eile ansin a chuireadh iontas orm ná bhíodh daoine ag rá liom
12. nuair nach mbíodh

\*Féach leathanach 74 – 75 sa leabhar **Cogar Nua**

# 3G: Fócas ar theanga (ii) An aimsir ghnáthchaite

## Sleamhnán 01

### An Aimsir Ghnáthchaite

Déan plé leis an duine in aice leat ar na briathra seo thíos atá san aimsir ghnáthchaite. Cad iad na difríochtaí idir na briathra sa dá bhosca? Cén fáth?

<b>Cuir</b> Chuirinn Chuirteá Chuireadh sé / sí Chuirimis Chuireadh sibh Chuiridís	<b>Éirigh</b> D'éirinn D'éiríteá D'éiríodh sé / sí D'éirimis D'éiríodh sibh D'éiridís
An gcuireadh sé? Chuireadh / ní chuireadh	An éiríodh sé? D'éiríodh / ní éiríodh

Anois, cuir na deirí céanna i bhfeidhm sna briathra seo agus ná déan dearmad ar an rial sin 'caol le caol agus leathan le leathan'.

Cas	Tosalph

**Gramadach:**  
an aimsir ghnáthchaite;  
**obair bheirte:**  
an chéad agus dara réimníú a aithint.

## Sleamhnán 02

### An Aimsir Ghnáthchaite

Ceisteanna

Féach ar an seicliosta thíos chun ceisteanna a chumadh san aimsir ghnáthchaite:

- ✓ Tosaíonn an cheist le 'An'.
- ✓ Cuirtear urú ar an mbriathar e.g. 'An dtéiteá?'.
- ✓ Bíonn cuid de na forainmneacha táite i.e. mar chuid den bhriathar m.sh. théinn (mé); théiteá (tú); théimis (muid); théidís (siad).

Cum ceisteanna leis na briathra seo anois:

Ól      Caith      Bailigh      Imigh

**Gramadach:** dul siar ar rialacha gramadaí don aimsir ghnáthchaite.

## Sleamhnán 03

### An Aimsir Ghnáthchaite

Aimsigh samplaí

Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar an script ón gceacht 'Mise agus an Ghaeilge' agus cuirigí líne faoi gach sampla den Aimsir Ghnáthchaite a fheiceann sibh ann.

**Gramadach,**  
**obair bheirte:**  
briathra san aimsir ghnáthchaite a mharcáil i dtéacs.

## Sleamhnán 04

### An Aimsir Ghnáthchaite

Aimsigh samplaí

Deir mo thuismitheoirí liom go raibh Gaeilge agam sula raibh Béarla agam ach caithfidh mé a rá nach bhfuil aon chuimhne agamsa ar an am agus n'fheadar cathain a d'fhoghlaimis an Béarla agus ní cuimhin liom, is dócha, gan Béarla a bheith agam. Deir siad scéal amháin liom mar gheall ar leabhar beag pictiúir a ceanníodh dom nuair a bhíos beag agus de réir deairimh, thosain ag tús an leabhair agus deirinn "A is for úil and F is for fusc and D is for madra." Bhí nudaí eile mar a chéile, gan dabht, cosúil le "G is for geata."

Ach cosúil le gach aon leanbh eile dátheangach d'éirigh liom, is dócha, an dá theanga a thabhairt liom gan aon fhadhb in aon chor. Is cuimhin liom áfach go raibh tigh ósta againn nó B&B nuair a bhíos beag agus thagadh na daoine ag fanacht sa tigh agus bhíodís sin ag labhairt Béarla liom. Deir mo dheirfúr liom gur cuimhin léi sin uair éigin go raibh na daoine... na cuairteoirí ag labhairt léi sa Béarla agus cé go raibh sí abalta iad a thuiscint go raibh náire uirthi iad a fhreagairt thar n-ais sa Béarla mar gur bhráthar sí an Béarla garbh ina scornach, mar a deir sí. Nuair a chumar 'on bhunscoil ansin, Gaeilge ar fad a bhí sa bhunscoil ag am an am agus déarfainn nár thosaíomar ag meascadh na dteangacha go dtí go rabhamar b'fhéidir i rang a trí nó rang a ceathair. Gaeilge ar fad a labhraíomar lena chéile. Ní chuimhnimis air agus mar sin a bhí - labhraíteá. Gaeilge le daoine áirithe agus Béarla le daoine eile agus mar sin a bhí an saol agus ní dheineamar aon míchomhábairt in aon chor mar gheall air. Nuair a chuas 'on mhéanscoil ansin bhí... labhras Gaeilge le cairde áirithe, labhras Béarla le cairde eile agus díreach mar sin a bhí agus arís ní chuimhníomar mórán mar gheall air. Ach is cuimhin liom... is amhlaidh nuair a thosaíos sa cholaiste nuair a bhíos seacht mbliana déag d'aois, b'áin an chéad uair riamh a chonac mé féin trí shúile dhaoinne eile mar dhuine dátheangach. Agus is cuimhin liom go mór mór an t-iontas a bhíodh ar dhaoinne an t-aois céanna liom féin go raibh dhá theanga agam. Bhíodís ag cur ceisteanna orm nár chuir aon duine riamh orm go dtí sin i mo shaol.

**Gramadach,**  
**obair bheirte:**  
briathra san aimsir ghnáthchaite a mharcáil i dtéacs.

## Sleamhnán 05

### An Aimsir Ghnáthchaite

Aimsigh samplaí

Rudal ar nós, "Conas go bhfuil dhá theanga agat?", "Conas a roinneann tú an dá theanga i d'aigne?", "An raibh an Béarla deacair duit ar scoil?", "Conas a fhoghlaimíonn tú rudal i nGaeilge?", "An bhfuil sé ana-dheacair, mar shampla, Stair a fhoghlaim trí Ghaeilge?" Agus b'ait liom na ceisteanna seo mar bhíos ag cuimhneamh, mar shampla, má tá duine éigin ag maireachtaint sa bhFrainc, nár dhóigh liom go mbeadh an Stair deacair don duine sin le foghlaim trí Fraincis. Bhíodís ag cur ceisteanna orm chomh maith, cén teanga a bhíonn i mo chuid talbhreamh. Agus arís, b'ait liom an cheist sin agus an freagra a bhíodh agam air sin ná gur pictiúir a bhíonn i mo chuid talbhreamh de ghnáth agus muna mbíonn pictiúir ann agus má bhíonn daoine ag labhairt, labhraíonn na daoine sin pé teanga a bhíonn acu sa ghnáthshaol. An ceann is mó a chuireadh iontas orm ná cara a bhí agam ó lár na tíre agus nuair a bhíodh cósirí ar slú sa cholaiste agus nuair a bhíodh daoine ag rá amháin nó ag déanamh síamsaíocht éigin is dócha, chasadh sí chugamsa agus deireadh sí "Say something in Irish." Agus ba dhóigh leat gur saghas cleas éigin a bhí á dhéanamh agam. Agus uair eile chomh maith, cuireadh in aithne mé mar "This is Allin, she speaks Irish" agus éis é an rud a dúradh chun mé a chur in aithne. Rud eile ansin a chuireadh iontas orm ná bhíodh daoine ag rá liom - ó tá Gaeilge agatsa, an bhfuil Gaeilge agat ar kwi nó an bhfuil Gaeilge agat ar Cornfokes agus rudal eile ar mar. Agus bhíodh saghas díomá nó iontas orthu nuair nach mbíodh an téarma Gaeilge ar bharr mo theanga agam. Is cuimhin liom daoine ag rá liom bhuel tá Gaeilge ó dhúchas agatsa, cad ina theocht nach mbeadh focail agat ar théarmaí éigin a bhaineann le heolaíocht nó dlí nó leigheas agus rudal mar sin agus ní raibh freagra na ceiste agam. Agus bílanta ina dhiaidh sin thosaíos ag léamh rudal mar gheall ar an dátheangachas agus thugéas gur rud ana-náidúrtha ar fad an dátheangachas, go bhfuil formór mór de dhaoina an domhain dátheangach agus nach bhfuil aon ní neamhghnách in aon chor mar gheall air.

**Gramadach,**  
**obair bheirte:**  
briathra san aimsir ghnáthchaite a mharcáil i dtéacs.

## Sleamhnán 06

### An Aimsir Ghnáthchaite

Aimsigh samplaí

Agus thugéas chomh maith, gurb amhlaidh, go minic, go m'fhéidir go mbeiféid ana-íofa ag labhairt faoi rudal áirithe ach go bhfuil sé ana-náidúrtha agus ana-chomórta go m'fhéidir nach mbeadh focail agat a bhaineann le rudal eile. So b'fhéidir go mbeiféid ana-íofa nuair atá tú ag labhairt le do chlann, le do theaghlach agus le do chairde agus le do chomharsana ach go m'fhéidir nach mbeadh na focail agat ar rudal a bhaineann leis na réiltíní thuas sa spéir nó focail a bhaineann le leigheas agus eolaíocht agus rudal mar sin agus gur rud ana-chomórta agus ana-chloittanta é sin. Agus saghas faoiseamh a bhí ann dom é sin a fhoghlaim.

**Gramadach,**  
**obair bheirte:**  
briathra san aimsir ghnáthchaite a mharcáil i dtéacs.

## 3G Fócas ar Theanga (iii) Comhfhocail: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Na patrúin a bhaineann le comhfhocail a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Mise agus an Ghaeilge**, Aonad 3 (An Ghaeilge agus an Ghaeltacht).

### Freagraí

1. Comh + brón: comhbhrón (commiserations / sympathies)
2. Máthair + teanga: máthairtheanga (mother tongue)
3. Geal + gáireach: gealgháireach (cheerful)
4. Ríomh + post: ríomhphost (email)
5. Aois + grúpa: aoisghrúpa (age group)
6. Mí + tuiscint: míthuiscint (misunderstanding)
7. Gnáth + caite: gnáthchaite (past habitual tense)
8. Gnáth + saol: gnáthshaol (normal life)
9. Dá + teangach: dátheangach (bilingual)
10. Tré + dearcach: trédhearcach (transparent)

### 3G: Fócas ar theanga iii. Comhfhocail

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>Comhfhocail</b></p> <p><u>An séimhiú mar 'ghliú'</u></p> <p>Nuair a nasctar dhá fhocal le chéile sa Ghaeilge chun focal nua a dhéanamh, go minic bíonn séimhiú ag teastáil chun iad a 'cheangal' dá chéile.</p> <p>Mar shampla:</p> <p>Comh + focail:    comh<u>h</u>ocail  Sean + máthair:   sean<u>m</u>háthair  Oll + margadh:    oll<u>m</u>hargadh</p>	<p><b>Gramadach:</b> comhfhocail</p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>Comhfhocail</b> <span style="float: right;">Cleachtadh</span></p> <p>Nasc na focail seo le chéile chun focal nua a chruthú agus abair cad is brí leis na focail a bheidh cumtha agat.</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Comh + brón: _____</li> <li>2. Máthair + teanga: _____</li> <li>3. Geal + gáireach: _____</li> <li>4. Ríomh + post: _____</li> <li>5. Aois + grúpa: _____</li> <li>6. Mí + tuiscint: _____</li> <li>7. Gnáth + caite: _____</li> <li>8. Gnáth + saol: _____</li> <li>9. Dá + teangach: _____</li> <li>10. Tré + dearcach: _____</li> </ol>	<p><b>Gramadach:</b> comhfhocail; <b>obair bheirte:</b> comhfhocail le cumadh.</p>
<p><b>Sleamhnán 03</b></p> <p><b>Comhfhocail</b></p> <p>Ná déan dearmad nach féidir séimhiú a chur ar litreacha áirithe – l, n, r – ná ar ghutaí - agus sin an fáth nach bhfuil séimhiú in úsáid sna comhfhocail seo:</p> <p>Cóipleabhar (cóip + leabhar)  Comhréir (comh + réir)  Comhnascadh (comh + nascadh)  Gariníon (gar + iníon)</p>	<p><b>Gramadach:</b> comhfhocail, dul siar ar rialacha.</p>	<p><b>Sleamhnán 04</b></p> <p><b>Comhfhocail</b></p> <p>Tá cúis amháin eile ann nach mbeadh séimhiú á úsáid mar 'ghliú' idir focail agus an chúis sin ná na 'dentals'.</p> <p>Is éard atá i gceist leis na 'dentals' ná na litreacha:</p> <p style="text-align: center;"><b>d, n, t, l, s</b></p> <p>An rial ná – má chríochnaíonn focal amháin le <i>dental</i> agus má thosaíonn an chéad fhocal eile le <i>dental</i> ní féidir séimhiú a chur ar an dara ceann!</p> <p>Aimsigh na dentals sna comhfhocail seo:</p> <p>–Ardteist  –Mionteanga  –Indíreach  –Seanduine  –Ilteangach</p> <p>An féidir leat smaoineamh ar shamplaí eile?</p>	<p><b>Gramadach:</b> comhfhocail, rialacha a bhaineann le d,n,t,l,s.</p>
<p><b>Sleamhnán 05</b></p> <p><b>Comhfhocail</b></p> <p>Bí cúramach...</p> <p>Nuair a chloiseann daoine an riail faoi na <i>dentals</i> den chéad uair ceapann siad gurb í an riail ná nach féidir séimhiú a chur ar na litreacha 'd, n, t, l, s'.</p> <p>Ach ní hí sin an riail!</p> <p>An riail ná:</p> <p>"Má tá <u>dhá cheann de na litreacha d, n, t, l, s, díreach i ndiaidh a chéile</u>, ní féidir séimhiú a chur ar an dara ceann."</p> <p>e.g. <u>Ardteist</u></p>	<p><b>Gramadach:</b> comhfhocail, soiléiriú ar riail na dentals.</p>		

# Caibidil 4: An Chumarsáid

- A. Ag scimeáil ar líne
- B. An bhlagáil
- C. Brú Sóisialta
- D. Cad is cumarsáid ann?
- E. Teiceolaíocht agus foghlaim
- F. Teicneolaíocht agus spórt
- G. Mo theaghlach
- H. Fócas ar Theanga:
  - i. An tuiseal tabharthach
  - ii. Na réamhfhocail shimplí



## 4A Ag scimeáil ar líne: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an t-idirlíon agus códmheascadh sa Ghaeltacht
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne ag labhairt ar an úsáid a bhaineann sé as an idirlíon. Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Is minic an focal 'idirlíon' litrithe mícheart ag daltaí. Abair leo an litriú ceart a thabhairt faoi deara ar an sleamhnán seo.
- ✓ Cuir ag obair ar cheisteanna 1 agus 2 iad ansin agus cuir na samplaí a bheidh acu ar an gclár - ceartaithe, más gá.



### Réamhobair 2

- ✓ Léigh cuid A leis an rang ar fad agus faigh a gcuid tuairimí uathu faoi chuid B. Mínigh dóibh go gcailltear an 't' nuair a bhíonn an focal sa tuiseal tabharthach.
- ✓ Lig dóibh féin smaoineamh ar cad iad na rudaí a chuireann ainmfhocal sa tuiseal tabharthach (aon réamhfhocal simplí a bhfuil an t-alt ina dhiaidh – ar an; as an; ag an; roimh an; leis an; faoin; ón; thar an agus araile).



### Réamhobair 3

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun an cleachtadh seo a dhéanamh.
- ✓ Ceartaigh cuid de na habairtí a bheidh acu.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh cuid acu leis an rang ar fad ansin.



## Iarphlé 2

- ✓ Cuir na foghlaimoirí ag obair ar cheist 1. Tabhair leaganacha malartacha dóibh ar ‘ag faire’ más gá, mar shampla *ag féachaint, ag breathnú, ag amharc*. Mínigh dóibh go bhfuil cúpla úsáid ag an bhfocal ‘faire’ e.g. a bheith ag féachaint go cúramach ar rud éigin “Táim do do fhaire”!; fear faire - watchman; *surveillance* nó ag féachaint go rialta ar rud éigin. Úsáidtear an focal *faire* ó thuaidh le haghaidh tórramh i.e. bítear *ag faire* an choirp.
- ✓ Lig dóibh leaganacha malartacha de ‘na héinne’ a chur ar fáil duit (gach duine, achan duine).
- ✓ Tabhair seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar cheist 3 agus éist leis na tuairimí a bheidh acu. B’fhéidir go mbeadh an cheist seo deacair do dhaltáí Gaelscoile mar nach mbeadh an feiniméan sin i gceist sa phobal gaelscoile.



## Iarphlé 3

- ✓ Tá an sleamhnán seo an-oiriúnach do dhaltáí Gaeltachta agus seans go mbeadh tairbhe le baint ag daltaí Gaelscoile as chomh maith. Tabhair seans do na daltaí an píosa a léamh agus mínigh aon rud nach dtuigeann siad dóibh.



## Iarphlé 4

- ✓ Déan iarracht plé ranga a bhunú timpeall ar na ceistanna seo.
- ✓ Cuir samplaí de na saghsanna focal is mó a úsáideann siad as Béarla ar an gclár agus pléigh iad.
- ✓ Is fiú a chur ar a súile do dhaltáí Gaeltachta nach mbíonn an fhadhb chéanna ag daltaí Gaelscoile na leaganacha Gaeilge d’fhocail a úsáid go nádúrtha.
- ✓ Abair leo go mbeidh dhá thasc acu le déanamh i rith na seachtaine. Féadfaidh siad tasc 1 a dhéanamh an lá sin agus é a phlé sa chéad rang eile.
- ✓ Féadfaidh siad tasc 2 a dhéanamh thar thréimhse seachtaine agus b’fhiú cuimhneamh ar theacht ar ais chuige an tseachtain dar gcionn chun féachaint conas a d’éirigh leo.
- ✓ Is fiú feasacht na ndaltaí a ardú timpeall ar an méid Béarla a úsáideann siad ina gcuid cainte agus spreagadh a thabhairt dóibh an líon focal Béarla a laghdú. Déan iarracht plé a chur ar bun ar na cúiseanna a bhfuil sé sin tábhachtach.



## Iarphlé 5

- ✓ Mínigh a bhfuil ar an sleamhnán seo do na daltaí agus abair leo an litriú ceart de na foirmeacha éagsúla a fhoghlaim de ghlanmheabhair.



## 4A: Ag scimeáil ar líne

### Sleamhnán 01

#### Ag scimeáil ar líne

Réamhobair 1

Féach ar an bhfocal seo thíos agus tabhair faoi deara an litriú:

#### an t-idirlíon

Le tabhairt faoi deara:

- (a) Tá t- roimhe mar go bhfuil an focal fhirinsneach agus  
(b) tá sé leathan ag an deireadh.

1. Scríobh síos 5 shampla eile d'fhocail fhirinsneacha a thosaíonn le guta (i.e. focail a mbíonn an t- rompu).
2. Scríobh síos 5 shampla d'fhocail bhaininsneacha a thosaíonn le guta (i.e. focail nach mbíonn an t- rompu)

**Feasacht teanga:** litriú an fhocail “an t-idirlíon”; **obair aonair, gramadach:** ainmfhocail fhirinsneacha agus bhaininsneacha.

### Sleamhnán 02

#### Ag scimeáil ar líne

Réamhobair 2

A: Féach ar an abairt seo thíos. Cad a thugann tú faoi deara?

“Caithim a lán ama ar an idirlíon.”



B: Cén fáth a bhfuil an t- ar iarraidh anois?

C: Déan liosta de na rudaí eile a bhfuil an éifeacht chéanna acu le ‘ar an’ (mar shampla: leis an).

**Obair ranga,feasacht teanga:** gramadach, an tuiséal tabharthach, ceisteanna le freagairt.

### Sleamhnán 03

#### Ag scimeáil ar líne

Réamhobair 3

Cum abairtí ina mbeidh na focail seo sa tuiséal tabharthach.

1. an t-éan: \_\_\_\_\_
2. an iris: \_\_\_\_\_
3. an oifig: \_\_\_\_\_
4. an oscarilt: \_\_\_\_\_
5. an t-uafás: \_\_\_\_\_
6. an t-ocras: \_\_\_\_\_
7. an t-oráiste: \_\_\_\_\_
8. an iomhá: \_\_\_\_\_
9. an earráid: \_\_\_\_\_
10. an t-eagarthóir: \_\_\_\_\_

**Obair bheirte:** gramadach, an tuiséal tabharthach.

### Sleamhnán 04

#### Ag scimeáil ar líne

Éisteacht

Éist le hÉanna Ó Conchúir ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne ag caint ar a shaol ar líne agus freagair na ceisteanna seo.



1. Cé acu is fearr le hÉanna – a bheith ag féachaint ar an teilifís nó a bheith ag scimeáil ar an idirlíon?
2. Cad air a bhíonn sé ag féachaint ar líne?
3. Cén úsáid a bhaineann sé as Facebook?
4. Cé hiad na daoine a leanann sé ar Twitter?
5. Cad iad na difríochtaí idir Facebook agus Twitter, dar leis?



**Obair aonair,tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

### Sleamhnán 05

#### Ag scimeáil ar líne

Iarphlé 1

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An gcaitheann tusa mórán ama ar an idirlíon?
2. Cad iad na suíomhanna idirlín is fearr leat? Cén fáth na cinn sin?
3. Nuair a bhíonn tú ar YouTube cad iad na saghsanna físeán a bhféachann tú orthu?
4. An bhfuil rud ar bith uaslódáilte agat féin ar YouTube nó ar shuíomh dá leithéid (e.g. físeán duit féin ag canadh / ag seinm ceoil agus araile)?
5. Cad iad na suíomhanna is úsáidí duit chun cabhrú leis an obair bhaile / staidéar?
6. An bhfuil cuntas Facebook agus Twitter agat? Cé acu is fearr, dar leat? Cén fáth?
7. An bhfuil tú ‘cairdiúil’ le do thuismitheoirí ar Facebook? Cén fáth?
8. An gcuirtear teorainn leis an méid ama a bhfuil cead agat a bheith ar líne sa bhaile?

**Obair bheirte:** ceisteanna le plé; plé ranga: tuairimí le malartú.

### Sleamhnán 06

#### Ag scimeáil ar líne

Iarphlé 2

#### Abair ar shlí eile é!

1. Dúirt Éanna go mbíonn sé ‘ag faire’ ar na haon saghas rud’. Cad is brí le ‘ag faire’? An bhfuil aon úsáid eile nó aon mhíniú eile ag an bhfrása sin sa Ghaeilge?
2. Dúirt Éanna ‘níl na héinne air’. Breac síos cúpla slí eile chun ‘na héinne’ a rá.
3. D’úsáid Éanna an focal Béarla ‘videos’ seachas ‘físeáin’. Cén fáth é sin, dar leat? Cén fáth a mbíonn leisce ar mhuintir na Gaeltachta úsáid a bhaint as na leaganacha Gaeilge, uaireanta?

**Feasacht teanga:** “ag faire”, “na héinne”, “videos”; **plé ranga:** na freagraí le plé.

## Sleamhnán 07

### Ag scimeáil ar líne

Iarphlé 3

#### Códmheascadh sa Ghaeltacht

Ciallaíonn *códmheascadh* an nós a bhíonn ag daoine dátheangacha focail ón dá theanga a mheascadh agus iad ag caint le daoine dátheangacha eile. Is rud nádúrtha agus comónta é seachas nuair a bhíonn ceann de na teangacha an-mhór faoi bhrú. Nuair a tharlaíonn an iomarca códmheascadh i measc cainteoirí mionteanga atá faoi bhrú is comhartha é go bhfuil an teanga sin i dtíoblaíod.

Léigh an píosa gearr seo thíos ó dhuine Gaeltachta sna tríochaidí agus pléigh na ceisteanna atá bunaithe air ar an gcéad sleamhnán eile.

"Nuair a bhí mise ag fás aníos sa Ghaeltacht bhíodh focail áirithe ann a deirimis i gcónaí as Béarla, focail ar nós 'radiator', 'fridge', 'bicycle', rudaí mar sin. Ach an uair sin, bhí an Ghaeilge níos láidre sa cheantar ná mar atá anois. Sa lá atá inniu ann, úsáideann daoine (mé féin san áireamh) i bhfad níos mó Béarla ina gcuid cainte mar go bhfuil an Ghaeilge faoi i bhfad níos mó brú ná mar a bhíodh. Sin é an fáth anois, go gcreidim gur cheart dúinn níos mó iarrachta a dhéanamh na focail Ghaeilge atá againn a úsáid fiú amháin má tá sé mi-nádúrtha dúinn é sin a dhéanamh. Téann tú i dtíoblaí ar rud. Nuair a bhí mé ag obair in oifig Ghaeilge i mBaile Átha Cliath, d'úsáidinn na focail 'ardaitheoir' agus 'íoslach' go laethúil, gan smaoinemh air. Ach ní úsáidfinn na focail sin sa bhaile sa Ghaeltacht! Bhuel, is dócha nach bhfuil aon ardaitheoir nó aon íoslach againn sa bhaile, ach tuigeannt tú cad atá i gceist againn. Má thosaíonn tú ag úsáid focal Gaeilge agus má úsáideann tú gach lá iad, éireoidh sé nádúrtha duit."

**Obair aonair/  
bheirte, tasc  
léitheoireachta;  
feasacht  
teanga:  
códmheascadh.**

## Sleamhnán 08

### Ag scimeáil ar líne

Iarphlé 4

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An aontaíonn tusa gur cheart dúinn iarracht níos mó a dhéanamh an leagan Gaeilge ar fhocail a úsáid nuair is féidir linn? Cén fáth?
2. Cad iad na gnáthfhocail laethúla a úsáideann tusa as Béarla cé go bhfuil an leagan Gaeilge ar eolas agat (e.g. cuid de na seomraí sa teach, uimhreacha, rudaí teicniúla etc.)?
3. **TASC:** Tabhair faoi deara, i rith an lae inniu, an méid uaireanta a úsáideann tú 'just', 'I'd say', 'I don't know', 'really', 'actually' agus aon fhocail bheaga eile Bhéarla dá leithéid in aon chomhrá amháin.
4. **TASC:** Roghnaigh cúpla focal laethúil an tseachtain seo agus ná húsáid ach an leagan Gaeilge de na focail sin ar feadh seachtain iomlán (e.g. Tá sé sa tseomra folctha vs. Tá sé sa *bathroom*). Tabhair tuairisc sa rang an tseachtain seo chugainn – an raibh sé deacair é a dhéanamh?

D'fhéadfadh sé a bheith deacair duit níos nua teanga a bhunú, go háirithe má tá na daoine eile sa chlann ag úsáid an leagan Béarla – tabhair dea-shampla dóibh agus abair leo an rud céanna a dhéanamh!

**Plé ranga:  
ceisteanna  
le plé;  
féinfheasacht:  
Béarla sa  
chaint.**

## Sleamhnán 09

### Ag scimeáil ar líne

Iarphlé 5

#### Mar fhocal scoir...

Tabhair faoi deara an tuiséal ginideach atá ag an bhfocal 'idirlíon'...

Suíomh idirlín (a website)

Tá an 'o' imithe.

Seo iad na leaganacha ar fad den bhfocal 'idirlíon':

an t-idirlíon	(tuiséal ainmneach)
ar an idirlíon	(tuiséal tabharthach)
suíomh idirlín	(tuiséal ginideach)

**Feasacht  
teanga: litriú  
an fhocail "an  
t-idirlíon" i  
ngach tuiséal.**

## 4B An Bhlagáil: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an bhlagáil
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar chur síos ón suíomh idirlín [www.leabharthaléite.edublogs.org](http://www.leabharthaléite.edublogs.org) ar scéim bhlagála do dhaltáí Gaeltachta a bhuaigh an Séala Eorpach Teanga in 2012.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh ar shaghsanna éagsúla blaganna ar spéis leo féin. Abair leo an ghníomhaíocht a dhéanamh iad féin agus ansin pléigh mar rang iomlán na saghsanna blaganna a bhí ag daltaí éagsúla ag uimhir 1 agus uimhir 10, mar shampla.
- ✓ Déan iarracht plé gairid ranga a chothú ar bhlaganna maithe a bhfuil spéis ag na daltaí iontu.



### Réamhobair 2

- ✓ Tá na habairtí atá le haistriú ag na daltaí deacair go leor ach tá na briathra cuí curtha ar fáil. Cinntigh go mbeidh gach beirt ag obair le chéile chun é a dhéanamh níos éasca dóibh.
- ✓ Ceartaigh na habairtí leis an rang ar fad ansin agus abair leo faire amach dóibh agus iad ag léamh an ailt atá ar fáil ar an gcéad dá shleamhnán eile.



### Léamh

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna, más féidir, agus abair leo sealanna a thógáil ag léamh os ard le chéile. Cuidíonn sé seo leo teacht isteach ar fhuaimneanna na Gaeilge chomh maith.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo más gá.
- ✓ Pléigh aon stór focal / nathanna cainte deacra leo ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh cuid acu leis an rang ar fad ansin.



### Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad. An aidhm atá leis ná na daltaí a chur ag machnamh ar conas mar a chumtar focail nua sa Ghaeilge agus chomh maith leis sin, iad a chur ar an eolas maidir le cá mbeadh teacht acu ar leaganacha nua-chumtha sa teanga.

- ✓ Tar éis duit am a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna, pléigh brí na bhfocal Béarla leo ar dtús (féach Freagraí thíos).
- ✓ Pléigh ceist 2 agus 3 leo ansin. Mínigh dóibh gur féidir leo seiceáil ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) an bhfuil téarma ar leith Gaeilge ann cheana féin (níl blogosphere ná lurker ann ach tá avatar, troll, moderator agus forum ann).
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann na daltaí go bhfuil a leithéid de rud ann agus an Coiste Téarmaíochta agus gur féidir le duine ar bith iarratas a chur chuig an gCoiste ag lorg téarma nua Gaeilge. Thíos ag bun an tsuímh [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie), is féidir brú ar an nasc ‘Seol iarratas chuig an gCoiste Téarmaíochta’ agus ceist a chur orthu i ríomhphost. De ghnáth, bíonn an Coiste breá tapa ag cur freagra ar ais. D’fhéadfaidís é sin a dhéanamh mar chuid den obair ranga agus fáil amach an bhfuil leagan Gaeilge ar ‘internet lurker’; ‘blogosphere’ agus araile ann (ní dócha go bhfuil faoi láthair mar is leaganacha logánta cainte iad sin seachas téarmaí oifigiúla ach b’fhéidir go bpléifeadh baill an Choiste iad).
- ✓ D’fhéadfaidís ceist 4 ar an sleamhnán a dhéanamh mar obair bhaile agus na leaganacha a bheadh acu féin a phlé sa chéad rang eile.



### Iarphlé 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus cuir gach beirt ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé. Éist leis na tuairimí a bheidh acu ach ní gá duit na freagraí a chur ar fáil don rang mar go bhfuil siad ar an gcéad sleamhnán eile.



### Iarphlé 4

- ✓ Léigh an t-alt atá ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus mínigh aon stór focal nach mbeidh ar eolas ag na daltaí.
- ✓ Abair le gach beirt tabhairt faoi na ceisteanna ag an mbun a phlé agus ansin éist leis na tuairimí a bheidh acu. Nó pléigh iad mar rang iomlán.

## Freagraí

### Iarphlé 2

Blogosphere:	Na blaganna ar fad ar an idirlíon mar ghrúpa iomlán / domhan na mblaganna. Úsáidtear leagan Gaeilge den téarma seo ar an mblag Gaeilge ‘Grá faoi Ghruaim’ ( <a href="http://www.nuaaois.blogspot.ie">www.nuaaois.blogspot.ie</a> ) – an bhlaglann
Troll:	Duine a fhágann tuairimí ar bhlaganna agus ar fhórait díreach ar mhaithe leis an bplé a chur ar strae agus cur isteach ar dhaoine.
Lurker:	Duine a léann blaganna agus tuairimí ‘faoín líne’ agus nach nglacann páirt sa phlé iad féin.
Avatar:	Íomhá a úsáideann daoine mar shiombail orthu féin ar líne.
Moderator:	An duine atá freagrach as an bplé ar fhóram ar leith agus a chinntíonn go bhfuil an méid a deirtear inghlactha de réir rialacha an fhórait sin.
Forum:	Spás ar an idirlíon le plé a dhéanamh ar thopaic ar leith. Bíonn sé idirghníomhach agus bíonn freagraí le fáil ar cheisteanna a bhaineann le gach topaic ar leith.

## 4B: An bhlagáil

### Sleamhnán 01

#### An bhlagáil

Réamhobair 1

Cuir na saghsanna blaganna seo thíos in ord de réir an méid spéise a bheadh agat féin iontu. Tabhair uimhir 1 don saghas blag is mó a mbeadh spéis agat ann agus lean ort síos go dtí uimhir 10:

1. Blaganna bia (e.g. pastryaffair.com; wisewords.ie)
2. Blaganna faisín (e.g. guardian.co.uk/fashion/fashion-blog)
3. Blaganna ar chúrsaí polaitíochta (e.g. itsapoliticalworld.wordpress.com)
4. Blaganna spóirt (e.g. lonewimmer.com)
5. Blaganna ar shaol an teaghlaigh (e.g. The Rockstar Diaries)
6. Blaganna scríofa ag déagóirí (e.g. There's always light at the end of the tunnel – siobhanb.blogspot.ie)
7. Blaganna ar chúrsaí ceoil (e.g. ultimateplaylist.ie)
8. Blaganna ar litríocht (e.g. ReadySteadyBook.com)
9. Blaganna taistil (e.g. seat61.com)
10. Blaganna grianghrafadóireachta (e.g. boston.com/bigpicture)

**Obair aonair:**  
suimeanna pearsanta; plé ranga: blaganna maithe.

### Sleamhnán 02

#### An bhlagáil

Réamhobair 2

I gceann tamaill beidh tú ag léamh ailt mar gheall ar thogra blagála a bunaíodh i scoil Ghaeltachta agus a bhain duais teanga amach i 2012. Ach ar dtús, déan féin agus an duine in aice leat iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí thíos.

Beidh na briathra seo cabhrach daoibh:

- Díriú ar
- Maoinigh
- Eascraí as
- Forbair
- Cuir in iúl
- Riar
- leathnaigh

1. It helps them develop their language skills.
2. While they express themselves.
3. The blogging arose from a scheme developed by Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
4. Funded.
5. Oidhreacht Chorca Dhuibhne administer/run the scheme.
6. To widen the project to other Gaeltacht areas.
7. The scheme will be targeted at transition year students.

**Obair bheirte:**  
abairtí dúshlánacha le haistriú.

### Sleamhnán 03

#### An bhlagáil

Léamh 1

Scéim Bhlagála Oidhreacht Chorca Dhuibhne  
www.leabharthaileite.edublogs.org



Scéim Bhlagála faoin litríocht do dhaltai meánscoile sa Ghaeltacht is ea Leabhartha Léite. Bíonn na daltaí go léir ag léamh an leabhair chéanna agus á phlé ar an mblag. Spreagann an scéim suim na ndaltaí sa litríocht agus i léitheoireacht na Gaeilge, agus cabhraíonn sé leo a scileanna sa teanga a fhorbairt agus iad á gcur féin in iúl.

#### An Cúlra

D'eascair an Bhlagáil ó scéim de chuid Oidhreacht Chorca Dhuibhne i bPobalscoil Chorca Dhuibhne (An Daingean), Scéim na Scribhneoireachta. Is í an file Bríd Ní Mhóráin a stiúran an scéim sin, atá maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta – comhfhiontar idir Udarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Riarann Oidhreacht Chorca Dhuibhne an scéim i gcomhar le múinteoirí Gaeilge na Pobalscoile. Matt Mac Cárthaigh, ón gcomhlacht Fios Feasa, agus Pádraig Ó Dubhaigh ón bPobalscoil, atá i mbun na teicneolaíochta. Mar aitheantas do Thogra na Blagála, bronadh Séala Eorpach Teanga ar Phobalscoil Chorca Dhuibhne ag ócáid i mBaile Átha Cliath, ar an 5 Deireadh Fómhair.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
léamh os ard le chéile.

### Sleamhnán 04

#### An bhlagáil

Léamh 2

#### Forbairt

Tá forbairt nua i ndán don togra i mbliana trína bhfuil tacaíocht faighte ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) leis an togra a leathnú go ceantair Ghaeltachta eile, san iarthar agus ó thuaidh. Le tacaíocht ó Phléaráca Chonamara beidh scoláirí ó Choláiste Cholmcille (Indreabhán) agus Coláiste Ghobnait (Inis Oírr) rannpháirteach an turas seo. I dTír Chonaill beidh scoláirí ó Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola, agus Pobalscoil Cholmcille (Oileán Thórait) ann chomh maith.

#### Cur Chuige

Beidh an scéim dírithe ar lucht na hidirbhliana don tréimhse seo. Treoróidh na múinteoirí agus Áisitheoirí Litríochta (Bríd Ní Mhóráin & Ailbhe Ní Ghairbhúigh) na daltaí i mbun léitheoireachta. Is é an leabhar Dordán, le hÉilís Ní Dhuibhne, atá roghnaithe mar théacs. Is iad na dátaí atá i gceist le go mbeidh an Blag beo ná 19 Samhain go 21ú Nollaig. Beidh deis ag na daltaí a bheith i mbun blagála lasmuigh d'uaireanta scoile más mian leo. Tríd an mblagáil, beidh deis ag na daltaí a gcuid tuairimí féin a chur in iúl faoin leabhar, is cuma na tuairimí sin a bheith dearfach nó diúltach. Is é an t-idirphlé idir dhaltai faoin ábhar litríochta, príomhaidhm an togra.

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta:**  
léamh os ard le chéile.

### Sleamhnán 05

#### An bhlagáil

Iarphlé 1

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén saghas blaganna a thaitníonn leat (spórt, faisean, cúrsaí reatha, blaganna pearsanta srl.)?
2. An bhféigann tú tuairimí riamh ar bhlaganna nó ar shuíomhanna eile idirlín a bhféigann tú orthu? Cén fáth?
3. Agus tú ag fágáil tuairimí, an úsáideann tú d'ainm féin/ainm úsáideora nó an mbíonn tú anaithnid?
4. An mbacann tú iontrálacha a léamh atá ar bhlag nó suíomh le níos mó ná cúpla mí?
5. Ar smaoinigh tú riamh ar bhlag de do chuid féin a chruthú? Cén t-ábhar a bheadh á phlé agat agus cén lucht léitheoireachta a bheadh agat, dar leat (daoine ó do rang, déagóirí go ginearálta, lucht leanúna rud éigin srl.)?

**Obair bheirte:**  
ceistanna le plé; plé ranga: tuairimí le malartú.

### Sleamhnán 06

#### An bhlagáil

Iarphlé 2

Féach ar na focail seo thíos a bhaineann leis an saol ar líne. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:

1. An dtuigeann sibh brí na bhfocal Béarla?
2. An bhfuil leagan Gaeilge ar an bhfocal ann cheana féin?
3. Muna bhfuil a fhios agat an bhfuil leagan Gaeilge ann, conas a gheofa amach é sin?
4. Cén Gaeilge a chuirfeadh sibh féin ar na leaganacha nach bhfuil Gaeilge ann dóibh?

blogosphere  
troll  
lurker  
avatar  
moderator  
forum

**Obair bheirte:**  
focail Bhéarla le plé; teagasc: conas a chumtar focail nua Gaeilge, An Coiste Téarmaíochta; obair bhaile: focail a aistriú go Gaeilge.

## Sleamhnán 07

### An bhlagáil

Iarphlé 3



Maraíodh Sattar Beheshti (cúig bliana is tríocha d'aois) de bhí gur nochtaigh sé a thuairimí diúltacha in éadan an rialtais ar a bhlag.

Pléigh na ceisteanna seo le chéile:

1. Cé as Sattar, dar leat?
2. Cé a mharaigh é, dar leat?
3. Cén fáth ar maraíodh é, dar leat?
4. An féidir leat liosta a dhéanamh de na tíortha a cheapann tú a mbeadh fadhbanna cearta daonna iontu? Is é sin na tíortha nach bhfuil saoirse cainte ag a saoránaigh.

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 08

### An bhlagáil

Iarphlé 4

Rugadh ar Sattar Beheshti ina theach i Mí na Samhna, 2012 agus cuireadh chun báis é nuair a bhí sé faoi choimeád ag Póilíní na tíre. Tá rialtas na hIaráine ag iarraidh stop a chur le heasaontaigh ó toghadh Mahmoud Ahmadinejad ina uachtarán arís den dara uair in 2009. Maítear nach toghchán cóir a bhí ann agus tá a lán léirsithe ar siúl ó shin ag cur i leith an rialtais go raibh camastail bhallóide i gceist. Fear é Sattar nach raibh aon chúlra coiriúil aige, fear deisbhéalach agus cliste ba ea é, a bhain úsáid as an idirlíon chun a bheith ag troid ar son cearta daonna agus ar son shaoirse shibhialta an duine. Is le fada an lá anois a bhfuil cos ar bolg ag an Iaráin ar a cosmhuinir agus go bhfuil an rialtas ag dúnmharú a saoránach as a dtuairimí a léiriú ar líne.



#### Plé

1. An bhfuil muintir na hÉireann saor le haon ní a scríobh ar an idirlíon?
2. An bhfuil a leithéid de rud ann is cinsireacht in Éirinn? Tabhair samplaí.
3. An bhfuil saoirse iomlán shibhialta ag cách in Éirinn (ó thuaidh agus ó dheas)?
4. An féidir leat sampla a thabhairt ó stair na tíre nuair nach raibh saoirse ag gach duine sa tír?

**Tasc léitheoireachta, obair bheirte:**  
ceisteanna le plé; plé ranga: tuairimí le malartú.

## 4C Brú Sóisialta: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – cúrsaí teicneolaíochta agus brú
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír ina bhfuil fear óg as Conamara ag caint faoin tslí nach mbacann sé mórán le cúrsaí a.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá an buachaill atá ag caint canúnach go leor.



### Réamhphlé 1

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde agat agus iarr ar dhaltaí éagsúla na pointí a léamh amach os ard. Cuir béim ar aon deacracht foghraíochta a bheadh acu ag an bpointe seo.
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann siad gach rud sula mbogann siad ar aghaidh go dtí an chéad sleamhnán eile.



### Réamhphlé 2

- ✓ Cuir gach triúr ina suí le chéile agus léigh na ceistanna leis an rang ar fad ar dtús.
- ✓ Abair leo na ceistanna a phlé le chéile ar feadh tamaill agus bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá. Is ceistanna íogaire iad na ceistanna seo agus ba cheart an rang a láimhseáil go cúramach.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag na foghlaimeoirí os comhair an ranga agus díriú ar aon fhoclóir nó aon ghné ghramadaí a raibh deacracht acu leo.
- ✓ Scríobh na focail nua ar an gclár bán.



### Réamhphlé 3

- ✓ Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le buachaill as Conamara ag caint faoin teicneolaíocht ar ball agus gurb iad na ceistanna ar an sleamhnán seo na ceistanna a cuireadh air féin. Léigh na ceistanna leo.
- ✓ Tabhair deis do gach dalta machnamh a dhéanamh ar na ceistanna leo féin ar dtús. Abair leo a bheith chomh hionraic agus is féidir faoi fhreagraí na gceistanna.
- ✓ Ansin, cuir gach beirt le chéile chun a gcuid freagraí a phlé le chéile agus a chur i gcomparáid lena chéile.
- ✓ Caithfidh siad a bheith in ann na difríochtaí eatarthu a chur in iúl don rang.



### Éisteacht 1

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde agat le linn don rang a bheith ag féachaint ar an mír.
- ✓ Abair leo go gcaithfidh siad an oiread eolais agus is féidir faoi na teidil a bhreacadh síos. Cuir stop tar éis gach ceiste más gá, ach braitheann sé ar chumas an ranga.

- ✓ Cuir an mhír ar siúl faoi dhó ar a laghad.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin.



## Éisteacht 2

- ✓ Léigh na ceisteanna faoin teideal: **Canúint, foghraíocht agus béim...**
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Pléigh na ceisteanna le gach duine ansin.
- ✓ Léigh na ceisteanna faoin teideal: **Rithim na cainte agus an ghramadach...**
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Pléigh na ceisteanna le gach duine ansin.



## Iarphlé 1

- ✓ Léigh na ceisteanna leis an rang.
- ✓ Iarr orthu an bosca a tharraingt ina gcóipleabhair nó tabhair cóip den sleamhnán do gach dalta.
- ✓ Caithfidh siad a rá má tá na ceisteanna fíor nó bréagach fúthu féin ar dtús agus a bheith in ann samplaí a thabhairt más féidir.
- ✓ Abair le gach dalta na ceisteanna a chur ar bheirt eile sa rang le fáil amach an bhfuil na ceisteanna fíor nó bréagach fúthu.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad. Ba cheart go gcothódh na ceisteanna seo fonn cainte sna foghlaimeoirí.
- ✓ Téigh siar ar aon stór focal nua a tháinig chun cinn.



## Iarphlé 2

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí an ceacht seo a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt.
- ✓ Iarr orthu A/B/C a dhéanamh.
- ✓ Pléigh na ceisteanna agus freagraí tar éis tamaill. Tuairimíocht atá ann maidir le B agus C ach féach na freagraí le haghaidh A.

## Freagraí

### Iarphlé 2

- Toghchán: vóta poiblí ar phost oifigiúil.
- Piarbhrú: brú a chuirtear ar dhaoine ar chomhaois rudaí a dhéanamh
- Obamania: daoine ag dul ar mire faoi Barack Obama.



# 4C: Brú sóisialta

## Sleamhnán 01

### Brú Sóisialta

Réamhphlé 1



Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus féachaigh ar na firici seo thíos. Ansin pléigh na ceisteanna ar an gcéad sleamhnán eile.

Tá na firici bunaithe ar shuirbhé a rinneadh sna Stáit Aontaithe faoin tionchar atá ag na gréasáin shóisialta ar chaidrimh i saol déagóirí.

- Baineann 80% de dhéagóirí (idir 13 bliana – 17 mbliana) úsáid as suíomhanna na meán sóisialta.
- Deir 34% de chailíní agus 16% de bhuaicillí go dtagann siad trasna iompar gáirsíúil, iompar nach maith leo, ar líne.
- Admhaíonn 46% de dhéagóirí go bhfuil tionchar ag nósanna na suíomhanna sóisialta ar aon chaidreamh grá a bhíonn acu, is é sin go mbíonn daoine ag súil le nósanna áirithe i gcaidreamh toisc na nósanna a chruthaítear anois ar líne.
- Léiríonn gach duine anois cad a dhéanann siad lena ngrá geal ar líne agus tá brú áirithe ag baint leis sin.
- Ní chuireann daoine ach grianghraif dheasa dóibh féin agus eolas maith fúthu féin in airde ar na suíomhanna sóisialta agus cuireann sé sin brú ar dhaoine a bheith inchurtha le daoine eile.

**Obair ranga:** daltaí éagsúla a chur ag léamh os ard.

## Sleamhnán 02

### Brú Sóisialta

Réamhphlé 2

Anois pléigh na ceisteanna seo le chéile:



1. An gceapann sibh go mbaineann 80% de dhéagóirí in Éirinn úsáid as na meáin shóisialta?
2. Ar chuir aon duine teachtaireacht gháirsíúil chugat riamh? Cad a rinne tú faoi?
3. Cén fáth a mbíonn níos mó fadhbanna ag cailíní ná buaicillí le mí-iompar ar líne, dar libh?
4. An gceapann sibh go nochtann déagóirí an iomarca eolais phearsanta faoi ghrá agus faoi chaidrimh ar na suíomhanna sóisialta? Mínigh.
5. An gceapann sibh go mbíonn níos mó brú ar dhéagóirí anois a bheith dathúil, tanaí nó cibé rud é ná mar a bhí fadó toisc na meáin shóisialta? Cén fáth?

**Obair ghrúpa:** ceisteanna le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú; **stór focal:** focail nua le scríobh ar an gclár.

## Sleamhnán 03

### Brú Sóisialta

Réamhphlé 3

Beidh tú ag éisteacht le buaicill as Conamara ar ball ag labhairt faoin tsli **nach** gcuireann cúrsaí teicneolaíochta isteach nó amach ar a shaol. An féidir amhlaidh a rá fút féin? Freagair na ceisteanna céanna, a cuireadh ar an mbuaicill, fút féin. Pléigh cad a bhí ag an duine in aice leat ansin.

1. Cé mhéad ama a chaitheann tú ar an idirlíon i gcaitheamh na seachtaine?
2. An bhfuil cuntas Facebook agat? Cad a cheapann tú faoi?
3. An bhfuil scéalta faoi chúrsaí bulaíochta cloiste agat?
4. Conas a bhraitheann tú nuair a fhágnann tú an fón póca sa bhaile?
5. An mbíonn tú i dteagmháil le do chairde mórán trí théacsanna nó trí ríomhphoist?
6. An mbaineann na múinteoirí mórán úsáide as an teicneolaíocht sa seomra ranga?
7. An mbaineann tú úsáid as an ríomhaire chun obair bhaile a dhéanamh?

**Obair aonair:** machnamh faoi na ceisteanna; **obair bheirte:** freagraí le plé.

## Sleamhnán 04

### Brú Sóisialta

Éisteacht 1

Anois, éist le Mícheál ag caint faoi chúrsaí teicneolaíochta. Cad a deir sé faoi na nithe seo a leanas:

**Ag scimeáil ar an idirlíon**

**Facebook**

**An bhulaíocht**

**An guthán póca**

**Téacsanna agus teachtaireachtaí ríomhphoist**

**Teicneolaíocht sa seomra ranga**

**Teicneolaíocht agus obair bhaile**

**Obair aonair,** tasc éisteachta: nótaí le breacadh faoi cheannteidil.

## Sleamhnán 05

### Brú Sóisialta

Éisteacht 2

**Canúint, foghraíocht agus béim...** Éist leis an mír arís.

1. Cén chanúint atá aige?
2. Cad iad comharthaí na canúna sin?
3. An féidir leat aon ní a rá faoin mbéim a chuireann sé ar fhocail áirithe? An bhfuil sé sin éagsúil ó do chanúint féin? Conas?
4. An raibh sé deacair duit é a thuiscint? Cén fáth?

**Rithim na cainte agus an ghramadach...** Éist leis an mír arís.

1. An féidir freagraí gonta (yes / no) a thabhairt sa Ghaeilge? Mínigh.
2. Cad iad na freagraí gonta a thug Mícheál ar na ceisteanna seo:

Cén úsáid a bhaineann tú as?  
An bhfuil?  
An mbíonn tú?  
An mbaineann tú úsáid as?


**Tasc éisteachta,** feasacht chanúna: ceisteanna le freagairt; **tasc éisteachta,** feasacht teanga: freagraí gonta, ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 06

### Brú Sóisialta

Iarphlé 1

Léigh na ceisteanna agus cuir **fíor** nó **bréagach** sa cholún **tú féin**, ansin labhair le beirt eile sa rang agus cuir na ceisteanna céanna orthusan. Cuir **fíor** nó **bréagach** sna colúin faoi na daoine sin.

1. An mothaíonn tú gur cheart duit 'is maith'  a chur le gach rud nua a chuireann do chairde ar Facebook?
2. An mothaíonn tú ciontach mura gcuireann tú grianghraif nua ar do leathnach Facebook nó mura mbíonn do stádas suas chun dáta?
3. An gcuireann sé isteach ort nuair a chuireann duine d'ainm le grianghraif gránna duit agus nuair is féidir le gach duine é a fheiceáil?
4. An mbíonn tú róleisciúil corruair freagraí a thabhairt ar théacsanna?
5. An mbíonn amanna ann nuair a fheiceann tú ainm duine éigin ag cur scairt ort ar do guthán póca agus déanann tú neamhaird de?

	Tú féin	Duine 1	Duine 2
1			
2			
3			
4			
5			

**Obair aonair:** ceisteanna le freagairt; **obair ghrúpa:** tuairimí le malartú; **plé ranga:** tuairimí le plé.

## Sleamhnán 07

### Brú Sóisialta

Iarphlé 2



### Toghchán Piarbhru Obamania

Déan féin agus an duine in aice leat na ceachtanna seo le chéile:

A. Scriobhaigí síos sainmhíniú ar na téarmaí -

Toghchán Piarbhru Obamania



Cuir Gaeilge ar na póstaear

B. Breacaigí síos cúig shlí ar chabhraigh na meáin shóisialta le Barack Obama an toghchán a bhuachan.

C. Breacaigí síos cúig chúis ar cheart do thuirimí duine faoi thoghchán a bheith príobháideach, agus cúig chúis nár cheart.

**Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

# 4D Cad is cumarsáid ann?: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an chumarsáid go ginearálta agus códmheascadh i measc cainteoirí Gaeilge
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag labhairt ar an úsáid a bhaineann sí as an teicneolaíocht ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh. Tá an mhír i gcanúint Chonnacht.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardeistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ceacht seo a dhéanamh le **Réamhfocail shimplí** ó **Fócas ar Theanga**.



### Réamhobair 1

- ✓ Léigh na treoracha atá ar an sleamhnán leis an rang agus abair leo sainmhíniú a thabhairt duit ar chumarsáid. Ba cheart go mbeadh go leor tuairimí éagsúla acu. Seo thíos cúpla sainmhíniú:

  1. Ag malartú smaointe, teachtaireachtaí trí labhairt nó trí chomharthaí nó trí scríobh nó trí iompar duine.
  2. An dóigh le smaointe nó eolas a chur in iúl.
  3. An staidéar a dhéantar ar an dóigh a dtarchuirtear eolas ar nós eolas a chraoladh nó a fhoilsiú.
  4. Gairmeacha san fhógraíocht, sa chraoltóireacht nó san iriseoireacht.
  5. Córas chun teachtaireachtaí a chur agus a fháil ar nós an teileafóin nó na teilifíse.

- ✓ Ansin iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar chineálacha difriúla cumarsáide. Bíodh na cinn seo ina measc:

Myspace, Twitter, an t-idirlíon, fóraim, na súile, comharthaíocht choirp, blaganna srl.



### Réamhobair 2

- ✓ Is ceacht cainte é seo. Léigh na treoracha ar an sleamhnán leo agus mínigh cad atá le déanamh.
- ✓ Má bhaineann siad úsáid as téacsanna chun dul i dteagmháil lena gcairde níos mó ná dóigh ar bith eile cuirfidh siad uimhir 1 in aice leis an bhfocal sin. Mura mbaineann siad úsáid as ceann de na bealaí sa liosta cuirfidh siad uimhir 10 in aice leis an gceann sin – colúr teachtaireachta, mar shampla.
- ✓ Nuair atá uimhir curtha in aice le gach focal, iarr orthu labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach cad a bhí acu féin.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo agus pléigh aon deacracht a chuala tú leis an rang ar fad tar éis na gníomhaíochta.



### Scríobh

- ✓ Iarr orthu an ceacht a dhéanamh leo féin ar dtús. Beidh orthu 4 theachtair a scríobh chuig gach duine sa chéad saighead faoi thopaic amháin sa dara saighead. Fiú más teachtaireacht ghutháin atá

ann, caithfidh siad an teachtaireacht a scríobh: Mar shampla:

Seanmháthair / glao teileafóin: *Cad é mar atá tú, a Mhamó? Fuair mé do chárta deas sa phost inniu agus bhí áthas agus iontas orm. Is breá liom an siopa H&M agus anois is féidir liom gúna deas a cheannach dom féin don chóisir anocht. Tá tú chomh maith, go raibh míle maith agat, cuirfidh mé scairt ort arís...*

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun na teachtaireachtaí a scríobh siad a léamh amach dá chéile.
- ✓ Iarr ar fhoghlaimoirí éagsúla teachtaireacht nó dhó a léamh amach os ard.



## Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



## Éisteacht 2

- ✓ Cuir an mhír ar siúl den dara huair agus abair leo cuid A a dhéanamh (féach na freagraí).
- ✓ Níl aon fhreagra ceart ar chuid B ná C ach ba cheart go gcothódh na ceisteanna plé ar ghné an-tábhachtach de ghluaiseacht na Gaeilge – cúrsaí téarmaíochta.



## Iarphlé 1

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Déan iarracht plé ranga a bhunú timpeall ar na ceisteanna seo.
- ✓ Cuir samplaí de na saghsanna focal is mó a úsáideann siad as Béarla ar an gclár agus pléigh iad.



## Iarphlé 2

- ✓ Cuir na foghlaimoirí i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus iarr orthu na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Léigh thusa na ceisteanna leo ar dtús le bheith cinnte go dtuigeann siad iad.
- ✓ Bí ag siúl timpeall le linn na gníomhaíochta chun cabhrú leo agus chun éisteacht go géar leis an gcaint.
- ✓ Breac síos aon stór focal nua a tháinig chun cinn ar an gclár bán agus déan plé ar aon deacracht ghramadaí a bhí acu.



## Iarphlé 3

- ✓ Bain úsáid as an gcéad íomhá ar an sleamhnán chun treoir a thabhairt do na daltaí ar cad atá le déanamh. Caithfidh siad a rá cén mothúchán a léiríonn an íomhá agus cad atá á rá acu (os ard nó leo féin).
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu ansin (féach na freagraí mar threoir).



## Éisteacht 2

Facebook:	<i>Straoisleabhar</i>
úsáid:	<i>leas a bhaint as rud</i>
le fada:	<i>go deo</i>
olc:	<i>dona</i>
go leor:	<i>sách</i>
ní mór dom:	<i>caithfidh mé</i>
aít:	<i>aisteach</i>

## Iarphlé 3

1. Iontas, dochreidteacht, fearg: Cad atá tú á rá? / Ní chreidim thú! / Abair sin arís!
2. Séanadh, diúltach, cosantach: Níl sin fíor! / Níl mé chun faic a rá! / Ní dóigh liom é.
3. Trodach, foréigneach: Fan go bhfaighidh mé a fhad leat! / Ná cuir olc orm! / Scrios dearg ort!
4. Doilíos, náire: Cad atá déanta agam? / Ní féidir liom é a chreidiúint! / Cad a dhéanfaidh mé anois?
5. Éiginnteacht, eagla: Cad a dhéanfaidh mé? / Tá mé idir dhá chomhairle! / Tá drogall orm aon ní a dhéanamh.
6. Brón, aiféala, lionn dubh, in ísle brí: Ní féidir liom dul ar aghaidh / Tá mé ag streachailt liom / Briseann sé mo chroí.
7. Dochreidteacht, iontas, díomá: Ní chreidim é! /Thobair (Dóhair) go ndearna mé é!

## 4D: Cad is cumarsáid ann?

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>Cad is cumarsáid ann?</b> Réamhobair 1</p> <p>Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus tugaigí faoin tasc thíos:</p> <p>Cumaigí sainmhíniú cruinn beacht ar an gcoincheap <b>cumarsáid</b>.</p> <p>Déanaigí ransú intinne ar na cineálacha éagsúla cumarsáide atá ann. Tá roinnt samplaí déanta daoibh.</p> 	<p><b>Obair bheirte:</b> sainmhíniú ar chumarsáid; <b>ransú intinne:</b> cumarsáid.</p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>Cad is cumarsáid ann?</b> Réamhobair 2</p> <p>Féach ar na bealaí ar fad ar féidir leat dul i dteagmháil le duine. Cuir in ord tábhachta iad trí uimhir 1 a chur in aice leis an gceann a úsáideann tú níos minice ná na cinn eile, agus lean ar aghaidh mar sin go dtí uimhir a 10.</p> <p>Litreacha nó cártaí Facebook Glaonna teileafóin Skype Colúr teachtaireachta Téacsanna Fógraí deataigh Ríomhphoist Myspace Twitter</p>  <p>Cad a bhí ag an duine in aice leat? Déan plé ar aon dífíochtaí a bhí eadraibh.</p>	<p><b>Tasc aonair:</b> modhanna cumarsáide; <b>obair bheirte,</b> <b>tasc labhartha:</b> freagraí le cur i gcomparáid lena chéile.</p>
--	---	---	--

## Sleamhnán 03

### Cad is cumarsáid ann?

Scríobh

Caithfidh tú teachtaireacht a chur chuig gach duine de na daoine seo thíos faoi thopaic amháin atá sa saighead chorra. Caithfidh tú mar sin rogha a dhéanamh faoi mbealach a rachaidh tú i dteagmháil leo – glao teileafóin nó Facebook, mar shampla, agus ansin a ndéarfadh tú leo a scríobh síos i do chóipleabhar.

cara maith do sheanmháthair múinteoir  
cara nach bhfaca tú le blianta

comhghairdeas comhbhrón buíochas breithlá sona

Féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

**Tasc scríofa, obair bheirte:** teachtaireachtaí gearra le scríobh.

## Sleamhnán 04

### Cad is cumarsáid ann?

Éisteacht 1

Beidh tú ag éisteacht le Clíodhna ag déanamh cur síos ar an tslí a dtéann sí i dteagmháil le daoine. Freagair na ceisteanna seo agus tú ag éisteacht léi.

1. Luann Clíodhna trí chúis a gceapann sí go bhfuil Facebook go maith. Cad iad?
2. Deir sí cén fáth gur rud maith é nach mbíonn sí ag brath an iomarca ar an nguthán. Cad é?
3. Conas a théann sí i dteagmháil le daoine mar sin?
4. An gcuireann sí mórán ríomhphost? Mínigh.

**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 05

### Cad is cumarsáid ann?

Éisteacht 2

A. Éist leis an mír den dara huair agus breac síos an leagan a bhí sa mhír ar na focail seo:

Facebook: \_\_\_\_\_  
úsáid: \_\_\_\_\_  
le fada: \_\_\_\_\_  
olc: \_\_\_\_\_  
go leor: \_\_\_\_\_  
ní mór dom: \_\_\_\_\_  
ait: \_\_\_\_\_

Is ait an mac an saol

Cad is brí leis an nath cainte thuas?

B. Thug Clíodhna **straíseabhar** ar Facebook. Cad a cheapann tú faoin ainm sin? Ar cheart téarmaí ar nós Facebook a aistriú go Gaeilge? Cad chuige?

C. Cén Ghaeilge a chuirfeá féin agus an duine in aice leat ar na téarmaí seo:

Twitter / iPhone / Facebook / Smartphone

**Tasc éisteachta:** focail le haithint; **obair bheirte:** cúrsaí téarmaíochta le plé.

## Sleamhnán 06

### Cad is cumarsáid ann?

Iarphlé 1

Códmheascadh i measc cainteoirí Gaeilge

Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat:

1. Cad is brí leis an téarma códmheascadh?
2. An raibh aon sampla de sa mhír atá díreach feicthe agaibh?
3. Cén fáth a dtarlaíonn a leithéid i measc cainteoirí Gaeilge, dar libh?
4. An féidir libh samplaí a thabhairt ó bhur gcuid cainte féin?
5. An dtarlaíonn códmheascadh i measc cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht amháin, dar libh?

**Obair bheirte:** ceisteanna faoi chódmheascadh le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 07

### Cad is cumarsáid ann?

Iarphlé 2

Cuir tic leis an uimhir in aice le gach ráiteas thíos faoi chúrsaí cumarsáide ag brath ar do thuirim faoin ráiteas.

1. = Aontaím go láidir leis.
3. = Tá mé idir dhá chomhairle faoi.
5. = Easaontaím amach is amach leis.

1. Ba cheart go mbeadh guthán póca ag gach duine ón aois deich mbliana ar aghaidh. 1 2 3 4 5
2. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí fios a bheith acu ar na suíomhanna a mbíonn déagóirí ag féachaint orthu ar an idirlíon. 1 2 3 4 5
3. Is bealach iontach iad na seirbhísí geandála (dating services) ar an idirlíon le casadh le duine. 1 2 3 4 5
4. Tá sé ceart go leor briseadh suas le duine trí théacs a sheoladh chuige/chuici. 1 2 3 4 5
5. Níl aon dochar ann duine a 'dhíchairdiú' (unfriend) ar Facebook. 1 2 3 4 5

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Obair ghrúpa:** ceisteanna le plé; **stór focal:** focail nua le cur ar an gclár bán.

## Sleamhnán 08

### Cad is cumarsáid ann?

Iarphlé 3

Cad atá á rá ag na fir seo thíos? Nó cad a deir an chomharthaíocht choirp fúthu?



**Obair bheirte:** comharthaíocht choirp le plé.

# 4E Teicneolaíocht & foghlaim: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Bunúsach
Spríocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an teicneolaíocht agus foghlaim
Stór focal	Oideachas agus teicneolaíocht

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil triúr daltaí scoile ag caint faoi ghnéithe éagsúla den teicneolaíocht ar an scoil. Níl ábhar na míre chomh deacair sin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal go leor Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar dul siar ar na ceachtanna **An t-ainmfhocal firinscneach** agus **An t-ainmfhocal baininscneach** i **Fócas ar Theanga**.



### Réamhobair 1

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu na téarmaí cearta do na pictiúir ar an sleamhnán a bhreacadh síos le chéile. Is focail choitianta iad ach caithfidh siad a bheith in ann iad a litriú go beacht.
- ✓ Iarr orthu an t-alt (uatha nó iolra) a chur leis na téarmaí ansin (féach na freagraí).



### Réamhobair 2

- ✓ Míniú do na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad sampla amháin a scríobh síos ina gcóipleabhair d'uair amháin a d'úsáid siad an teicneolaíocht ar an sleamhnán, mar shampla:  
Ríomhaire – Bhain mé úsáid as Vicipéid agus mé ag scríobh aiste faoi Bismarck oíche aréir.
- ✓ Nuair atá abairt amháin scríofa ag gach dalta faoi gach gléas, iarr orthu labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach cad a bhí acusan.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu ar fad agus scríobh aon stór focal nua a tháinig chun cinn ar an gclár bán.



### Réamhobair 3

- ✓ Léigh trí na treoracha ar an sleamhnán le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh acu.
- ✓ Iarr orthu ar dtús a n-ábhar scoile ar fad a scríobh sa cholún ar chlé.
- ✓ Ansin, iarr orthu ciorcal a chur timpeall ar an uimhir a cheapann siad a oireann don ábhar scoile sin, is é sin, an uimhir a léiríonn cé chomh minic is a úsáidtear an teicneolaíocht san ábhar sin.
- ✓ Abair leo go gcaithfidh siad sampla a thabhairt a léiríonn conas a úsáidtear an teicneolaíocht san ábhar sin.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr ansin agus iarr orthu a gcuid freagraí a chur i gcomparáid lena chéile.
- ✓ Pléigh tuairimí an ranga.



## Réamhobair 4

- ✓ Déan plé ar a bhfuil ar an sleamhnán seo. Is cleachtadh é ar conas comhfhocail a chumadh chomh maith le stór focal nua a chur i láthair na ndaltaí.
- ✓ Féach na freagraí.



## Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Tá trí chuid sa mhír seo agus ag brath cén chanúint atá ag an rang, beidh cuid acu níos deacra ná a chéile. Is fút féin é cuid amháin nó cuid eile a sheinm faoi dhó nó níos mó más gá.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang iomlán (féach na freagraí).



## Éisteacht 2

- ✓ Is cleachtadh é seo ar chanúintí, ar fhoghraíocht agus ar ghluaiseacht nádúrtha teanga.
- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad gach ceist.
- ✓ Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag gach dalta nuair atá tamall caite acu ag plé na gceisteanna ina mbeirteanna.



## Iarphlé 1

- ✓ Is ceacht é seo a chuireann béim ar fheasacht chultúrtha agus ar fheasacht teanga.
- ✓ Mínigh an difríocht idir **uimhir iolra sa chaighdeán** agus **uimhir iolra atá sa chaint**).
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí arís agus tabhair deis do na daltaí na ceisteanna 1-6 a phlé.
- ✓ Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang iomlán agus scríobh aon stór focal nua ar an gclár



## Iarphlé 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.
- ✓ Is ceacht cainte é seo agus ceacht a théann siar ar an gcuid sin den teanga a théann i ngleic le comhairle a thabhairt. Scríobh na focail seo ar an gclár bán chun cabhrú leo:

Caithfidh tú.....

Ní mór duit...

Ba cheart duit...

- ✓ Déan cleachtadh ar an ngné seo den ghramadach ar dtús más gá.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo agus déan plé ar aon deacracht a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta.





### Iarphlé 3

- ✓ Déan plé ar a bhfuil ar an gcéad chuid den sleamhnán seo. Is cleachtadh é ar conas comhfhocail a chumadh chomh maith le stór focal nua a chur i láthair na ndaltaí (féach na freagraí).
- ✓ Is féidir leat díospóireacht ranga a dhéanamh bunaithe ar an gcianfhoghlaim nó iarraidh ar gach beirt a bhfuil scríofa faoi **Plé** a phlé le chéile.

## Freagraí

### Réamhobair 1

- ríomhaire, an ríomhaire
- teileafón, an teileafón / guthán, an guthán
- printéir, an printéir
- guthán póca, an guthán póca / guthán soghluaiste, an guthán soghluaiste
- idirlíon, an t-idirlíon
- luchóg, an luchóg
- ríomhaire glúine, an ríomhaire glúine
- teachtaireacht téacs, an teachtaireacht téacs
- Twitter, Twitter
- cluasáin, na cluasáin

### Réamhobair 4

Idir- (mar réimír) = inter-

Gníomhaíocht = action, activity

Idirghníomhaíocht = interaction, interactivity

Bogearraí idirghníomhaíochta = interactive software

Ríomhchlár, ríomhphost

Idirlíon

Haischlib (*hashtag*)

Feidhmchlár

### Éisteacht 1

1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Bréagach
5. Fíor

### Iarphlé 3

Cian = remote, distant, long-distance

Foghlaim = learning

Cianfhoghlaim = distance learning

‘i gcéin agus i gcóngar’ = far and near, is leagan é an focal *céin* den fhocal *cian*.

# 4E: Teicneolaíocht agus foghlaim

## Sleamhnán 01

### Teicneolaíocht & foghlaim Réamhobair 1

Scríobh an téarma Gaeilge ceart in aice le gach pictiúr.



Cuir an t-alt leis na focail thuas anois.

**Obair bheirte:** téarmaíocht nua-aimseartha, an t-alt le cur leis na téarmaí.

## Sleamhnán 02

### Teicneolaíocht & foghlaim Réamhobair 2

Anois, scríobh síos uair amháin a d'úsáid tú na gléasanna chun cabhrú leat d'obair bhaile a dhéanamh.


**Obair aonair, tasc scríofa:** úsáid na teicneolaíochta: **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 03

### Teicneolaíocht & foghlaim Réamhobair 3

An mbaineann tú úsáid níos minice as an idirlíon i gcomhair ábhar amháin ná ábhar eile? Cad iad na hábhair sin? Breac síos na hábhair scoile atá á dhéanamh agat sa bhosca thíos agus cuir ciorcal ar an uimhir is oiriúnaí don ábhar sin (1 = ní bhaintear mórán úsáide as an teicneolaíocht san ábhar seo, 5 = baintear a lán úsáide as an teicneolaíocht san ábhar seo). Caitifhidh tú sampla a thabhairt chomh maith, féach:

An Ghaeilge 1 2 3 4 5 Bainim úsáid as [www.focal.ie](http://www.focal.ie) anois is arís

An Ghaeilge	1 2 3 4 5	
An Béarla	1 2 3 4 5	
Mata	1 2 3 4 5	
	1 2 3 4 5	
	1 2 3 4 5	
	1 2 3 4 5	
	1 2 3 4 5	
	1 2 3 4 5	

**Obair aonair, tasc scríofa:** na hábhair scoile le liostáil, sampla den teicneolaíocht i ngach ábhar le tabhairt; **obair ghrúpa:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 04

### Teicneolaíocht & foghlaim Réamhobair 4

- Cad is brí leis an bhfocal seo: **idir**
- Cad is brí leis an bhfocal seo: **gníomhaíocht**
- Cuir an dá fhocal le chéile: \_\_\_\_\_
- Cad is brí leis an bhfocal sin anois?
- Má thagann an focal sin tar éis ainmfhocail eile agus má chuirtear sa tuiseal ginideach é, oibríonn sé mar aidiacht, féach: **bogearraí idirghníomhaíochta**
- Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaí a oiread comhfocail agus is féidir trí na focail ar chlé a chur leis na focail ar dheis:

ríomh	clib
idir	clár
hais	post
feidhm	lion

**Feasacht teanga, obair ranga:** conas comhfocail a chumadh; **obair bheirte:** comhfocail le cumadh.

## Sleamhnán 05

### Teicneolaíocht & foghlaim Éisteacht 1

Beidh tú ag éisteacht le triúr daltaí scoile ag labhairt faoin teicneolaíocht sa scoil. Sula n-éistfidh tú leo, léigh na ceisteanna ar fad le bheith cinnte go dtuigeann tú gach rud.

#### Clíodhna

1. Baineann na múinteoirí ar fad úsáid as na háiseanna idirghníomhaíochta sa scoil.

fior bréagach

2. Ceapann sí go bhfuil cumas sa scríobh chomh tábhachtach le lámh mhaith a bheith agat ar an teicneolaíocht.

fior bréagach

#### Róisín

3. Baintear úsáid as [focal.ie](http://focal.ie) agus YouTube go minic.

fior bréagach

4. Moltar gan *Google Translate* a úsáid agus foclóir a úsáid ina áit.

fior bréagach

#### Dara

5. Is féidir taighde a dhéanamh ar cheacht trí úsáid a bhaint as an idirlíon sa rang.

fior bréagach


**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 06

### Teicneolaíocht & foghlaim Éisteacht 2

Éist leis na cainteoirí arís:

Cén chanúint atá acu?



Cén tslí a raibh a fhios agat sin?

Baineann Clíodhna úsáid as an bhfocal 'chuile', cén focail comhchiallacha eile atá ann?

Éist le Clíodhna arís agus éist go géar le cuid d'fhuaimneanna deacra na Gaeilge: *gairid*; *múinteoir* agus *ní cheapaim*.

Éist le Róisín arís agus éist go géar leis na focail bheaga nádúrtha a úsáideann sí chun na bearnaí a líonadh sa chomhrá: *gan dabht*; *is dócha* agus *n'fheadar*.

Cén leagan atá agat féin?



**Feasacht teanga:** canúintí, foghraíocht, gluaiseacht na teanga; **obair bheirte:** ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 07

### Teicneolaíocht & foghlaim

Iarphlé 1

Léirigh an cainteoir breá Róisín, ceann de dheacrachtaí na Gaeilge nuair nach raibh sí cinnte cén leagan den fhocal 'port' le húsáid san uimhir iolra. **Poirt** nó **Portanna**?

Cén leagan atá ceart i do bharúil féin?

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén sainmhíniú a thabharfadh sibh ar **Chaighdeán na Gaeilge**?
2. An labhraíonn sibh Gaeilge chaighdeánach nó Gaeilge chanúnach?
3. An scríobhann sibh sa chaighdeán nó in bhur gcanúint?
4. Cén tábhacht a bhaineann le **Caighdeán na Gaeilge**?
5. Cén tábhacht a bhaineann le saibhreas na gcanúintí a chothú?
6. Féachaigí ar na samplaí eile seo a bhí ag na cainteoirí den uimhir iolra. An bhfuil an caighdeán ar eolas agaibh?

na háiseannaí \_\_\_\_\_  
ar chláracha \_\_\_\_\_

**Feasacht chultúrtha, feasacht teanga: poist vs postanna; obair ghrúpa: ceisteanna le plé.**

## Sleamhnán 08

### Teicneolaíocht & foghlaim

Iarphlé 2

Ag obair leis an duine in aice leat fós, féachaigí ar na cásanna seo thíos agus tagaigí aníos le réiteach ar na fadhbanna éagsúla, ag baint úsáide as an teicneolaíocht.

- ❖ Tá obair mhatamaitice le déanamh agat ach d'fhág tú d'áireamhán ar an mbus.
- ❖ Tá téacs Gearmáinise le léamh agat don deireadh seachtaine ach ní thuigeann tú mórán de.
- ❖ Tá aiste le scríobh agat ar chultúr na Spáinne agus ba mhaith leat éisteacht le ceol traidisiúnta ón tír sin.
- ❖ Bhí tú as láthair ón scoil le seachtain anuas. Tá obair cheimice le déanamh agat ach toisc tú bheith as láthair ní thuigeann tú gach rud.
- ❖ Tá ceachtanna bitheolaíochta le déanamh agat as Gaeilge ach ní leor an foclóir Béarla/Gaeilge *de Bhaldráithe*.

**Obair bheirte: ceisteanna le plé; stór focal: comhairle a thabhairt.**

## Sleamhnán 09

### Teicneolaíocht & foghlaim

Iarphlé 3

1. Cad is brí leis an bhfocal seo: **cian**
2. Cad is brí leis an bhfocal seo: **foghlaim**
3. Cuir an dá fhocal le chéile: \_\_\_\_\_
4. Cad is brí leis an bhfocal sin anois?
5. An bhfuil an nath cainte seo ar eolas agat?

*i gcéin agus i gcóngar*

#### Plé:

Beidh tú féin ag fágáil na hiar-bhunscoile gan mhoill. Ar smaoinigh tú riamh faoi chúrsa nó faoi chéim, fiú, a dhéanamh ón mbaile ach ar líne? Labhair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcianfoghlaím, dar libh féin.

**Feasacht teanga: comhfhocail, stór focal; díospóireacht ranga: an chianfoghlaím nó obair bheirte: buntáistí agus míbhuntáistí na cianfoghlama.**

# 4F Teicneolaíocht agus Spórt: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – cúrsaí teicneolaíochta agus spórt sa tsochaí.
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt a scríobh Colm Mac Séalaigh ar [www.beo.ie](http://www.beo.ie).

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhphlé

- ✓ Iarr ar gach grúpa (de thriúr nó de cheathrar) na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin.



### Réamhobair 1

- ✓ Is ceacht an-simplí é seo, na ceannlínte a cheangal leis na pictiúir ach cuirfidh sé tús leis an gcéad chuid eile den ghníomhaíocht.
- ✓ Abair le gach beirt ansin an scéal a bhaineann le gach pictiúr a phlé le chéile. Tá seans maith ann nach bhfuil aon ní ar eolas acu faoi na pictiúir ach is cuma faoi sin. Caithfidh siad scéalta a chumadh iad féin, ag baint úsáide as a samhlaíocht.
- ✓ Pléigh scéalta éagsúla ó ghrúpaí éagsúla.
- ✓ Cuir aon eolas atá agat féin faoi na laochra spóirt ar a súile dóibh ansin.



### Réamhobair 2

- ✓ Cuirtear an stór focal is deacra ón alt i láthair na bhfoghlaimeoirí ar an sleamhnán seo.
- ✓ Abair le gach beirt an oiread den stór focal agus is féidir a aimsiú iad féin ar dtús.
- ✓ Pléigh na focail leis na foghlaimeoirí ar fad i ndiaidh tamaill (féach na freagraí).



### Réamhobair 3

- ✓ Iarr ar gach grúpa (de thriúr nó de cheathrar) na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin.



### Léamh 1-5

- ✓ Is fearr sleamhnán **léamh 1** go dtí **léamh 5** a phriontáil amach agus a scaipeadh ar gach foghlaimeoir.
- ✓ Abair leo an t-alt a léamh ina mbeirteanna. Bí ann le cuidiú leo má bhíonn aon cheist acu.
- ✓ Léigh thusa an t-alt leo ansin más gá.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu faoin alt – an raibh dúil acu ann, cén fáth agus araile.



## Iarphlé 1

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun míniú na bhfrásaí ar an sleamhán a thomhas (féach na freagraí).
- ✓ Faigh amach an raibh sé deacair dóibh buille faoi thuairim a thabhairt agus cén fáth. An bhfuil aon nath eile ar eolas acu a bhfuil ainmhithe mar chuid de? Déan iarracht plé a chothú sa rang.



## Iarphlé 2

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí an ceacht seo a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt.
- ✓ Caithfidh siad smaoineamh ar an gcuid den ghramadach atá i gceist agus cur síos a dhéanamh ar an riail más féidir (féach na freagraí).



## Iarphlé 3

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí an ceacht seo a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt.
- ✓ Iarr orthu an oiread eolais agus is féidir (10 bpointe) a bhreacadh síos faoi CLG.
- ✓ Ba cheart an rang a athrú thart don cheacht seo, cuir daoine a bhfuil suim acu sa spórt agus eolas acu ar CLG ina suí le daoine nach bhfuil an t-eolas céanna acu, nó suim fiú.
- ✓ Déan plé ar thábhacht an CLG leis an rang iomlán ansin.

## Freagraí

### Réamhobair 2

...a chur chun cinn:	<i>a chur chun tosaigh, a chur ar aghaidh</i>
is cúis díomá é:	<i>is mór an trua é</i>
is suntasaí:	<i>is iontaí, is tábhachtaí</i>
léargas a thabhairt dóibh:	<i>a léiriú dóibh</i>
i gcéin is i gcóngar:	<i>i bhfad uainn agus in aice linn</i>
geall le:	<i>chóir a bheith, nach mór</i>
cnámh spairne:	<i>fadhb</i>
saol an mhadra bháin:	<i>saol iontach</i>
chuige sin:	<i>ar an ábhar sin</i>
easnamhach:	<i>in easnamh</i>
sásúil:	<i>maith go leor</i>
rud a chuireann as dom:	<i>rud a chuireann isteach orm</i>

### Iarphlé 1

Madra draoibe a dhéanamh de dhuine

*To drag someone in the mire*

Tá a fhios sin ag madraí an bhaile

*Every fool knows that*

Is teann gach madra ag a dhoras féin

*A cock is bold on his own dunghill*

An té a bhuaileadh mo mhadra bhuaileadh sé mé féin

Love me love my dog

Tá an madra marbh

*The fat is in the fire*

Ag cur madraí i bhfuinneoga

*Trying to bamboozle people*

## Iarphlé 2

‘á baint’: an t-ainm briathartha den bhriathar, tá an á ag tagairt siar don ghníomhaí atá baininsneach sa chás seo.

‘na suímh ghréasáin’: tá séimhiú ar ~~XXXXXX~~ leanann sé focal a chríochnaíonn le consan caol san uimhir iolra. (Tá an t-iolra “suíomhanna” níos coitianta anois.)

‘comhthéacs an chumainn spóirt’: an tuiseal ginideach d’fhocal firinsneach.

‘is mó’: breischéim na haidiachta.

‘ar chúrsaí spóirt’: leanann séimhiú **ar**.

‘i rith an tsamhraidh’: tuiseal ginideach d’fhocal firinsneach.

‘an-seirbhís’: cé go nglacann an- séimhiú de ghnáth tá riail na *dentals* i gceist anseo.

‘don chraoladh’: leanann séimhiú ~~XXX~~

‘an t-idirlíon’: an tuiseal ainmneach d’fhocal firinsneach.

‘forbairt na gcluichí’: an tuiseal ginideach iolra.

‘eagraíocht chultúrtha’: leanann séimhiú **eagraíocht** mar is focal baininsneach é.

## 4F: Teicneolaíocht agus spórt

### Sleamhnán 01

#### Teicneolaíocht & Spórt

Réamhphlé

Déan plé leis na daoine eile i do ghrúpa ar na ceisteanna seo:

1. An imríonn tú spórt? Cad é?
2. An duine aclaí tú?
3. Cad iad na spóirt a imrítear i do scoil féin?
4. An bhfuil clú agus cáil ar do scoil ó thaobh spóirt de? Cad chuige?
5. An bhfuil sé tábhachtach spóirt éigin a dhéanamh? Cad chuige?
6. Cad é an spórt is dainséaraí ar domhan, dar leat?
7. Cad é an spórt is costasaí ar domhan, dar leat?
8. An bhfuil aon bhaint ag náisiúnachas agus spórt le chéile, dar leat?

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna  
le plé; **obair**  
**ranga:** tuairimí  
le malartú.

### Sleamhnán 02

#### Teicneolaíocht & Spórt

Réamhobair 1

Ceangail an pictiúr ceart leis an gceannlíne cul.

Maria Sharapova: le feiceáil ar TG4 i mbliana  
Tá suíomh gréasáin den scoth ag Cill Chainnigh  
Mícheál Ó hÉithir: tráchtair den scoth  
An laoch Corcaíoch Críostóir Ó Rinn



Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cumaigh scéal gearr faoi gach ceannlíne. Mura bhfuil aon ní ar eolas agaibh faoi na laochra spóirt cumaigh scéal éigin. Bain úsáid as an tsamhlaíocht!

**Obair bheirte, tasc cruthaitheachta:**  
scéal a chumadh faoi cheanteidil spóirt; **obair ranga:** na scéalta a insint don rang.

## Sleamhnán 03

### Teicneolaíocht & Spórt

Réamhobair 2

Féach ar na focail agus na frásaí thíos a bheas san alt a léifidh tú ar ball. An bhfuil aon leagan eile agat féin? Féach cad atá ag an duine in aice leat nuair atá tú críochnaithe.

...a chur chun cinn: \_\_\_\_\_  
is cúis diomá é: \_\_\_\_\_  
is suntasaí: \_\_\_\_\_  
léargas a thabhairt dóibh: \_\_\_\_\_  
i gcian is i gcóngar: \_\_\_\_\_  
geall le: \_\_\_\_\_  
cnámh spairne: \_\_\_\_\_  
saol an mhadra bháin: \_\_\_\_\_  
chuige sin: \_\_\_\_\_  
easnamhach: \_\_\_\_\_  
sásúil: \_\_\_\_\_  
rud a chuireann as dom: \_\_\_\_\_

**Stór focal,  
obair bheirte:  
frásaí le míniú;  
obair ranga:  
freagraí le cur i  
gcomparáid.**

## Sleamhnán 04

### Teicneolaíocht & Spórt

Réamhobair 3

Beidh tú ag léamh ailt a scríobh Colm Mac Séaligh a bhí ar [www.beo.ie](http://www.beo.ie), eagrán 51, Iúil 2005. Is múinteoir scoile é a bhfuil cónaí air i mBaile Átha Cliath. Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Cén tionchar atá ag na nithe seo thíos ar chúrsaí spóirt:
  - An teilifís
  - An guthán
  - An t-idirlíon
2. Cad é an scéal is mó a bhí sa nuacht le déanaí maidir le spórt agus drugaí?
3. Cén tionchar atá ag an gcearrbhachas ar chúrsaí spóirt, dar leat?

**Obair ghrúpa:  
ceisteanna le  
plé; plé ranga:  
tuairimí le  
malartú.**

## Sleamhnán 05

### Teicneolaíocht & Spórt

Léamh 1

#### An teicneolaíocht ag cabhrú go mór leis na cluichí Gaelacha

*Tá an-úsáid á baint as an teicneolaíocht anois chun na cluichí Gaelacha a chur chun cinn ach is cúis diomá é do Chalm Mac Séaligh go bhfuil an Ghaeilge fás an-imeallach – ar na suímh ghréasáin, mar shampla.*

Is iontach go deo na hathruithe i gcúrsaí teicneolaíochta atá tar éis tarlú le blianta beaga anuas. Sin ráiteas nach ndéanfadh duine faoi aois áirithe agus seans gur cuma le daoine óga faoi athruithe a tharla san am atá thart. Ach sílim gur fiú san am céanna srachféachaint a thabhairt ar athruithe áirithe chomh fada is a bhaineann siad linn féin sa tír seo agus go speisialta i gcomhthéacs an chumainn spóirt is mó agus is suntasaí sa tír, Cumann Lúthchleas Gael (CLG).

Má thógaimid tréimhse ceathracha bliain, ó lár na seascáid i leith cuir i gcás, tá athruithe dochreidte feicthe ag cuid againn. Tá cuid de na hathruithe is suntasaí bainteach leis an taobh teicniúil de chúrsaí cumarsáide agus bhí tionchar mór ag na hathruithe, dá bhrí sin, ar chúrsaí spóirt agus ar an ngeall atá idir an gnáthduine agus spórt. Táim ag tagairt go speisialta don teilifís, d'fhéiseán, don ghuthán agus don idirlíon.

**Obair  
bheirte, tasc  
léitheoireachta.**

## Sleamhnán 06

### Teicneolaíocht & Spórt

Léamh 2

Is é an rud a rinne an teilifís ná gach cineál cluiche agus spóirt a thabhairt isteach sa seomra suite agus daoine a mhealladh de réir a chéile (sna tíortha forbartha go mór mór) isteach i ndomhan mór spóirt de gach cineál. Roimh na seascáid bhí daoine ag brath ar na nuachtáin agus ar an raidió chun léargas a thabhairt dóibh ar chluichí móra agus ar ócáidí spóirt i gcéin is i gcóngar.

Pé scéal é, in achar nach bhfuil an-fhada, táimid tagtha go dtí an pointe go bhfuil gach cluiche peile, geall leis, i gcrabhbhómórtas peile na hÉireann “beo” ar an teilifís agus le feiceáil ar fud an domhain mhóir a bhfuilochas sin don “Sunday Game” ar RTÉ agus don BBC. Níl seo fíor faoi gach cluiche iomána, áfach, ach níl sé ar intinn agam díriú ar an gcnámh spairne sin an uair seo.

Níl aon dabht faoi ach go bhfuil saol an mhadra bháin ag lucht leanta na peile Gaelaí maidir le cluichí a bheith “beo” ar an teilifís. I rith an tsamhraidh bíonn féasta peile ann beagnach gach deireadh seachtaine. Níl a fhios agam an meallann na cluichí sin mórán lucht tacaíochta breise don chluiche i ngeall ar mhínicíocht na gcalaíisí gránna, na himeartha cincíula agus an easpa sportúlachta a bhíonn le feiceáil, ach dóibh siúd a bhfuil spéis acu sa pheil Ghaelach, tá an-seirbhís á tabhairt dóibh ag na cainéilí teilifíse ó thuaidh agus ó dheas.

**Obair  
bheirte, tasc  
léitheoireachta.**

## Sleamhnán 07

### Teicneolaíocht & Spórt

Léamh 3

Ní mór tagairt speisialta a dhéanamh don chraoladh i nGaeilge agus do bhunú TG4. Craoltar mórán ócáidí spóirt ar TG4, idir chluichí Gaelacha, rugbaí, sacar, pheil na hAstráile agus araille, ach cé a cheapfadh, cúpla bliain ó shin fiú amháin, go bhféadfadh duine féachaint ar cheann de na hócáidí spóirt is ardnósaí ar domhan, is é sin comórtais leadóige Wimbledon, é “beo” ar theilifís na Gaeilge agus an tráchtairacht a déanamh trí mheán na Gaeilge ag cainteoirí dúchais Gaeilge! B'fhéidir nár cheart a bheith ag déanamh iontais dá leithéid níos mó, ach i gcás cuid againn is gearr le míorúilt ann féin é sin.

Maidir leis na físeáin, baintear an-leas astu chun féachaint siar ar chluichí a imríodh agus na botúin a rinneadh a scrúdú agus a chur ina gceart, agus chun anailís a dhéanamh ar laigí chomh maith le tréanphointí an fhreasa. Chabhraigh an físeán go mór le hullmhúchán gairmiúil a chur chun cinn ó thaobh na cluichí Gaelacha de agus is dóigh liom gur féidir a rá gur maith ann an físeán ón taobh sin de.

Má dhéanaimid scrúdú ar an gcaoi ina bhfuil Cumann Lúthchleas Gael ag baint leasa as an idirlíon feicimid ar dtús go bhfuil an t-uafás suíomh agus an t-uafás eolais tugtha do na cluichí Gaelacha. Dar ndóigh tá suíomh oifigiúil ag CLG ([www.gaa.ie](http://www.gaa.ie)) mar a bhfuil eolas faoi gach gné den chumann agus de na cluichí maidir le stair, cluichí le teacht, an nuacht is déanaí faoi fhoirne agus imreoirí, eolas ar pheil agus iománaíocht, forbairt na gcluichí agus mar sin de.

**Obair  
bheirte, tasc  
léitheoireachta.**

## Sleamhnán 08

### Teicneolaíocht & Spórt

Léamh 4

Chuireas suim ar leith i suíomh Chill Chainnigh (<http://kilkenny.gaa.ie>) ó thaobh na hiomána de. Thugas faoi deara go raibh an suíomh difriúil ina leagan amach. Níos mó pictiúr, mar shampla, agus béim ar mhúineadh na scileanna. Chuige sin tá sraith scannán nó físeán gearr agus scil amháin á léiriú i ngach ceann acu. Is féidir an scil a fheiceáil á cleachtadh ag imreoirí óga trí chliceáil ar an mbosca cú. Ní hionadh é go bhfuil muintir Chill Chainnigh chun cinn ar fhorhóir na gcontaetha nuair a thuigeann tú go gcuireann siad an oiread sin béime ar mhúineadh agus ar chleachtadh na scileanna agus go bhfuil gach meán agus seift in úsáid acu chun an aidhm sin a bhaint amach.

I gcás cuid de na contaetha, níl eolas suas chun dáta ar gach gné atá liostáilte ar na suímh. Mar shampla, i gcás Hill 16, mar a thugtar ar shuíomh Átha Cliath, tá an t-eolas i dtaobh coláistí agus clubanna sean nó easnamhach go mór.

Rud eile, is beag ar fad an méid Gaeilge atá le feiceáil ar aon suíomh in aon chontae agus is cúis náire amach is amach é sin do Chumann Lúthchleas Gael, a bhíonn ag maíomh go minic nach eagraíocht spóirt amháin é ach eagraíocht chultúrtha a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge i measc na n-aidhmeanna atá aici.

**Obair  
bheirte, tasc  
léitheoireachta.**

## Sleamhnán 09

### Teicneolaíocht & Spórt

Léamh 5

Deis iontach is ea an t-idirlíon chun an aidhm chultúrtha úd a fhógairt go soiléir agus a chur chun cinn. Ar an ábhar sin is cúis mhór díomá é a laghad Gaeilge a bheith le léamh ar shuímh oifigiúla an chumainn, go háirithe nuair a chuireann tú san áireamh nach bhfuil cumann ar bith eile sa tír ina bhfuil níos mó de lucht labhartha na Gaeilge le fáil.

Tá beagán Gaeilge ar shuíomh Dhún na nGall, ach níl tada ag Gaillimh nó ag Ciarraí, dhá chontae Ghaeltachta a bhfuil clubanna láidre Gaeltachta iontu. Níl aon fhreastal ar lucht Gaeilge ná aon iarracht an saibhreas Gaeilge atá sna contaetha sin a láidriú agus a scaipeadh. Más é an leithscéal ná gur comhlachtaí idirlín a sholáthraíonn an tseirbhís, níl sin sásúil. An rud is mó a chuireann as dom ná gurb é an t-aon alt i nGaeilge a raibh mé in ann teacht air ar shuíomh idirlín de chuid CLG ná tuairisc ghearr a scríobh mé féin do shuíomh Átha Cliath, "Hill 16", mí Dheireadh Fómhair seo caite faoi chluiche scoile!

**Obair bheirte, tasc léitheoireachta; plé ranga: plé ar na tuairimí faoin alt.**

## Sleamhnán 10

### Teicneolaíocht & Spórt

Iarphlé 1

#### 'Saol an mhadra bháin'

Tá a lán nathanna deasa cainte ann i nGaeilge a bhfuil an focal madra mar chuid dóibh. An bhfuil siad seo ar eolas agat? Mura bhfuil tabhair buille faoi thuairim.

Madra draoibe a dhéanamh de dhuine

Tá a fhios sin ag madraí an bhaile

Is teann gach madra ag a dhoras féin

An té a bhuaifeadh mo mhadra bhuaifeadh sé mé féin

Tá an madra marbh

Ag cur madraí i bhfuinneoga



**Obair bheirte: seanfhocail nó nathanna le míniú nó buille faoi thuairim le tabhairt.**

## Sleamhnán 11

### Teicneolaíocht & Spórt

Iarphlé 2

Féach ar na samplaí seo faoi ghnéithe éagsúla den ghramadach a bhí sa téacs. Bí in ann abairt amháin a rá faoi gach sampla.

'á baint'

'na suímh ghréasáin'

'comhthéacs an chumainn spóirt'

'is mó'

'ar chúrsaí spóirt'

'i rith an tsamhraidh'

'an-seirbhís'

'don chraoladh'

'an t-idirlíon'

'forbairt na gcluichí'

'eagraíocht chultúrtha'

**Obair bheirte, feacht teanga: gramadach, rialacha gramadaí le haimsiú agus le míniú.**

## Sleamhnán 12

### Teicneolaíocht & Spórt

Iarphlé 3

Léigh an sliocht seo arís leis an duine in aice leat agus breacaigí síos deich bpointe eolais faoin CLG.

Rud eile, is beag ar fad an méid Gaeilge atá le feiceáil ar aon suíomh in aon chontae agus is cúis náire amach is amach é sin do Chumann Lúthchleas Gael, a bhíonn ag maíomh go minic nach eagraíocht spóirt amháin é ach eagraíocht chultúrtha a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge i measc na n-aidhmeanna atá aici.



**Obair bheirte, tasc scríofa: eolas faoin CLG; plé ranga: tábhacht an CLG.**



## 4G Fócas ar Theanga (i) An Tuiseal Tabharthach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht - bunúsach
Spriocanna	An tuiseal tabharthach a chur i láthair na ndaltaí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Ag scimeáil ar líne**, Aonad 4 (An Chumarsáid).

Níl anseo ach léargas ginearálta ar an tuiseal tabharthach. Tá cuid den cheacht bunaithe ar ábhar atá déanta mar chuid den Teastas Sóisearach ach is fiú dul siar air ag an bpointe seo.

### Freagraí

1. Ar thug tú an bronntanas don **mhúinteoir** fós?
2. Chaith siad go holc leis an **mbainisteoir**.
3. Bain an páipéar den **pháiste** sin.
4. Ar mhaith leat bheith i do chónaí faoin **tuath**?
5. Nach bhfuil an bainne sa **mhála** sin sa choirnéal?
6. Féach, tá an leabhar ar an **mbord**.
7. An maith leat an hata atá ar an **tseanbhean**?
8. Sílim go bhfuil cuileog san **uisce**.
9. Ní maith liom an dath atá ar an **teach** úd.
10. Beidh sé ag fágáil roimh an **mbliain** nua.

## 4G: Fócas ar theanga (i) An Tuiseal Tabharthach

### Sleamhnán 01

#### An tuiseal tabharthach súil siar

Cén rud é tuiseal?

Is éard is tuiseal ann ná an t-athrú a thagann ar **ainmfhocal** ag brath ar na focail eile atá timpeall air.

Athraíonn focail eile chomh maith i.e. *aidíachtaí* ach ní tuiseal atá i gceist ansin. Ní bhaineann tuisil ach amháin le **hainmfhocail**.

Tá tuisil ina lán teangacha ar fud an domhain, mar shampla, sa Ghearmáinis, san Fhionlainnis agus sa Ghréigis.

Bhíodh tuisil ann fadó sa Bhéarla ach níl níos mó.

**Gramadach, feasacht teanga: na tuisil.**

### Sleamhnán 02

#### An tuiseal tabharthach súil siar

##### **An tuiseal tabharthach**

Cuirtear ainmfhocail sa tuiseal tabharthach nuair a bhíonn réamhfhocal agus an t-alt rompu (m.sh. **ag an, ar an, leis an, roimh an, faoin, chuig an** srl.).

bus	ar an <b>mbus</b>
cathaoir	faoin <b>gcathaoir</b>
féasóg	ar an <b>bhféasóg</b>
gasúr	leis an <b>ngasúr</b>
poitigéir	ag an <b>bpoitigéir</b>

Cuirtear urú ar an ainmfhocal ach amháin...

**Gramadach, feasacht teanga: an tuiseal tabharthach.**

### Sleamhnán 03

#### An tuiseal tabharthach súil siar

... Más ó Chúige Uladh tú cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal in ionad urú sa tuiseal tabharthach.

bus	ar an <b>bhus</b>
cathaoir	faoin <b>chathaoir</b>
féasóg	ar an <b>fhéasóg</b>
gasúr	leis an <b>ghasúr</b>
poitigéir	ag an <b>phoitigéir</b>

**Gramadach, feasacht teanga: an tuiseal tabharthach, cleachtas éagsúil i gCúige Uladh.**

### Sleamhnán 04

#### An tuiseal tabharthach i agus sa

Cad is brí le **i bpictiúr**?

Cad is brí le **sa phictiúr**?

**SA = i + AN**

Leanann urú **i** agus leanann séimhiú **sa**

Má thagann focal a thosaíonn le guta tar éis **i** nó **sa** cuirtear 'n' leo:

i Sasana	ACH	<b>in</b> Albain
sa ghloine	ACH	<b>san</b> uisce

**Gramadach, feasacht teanga: an tuiseal tabharthach.**

### Sleamhnán 05

#### An tuiseal tabharthach cleachtadh

Athraigh na focail idir lúibíní más gá.

1. Ar thug tú an bronntanas don (múinteoir) fós?
2. Chaith siad go holc leis an (bainisteoir).
3. Bain an páipéar den (páiste) sin.
4. Ar mhaith leat bheith i do chónaí faoin (tuath)?
5. Nach bhfuil an bainne sa (mála) sin sa choirméal?
6. Féach, tá an leabhar ar an (bord).
7. An maith leat an hata atá ar an (seanbhean)?
8. Sílim go bhfuil cuileog san (uisce).
9. Ní maith liom an dath atá ar an (teach) úd.
10. Beidh sé ag fágáil roimh an (bliain nua).

**Gramadach, feasacht teanga: an tuiseal tabharthach, ceistanna le freagairt.**

# 4G Fócas ar Theanga (ii) Na réamhfhocail shimplí: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht - bunúsach
Spriocanna	Rialacha faoi na réamhfhocail shimplí a mhúineadh do na daltaí
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ~~an t-ádh~~ **ádh** Aonad 4 (An Chumarsáid). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoi na réamhfhocail shimplí.

## Freagraí

Tá na freagraí le fáil sa cheacht féin.

\*Féach leathanach 41 – 45 sa leabhar **Cogar Nua**

# 4G: Fócas ar theanga (ii) Na réamhfhocail shimplí

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>Na réamhfhocail shimplí</b></p> <p>Cad is brí le <b>réamhfhocail shimplí</b>?</p> <p>Bhuel, féach ar an téarma arís:</p> <p style="text-align: center;"><b>réamhfhocail shimplí</b></p> <p style="text-align: center;">Focal a thagann <b>roimh</b> - <b>fhocal</b> eile - focal <b>beag</b> é de ghnáth</p> <p>Tugtar réamhfhocail shimplí ar na focail bheaga seo mar ní réamhfhocail chomhshuite iad (ar feadh, tar éis...)</p> <p>Agus</p> <p>Ní forainmneacha réamhfhoclaigh iad ach an oiread (orm, leis, agat...)</p> <p>Agus ní bhíonn an t-alt i gceist (ag an gcat, ag an aois...) Tugtar an tuiseal tabharthach ar an ngné sin!</p>	<p><b>Gramadach, feasacht teanga: na réamhfhocail shimplí.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>Na réamhfhocail shimplí</b> <small>na consain</small></p> <p>Cuireann réamhfhocail shimplí áirithe séimhiú ar an ainmfhocal a leanann iad agus ní chuireann an chuid eile.</p> <p>Cuir na réamhfhocail shimplí thíos sa bhosca ceart:</p> <p>ag, de, faoi, seachas, trí, um, chun, dar, as, chuig, mar, roimh, ó, go, go dtí, do, murach, le</p> <table border="1" style="width: 100%; text-align: center;"> <tr> <td style="background-color: #f4a460;">+ séimhiú</td> <td style="background-color: #f4a460;">gan séimhiú</td> </tr> <tr> <td style="background-color: #f4a460;"><i>faoi thionchar</i></td> <td style="background-color: #f4a460;"><i>ag Seán</i></td> </tr> </table>	+ séimhiú	gan séimhiú	<i>faoi thionchar</i>	<i>ag Seán</i>	<p><b>Gramadach, feasacht teanga: na réamhfhocail shimplí a chúisíonn agus nach gcúisíonn séimhiú.</b></p>
+ séimhiú	gan séimhiú						
<i>faoi thionchar</i>	<i>ag Seán</i>						

## Sleamhnán 03

### Na réamhfocail shimplí na consain

An raibh an ceart agat?

+ séimhiú	gan séimhiú
<i>faoi thionchar de Shiobhán trí chéile mar mhúinteoir um Cháisc ó bhliain do Cholm roimh mheadán lae</i>	<i>ag Seán le Síle seachas duine eile chun cluiche dar críoch as baile chuig Máire go Gaillimh go dtí doras an tí murach Cian</i>

**Gramadach, feascht teanga:** na réamhfocail shimplí: freagraí ón sleamhnán deireanach.

## Sleamhnán 04

### Na réamhfocail shimplí na consain

Anois, tá cúpla ceann in easnamh, nach bhfuil?

Cad faoi: **ar / gan / idir / thar / i\*** ?

Pléigh na difríochtaí seo leis an duine in aice leat:

ar bord	vs	ar bhord
gan chead	vs	gan teach
gan chóta	vs	gan cóta mór
idir Doire & Gaillimh	vs	idir bheag & mhór
thar bráid	vs	thar cheann Phóil

\*Cad a leanann ?

**Gramadach, feascht teanga:** na réamhfocail shimplí: ar, gan, idir, thar, i; **obair bheirte:** dhá chiall gach ceann le plé.

## Sleamhnán 05

### Na réamhfocail shimplí na consain

An raibh an ceart agaibh?

<b>ar bord</b>	vs	<b>ar bhord</b>
Nuair atá míniú faoi leith ag <b>ar</b> agus an focal eile. Nuair nach ciallaíonn <b>ar</b> an focal <b>on</b> i mBéarla <i>-ar muir, ar siúl, ar ceal</i>		Ciallaíonn <b>ar 'on'</b> sa chiall Bhéarla anseo - <i>on a table</i>

<b>gan chead</b>	vs	<b>gan teach</b>
Séimhítear focal aonair tar éis <b>gan</b> murach...		Focal a thosaíonn le <b>d / t / l / s / n</b> Ní bhíonn séimhiú i gceist

<b>gan chóta</b>	vs	<b>gan cóta mór</b>
Séimhítear focal aonair tar éis <b>gan</b> ach amháin...		Má bhíonn níos mó ná focal amháin ann. Ní bhíonn séimhiú i gceist.

<b>idir Doire &amp; Gaillimh</b>	vs	<b>idir bheag &amp; mhór</b>
Má chiallaíonn <b>idir</b> <i>between</i> ní bhíonn séimhiú ann.		Má chiallaíonn <b>idir</b> <i>both</i> bíonn séimhiú ar an dá ainmfhocal.

<b>thar bráid</b>	vs	<b>thar cheann Phóil</b>
Nuair atá míniú faoi leith ag <b>thar</b> agus an focal eile. <i>-thar ceann</i>		Ciallaíonn <b>thar 'over'</b> sa chiall Bhéarla anseo - <i>over Paul's head</i>

**Gramadach, feascht teanga:** na réamhfocail shimplí: ar, gan, idir, thar, i; **obair bheirte:** dhá chiall mínithe.

## Sleamhnán 06

### Na réamhfocail shimplí na gutaí

An féidir leat séimhiú a chur ar ghuta?

Ní féidir ar ndóigh! Ach is féidir:

✓ 'h' a chur roimh ghuta má thagann dhá ghuta le chéile: go hAlbain

✓ Agus athraíonn **do** agus **de** go dtí **d'** roimh ghuta nó **'fh'**: **d'fhocal**

Cuir na réamhfocail shimplí roimh fhocail a thosaíonn le guta chun na rialacha thuas a léiriú:

ag, de, os, faoi, seachas, trí, um, chun, dar, as, chuig, mar, roimh, ó, go, go dtí, do, murach

**Gramadach, feascht teanga:** na réamhfocail shimplí le gutaí; **tasc scríofa:** réamhfocal + guta.

## Sleamhnán 07

### Na réamhfocail shimplí na consain

An raibh an ceart agat?

ag Áine  
d'arán  
faoi anáil  
seachas ainmhithe  
trí uisce  
um ordú  
chun Aifreann  
dar aois  
as ord  
chuig Eilís  
mar aisteoir  
ó oifig  
go hÉirinn  
go dtí é  
d'aois  
murach Éamonn  
le himeacht

**Gramadach, feascht teanga:** na réamhfocail shimplí le gutaí – freagraí.

# Caibidil 5: An Duine

- A. Ag labhairt in aghaidh an easa
- B. Aigne an duine
- C. An duine sa tsochaí
- D. Ar scáth a chéile
- E. Bláth na hÓige
- F. Cailíní agus Buachaillí
- G. Fócas ar Theanga:
  - i. An aidiacht sa iolra
  - ii. An modh coinníollach

The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. At the top, there is a navigation bar with the Ceacht.ie logo and the tagline 'An t-athrann de mhionnascáil Gaeilge'. Below the navigation bar, there is a main heading 'Caibidil 5: An Duine' and a sub-heading 'Ag labhairt in aghaidh an easa'. The page is divided into two main sections. On the left, there is a sidebar with a list of lessons for Chapter 5, numbered 01 to 07. Lesson 04, 'A. Ag labhairt in aghaidh an easa', is highlighted in blue. On the right, there is a list of lessons for Chapter 5, numbered 01 to 07, with lesson 04 highlighted. Each lesson entry includes a title, a description, and a price. The lessons are:

- 01. Soif as soide
- 02. Caidrín
- 03. An Ghaeilge agus an Ghaeilge
- 04. An Chumarsáid
- 05. An Dulce
- 06. Ag labhairt in aghaidh an easa
- 07. Aigne an duine

The lessons are listed in a table format with columns for the lesson title, a description, and a price. The prices are in Euros (€).

Lesson Title	Description	Price
01. Soif as soide	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99
02. Caidrín	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99
03. An Ghaeilge agus an Ghaeilge	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99
04. An Chumarsáid	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99
05. An Dulce	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99
06. Ag labhairt in aghaidh an easa	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99
07. Aigne an duine	Ag labhairt in aghaidh an easa	€1.99

# 5A Ag labhairt in aghaidh an easa: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardeistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an Ghaeilge sa Ghalltacht
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil beirt daltaí ó Choláiste Ailigh agus ó Choláiste Eoin ag labhairt ar úsáid na Gaeilge ina saol.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardeistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá téama an ranga bunaithe ar lucht na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht ach b'fhéidir go mbeadh na topaicí suimiúil dóibh siúd atá ag freastal ar scoil sa Ghaeltacht chomh maith.



### Réamhobair 1

- ✓ Is iomaí focal a bhfuil *gael* agus *gall* iontu. Is ceacht é seo ar fheasacht teanga go pointe a fhad is a dhírítear aird na ndaltaí ar chomhdhéanamh na bhfocal. Cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu A, B agus C a phlé ina mbeirteanna. (Féach na freagraí.)
- ✓ Déan iarracht plé bríomhar a spreagadh go háirithe maidir le ceist C. Bí ag siúl timpeall an ranga chun cuidiú leis an rang más gá.



### Réamhobair 2

- ✓ Léigh na treoracha leis na daltaí agus cuir i mbeirteanna iad. Abair leo gur rólghníomhaíocht a bheas á déanamh acu agus go mbeidh siad ag cur na gceisteanna ar a chéile. Tabhair deis dóibh freagraí na gceisteanna a ullmhú sula gcuireann tú chun cainte iad.
- ✓ Lig dóibh an t-agallamh a dhéanamh ansin. Míneigh go mbeidh ar dhuine A na ceisteanna ar fad a chur ar dhuine B agus an bealach eile timpeall ansin.
- ✓ Cuir na ceisteanna ar dhaltá éagsúla nuair atá an t-agallamh déanta ag gach beirt agus scríobh aon fhoclóir nua a tháinig chun cinn ar an gclár.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarphlé 1

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh cuid acu leis an rang ar fad ansin.

- ✓ Canúint Uladh agus canúint Bhaile Átha Cliath atá ag an mbeirt. Bí cúramach agus tú ag plé cuid A leis an rang. Bíonn daoine ag caitheamh anuas ar na canúintí nua atá ag teacht aníos sa tír toisc líon na nGaelscoileanna ag borradh fud fad na tíre. Is minic muintir na Gaeltachta ag rá nach bhfuil an blas ceart nó na fuaimeanna cearta ag cainteoirí ó na Gaelscoileanna. Is fiú go mór an pointe a phlé ach é a dhéanamh go mothálach.



## Iarphlé 2 / 3

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi na daoine ar na sleamhnáin agus ar a ndeir siad.
- ✓ Ba cheart go mbeadh go leor ábhar machnaimh ann chun plé maith a chothú. Ceacht cainte é seo go cinnte ach is ceacht é chomh maith ar fheasacht chultúrtha.
- ✓ Tabhair seans do na daltaí machnamh a dhéanamh agus éist leis na tuairimí a bheidh acu.



## Dán 1

- ✓ Tá an sleamhnán seo an-oiriúnach do dhaltaí a bhfuil an dán *Fill Arís* á dhéanamh acu. Mura bhfuil sé á dhéanamh ag do rang féin, ní gá duit na ceachtanna a dhéanamh.
- ✓ Má tá, tabhair seans do na daltaí an dán a léamh agus mínigh aon rud nach dtuigeann siad dóibh. Iarr orthu gach abairt a scríobh amach ina bhfocail féin.



## Dán 2

- ✓ Cuir an mhír le Seán Ó Ríordáin é féin ag léamh amach a dháin ar siúl agus lig do na daltaí an dán a léamh ag an am céanna.
- ✓ Iarr orthu na ceisteanna faoi B a dhéanamh ansin. Pléigh na tuairimí a bhí acu agus déan plé ginearálta ar théama an dáin.

## Freagraí

### Réamhobair 1

- Gaeilgeoir, Galltacht, Gaeltacht, Gaelscoil, Gaeilge, Gall-Ghael, galldú, Gaelach, Gaelú
- Baile na nGall, Dún na nGall, Gael
- Gaeilgeoir – duine a labhraíonn Gaeilge go laethúil.

# 5A: Ag labhairt in aghaidh easa

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>Ag labhairt in aghaidh an easa</b> Réamhobair 1</p> <p>A. Cé mhéad focal an féidir leat a chumadh a bhfuil an dá fhocal seo iontu:</p> <p style="text-align: center;"><b>Gael      Gall</b></p> <p>Mar shampla: <b>Gaelscoil</b></p> <p>B. An féidir leat smaoiniamh ar aon logainm leis na focail thuas ann?</p>  <p>C. Cad is brí leis an bhfocal <b>Gaeilgeoir</b>? An maith leat an téarma? Cén fáth?</p>	<p><b>Obair bheirte, feasacht teanga:</b> ceisteanna le plé.</p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>Ag labhairt in aghaidh an easa</b> Réamhobair 2</p> <p><b>Rólghníomhaíocht:</b> <b>Ról A:</b> Dalta scoile i ngaelscoil nó i scoil sa Ghaeltacht <b>Ról B:</b> Iriseoir d'iris faoi chultúr</p> <p>Bíodh beirt agaih obair le chéile. Sula ndéanfaidh sibh an rólghníomhaíocht, scríobhaigí amach freagraí na gceisteanna seo thíos fúibh féin.</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>Cá bhfuil tú ar scoil agus cén cineál scoile í?</li> <li>An ndéanann tú na hábhair scoile ar fad trí Ghaeilge agus an bhfuil sé sin deacair? Cén fáth?</li> <li>An labhraíonn tú Gaeilge le do chuid cairde ar fad?</li> <li>An labhraíonn tú Gaeilge i rith an lae ar scoil?</li> <li>An labhraíonn tú Gaeilge sa bhaile? Cén fáth?</li> <li>Cén céatadán de dhaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil sa bhaile mór ina bhfuil tú ar scoil? Tabhair buille faoi thuairim mura bhfuil tú cinnte.</li> </ol> <p>Anois, cuirfidh duine A na ceisteanna ar dhuine B. Nuair atá sin déanta malartaigí róilanna.</p>	<p><b>Obair aonair:</b> ceisteanna le freagairt faoin nGaeilge; <b>obair bheirte:</b> tasc labhartha.</p>
<p><b>Sleamhnán 03</b></p> <p><b>Ag labhairt in aghaidh an easa</b> Éisteacht</p> <p>Éist le Marc agus le Niall ag caint faoin nGaeilge agus faoi Ghaelscoileanna. Freagair na ceisteanna seo a leanas:</p>  <ol style="list-style-type: none"> <li>Cén fáth a raibh Marc ag iarraidh dul ar scoil lán-Ghaeilge?</li> <li>An labhraíonn Marc Gaeilge sa bhaile? Cén fáth?</li> <li>Cad a deir Niall faoi lucht labhartha na Gaeilge i mBaile Átha Cliath?</li> <li>Cé hiad na daoine a labhraíonn Niall Gaeilge leo? Agus cén fáth a labhraíonn sé Gaeilge leis na daoine sin?</li> </ol> 	<p><b>Tasc éisteachta:</b> ceisteanna le freagairt.</p>	<p><b>Sleamhnán 04</b></p> <p><b>Ag labhairt in aghaidh an easa</b> Iarphlé 1</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>Cad is féidir leat a rá faoin gcanúint atá ag an mbeirt chainteoirí atá díreach cloiste agat? Cén chanúint atá agat féin?</li> <li>Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:</li> </ol>  <ol style="list-style-type: none"> <li>Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?</li> <li>Cén fáth a bhfuil tú ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge?</li> <li>An bhfuil sé tábhachtach Gaeilge a labhairt? Cén fáth?</li> <li>An bhfuil tú bródúil as a bheith ag labhairt Gaeilge? Cén fáth?</li> <li>Cad a cheapann tú faoi dhaoine a bhíonn ag caitheamh anuas ar an nGaeilge?</li> <li>Má bhíonn páistí agat lá éigin an gcuirfidh tú go dtí scoil lán-Ghaeilge iad? Cén fáth?</li> </ol>	<p><b>Obair bheirte:</b> ceisteanna le freagairt faoin nGaeilge; <b>feasacht teanga:</b> na canúintí.</p>
<p><b>Sleamhnán 05</b></p> <p><b>Ag labhairt in aghaidh an easa</b> Iarphlé 2</p> <p>Luaigh Niall alt de chuid <i>The Irish Times</i> a scríobh Una Mullally inár labhairt sí le Gaeilgeoirí mór le rá na tíre. Seo thíos cuid den mhéid a bhí le rá acu. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus (i) pléigh le chéile an méid atá ar eolas agaibh faoi na daoine áirithe agus (ii) pléigh bhur dtuairimí faoin méid a dúirt siad.</p> <p><b>Harry McGee, Comhfhreagraí Polaitíochta, Irish Times</b> 'When you hear a Connemara speaker sing the language your heart soars'</p> <p><b>Una Mullally, Irish Times</b> I remember overhearing a snide remark about my "46A Irish" when I started working in Irish-language television. It was hurtful. After all my efforts to keep my Irish up, the Gaeilgeoirí of Connemara, west Kerry, Rathcairn or elsewhere would never accept me.</p> <p><b>Ruadhán Mac Cormaic, Comhfhreagraí Pháras, Irish Times</b> When you have Irish, you hear it all the time in turns of phrase, place names, cultural references and so much else. Like any language, it's a way of thinking, a window – or should that be a mirror? – into a world that is otherwise clouded or closed.</p>	<p><b>Obair bheirte, tasc labhartha:</b> feasacht chultúrtha, daoine cáiliúla áirithe agus a ndeir siad le plé.</p>	<p><b>Sleamhnán 06</b></p> <p><b>Ag labhairt in aghaidh an easa</b> Iarphlé 3</p> <p><b>Pól Ó Muirí, Eagarthóir Gaeilge, Irish Times</b> 'Usually, people start abusing you verbally when you say you speak Irish. They say: "No one speaks Irish and it's a waste of time and money and pointless and we would be better spending the money on a space programme and going to Mars and taking it over and let's see how the troika get their money back when we are all on Mars, armed with nuclear weapons.'</p> <p><b>Máire Bhreathnach, bean an tí as Coláiste Chamuis, Baile na hAbhann, Contae na Gaillimhe</b> 'The students who come all have a little bit of book Irish'</p> <p><b>Bláthnaid Ní Chofaigh, Láithreoir Teilifíse</b> 'When I was a teenager the reaction was, and still can be, "Stupid language: what's the point?" Then the adult versions: "It was beaten into me"; "you're all mad "RA-heads"; and my favourite, "You get a grant for everything."'</p> <p><b>Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn</b> 'Theastaigh uaim go mbeadh teacht ag an saol mór ar an teanga'</p>	<p><b>Obair bheirte, tasc labhartha:</b> feasacht chultúrtha, daoine cáiliúla áirithe agus a ndeir siad le plé.</p>



## Sleamhnán 07

### Ag labhairt in aghaidh an easa

Dán 1

#### Fill Arís

Seán Ó Riordáin



Fág Gleann na nGealt thoir,  
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,  
Dún d'intinn ar ar tharla  
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,  
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom  
Is an bóthar fada, bain ded mheabhair  
Srathar shibhialtacht an Bhéarla,  
Shelley, Keats is Shakespeare:

Fill arís ar do chuid,

Nígh d'ainm is nígh  
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh  
'Bhí bunoscionn le d'éirim:

Dein d'fhaoinn is dein

Siocháin led ghiniúin féinig

Is led thigh-se féin is ná tréig iad,

Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.

Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,

Is chfuir thiar ag bun na spéire ag rátháocht ann

An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,

Is an tuiséal gairmeach ar bhéalaibh daoine:

Sin é do dhoras,

Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,

Buail is osclófar

D'intinn féin is do chló ceart.

**Feasacht chultúrtha:**  
dán le léamh;  
**tasc scríofa:**  
gach líne den  
dán a scríobh i  
bhfocail eile.

## Sleamhnán 08

### Ag labhairt in aghaidh an easa

Dán 2

#### Fill Arís

Seán Ó Riordáin

A. Éist leis an bhfile ag léamh amach an dán agus tú ag léamh an dán.

B. Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Cá bhfuil Gleann na nGealt? An bhfuil aon 'Gleann na nGealt' i do shaol féin?
2. Cad é 'srathir shibhialtacht an Bhéarla' ár linne féin, dar leat?
3. Dá mbeadh ort féin gnéithe de ghramadach na Gaeilge (in áit 'An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach') a thabhairt mar shiombail na Gaeilge, cad a d'úsáidfeá? An tuiséal ginideach?
4. An bhfuil Gaeilge níos fearr ag muintir na Gaeltachta ná acu siúd a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den Ghaeltacht, dar leat? Mínigh.

**Tasc éisteachta:**  
éisteacht leis an  
bhfile ag léamh  
a dháin féin;  
**obair ghrúpa:**  
ceisteanna le  
plé; **plé ranga:**  
téama an dán  
le plé.

## 5B Aigne an duine: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – aigne an duine / pearsantacht
Stór focal	Pearsantacht agus aigne an duine

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt a fuarthas ó shuíomh idirlín an BBC (<http://www.bbc.co.uk/science/humanbody/mind/articles/personalityandindividuality/perfectionism.shtml>) agus a aistríodh go Gaeilge.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus abair leo tabhairt faoi chuid A agus B le chéile.
- ✓ Murar féidir leo smaoineamh ar aon fhreagra do chuid A, luaigh réimsí na sláinte, meabhairshláinte, coiriúlacht, cogaí, oideachas, todhchaí an domhain agus araile. Tá na focail faoi B an-chosúil le chéile ach bí cinnte go dtuigeann siad an difear idir ‘inchinn’ agus ‘intinn’.



### Réamhobair 2

- ✓ Beidh ar gach dalta an ceistneoir seo a mharcáil é/í féin ar dtús. Mínigh an eochair dóibh sula dtosaíonn siad agus aon stór focal nach dtuigeann siad.
- ✓ Cuir gach beirt nó triúr le chéile ansin chun a gcuid roghanna a phlé. Abair leo gur cheart dóibh cúis a thabhairt lena roghanna i.e. ní leor a rá gur roghnaigh siad uimhir 3 do cheist 1, beidh orthu a rá cén fáth.
- ✓ Pléigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad ansin.



### Réamhobair 3

- ✓ Abair le gach beirt tabhairt faoin ngníomhaíocht stór focal agus ceartaigh leis an rang ar fad ansin é (féach Freagraí thíos).



### Léamh

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna, más féidir agus abair leo sealanna a thógáil ag léamh os ard le chéile. Cuidíonn sé seo leo teacht isteach ar fhuaimneanna na Gaeilge chomh maith.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo más gá.
- ✓ Pléigh aon stór focal / nathanna cainte deacra leo ag an deireadh.



## Iarphlé 1

- ✓ Braitheann sé ort féin conas is fearr tabhairt faoin obair ar an sleamhnán seo: d'fhéadfá obair scríofa a thabhairt dóibh le déanamh sa rang mar atá molta ar an sleamhnán nó d'fhéadfá na daltaí a chur ag plé na gceisteanna i ngrúpaí agus a rá leo nótaí ón bplé a bhreacadh síos le roinnt leis an rang iomlán níos déanaí.
- ✓ Pé cur chuige a roghnaíonn tú, cinntigh go ndéanfaidh siad obair le dealramh ar cheann amháin de na ceisteanna atá ar an sleamhnán agus déan iarracht iad a chur ag machnamh i gceart orthu ar fad.
- ✓ Agus tú ag plé a gcuid tuairimí leo, cuir stór focal agus nathanna cainte úsáideacha ar an gclár do na daltaí.



## Iarphlé 2

- ✓ Gníomhaíocht éadrom atá i gceist anseo. Mínigh do na daltaí cad a bheidh le déanamh acu agus tabhair cúpla nóiméad dóibh uimhir a chur os comhair gach ráitis chun iad a chur in ord tábhachta (bíodh cóip ar fáil do gach dalta).
- ✓ Nuair a bheidh an méid sin déanta acu abair leo a roghanna a phlé i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar.
- ✓ Pléigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad ansin agus faigh amach uathu cad a bhí acu le haghaidh uimhir 1 agus uimhir 10 den chuid is mó.



## Iarphlé 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.

## Freagraí

### Réamhobair 3

- |                             |                         |               |              |
|-----------------------------|-------------------------|---------------|--------------|
| 1. solúbtha:                | flexible                | 8. neamhoird: | disorders    |
| 2. tréith:                  | trait                   | 9. ionchais:  | expectations |
| 3. ní hionann do:           | it's not the same for   | 10. cáineadh: | criticism    |
| 4. foirfeoirí néaróiseacha: | neurotic perfectionists | 11. amhras:   | doubt        |
| 5. fóibe:                   | phobia                  | 12. éirí as:  | give up      |
| 6. claonadh:                | tendency                | 13. éiginnte: | uncertainty  |
| 7. a chur faoi cheilt:      | to hide                 |               |              |


# 5B: Aigne an duine

## Sleamhnán 01

### Aigne an duine

Réamhobair 1

Deirtear gurb é an rúndiamhair is mó atá fágtha san eolaíocht ná aigne an duine. Bíonn taighdeoirí ag déanamh staidéir ar an inchinn agus ag iarraidh a dhéanamh amach conas mar a oibríonn sí agus cad is brí le bheith i do neach comhfhiosach. Deir eolaithe gur ceann de na rudaí is mó a chabhróidh leis an gcine daonna dul chun cinn a dhéanamh ná fios níos fearra a bheith againn conas mar a oibríonn an inchinn.



A: Conas a d'fhéadfadh breis tuiscena ar an inchinn cabhrú leis an gcine daonna? Tabhair féin agus an duine in aice leat buille faoi thuairim.

B: Pléigh na focail thíos leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh conas a úsáidtear iad ar fad?

- an inchinn
- an intinn
- an aigne
- an meon
- an phearsantacht
- an dearcadh

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé; **stór focal:** focail a bhaineann leis an aigne.

## Sleamhnán 02

### Aigne an duine

Réamhobair 2

An bhfuil na ráitis thíos fíor fútsa? Cuir ciorcal timpeall ar an uimhir is feara a oireann duit. Féach ar an eochair ar dtús:

- 5 = tá sé seo fíor fútsa  
1 = níl sé seo fíor fútsa in aon chor



- |   |           |
|---|-----------|
| 1. Tá sé éasca réiteach liom.               | 5 4 3 2 1 |
| 2. Is duine féinmhuineach mé.               | 5 4 3 2 1 |
| 3. Táim ceannasach mar dhuine.              | 5 4 3 2 1 |
| 4. Is duine eagraithe mé.                   | 5 4 3 2 1 |
| 5. Is duine goilllúnach mé.                 | 5 4 3 2 1 |
| 6. Taitníonn scoil liom.                    | 5 4 3 2 1 |
| 7. Is maith liom am a chaitheamh liom féin. | 5 4 3 2 1 |
| 8. Tá sé éasca náire a chur orm.            | 5 4 3 2 1 |
| 9. Tagann fearg orm go héasca.              | 5 4 3 2 1 |
| 10. Is duine uailmhiánach mé.               | 5 4 3 2 1 |

**Obair aonair:**  
ceisteanna le freagairt; **obair bheirte/ghrúpa:** plé ar na freagraí.

## Sleamhnán 03

### Aigne an duine

Réamhobair 3

Beidh tú ag léamh ailt faoi fhoirfeoirí (perfectionists) i gceann tamaill. Ach ar dtús, féach féin agus an duine in aice leat ar na focail/frásaí seo thíos. An dtuigeann sibh iad?



- |                             |       |
|-----------------------------|-------|
| 1. solúbtha:                | _____ |
| 2. tréith:                  | _____ |
| 3. ní hionann do:           | _____ |
| 4. foirfeoirí néaróiseacha: | _____ |
| 5. fóibe:                   | _____ |
| 6. claonadh:                | _____ |
| 7. a chur faoi cheilt:      | _____ |
| 8. neamhoird:               | _____ |
| 9. ionchais:                | _____ |
| 10. cáineadh:               | _____ |
| 11. amhras:                 | _____ |
| 12. éirí as:                | _____ |
| 13. éiginnte:               | _____ |

**Obair bheirte:**  
stór focal le míniú.

## Sleamhnán 04

### Aigne an duine

Léamh 1

Is daoine iad na foirfeoirí a dteastalonn uathu caighdeán an-ard a bhaint amach i ngach rud a dhéanann siad: san obair, sa spórt, sa chóicairacht nó fiú amháin sa DIY (an déan féin é mar a déarfá!). Tá céimeanna difriúla den fhoirfeachtachas ann, faoi mar atá le gach tréith eile. Is féidir foirfeoirí a roinnt in dhá ghrúpa ag brath ar cé chomh solúbtha is atá siad faoi na caighdeán a leagann siad síos dóibh féin nó ag brath ag cé chomh meáite is a bhíonn siad an caighdeán is airde (foirfe) a bhaint amach.

**Gnáth-foirfeoirí** – Cé go ndéanann na daoine seo a ndícheall caighdeán ard a bhaint amach i gcónaí, tuigeann siad nach amhlaidh an scéal i gcónaí.

**Foirfeoirí néaróiseacha** – ní bhrathann siad seo go deo go bhfuil jab maith go leor déanta acu. Ní bhíonn aon fhoighne acu le hearraídi agus bíonn siad thar a bheith féin-chriticiúil.

Baineann na gnáth-foirfeoirí amach a lán rudaí ina saol, de ghnáth. Is tréith mhaith i an foirfeachtachas de ghnáth, abair más baincúir tú, lúthchleasaí, aisteoir nó tógálaí, mar ciallaíonn sé go mbeidh tú go maith ag do phost. Mar shampla, is foirfeoirí iad a lán de na lúthchleasaithe proifisiúnta.

Ach ní hionann do na foirfeoirí néaróiseacha a bhíonn ródhian orthu féin. Is minic a bhíonn siad thíos le fadhbanna síceolaíochta agus fisiceacha, ina measc:

- Ísle brí
- Alcóalachas
- Fóibe shóisialta
- Galar croí
- Neamhoird éigníoch dúghafach (Obsessive Compulsive Disorder)
- Féimhárú
- Anorexia nervosa
- Bac scríbhneora (Writer's block)

**Obair bheirte:**  
léamh os ard le chéile le béim ar fhoghraíocht cheart.

## Sleamhnán 05

### Aigne an duine

Léamh 2

**Sé ghné a bhaineann le Foirfeachtachas**  
Tá ceisteoirí forbartha ag an Dr Randy Frost ó Smith College, Massachusetts chun foirfeachtachas a thomhas. Áirítear 6 ghné éagsúla den fhoirfeachtachas ar an scála.

**1. A bheith buartha faoi earráidí**  
Bíonn foirfeoirí níos buartha faoi dhearmaid a dhéanamh ná daoine eile, mar bíonn eagla orthu go mbeidh daoine ag déanamh beag díobh. Dá bharr sin, bíonn claonadh ag foirfeoirí gan cabhair a lorg chun na dearmaid a chur ina gceart agus braitheann siad gur cheart dóibh na dearmaid a chur faoi cheilt. Má bhíonn daoine róbhuartha faoi earráidí bíonn an baol ann go dtiocfadh fóibeanna agus neamhoird eile orthu.

**2. Caighdeán phearsanta**  
Bíonn sé comónta i measc gnáth-foirfeoirí agus foirfeoirí néaróiseacha araon, caighdeán arda a leagadh síos dóibh féin a bhrathann siad a chaitheadh siad a bhaint amach. Deirtear go bhfuil éifeacht ag an tréith seo ar an neamhoird itheacháin anorexia nervosa.

**3. Ionchais tuismitheoirí**  
Gné chomónta den fhoirfeachtachas ná a bheith ag iarraidh ionchais do tuismitheoirí fút a shásamh. B'fhéidir gurb é an chúis atá leis seo ná go dtógtar na daoine seo i dtithe a dtugann tuismitheoirí grá dá leanaí ar an gcoimníoll go sásóidh siad a n-ionchais. Déanann na leanaí seo iarracht gach rud a dhéanamh i gceart ionas nach ndiúlóidh na tuismitheoirí dóibh.

**4. Cáineadh tuismitheoirí**  
Agus tú ag iarraidh do tuismitheoirí a shásamh is minic a bhrathfaidh buartha go gcaineadh do mháthair nó d'athair an méid atá bainte amach agat. Tá seans ann go gcuirtear pionós ar na daoine seo as dearmaid (dearmaid nach bhfuil róthromchúiseach, b'fhéidir) a dhéanamh nuair a bhíodar ina leanaí. An toradh a bhíonn air sin ná nach mbrathann siad go deo go mbeidh siad amach go leor chun na tuismitheoirí a shásamh.

**Obair bheirte:**  
léamh os ard le chéile le béim ar fhoghraíocht cheart.

## Sleamhnán 06

### Aigne an duine

Léamh 3

**5. Amhras faoi thascanna**  
Is minic a bhrathann foirfeoirí amhras faoi chaidéan a gcuid oibre nuair a bhíonn sí críochnaithe acu. Dá bharr sin, bíonn leisce ar na daoine sin scaoileadh le tascanna agus uaireanta bíonn ar dhaoiné a rá leo éirí as. Bíonn foirfeoirí an-éiginnte go minic mar thoradh ar an amhras seo.

**6. Ord agus eagar**  
Is minic a bhíonn foirfeoirí an-chríochnúl agus pointeáilte faoi gach rud a dhéanann siad. Bíonn siad tógtha le gach rud a bheith deas néata. Ní de thoradh díreach ar an bhfoirfeachtachas é sin ach bíonn éifeacht aige ar na foirfeoirí agus iad ag iarraidh barr a maitheasa a bhaint amach.

**Obair bheirte:**  
léamh os ard le chéile le béim ar fhoghraíocht cheart.

## Sleamhnán 07

### Aigne an duine

Iarphlé 1

Roghnaigh dhá cheann de na ceisteanna thíos agus déan na cleachtaí a ghabhann leo.

1. De ghnáth, bíonn daoine ina bhfoirfeoirí de bharr an tógáil a bhí orthu agus iad ina leanaí. Pléigh an dá cheist seo a leanas: (i) Cén tionchar, dar leat, atá ag do thuismitheoirí féin ortsa? (ii) An bhfuil tú cosúil le do Mham nó le do Dhaid? Cad iad na tréithe a thug tú leat uathu? Scríobh do fhreagraí.
2. Deir daoine, uaireanta, nach féidir le duine athrú. An gcreideann tusa é sin? An dtugann tú faoi deara aon athruithe ort féin mar dhuine ó bhí tú i do leanbh? Cad iad? Scríobh do fhreagra.
3. Cad iad na tréithe ba bhreá leat a bheith agat féin? Cad iad na buntáistí sa saol a thabharfadh na tréithe sin duit, meas tú? Scríobh do fhreagra.
4. Cad iad na tréithe atá agat nach dtaitníonn leat? Cad iad na míbhuntáistí a thugann na tréithe sin duit, meas tú? Scríobh do fhreagra.

**Obair aonair, tasc scríofa nó obair ghrúpa, tasc labhartha:** stór focal le scríobh ar an gclár bán.

## Sleamhnán 08

### Aigne an duine

Iarphlé 2

#### An Caidreamh Foirfe

Cad iad na rudaí is tábhachtaí agus tú i ngrá le duine eile? Cuir na ráitis thíos in ord tábhachtacha. Tabhair uimhir 1 don rud is tábhachtaí agus síos leat go dtí uimhir 10 don rud is lú tábhacht.



1. Go dtaitneadh an saghas céanna ceoil libh beirt.
2. Go mbeadh sibh ar aon intinn mar gheall ar chúrsaí creidimh.
3. Go réiteodh sé/sí le do thuismitheoirí.
4. Go mbeadh sé/sí dathúil.
5. Go mbeadh acmhainn mhaithe grinn aige/aici.
6. Go mbeadh na pleananna céanna agaibh don saol tar éis na hArdteiste.
7. Go mbeadh sé/sí chomh héirimíúil leat féin.
8. Go mbeadh an cúlra eacnamaíochta céanna agaibh beirt.
9. Go mbeadh sé/sí dílis duit.
10. Gur duine muiníneach a bheadh ann/inti.

**Obair aonair:** pointí le cur in ord; **obair ghrúpa:** freagraí le plé.

## Sleamhnán 09

### Aigne an duine

Iarphlé 3

An raibh a fhios agat...?

An Ghaeilge atá ar 'old people' ná **seandaoine**, ach má deir tú "féach an **seanduine** sin", is seanfhear atá tú ag rá. Is é sin le rá, ciallaíonn seanduine 'old man'. Má theastaíonn uait 'old woman' a rá, abair **seanbhean**.



Tá an rud céanna i gceist leis an téarma **mo dhuine** ('your one'). Is fear a bhíonn i gceist i gcónaí le 'mo dhuine'. Caithfidh tú rud éigin eile a rá más ag caint ar bhean atá tú e.g. 'mo bhean thall' / 'an bhean sin' etc.

**Feasacht teanga:** seandaoine, seanduine, seanbhean, mo dhuine.

## 5C An duine sa tsochaí: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – fadhbanna agus gnéithe den tsochaí.
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír bheag ina bhfuil múinteoir ag labhairt faoin mbrú a bhíonn ar dhaoine óga. Canúint Uladh atá ann.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar **An Modh Coinníollach ó Fócas ar Theanga** a dhéanamh leis an aonad seo.



### Réamhphlé

- ✓ Iarr ar gach grúpa (de thriúr nó de cheathrar) na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin.
- ✓ Bíodh an foclóir seo a leanas ag na daltaí faoi dheireadh an cheachta:

Fadhbanna andúile – fadhbanna ólacháin agus drugaí

Fadhbanna airgid – i bhfiacha, foriamh, iasacht bhainc, cúlú eacnamaíochta

Ciníochas

Drochshláinte

Daoine gan dídean

Easpa bia, airgid, teasa



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh (Féach na freagraí).



### Iarphlé 1

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun míniú na bhfrásaí ar an sleamhnán a thomhas agus a mheaitseáil leis na pictiúir chuí (féach na freagraí).
- ✓ Faigh amach an raibh sé deacair dóibh buille faoi thuairim a thabhairt agus cén fáth. An bhfuil aon nath eile ar eolas chun cur síos a dhéanamh ar na teaghlaiigh seo? Déan iarracht plé a chothú sa rang.
- ✓ Bí cinnte go bhfuil focail ar nós *leas-deirfiúr*, *leas-deartháir*, *col ceathracha*, *páirtí*, *homaighnéasach*, *leispiach* agus araile ag na daltaí.



## Iarphlé 2

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí an ceacht seo a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt.
- ✓ Caithfidh siad cinneadh a dhéanamh an gcuirfeadh siad dlí i bhfeidhm sa tír nó nach gcuirfeadh.
- ✓ Iarr ar gach duine cuid A a dhéanamh ina aonar ar dtús agus abair leo go gcaithfidh siad a bheith ábalta cúis a thabhairt le haghaidh na gcinntí a rinne siad.
- ✓ Ansin abair le gach beirt a dtuairimí a chur i gcomparáid lena chéile.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad agus scríobh aon fhoclóir úsáideach a tháinig aníos ar an gclár.



## Iarphlé 3

- ✓ Is féidir an ceacht seo a dhéanamh leis an rang ar fad.
- ✓ Téigh trí liosta na bhfrásaí ar an sleamhnán agus iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla a rá leat an bhfuil siad ag aontú nó ag easaontú?
- ✓ Scríobh frásaí eile atá ar eolas acu ar an gclár.



## Rólghníomhaíocht / Rólanna

- ✓ Léigh tríd an *scenario* leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann siad a bhfuil ar an sleamhnán.
- ✓ Mínigh dóibh go mbeidh siad ag obair i ngrúpaí de cheathrar agus go mbeidh ról difriúil ag gach duine den cheathrar.
- ✓ Léigh na rólanna ar an gcéad sleamhnán eile agus tabhair ról an duine do gach duine sna grúpaí ar fad.
- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad in éadan nó ar son na n-athruithe ar fad atá le cur i bhfeidhm sa scoil ag brath ar an gcineál duine iad sa ról. Níl tuairimí gach ról chomh neamhbhalbh sin. Mar shampla, Ról B – Ní deirtear nach duine mór faisin é ach is féidir a shamhlú b'fhéidir, nach mbeadh innealtóir meicniúil chomh tógtha sin le faisean nó le hEacnamaíocht Bhaile. É sin ráite áfach, is féidir le gach duine cur leis an ról atá aige.
- ✓ Tabhair tamall do gach duine i ngach grúpa machnamh a dhéanamh ar an ról atá aige agus ar na tuairimí atá acu agus tabhair go leor ama dóibh roimh ré ullmhú a dhéanamh chun a dtuairimí a chur in iúl.
- ✓ Abair le gach grúpa na pointí ar an sleamhnán **Rólghníomhaíocht** a phlé ansin agus cinneadh a dhéanamh. Beidh orthu teacht ar chomhréiteach.
- ✓ Iarr ar ghrúpa amháin an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.



## Scríobh

- ✓ Léigh na treoracha ar an sleamhnán agus iarr ar na daltaí tabhairt faoi na ceistanna (féach na freagraí).
- ✓ Is féidir ceist 4 a thabhairt dóibh mar obair bhaile.

### Éisteacht

Tá fuaim an *r caol* an-deacair ar fad agus an fhuaim sin ag dul i léig. I gcanúint Uladh ní fhuaimnítear an *r* ar chor ar bith.

Teaghlach – teaghlaigh. Fuaimnítear an –aigh mar –aí i gcanúint Uladh.

*Dúshlán mhóra* mar go gcríochnaíonn *dúshlán* ar chonsan caol san iolra.

### Iarphlé 1

Teaghlach aontuismitheora – *single parent family*

Teaghlach sínte – *extended family*

Lánúin chomhghnéis – *same-sex couple*

Teaghlach cumaisc – *blended family*

Teaghlach núicléach – *nuclear family*

### Scríobh

Eaglais Chaitliceach Rómhánach – Caitliceach – Caitlicigh

Eaglais Phreispitéireach in Éirinn – Preispitéireach – Preispitéirigh

Eaglais Mheitidisteach in Éirinn – Meitidisteach – Meitidistigh

Anglacánachas (Eaglais na hÉireann) – Anglacánach – Anglacánaigh

Hiondúchas – Hiondúch – Hiondúigh

Ioslamachas – Moslamach – Moslamaigh

## An duine sa tsochaí – Script

### Noel Ó Gallchóir, Príomhoide – Pobalscoil Ghaoth Dobhair

An t-aon rud eile a déarfainn fosta ná b'fhéidir teaghlaigh áirithe, go bhfeiceann tú níos mó agus níos mó nach bhfuil ach duine amháin sa bhaile ag tógáil, b'fhéidir teaghlaigh agus tá sin iontach crua. Agus sílim go bhfuil sé i bhfad níos fusa b'fhéidir teaghlach a thógáil sa bhaile nuair atá athair agus máthair ann. Agus sílim b'fhéidir go gcuireann sin b'fhéidir brú rud beag ar dhaoine óga fosta agus go mbíonn you know dúshlán mhóra roimh dhaoine, b'fhéidir nach bhfuil saol an bhaile chomh maith acu is atá ag daoine eile. Agus ansin beidh corrbhaile ann fosta b'fhéidir go bhfuil fadhbanna sa bhaile ag baint le hólachán agus le drugaí daoine fásta agus cuireann sin brú orthusan fosta.



# 5C: An duine sa tsochaí

## Sleamhnán 01

### An duine sa tsochaí

Réamhphlé

- A. Beidh tú ag éisteacht le múinteoir as Dún na nGall ag caint faoi fhadhbanna áirithe a bhíonn ag daoine óga sa bhaile anois. An féidir leat féin agus na daoine eile i do ghrúpa ransú intinne a dhéanamh ar na cineálacha fadhbanna sóisialta atá inár sochaí inniu?
- B. Ar cheart do rialtas tíre cuidiú le daoine má bhíonn na fadhbanna a luaigh tú thuas acu? Pléigh le do ghrúpa.
- C. An gceapann tú go ndéanann rialtas na hÉireann go leor ó thaobh na nithe seo a leanas? Tabhair marc as 5 d'irrachtaí an rialtais le do thuairim a léiriú. Bí in ann labhairt faoi na pointí. Ansin, labhair leis na daoine i do ghrúpa le fáil amach an bhfuil na tuairimí céanna ag gach duine.

1. An dól
2. An córas oideachais
3. Ag cruthú post
4. An córas sláinte
5. Fadhbanna óil agus drugaí
6. Teaghlacha bhochta
7. An choireacht
8. Éilíttheacht (caimiléireacht)



**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé; **stór focal:** le cur ar an gclár bán; **plé ranga:** na tuairimí le plé le chéile.

## Sleamhnán 02

### An duine sa tsochaí

Éisteacht

Éist le Noel Ó Gallchóir (Príomhoide) as Pobalscoil Ghaorth Dobhair ag caint agus freagair na ceisteanna:

- (1) Cén cineál teaghlach atá deacair do dhaoine óga, de réir Noel?
- (2) Cad iad na fadhbanna eile a bhíonn ag corrtheaghlach, a deir sé?

#### An consan caol

Éist le Noel arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén tslí ar fhuaimnigh sé na focail – **máthair / athair?** Cén fáth? Cén tslí a ndeir tú féin iad?
2. Agus, cad faoin bhfocal **teaghlach** san uimhir iolra? An bhfuaimníonn tusa mar sin é?
3. Cén leagan den aidiacht **mór** a d'úsáid sé tar éis an fhocail **dúshlán** – **mór / mhór / móra / mhóra?** Cén fáth?

**Tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt;  
**feasacht teanga:**  
foghraíocht an chonsain chaoil, canúint Thír Chonaill.

## Sleamhnán 03

### An duine sa tsochaí

Iarphlé 1

Féach féin agus an duine in aice leat ar na pictiúir thíos. Cén t-ainm a théann le gach teaghlach? Bigí in ann cur síos a dhéanamh ar na cineálacha teaghlacha éagsúla agus na daoine sna teaghlacha sin.

Teaghlach aontuismitheora  
Teaghlach sínte  
Lánúin chomhghnéis  
Teaghlach cumaisc  
Teaghlach núicléach



**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé; **plé ranga:** deacracht an cheachta.

## Sleamhnán 04

### An duine sa tsochaí

Iarphlé 2

A. Dá mbeifé i do thaoiseach an gcuirfé na dlíthe seo a leanas i bhfeidhm. Mura bhfuil tú cinnte bí in ann a rá cén fáth.

An dlí: Go mbeadh...	Chuirfem	Ní chuirfem	Ní fios
1... cead ag lánúineacha comhghnéis píosadh.			
2... an Ghaeilge ina ábhar roghnach amháin san iar-bhunscoil.			
3... cead vótála ag déagóirí faoi 18 mbliana d'aois.			
4... ginmhilleadh dleathach i ngach cás agus do chách.			
5... cosc iomlán ar an alcól sa tír.			
6... oideachas saor do gach duine.			
7... srian ar an méid inimirceach a thagann isteach sa tír.			
8... cead ag lánúineacha comhghnéis páistí a uchtú.			
9... marijuana dleathach.			
10... cóir leighis saor do chách.			

B. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Obair aonair:**  
ceisteanna le freagairt agus cúiseanna le tabhairt;  
**obair bheirte:**  
tuairimí le cur i gcomparáid lena chéile; **plé ranga:** tuairimí le tabhairt.


## Sleamhnán 05

### An duine sa tsochaí

Iarphlé 3

Féach ar na frásaí thíos a chuidíonn le duine a thuairim a chur in iúl. An bhfuil na frásaí:

- o ag easaontú go láidir?
- o idir eatarthu?
- o ag aontú go láidir?



Níl tuairim dá laghad agam faoi sin.

Easaontaím amach is amach leat.

Is fíor sin!

Ní thagaim le haon ní a deir tú ansin.

Tá muid d'aon ghuth mar sin.

Ní féidir liom cinneadh a dhéanamh.

Más le bheith ceartach duit bí cruinncheartach.

Tá an ceart ar fad agat.

Tá mé idir dhá chomhairle.

Níl mé ar aon intinn leat ansin ar chor ar bith.

**Obair ranga:**  
nathanna le plé.

## Sleamhnán 06

### An duine sa tsochaí

Róghníomhaíocht

#### Scenario

Tá sibh ag freastal ar scoil nua thrialach. Scoil í atá á reáchtáil ag na daltaí féin. Toghadh an ceathrar agaihse ar an gcoiste bainistíochta agus is fuíbhse atá sé an scoil a reáchtáil. Tá cruinniú agaih inniu agus caithfidh sibh cinneadh a dhéanamh faoi na topaicí seo a leanas:

- Réiteach a dhéanamh don éide scoile.
- Scoil agus oideachas iomlán tuata a chruthú (is é sin nach mbeidh baint ag aon chreideamh leis an oideachas)
- An Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar roghnach amháin.
- An Eacnamaíocht Bhaile a bhaint den churaclam mar is ábhar gan mhaith é sa lá atá inniu ann.



**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 07

### An duine sa tsochaí

Rólanna

#### Ról A

Tá tú seacht mbliana déag d'aois. Ba mhaith leat bheith i do mhúinteoir iar-bhunscoile amach anseo. Is Caitliceach tú agus tá an creideamh an-tábhachtach i do shaol. Tá suim agat i gcúrsaí faisin agus is breá leat bheith ag cocaireacht. Tá súil agat socrú síos san áit ar tógadh tú agus clann mhór a bheith agat.

#### Ról B

Bhog tú go hÉirinn ón Pholainn cúig bliana ó shin. Tá tú ocht mbliana déag d'aois anois. Tá Polainnis, Béarla agus Gearmáinis líofa agat ach tá sé deacair duit teacht isteach ar an nGaeilge. Creideann tú go bhfuil gaol láidir idir na hÉireannaigh agus na Polannaigh de bharr an traidisiúin Chaitlicigh agus is rud maith é seo. Ba mhaith leat bheith i d'innealtóir meicniúil.

#### Ról C

Tógadh le Gaeilge tú, ní labhraíonn tú ach Gaeilge le do theaghlach. Tá a lán deirfiúracha agus deartháireacha agat. Tá tú seacht mbliana déag d'aois agus ba mhaith leat bheith i d'aistritheoir sa Bhruiséil amach anseo. Níor tógadh le haon chreideamh tú agus cé go bhfuil an-suim agat i gcultúir éagsúla níl mórán suime agat sa reiligiún.

#### Ról D

Tá tú seacht mbliana déag d'aois. Tá bialann ag do thuismitheoirí cóngarach don scoil agus ba mhaith leat an gnó a ghlacadh lá éigin. Tá béim sa bhialann ar bhia agus ar chultúr na hÉireann. Toisc go mbíonn tú ag obair sa bhialann tar éis am scoile agus sna laethanta saoire ní bhíonn mórán ama agat do chúrsaí faisin.

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 08

### An duine sa tsochaí

Scríobh

#### Reiligiún in Éirinn

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

1. Scríobh liosta de na reiligiúin is coitianta in Éirinn.
2. Cén reiligiún lena mbaineann na daoine seo:

Caitliceach

Preispitéireach

Meitidisteach

Anglacánach

Hiondúch

Moslamach



3. Cuir na focail thuas san uimhir iolra anois.
4. Scríobh alt gairid ar nósanna agus traidisiúin reiligiúin amháin.

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le freagairt faoi reiligiúin; **obair bhaile:** alt le scríobh faoi reiligiún amháin.

## 5D Ar scáth a chéile: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an tsochaí
Stór focal	An tsochaí

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag cur síos ar obair charthanachta a rinne sí. Tá an píosa i gcanúint Chonnacht.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Tabhair cúpla nóiméad do na daltaí cuid A a dhéanamh. Éist leis an méid a bheidh le rá acu ansin.
- ✓ Pléigh cuid B leis an rang ar fad. Tá seans ann go bhfuil na daltaí ina mbaill d'eagraíochtaí ar nós Amnesty International agus araile. Déan iarracht iad a chur ag caint ar an bhfáth a síleann siad go bhfuil tábhacht ag baint leis na heagraíochtaí / carthanachtaí seo agus cuir stór focal / leaganacha cainte deasa ar an gclár.



### Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná leaganacha Chonnacht a chur faoi bhráid daltaí nach ón gceantar sin iad agus más rang le canúint Chonnacht atá agat féin, tugann sé seans dóibh leaganacha malartacha a chur ar fáil (féach Freagraí thíos).



### Iarphlé 2

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo (agus an ceann ina dhiaidh) ná na daltaí a chur ag machnamh ar cad is saibhreas teanga ann. Tá sé phointe ar an sleamhnán a léiríonn gnéithe den saibhreas teanga. Is fiú léamh tríothu ar fad go cúramach leis na daltaí agus a mheabhrú dóibh go bhfuil níos mó i gceist leis ná díreach cúpla seanfocal a bheith ar eolas agat. Bheifí ag súil go mbeidís ag machnamh iad féin ar na pointí atá ar an sleamhnán agus cé chomh fada is a bhaineann siad leo féin.
- ✓ Mínigh dóibh go mbeidh ceisteanna le plé acu ar an gcéad sleamhnán eile bunaithe ar shaibhreas cainte.



### Iarphlé 3

- ✓ Tabhair seans do na daltaí na ceisteanna seo a phlé ceann ar cheann i ngrúpaí nó i mbeirteanna. Bheifí ag súil go luafaidís nithe áirithe mar fhreagra ar cheist 1: a lán ama a chaitheamh le cainteoirí maithe; saghsanna éagsúla rudaí a léamh sa teanga; a bheith ag éisteacht le ceol; féachaint ar an teilifís agus ar scannáin srl. Ba chóir a mheabhrú dóibh go bhfuil dúshláin bhreise ann don fhoghlaim Gaeilge seachas Béarla, mar shampla, toisc gur mionteanga í.
- ✓ Maidir le ceist 2, bheifí ag súil go dtuigfeadh na daltaí ón bplé a dhéanfaidh siad air, gur rud nádúrtha é an saibhreas teanga a thagann chugainn ar fad inár máthairtheanga (seachas más mionteanga faoi bhrú í sa lá atá inniu ann). Is é sin le rá go bhfuil scileanna an-fhorbartha againn ar fad sa Bhéarla toisc oll-láithreach na teanga sin inár saol. Mínígh dóibh go raibh an tsolúbthacht chéanna sin ag cainteoirí ón nGaeltacht go dtí le déanaí sa Ghaeilge ach anois go bhfuil aoisghrúpa leo féin ag tuairisciú go bhfuil a líofacht sa Bhéarla níos fearr ná a líofacht sa Ghaeilge (fiú cainteoirí dúchais Gaeilge).
- ✓ Tá na cúiseanna leis an bhfeiniméan sin le fáil i bhfreagra cheist 3 – i.e. níl an t-ionchur céanna le fáil ag cainteoirí óga sa Ghaeilge is atá sa Bhéarla. Tá i bhfad níos mó Béarla (foirmiúil agus neamh-foirmiúil) le closteáil acu. Má cheapann tú go bhfuil sé oiriúnach, mínígh dóibh chomh maith, nach i gcónaí a bhíonn caighdeán an ionchuir a chloiseann siad as Gaeilge ró-ard (míchruinneas ó chainteoirí agus san fhocal scríofa).
- ✓ Seo seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo féin cur lena líofacht sa Ghaeilge. Agus, is dócha, freisin, go gcuirfidh sé ar a súile dóibh go mbeidh iarracht chomhfhiosach ag teastáil uathu chun saibhreas breise a bhaint amach sa teanga. Agus tú á phlé leis an rang, bí cinnte go luafar rudaí cosúil le ham a chaitheamh le cainteoirí maithe, breis léitheoireachta agus scríbhneoireachta a dhéanamh, stór focal a bhaineann le réimsí éagsúla a fhoghlaim srl.



### Iarobair 4

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin cuir i mbun oibre iad. Braitheann sé ort féin cé mhéad ar mhaith leat a scríobhfaidís le haghaidh gach grúpa daoine.
- ✓ Éist leis an méid a bheidh scríofa acu ansin agus cuir stór focal úsáideach ar an gclár. Leag béim ar shaibhreas cainte sa chleachtadh seo.



### Iarobair 5

- ✓ Seo seans maith do na daltaí a gcuid saibhreas cainte a léiriú. Mínígh dóibh cad a bheidh le déanamh acu agus ansin cuir i mbun oibre iad. D'fhéadfá a rá leo píosa gearr a scríobh faoi gach grúpa nó argóint níos iomláine a scríobh faoi ghrúpa amháin dá rogha féin.

## Freagraí

### Iarobair 1

1. Bhíomar ag péinteáil **éadan**: bhíomar ag péinteáil aghaidheanna
2. **Lena aghaidh** (for it): dó / faoina choinne
3. **Muintir** atá ag fulaingt: daoine atá ag fulaingt
4. Táimid tosaithe ag bailiú **beatha** lena aghaidh: táimid tosaithe ag bailiú bia lena aghaidh
5. Tá siad **an-ghroímhar** thart anseo: tá siad an-fhlaithiúil thart anseo / an-ghnaíúil
6. Dhéanfadh siad **aon cheo** do dhaoine eile: Dhéanfaidís aon ní faoi spéir / rud ar bith do dhaoine eile
7. Rud **éicint**: rud éigin / rud inteacht

---

## Ar scáth a chéile – Script

### Clíodhna Ní Mhógáin – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

*A Chlíodhna, an ndéanann tú aon obair charthanachta nó an ndearna tú riamh a leithéid?*

Roimh an Ardteist rinne mé roinnt mhaith, bhuel, beagán anois is arís tríd na blianta. Rinne mé roinnt le Chernobyl's Children's Charity, ag iarraidh gasúir a thabhairt ó Chernobyl anonn anseo le, abair, díolachán cácaí agus bailiúcháin airgid, ritheachtaí 5km, rudaí mar sin. Rinne mé rud i mbliana le mo thionscnamh AGGO, airgead a bhailiú le haghaidh Cancer Care West tríd péinteáil éadain ar Lá Phádraig. Bhí sé sin suimiúil. Rinne muid roinnt airgid lena aghaidh. Rinne mé roinnt freisin le haghaidh Croí cúpla bliain ó shin ag bailiú airgid lena aghaidh 'cos tá suim mhór agam ann.

*Is léir go bhfuil. An-mhaith, maith thú féin. Agus an bhfuil tú i do bhall d'eagraíocht, seachas na cinn a luaigh tú ansin. An bhfuil tú i do bhall d'eagraíocht éigin ar nós Amnesty International nó aon rud mar sin?*

Níl faoi láthair ach tá suim agam ann. Chonaic mé i mbliana go raibh go leor á dhéanamh ag Amnesty International agus a leithéid i nGaillimh faoi láthair agus tá súil agam, an chéad bhliain eile, má bhíonn am agam, beagán níos mó gníomhaíochtaí a dhéanamh leo.

*Iontach. Maith thú. Agus sa tír seo, cad iad na carthanachtaí is tábhachtaí, dar leatsa, nó is mó a mbeadh spéis agatsa iontu?*

Is dócha gur ceann de na cinn is suntasach...is suntasaí ná St. Vincent de Paul. Déanann siad an oiread. Sé an rud is fearr faoi, ceapaim, ná rud ar bith a dhéanann tú do St. Vincent de Paul i do cheantar, fanann sé i do cheantar. Abair, faoi láthair, táimid ag bailiú bia dóibh agus bronntanaisí dóibh agus muintir atá ag fulaingt inár gceantar féin, gheobhaidh siad ar ais é. Is dóigh gurb é sin an fáth gurb é St. Vincent de Paul an ceann is tábhachtaí.

*An bhfuil baint agat le St. Vincent de Paul le fada?*

Níl. Le cúpla mí anuas táimid ag bailiú, tosaithe ag bailiú beatha lena aghaidh agus ag iarraidh a bheith ag bailiú roinnt airgid freisin ach ní raibh mórán baint agam leo go fadtéarmach, *just* rud gearrthéarmach, rud le gairid.

*Agus an mbíonn daoine sásta, you know, airgead nó rudaí a thabhairt don charthanacht? An mbíonn siad breá sásta cabhrú le daoine eile?*

Ceapaim daoine sa gceantar seo, bíonn siad fíorshásta scaradh lena gcuid airgid ar mhaithe le daoine eile. Tá siad an-ghroímhar (gnaíúil) agus an-fhlaithiúil thart anseo. Mhairfeadh siad ag tabhairt cúnamh do dhaoine. Más airgead é nó más beatha é, is cuma céard é fhéin. Dhéanfadh siad aon cheo do dhaoine eile. Tá siad... tá mé ag ceapadh, mar gheall ar, blianta ó shin, bheadh daoine thart anseo, bheadh siad ag fáil leas as carthanachtaí nuair a bhí rudaí go dona agus nuair nach raibh mórán airgid thart agus ba mhaith leo rud éicint a thabhairt ar ais.

# 5D: Ar scáth a chéile

## Sleamhnán 01

### Ar scáth a chéile

Réamhobair

A: Beidh tú ag éisteacht le dalta ag cur síos ar obair charthanachta a rinne sí. Déan féin agus an duine in aice leat liosta d'aon obair charthanachta a rinne sibhse.



B: An bhfuil tú i do bhall d'aon charthanacht/eagraíocht? Cad í an charthanacht/eagraíocht is tábhachtaí ar fad, dar leat? Cén fáth an ceann sin? Cad a shileann an duine in aice leat?

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé; **obair ranga:** eagraíochtaí carthanachta le plé.

## Sleamhnán 02

### Ar scáth a chéile

Éisteacht

Éist le Clíodhna agus freagair na ceisteanna seo:



1. Cad iad na himeachtaí éagsúla a eagraíodh le haghaidh Chernobyl's Children's charity?
2. Cad a rinne Clíodhna le haghaidh Cancer Care West?
3. Cad a deir Clíodhna faoi Amnesty International?
4. Cén fáth a bhfuil a oiread measa ag Clíodhna ar St. Vincent de Paul?
5. Cad a deir sí faoi mhuintir na háite agus carthanachtaí?
6. Cén fáth a bhfuil daoine sa cheantar flaithiúil, dar le Clíodhna?

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 03

### Ar scáth a chéile

Iarobair 1

Abair ar shlí eile é!

Tá canúint Chonnacht ag Clíodhna agus úsáideann sí leaganacha áirithe a bhaineann leis an gcanúint sin. An féidir leatsa agus an duine in aice leat na leaganacha seo a rá ar shlí éigin eile?



1. Bhíomar ag péinteáil éadain
2. Lena aghaidh (for it)
3. Muintir atá ag fulaingt
4. Táimid tosaithe ag bailiú beatha lena aghaidh
5. Tá siad an-ghroimhar (gnáíúil) thart anseo
6. Dhéanfadh siad aon cheo do dhaoine eile
7. Rud éicint

**Feasacht teanga, saibhreas teanga:**  
leaganacha malartacha de nathanna sa script.

## Sleamhnán 04

### Ar scáth a chéile

Iarphlé 2

Tá saibhreas teanga iontach ag Clíodhna. Ciallaíonn saibhreas teanga nach bhfuil tú ag brath ar an tslí is simplí chun rud éigin a rá. Má tá saibhreas teanga agat beidh tú ábalta tarraingt ar fhocail dhifriúla, ar leaganacha cainte éagsúla agus beidh níos mó ná síl amháin agat chun tuairim éigin a chur in iúl.

Seo mar a léirigh Clíodhna an saibhreas teanga atá aici:

1. Chuir an t-agallóir ceist uirthi faoin gcarthanacht is 'tábhachtaí' dar léi. D'fhreagair Clíodhna leis an leagan 'is suntasaí' ag léiriú go dtagann leaganacha éagsúla chuici go nádúrtha.
2. Thaispeáin sí go bhfuil stór focal leathan aici (ag fulaingt; go fadtéarmach; go gearrthéarmach, ag fáil leas as srl.).
3. Bhí sí ábalta an rud céanna a rá ar shlite dhifriúla: "rud gearrthéarmach [a bhí ann], rud le gairid".
4. D'úsáid sí leaganacha nádúrtha nach bhfuil leadránach: "bíonn siad fíorshásta scaradh lena gcuid airgid" seachas rud éigin cosúil le 'airgead a thabhairt'.
5. Úsáideann sí cúpla aidiaicht i ndiaidh a chéile (nós comónta sa Ghaeilge) "Tá siad an-ghroimhar agus an-fhlaitiúil thart anseo."
6. Tá leaganacha canúnacha ar a toil aici "dhéanfadh siad aon cheo do dhaoine eile."

Anois pléigh na ceisteanna ar an gcéad sleamhnán eile.

**Feasacht, saibhreas teanga:** cad is brí le saibhreas teanga.

## Sleamhnán 05

### Ar scáth a chéile

Iarphlé 3

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Nuair a bhíonn daoine an-íofa i dteanga is féidir a rá go bhfuil saibhreas teanga acu. Conas a bhaineann duine líofacht amach i dteanga ar bith? Cad a bhíonn ag teastáil chuige sin? Pléigh.
2. Smaoinigh ar an líofacht atá agat sa Bhéarla – an bhfuil solúbthacht agat sa teanga sin? (i.e. An féidir leat a bheith searbhachas? An féidir leat joke a dhéanamh? An aithníonn tú leaganacha cainte ó áiteanna éagsúla (canúintí tuaithe vs cathrach in Éirinn / focail a úsáideann grúpaí daoine i Sasana nó i Meiriceá nó san Astráil)? An aithníonn tú nuair a bhíonn daoine drochbhéasach nó neamhthuisceanach ina gcuid cainte? Más féidir leat na rudaí sin ar fad a dhéanamh sa Bhéarla, tá saibhreas cainte agat! Le plé: conas a bhfuil an líofacht sin agat? Cén t-ionchur teanga a bhí i gceist ó bhí tú i do leanbh go dtí anois?
3. Anois smaoinigh ar an nGaeilge – an bhfuil an tsolúbthacht chéanna agat sa teanga sin? Cén fáth? Cén t-ionchur teanga a bhí i gceist ó bhí tú i do leanbh go dtí anois?
4. Scríobh síos na slite ar fad a chabhródh leat cur le do shaibhreas cainte sa Ghaeilge.

**Obair bheirte/ghrúpa:**  
ceisteanna le plé faoi shaibhreas teanga.

## Sleamhnán 06

### Ar scáth a chéile

Iarobair 4

**Cad is pobal maith ann?**

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Scríobhaig síos cad is pobal maith ann do na daoine thíos – bíodh na rudaí seo in aigne agaibh: na riachtanais a bheadh ag na daoine éagsúla agus na rudaí a mbeadh spéis acu iontu agus a bheadh tábhachtach dóibh.


Tuismitheoirí le leanaí óga



Seanbhean

Déagóirí

Lánúin aerach



Moslámach in Éirinn



Duine den lucht taistil



**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé, béim ar shaibhreas teanga sa chaint.

## Sleamhnán 07

### Ar scáth a chéile

Iarobair 5

Féach ar na daoine seo thíos arís agus an uair seo scríobh amach (sa chéad phearsa) na rudáí is mó a bheadh ag dó na geirbe orthu faoin tsochaí ina maireann siad. Tá cúpla frása tugtha duit chun tús a chur leis...

- An rud is mó a chuireann isteach orm faoinár sochaí ná...
- Chuideodh sé go mór liom dá...
- Ní thuigeann daoine gur...

Tuismitheoirí le leanaí óga



Lánúin aerach



Seanbhean



Déagóirí



Moslamach in Éirinn



Duine den lucht taistil



**Obair bheirte:**  
béim ar  
shaibhreas  
cainte; **tasc**  
**scríofa:** alt le  
scríobh faoi  
riachtanais  
dhaoine  
éagsúla, béim  
ar shaibhreas  
teanga.

# 5E Bláth na hÓige: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – ag teacht in inmhe / cúrsaí stíle
Stór focal	Ag dul in inmhe agus cúrsaí stíle

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne ag cur síos ar an saghas duine a bhí ann agus é ina dhéagóir. Tá an píosa i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



### Réamhobair

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin cuir gach beirt ag obair le chéile chun tabhairt faoi na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Pléigh mar rang iomlán ansin na tuairimí a bheidh acu. Déan iarracht plé a chothú, go háirithe timpeall ar an dá líne dheireanacha den rann.



### Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Éisteacht 2

- ✓ Seinn an mhír arís chun seans a thabhairt do na daltaí an cleachtadh seo a dhéanamh.
- ✓ Ceartaigh ansin é leis an rang iomlán (féach Freagraí thíos).



### Iarobair 1

- ✓ Míniú do na daltaí go mbeidh orthu na boscaí a líonadh isteach ina n-aonar ar dtús. Cuir treoir ar fáil dóibh maidir le cad atá ag teastáil i.e. is leor frásaí nó cur síos gearr do gach bosca. Abair leo timpeall ceithre thréith phearsanta a lua don bhosca deireanach.
- ✓ Seans maith go mbeidh deacrachtaí ag na daltaí cur síos a dhéanamh ar chúrsaí stíle as Gaeilge. Más mar sin atá, déan iarracht an rang ar fad a chur ag obair ar leaganacha sásúla de fhrásaí a bheidh ag teastáil uathu.





## Iarobair 2

- ✓ Lig do na foghlaimeoirí na ceistanna seo a phlé i ngrúpaí de bheirt nó triúr. Déan iarracht plé ranga a chothú faoi chuid de na ceistanna.



## Iarobair 3

- ✓ Tá cúpla seanfhocal ar an sleamhnán seo a bhaineann le téamaí na hóige, íomhá/faisean agus tréithe pearsanta. Tabhair seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar a n-úsáid ar dtús agus ansin éist leis na tuairimí a bheidh acu agus abair leo samplaí a chur ar fáil d'ócáidí ag a bhféadfaí iad a úsáid.
- ✓ Bheadh sé go hiontach dá bhféadfaí féin seanfhocail eile a bhaineann leis na téamaí thuas a chur leis an liosta.
- ✓ Is nua-théarmaíocht atá i gceist le cuid B (féach Freagraí thíos).



## Scríobh

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis na daltaí le go dtuigfidh siad cad a bheidh le déanamh acu. Cuir i mbun oibre ansin iad.
- ✓ D'fhéadfaí an ceacht seo a thabhairt mar obair bhaile seachas obair ranga dá n-oirfeadh sin níos fearr.
- ✓ Abair le daltaí éagsúla a litreacha a ghlaoch amach don rang ar fad agus scríobh an stór focal úsáideach a thiocfaidh chun cinn ar an gclár.

## Freagraí

### Éisteacht 2

- |                                     |                                 |
|-------------------------------------|---------------------------------|
| 1. cheery:                          | gealgháireach                   |
| 2. ...as I was once:                | is a bhíos (bhí mé) tamall      |
| 3. hope:                            | dóchas                          |
| 4. the charts:                      | na cairteanna                   |
| 5. a particular time period:        | ré áirithe                      |
| 6. we were really into them:        | bhíomar ana-thógtha leo         |
| 7. design:                          | dearadh                         |
| 8. revolutionary:                   | réabhlóideach                   |
| 9. we felt we could relate to them: | shamhlaíomar go mbaineadar linn |
| 10. there was no harm in it:        | ní raibh aon díobháil ann       |

### Iarobair 3:

- |                              |                    |
|------------------------------|--------------------|
| 1. Idirdealú ar bhonn aoise: | age-discrimination |
| 2. Aosoideachas :            | adult education    |
| 3. Teorainn aoise:           | age-limit          |
| 4. Aois toilithe:            | age of consent     |

---

## Bláth na hóige – Script

### Donncha Ó Céileachair – Pobalscoil Chorca Dhuibhne

*A Dhonncha, an bhfuil tusa ana-dhifriúil anois mar dhuine ná mar a bhís (bhí tú) nuair a bhís i do dhéagóir?*

Is dócha nach bhfuilim chomh gealgháireach is a bhíos (bhí mé) tamall. Tá cuid den dóchas imithe. Mar an uair sin bhíos ag tosach ré, táim ag deireadh ré anois! So, ach seachas san, is dóigh liom féin gurb é an duine céanna mé. Bainim sásamh as cuid mhaith de na rudaí céanna, spórt, a bheith amuigh faoin aer, feirmeoireacht. Na caithimh aimsire céanna. Tá cuid mhaith de na cairde céanna agam is a bhí fadó. Ní éistim leis an gceol céanna díreach is a n-éistinn leis fadó.

*Cén saghas ceoil go n-éistíteá leis fadó?*

Bhuel, pé rud a bhí ar na cairteanna ag an am. Bhí sé sin go maith. Éistim le cuid acu fós, ar nós Bob Dylan agus na Rolling Stones agus rudaí. Mhaireadar sin, abair, ní bhaineadar le ré áirithe, dáiríre, tá daoine fós ag éisteacht leo san. Is maith liom iad san fós ach tá dearúd déanta agam ar dhaoine ar nós T-Rex agus a leithéidí san agus ní fhéadfainn fiú amháin a rá leat cén t-amhrán a bhí ag aon cheann acu. Ach, ag an am, rud mór ab ea iad agus bhíomar ana-thógtha leo.

*Agus an raibh do stíl ana-dhifriúil an uair sin ná mar atá sí anois inniu?*

Bhuel, gruaig fhada a bhí ann ag an am agus dheineas mo dhícheall í a chur ag fás ach in airde san aer a bhí sí ag fás seachas anuas, so ní réitigh sí leis an saghas gruaige a bhí agamsa. *Yeah*, thaitnigh faisean linn, bhíodh éadaí difriúla orainn. Bhíodh treabhsar againn a bhíodh saghas leathan thíos ina bhun. Agus dá mbeifeá saghas... dá dteastódh uait breis a chur leis, d'fhéadfá *elephant flare* a bheith agat. Níos leithne fós. Bróga le sála. Ana-chuid jeans, faoi mar atá inniu, dáiríre, ach ní bheidís chomh maith ag féachaint is atá na jeans atá sa lá inniu ann. Bhíodar níos cosúla le rud a bheadh á chaitheamh ag fear oibre, i ndáiríre. Ní raibh an stíl céanna agus an dearadh céanna orthu is atá inniu. Ná an costas.

*Táim siúrálte. Agus an mbíodh postaeirí crochta ar fhallaí do sheomra leapan agat?*

Ní raibh aon chead agam ach bhídís ag daoine eile. Ach bhíodh áit agam amuigh sa gharáiste. Bhíodh póstaeirí caide ana-mhór... foirne caide is rudaí mar sin. Agus cúpla póstaer de Che Guevara agus cúpla duine mar sin a shamhlaíomar a bheith réabhlóideach agus go mbaineadar linn is rudaí mar sin. Bhí simplíocht orainn, dáiríre. Ní raibh aon díobháil ann.

*Dá mbeifeá le dul siar san am agus comhairle a chur ort féinig, cén chomhairle a chuirfeá ort féinig... a chuirfeá ar an Donncha a bhí sé mbliana déag, mar shampla?*

Tá sé deacair a rá agus is dócha... ní féidir leat dul siar ar do shaol, pé scéal é. Níl an rogha san ann agus bhíos ag obair i Sasana nuair a bhíos... bhíos fásta suas go maith, bhíos sna ficheadaí. Bhíos ag obair le fear istigh i dtrínse lá agus is é an chomhairle a chur sé sin ormsa nó an chaint a bhí aige i dtaobh a leithéid ná “dá mbeadh mo shaol arís agam” a dúirt sé, “ní dhéanfainn na dearúdaí céanna ach dhéanfainn dearúdaí difriúla.” Seo, sa tslí sin, comhairle – ní féidir é a chur ar dhuine thar n-ais.

# 5E: Bláth na hóige

## Sleamhnán 01

### Bláth na hóige

Réamhobair

I gceann tamaill, beidh tú ag éisteacht le múinteoir ag cur síos ar an saghas duine a bhí ann nuair a bhí sé ina dhéagóir. Ach ar dtús féach ar an rann seo:



Fiche bliain ag fás  
Fiche bliain faoi bhláth  
Fiche bliain ag meath  
Agus fiche bliain gur cuma ann nó as.



1. Cén bhrí atá leis an seanrann thuas?
2. Pléigh líne ar líne é leis an duine in aice leat agus abraigí pé acu an aontaíonn sibh leis an teachtaireacht atá i ngach líne. Tugaigí cúiseanna le bhur bhfreagra.

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 02

### Bláth na hóige

Éisteacht 1

Éist le Donncha Ó Céileachair ag rá cén saghas duine ba ea é agus é ina dhéagóir agus freagair na ceisteanna seo:



1. An bhfuil Donncha an-difriúil anois mar dhuine ná mar a bhí sé agus é ina dhéagóir? Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.
2. Cad a deir sé faoi Bob Dylan agus na Rolling Stones?
3. An raibh gruaig fhada ar Dhonncha nuair a bhí sé ina dhéagóir?
4. Cén saghas stíl éadaí a bhí comónta ag an am?
5. Cad iad na rudaí a raibh spéis ag Donncha iontu ag an am (bhí póstaer aige fúthu)?
6. Cén chomhairle saoil a bhí ag an bhfear i Londain do Dhonncha?

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 03

### Bláth na hóige

Éisteacht 2

Éist le Donncha don dara babhta agus aimsigh an leagan Gaeilge a úsáideann sé ar na focail/frásaí seo:

1. cheery: \_\_\_\_\_
2. ...as I was once: \_\_\_\_\_
3. hope: \_\_\_\_\_
4. the charts: \_\_\_\_\_
5. a particular time period: \_\_\_\_\_
6. we were really into them: \_\_\_\_\_
7. design: \_\_\_\_\_
8. revolutionary: \_\_\_\_\_
9. we felt we could relate to them: \_\_\_\_\_
10. there was no harm in it: \_\_\_\_\_



**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
leagan malartach de nathanna faoi leith a aimsiú.

## Sleamhnán 04

### Bláth na hóige

Iarobair 1

Líon isteach na boscaí thíos le heolas a bhaineann leat féin agus le d'aoisghrúpa.

An bhfuil sé deacair ort rudaí áirithe a rá as Gaeilge le cur sna boscaí thíos? Má tá, bigí ag obair orthu le chéile mar rang le treoir an mhúinteora.

Stíleanna éadaí d'aoisghrúpa féin	An ceol a n-éisteann tú leis
Ceisteanna an tsaoil a bhfuil spéis agat iontu	Tréithe de do phearsantacht a shíleann tú nach n-athróidh agus tú níos sine

**Obair aonair:**  
eolas le breacadh síos fúthu féin;  
**stór focal:** téarmaíocht nua-aimseartha le cur ar an glár bán.

## Sleamhnán 05

### Bláth na hóige

Iarobair 2

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An bhfuil cúrsaí faisin tábhachtach duitse? Cén fáth?
2. An bhfuil sé tábhachtach duit cá gceannaíonn tú do chuid éadaí nó an cuma leat cén lipéad atá orthu?
3. Deirtear go mbíonn a lán brú ar dhaoine óga ó thaobh iomhá choirp de. An síleann tú go mbraitheann tusa agus do chomhaoisigh an brú sin?
4. Cad as a dtagann an brú ó thaobh iomhá choirp de, i do thuairim féin?
5. An síleann tú gur cheart go mbeadh cosc ar irisí aerphéinteáil (*airbrushing*) a dhéanamh ar na mainicíní / réaltaí a bhíonn iontu? Cén fáth?



**Obair bheirte:**  
ceisteanna le freagairt faoi chúrsaí faisin;  
**obair ranga:** tuairimí le plé le chéile.

## Sleamhnán 06

### Bláth na hóige

Iarobair 3

A: Féach ar na seanfhocail seo. Cén chiall a bhaineann tú astu? Agus cathain, dar leat, a d'úsáidfeá iad?

1. Ní féidir ceann críonna a chur ar cholainn óg.
2. Is í an chiall cheannaithe an chiall is fearr.
3. Is breá an ní an óige ach ní thagann sé faoi dhó.
4. Cuir síoda ar ghabhar ach is gabhar i gcónaí é.
5. Is maith an scáthán súil charad.
6. Maireann croí éadrom i bhfad.

B: Ó sheanfocail go focail nua - an dtuigeann tú an téarmaíocht thíos a bhaineann le haois?

- Idirdhealú ar bhonn aoise
- Aosoideachas
- Teorainn aoise
- Aois toilthe

**Obair aonair:**  
seanfocail le míniú, ócáidí oiriúnacha lena n-úsáid le moladh;  
**obair ranga:** seanfhocail eile ar an téama a mholadh;  
**stór focal:** téarmaíocht nua-aimseartha faoi chúrsaí aoise le cur le chéile.

## Sleamhnán 07

### Bláth na hóige

Scríobh

Scríobh litir chugat féin a léifidh tú nuair a bheidh tú sna tríochaidí. Sa litir bíodh comhairle agat duit féin ó thaobh dearcadh ar an saol de agus conas mar ba cheart duit bheith ag caitheamh do shaoil. Bíodh na rudaí seo i d'aighe agat agus tú á scríobh:



▪ An saghas saoil a bheifeá ag súil a bheidh á chaitheamh agat agus tú sna tríochaidí.

▪ Na rudaí atá bainte amach agat go dtí seo.

▪ An saghas duine tú (tá súil agat!).

#### Frásaí úsáideacha:

Tá súil agam go...

Ná déan dearmad...

Pé rud a dhéanfaidh tú ná bí...

**Obair aonair,  
tasc scríofa:** litir  
le scríobh mar  
obair ranga/  
bhaile.

# 5F Cailíní agus buachaillí: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – taithí saoil buachaillí agus cailíní
Stór focal	Taithí saoil buachaillí agus cailíní

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag cur síos ar na difríochtaí atá idir an taithí saoil a bhíonn ag cailíní i gcomparáid le buachaillí. Tá an píosa i gcanúint Chonnacht.

*Tá an cainteoir an-íseal ag caint agus má cheapann tú go bhfuil caighdeán na fuaime ró-íseal, tabhair amach an script do na daltaí agus iad ag éisteacht léi. Is fiú an mhír a sheinm mar tá an méid a deir sí go maith.*

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí faoi **Fócas ar Theanga ó Aonad 1 (Saol na Scoile) Céimeanna comparáide na hAidiachta** a dhéanamh, mura bhfuil siad déanta cheana féin.



### Réamhobair 1

- ✓ Pléigh a bhfuil faoi chuid A leis an rang ar fad ar feadh cúpla nóiméad. Abair leis na daltaí samplaí óna saol féin a chur ar fáil.
- ✓ Abair le gach beirt tabhairt faoi chuid B le chéile agus tar éis cúpla nóiméad, éist leis na tuairimí a bheidh acu agus cuir stór focal úsáideach ar an gclár ag cinntiú go bhfuil an ghramadach a bhaineann le breischéim na haidiachta i gceart acu (níos tuisceanaí; níos leochailí etc.)



### Réamhobair 2

- ✓ Féadfaidh gach beirt arís a bheith ag obair ar an ngníomhaíocht seo mar shaghas ransú intinne ar na saghsanna téamaí a thiocfaidh chun cinn san agallamh ar ball.
- ✓ Pléigh a gcuid freagraí leis na daltaí ansin.



### Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Scríobh

- ✓ Braitheann sé ort féin conas is fearr tabhairt faoin obair ar an sleamhnán seo: d'fhéadfá obair scríofa a thabhairt dóibh le déanamh sa rang mar atá molta ar an sleamhnán nó d'fhéadfá na daltaí a chur ag plé na gceisteanna i ngrúpaí agus a rá leo nótaí ón bplé a bhreacadh síos le roinnt leis an rang iomlán níos déanaí.

- ✓ Pé cur chuige a roghnaíonn tú, cinntigh go ndéanfaidh siad obair le dealramh ar cheann amháin de na ceisteanna atá ar an sleamhnán agus déan iarracht iad a chur ag machnamh i gceart orthu.
- ✓ Agus tú ag plé a gcuid tuairimí leo, cuir stór focal agus nathanna cainte úsáideacha ar an gclár do na daltaí.



## Iarphlé 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin cuir ag obair ar chuid B iad (ina n-aonar nó ina mbeirteanna).
- ✓ Abair leo samplaí a chur ar fáil duit ansin. Déan iarracht topaicí cosúil leo seo a leanas a thabhairt chun cinn: an easpa cailíní a bhíonn ag plé leis an eolaíocht tar éis an scoil a fhágáil; easpa cailíní i ngairmeacha áirithe a bhaineann le réimsí teicniúla / an dlí agus araile; an easpa buachaillí a théann le haltranas srl.; an easpa buachaillí a dhéanann an eacnamaíocht bhaile ar scoil srl.; an brú a chuirtear ar bhuachaillí atá go maith ag rudaí cosúil le faisean srl.



## Díospóireacht

- ✓ Má tá spéis agat díospóireacht ranga a chur ar bun ar théama an cheachta seo, tá rún samplach ar an sleamhnán seo.

# Cailíní agus buachaillí – Script

## Maria Ní Ghairbhín – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

*A Maria, an dtugann tú faoi deara aon difríochtaí idir an taithí saoil a bhíonn ag cailíní agus ag buachaillí?*

Tá cúigear deartháireacha agam so táim ag ceapadh go bhfuil difríocht aisteach ann. Bíonn na fir i gcónaí ag iarraidh daoine a chosaint, go háirithe mise mar mise an duine is óige sa chlann agus bíonn siad i bhfad níos... ní chuireann mórán as dóibh ach maidir le cailíní, tá sé níos crua acu mar bíonn siad i gcónaí ag ceapadh céard a bheas daoine eile ag ceapadh fúthu. Tá brú níos mó orthu sa sochaí, is rudaí.

*Cén saghas brú atá i gceist agat ansin?*

Brú a bheith tanaí agus chuile shórt a dhéanamh i gceart. Is ní bhíonn siad ag iarraidh drochainm, ariamh.

*Agus buachaillí?*

Ní chuireann mórán rudaí as do bhuachaillí. Glacann siad le chuile shórt, téann siad ar aghaidh leis.

*Agus an mbíonn saol níos deacra, mar sin, ag cailíní, do bharúil?*

Tá mé ag ceapadh go mbíonn mar tá siad chomh goilliúnach. Cuireann chuile shórt beo as dóibh. Smaoiníonn siad isteach i rudaí rómhór. Bíonn siad i gcónaí ag smaoineamh air, má tharlaíonn rud éicint dona dóibh.

*Agus do bharúil, ar scoil, an mbíonn difríocht, an mbíonn saol... an mbíonn cailíní níos buartha faoi rudaí?*

Tá mé ag ceapadh go mbíonn. Tá brú is cosúil chomh maith. *I'd say* go mbíonn siad... Sa scoil, tá chuile chineál brú thart orthu. Tá brú ó na tuismitheoirí, brú ó na múinteoirí, brú ó na cailíní eile agus *even* na buachaillí freisin. Tá mé ag ceapadh go bhfuil an-bhrú orthu sa scoil.

*Do bharúil, maidir le cúrsaí staidéir, abair, an ndéanann siad an méid céanna, do bharúil? An mbíonn na buachaillí chomh cúramach leis na cailíní ó thaobh staidéir de?*

Ceapaim go mbraitheann sé ar an sórt duine atá ionat. Ceapaim go ginearálta go ndéanann cailíní níos mó. Níl a fhios agam cén fáth. Ní mar gheall go gcuireann rudaí as dóibh, just tá siad ag iarraidh chuile rud a dhéanamh i gceart.

*B'fhéidir nach gcuireann na buachaillí an oiread sin brú orthu féin. Faigheann siad réidh leis. Agus cad faoi chúrsaí spóirt ansin? Do bharúil an ndéanann cailíní an oiread sin spóirt is a dhéanann na buachaillí, you know, sa lá atá inniu ann?*

Sa taobh seo tíre, *anyway*, tá mé ag ceapadh go ndéanann cailíní an méid céanna spóirt le buachaillí. Bíonn siad ag imirt cispheil agus camógaíocht. Lúthchleasaíocht. Peil, peil Ghaelach, chuile shórt spóirt, dáiríre, an bhfuil a fhios agat?

*An mbíonn tú féin ag imirt spóirt?*

Bíonn.... Bím ag imirt peil Ghaelach leis an gclub.

*Agus an dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach a bheith spórtúil?*

Tá. Tá sé tábhachtach. Caithfidh tú imeacht amach as an teach anois is arís. D'intinn a thógáil as rudaí eile.

*Cinnte.*

# 5F: Cailíní agus buachaillí

## Sleamhnán 01

### Cailíní agus buachaillí

Réamhobair 1

**A:** An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat sa bhaile? An gcaitheann do thuismitheoirí leis na buachaillí agus na cailíní sa chlann ar shlí dhifriúil? Cén tslí? Tabhair samplaí.

**B:** Tá go leor steiréitíopaí ann faoin nádúr a bhaineann le cailíní agus le buachaillí. Ainmnigh cúpla ceann:

Mar shampla:

Deirtear go mbíonn cailíní níos ... ná buachaillí.

---



---



---

Deirtear go mbíonn buachaillí níos ... ná cailíní.

---



---



---

**Plé ranga:**  
conas a chaitear ar bhealach difriúil le buachaillí agus cailíní sa bhaile;  
**Obair bheirte:**  
gramadach, breischéim na haidiachta – níos ...ná.

## Sleamhnán 02

### Cailíní agus buachaillí

Réamhobair 2

I gceann tamaill beidh tú ag éisteacht le cailín ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin i gConamara ag caint ar na difríochtaí atá idir an taithí saoil atá ag cailíní i gcomparáid le buachaillí. Cad a mheasann tú a déarfáidh sí? Breac síos cúpla nóta sna boscaí thíos.

	Luaigh 3 thréith phearsanta a bhaineann leo	Na cineálacha brú a bhraitheann siad ón tsochaí (luaigh 3 réimse saoil)	Na cineálacha brú a bhraitheann siad ar scoil (luaigh 3 rud)
Cailíní			
Buachaillí			

**Obair bheirte:**  
ransú intinne;  
**obair ranga:**  
freagraí le cur i gcomparáid.

## Sleamhnán 03

### Cailíní agus buachaillí

Éisteacht

Éist le Maria ag caint ar an taithí saoil a bhíonn ag cailíní i gcomparáid le buachaillí agus freagair na ceisteanna seo:



1. Cad a thugann Maria faoi deara faoi na buachaillí ina clann féin?
2. Cén cineál brú a thagann ar cailíní ón tsochaí, dar le Maria (luaigh na trí cinn)?
3. Cén saghas dearcaidh ar an saol a bhíonn ag buachaillí de ghnáth, dar le Maria?
4. Bíonn brú ar cailíní ar scoil freisin, a deir Maria. Cad as a dtagann an brú sin?
5. An síleann Maria go bhfuil difríochtaí idir cailíní agus buachaillí i gcúrsaí spóirt?

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 04

### Cailíní agus buachaillí

Scríobh

Tá cuid de na fadhbanna a bhíonn ag cailíní óga dar le Maria, i gcló dorchta thíos. Roghnaigh dhá cheann acu agus déan na cleachtaí a ghabhann leo.

1. **Bíonn cailíní róbhuartha faoi cad a cheapann daoine díobh.**  
An dóigh leat go mbíonn buachaillí buartha faoi cad a cheapann daoine díobh. Cá bhfios duit? Scríobh do fhreagra.
2. **Bíonn cailíní an-ghoilíunach.**  
**A:** Scríobh síos má cheapann tú go mbíonn buachaillí an-ghoilíunach chomh maith agus má bhíonn, cén fáth nach mbíonn sé sin soiléir i gcónaí?  
**B:** Smaoinigh ar chúpla slí a bhféadfadh cailíní agus buachaillí féinmhuinín níos fearr a bheith acu.
3. **Bíonn eagla ar cailíní go bhfaighidís drochainn.**  
Pléigh na fáthanna a bhfuil sé seo fós amhlaidh sa lá atá inniu ann nuair a shílimid go bhfuil na cearta céanna sa tsochaí ag mná is atá ag fir. Scríobh do fhreagra.
4. **Braitheann cailíní go gcaitheann siad chuile shórt a dhéanamh i gceart.**  
An gceapann tú go milleann na tuismitheoirí na buachaillí níos mó ná na cailíní agus gurb é sin an fáth atá leis seo? Scríobh do fhreagra.

**Obair aonair, tasc scríofa:**  
dhá cheist le freagairt

nó

**Obair bheirte/ghrúpa, tasc labhartha:**  
ceisteanna le plé.

**Stór focal:** le scríobh ar an gclár bán.

## Sleamhnán 05

### Cailíní agus buachaillí

Iarphlé 2

**A:** Léigh an méid seo thíos a dúirt bean atá 37 bliain d'aois:

“Nuair a bhí mise sa bhunscoil ní raibh cead againn spóirt a imirt ag am lóin – scoil sheanfhaiseanta a bhí ann! Bhí páirc mhór caide ag na buachaillí agus bhí ar na cailíní imirt istigh i gclós beag. Anuas air sin, chaitheadh na cailíní foghlaim conas cniotáil agus nuair a bhímis á dhéanamh sin, bhíodh na buachaillí amuigh sa pháirc ag imirt caide! Cheap mé agus mé i mo leanbh go raibh sé sin an-mhíchothrom ar fad! Is dócha gur chreid daoine an uair sin nach raibh cailíní chomh spóirtúil le buachaillí ach tuigimid anois nach mar sin atá agus tá athrú tagtha ar an saol, buíochas le Dia.”

**B:** An bhfuil aon rud a thugann tusa faoi deara a shíleann tú atá míchothrom maidir leis na rudaí a bhfuil ‘cead’ ag buachaillí nó cailíní spéis a chur iontu? Pléigh leis an duine in aice leat.

Bíodh na rudaí seo in aigne agat:

- Ábhair scoile
- Poist nó gairmeacha
- Caitheamh aimsire

**Obair aonair/bheirte:**  
ceisteanna le plé nó nótaí le breacadh, samplaí le tabhairt.

## Sleamhnán 06

### Cailíní agus buachaillí

Díospóireacht

Cabhródh an múinteoirí libh díospóireacht ranga a eagrú.



Is é seo an rún:

“Is de thoradh ar chúrsaí cultúrtha agus sóisialta atá difríochtaí ann idir fir agus mná agus ní de bharr go bhfuil na difríochtaí sin sa dúchas ionainn.”

**Díospóireacht ranga:** bunaithe ar an téama “Cailíní agus Buachaillí”



## 5G Fócas ar Theanga (i) An Aidiacht san iolra: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht - bunúsach
Spríocanna	Rialacha faoin aidiacht san uimhir iolra
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **An duine sa tsochaí** Aonad 5 (An duine). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aidiacht san iolra.

### Freagraí

mór – móra  
trom – troma  
ard – arda  
ciúin – ciúine  
binn – binne  
maith – maithe  
suimiúil – suimiúla  
teicniúil – teicniúla  
flaithiúil – flaithiúla  
saibhir – saibhre  
deacair – deacra  
láidir – láidre  
buí – buí  
fada – fada  
cliste – cliste

domhain	<i>doimhne</i>
folamh	<i>folmha</i>
íseal	<i>ísle</i>
milis	<i>milse</i>
ramhar	<i>ramhra</i>
righin	<i>righne</i>
sleamhain	<i>sleamhna</i>
uasal	<i>uaisle</i>
breá	<i>breátha</i>
te	<i>teo</i>

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht san uimhir iolra má chríochnaíonn an t-ainmfhocal a thagann roimhe le consan caol. Cuirtear séimhiú ar an aidiacht sa chás seo, fiú má tá na *dentals* i gceist.

\*Féach leathanach 113 – 116 sa leabhar **Cogar Nua**

# 5G: Fócas ar theanga (i) An aidiacht san iolra



## Sleamhnán 01

### An Aidiacht san iolra

Ná déan dearmad go gcuireann tú na hathruithe céanna i bhfeidhm ar an aidiacht is a chuireann tú i bhfeidhm ar an ainmfhocal. Féach ar na samplaí seo agus déan plé ar na hathruithe ar fad a thagann ar an aidiacht **mór** leis an duine in aice leat.

an teach **mór**

na tithe **móra**

an chathaoir **mhór**

na cathaoireacha **móra**

**Gramadach, feasacht teanga: an aidiacht tar éis an ainmfhocail.**

## Sleamhnán 02

### An Aidiacht san iolra

Féach ar na samplaí agus cuir na haidiachtaí sna grúpaí céanna san iolra:

(aidiacht a chríochnaíonn le consan leathan)

**mór – móra**

trom - \_\_\_\_\_

ard - \_\_\_\_\_

(aidiacht a chríochnaíonn le consan caol)

**ciúin – ciúine**

binn - \_\_\_\_\_

maith - \_\_\_\_\_

(aidiacht a chríochnaíonn le –iúl)

**suimiúil – suimiúla**

teicniúil - \_\_\_\_\_

flaithiúil - \_\_\_\_\_

(aidiacht a chríochnaíonn le –air / -ir)

**saibhir – saibhre**

deacair - \_\_\_\_\_

láidir - \_\_\_\_\_

(aidiacht a chríochnaíonn le guta)

**buí – buí**

fada - \_\_\_\_\_

cliste - \_\_\_\_\_

**Gramadach, feasacht teanga: an aidiacht san uimhir iolra, deirí éagsúla.**

## Sleamhnán 03

### An Aidiacht san iolra

Tá aidiachtaí eile ann a athraítear mar seo:

aoibhinn – aoibhne

bodhar – bodhra

daingean – daingne

Bain féin triail as na cinn seo a chur san uimhir iolra. Beidh tú ag úsáid na rialach sin **caol le caol, leathan le leathan** arís!

domhain \_\_\_\_\_

folamh \_\_\_\_\_

íseal \_\_\_\_\_

milis \_\_\_\_\_

ramhar \_\_\_\_\_

righin \_\_\_\_\_

sleamhain \_\_\_\_\_

uasal \_\_\_\_\_

Tá cúpla eisceacht ann, an bhfuil siad ar eolas agat?

breá \_\_\_\_\_

te \_\_\_\_\_

**Gramadach, feasacht teanga: an aidiacht san uimhir iolra, deirí éagsúla.**

## Sleamhnán 04

### An Aidiacht san iolra

Cén fáth a bhfuil na haidiachtaí thíos difriúil?

tithe móra

**ACH**

foirgnimh mhóra

mná suimiúla

**ACH**

fir shuimiúla

guthanna binne

**ACH**

amhráin bhinne

**Agus cad faoi na cinn thíos?**

carranna deasa

**ACH**

gluaisteáin dheasa

**Gramadach, feasacht teanga: aidiacht san iolra le séimhiú.**

# 5G Fócas ar Theanga (ii) An Modh Coinníollach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht - bunúsach
Spriocanna	Rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **An duine sa tsochaí**, Aonad 5 (An duine). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin modh coinníollach.

Bí cinnte go bhfuil na rialacha a bhaineann leis na briathra san aimsir fháistineach ar eolas ag do rang sula dtosóidh tú ar an modh coinníollach.

## Freagraí

### An Modh Coinníollach

- ✓ Tá **cuir** sa chéad réimniú mar nach bhfuil ach siolla amháin ann.
- ✓ Tá éirigh sa dara réimniú mar go bhfuil níos mó ná siolla amháin ann.
- ✓ Má thosaíonn an briathar le consan cuirtear séimhiú air, má thosaíonn an briathar le guta nó **(fh)** cuirtear **d'** leis.
- ✓ Seo na deirí:

An chéad réimniú - caol	An chéad réimniú - leathan	An dara réimniú - caol	An dara réimniú - leathan
- finn	- fainn	- eoinn	- óinn
- feá	- fá	- eofá	- ófá
- feadh	- fadh	- eodh	- ódh
- fimis	- faimis	- eoimis	- óimis
- feadh	- fadh	- eodh	- ódh
- fidís	- faidís	- eoidís	- óidís

Dún	Ceannaigh	An modh coinníollach - ceisteanna
Dhúnfainn	Cheannóinn	
Dhúnfá	Cheannófá	An ólfá?
Dhúnfadh sé / sí	Cheannódh sé / sí	An gcaithfeá?
Dhúnfaimis	Cheannóimis	An mbaileoidís?
Dhúnfadh sibh	Cheannódh sibh	An imeoimis?
Dhúnfaidís	Cheannóidís	
An ndúnfá?	An gceannófá?	
Dhúnfainn / ní dhúnfainn	Cheannóinn / ní cheannóinn	

\*Féach leathanach 21 – 26 sa leabhar **Cogar Nua**

# 5G: Fócas ar theanga (ii) An modh coinníollach



## Sleamhnán 01

### An Modh Coinníollach

Déan plé leis an duine in aice leat ar na briathra seo thíos atá sa mhodh coinníollach. Cad iad na difríochtaí idir na briathra sa dá bhosca? Cén fáth?

<b>Cuir</b> Chuirfinn Chuirfeá Chuirfeadh sé / sí Chuirfimis Chuirfeadh sibh Chuirfidís	<b>Éirigh</b> D'éireoinn D'éireofá D'éireodh sé / sí D'éireoimis D'éireodh sibh D'éireoidís
An gcuirfeadh sé / sí? Chuirfeadh / ní chuirfeadh	An éireofá? D'éireoinn / ní éireoinn

Anois, cuir na deirí céanna i bhfeidhm ar na briathra seo agus ná déan dearmad den raiil sin 'caol le caol agus leathan le leathan'.

<u>Dún</u>	<u>Ceannaigh</u>

**Gramadach, feascht teanga:** an modh coinníollach; **obair bheirte:** an difríocht idir an chéad agus an dara réimniú le haithint.

## Sleamhnán 02

### An Modh Coinníollach Ceisteanna

Féach ar an seicliosta thíos chun ceisteanna a chumadh sa mhodh coinníollach:

- ✓ Tosaíonn an cheist le 'An'.
- ✓ Cuirtear urú ar an mbriathar 'An dtitfeadh?'
- ✓ Tagann an forainm (mé/tú srl) díreach tar éis an bhriathair 'An dtitfeadh sé?'

Cum ceisteanna leis na briathra seo anois:

Ól    Caith    Bailigh    Imigh

**Gramadach, feascht teanga:** an modh coinníollach; conas ceist a chumadh.

## Sleamhnán 03

### An Modh Coinníollach Freagraí

Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigh ar na briathra mírialta (ceisteanna agus freagraí). Cuirigí ceisteanna ar a chéile ag úsáid na mbriathra thíos, mar shampla:

**An ndéarfá leis teacht anonn?**  
Déarfainn/Ní déarfainn

<b>abair</b>	An ndéarfá?	Déarfainn / Ní déarfainn
<b>beir</b>	An mbéarfá?	Bhéarfainn / Ní bhéarfainn
<b>clois</b>	An gcloisfeá?	Chloisfinn / Ní chloisfinn
<b>déan</b>	An ndéanfá?	Dhéanfainn / Ní dhéanfainn
<b>faigh</b>	An bhfaighfeá?	Gheobhainn / Ní bhfaighinn
<b>feic</b>	An bhfeicfeá?	D'fheicfinn / Ní fheicfinn
<b>ith</b>	An íosfá?	D'íosfainn / Ní íosfainn
<b>tabhair</b>	An dtabharfá?	Thabharfainn / Ní thabharfainn
<b>tar</b>	An dtiocfá?	Thiocfainn / Ní thiocfainn
<b>téigh</b>	An rachfá?	Rachainn / Ní rachainn
<b>bí</b>	An mbeifeá?	Bheinn / Ní bheinn

**Gramadach, feascht teanga:** an modh coinníollach, na briathra mírialta; **obair bheirte:** cleachtadh ar na briathra mírialta.

# Caibidil 6: An saol tar éis na scoile

- A. Ag fágáil an bhaile
- B. An Ghaeilge sa saol mór
- C. Cad atá i ndán duit?
- D. Saol na hoibre
- E. Comhionannas inscne
- F. Conair eile
- G. Eisimirce agus Uaigneas
- H. Fócas ar Theanga:
  - i. An Clásal Coibhneasta
  - ii. Dá
  - ii. Má

The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. On the left is a navigation menu with the following items: 'Cad é Ceacht?', 'Acmhainní don Theanga Góinearach', 'Acmhainní don Teicneolaíocht', '01. Scoil na scoile', '02. Caidrimh', '03. An Ghaeilge agus an Gbairteacht', '04. An Chumarsáid', '05. An Dulce', '06. An Saol Tar Éis na Scoile', 'A. Ag fágáil an bhaile', 'B. An Ghaeilge sa saol mór', 'C. Cad atá i ndán duit?', 'D. Saol na hoibre', 'E. Comhionannas inscne', 'F. Conair eile', 'G. Eisimirce agus Uaigneas', and 'Fócas ar Theanga'. The main content area is titled 'A. Ag fágáil an bhaile' and lists three resources:

Teideal	Ag fágáil an bhaile
Cois Síne	W
Uachtair	W
16.3 KB	
Cois Síne	P
Uachtair	P
1.20 KB	
Cois Síne	W
Uachtair	W
16.27 KB	

# 6A Ag fágáil an bhaile: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an baile a fhágáil tar éis na hArdteiste
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta scoile ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag labhairt faoin saol atá i ndán di tar éis na hArdteiste.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **Dá** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhobair 1

- ✓ Is ceacht cainte é seo le tús a chur leis an topaic.
- ✓ Léigh trí na pointí atá ar an sleamhnán leis an rang iomlán. Ansin iarr ar na daltaí na pointí a chur in ord tábhachta.
- ✓ Cuir gach beirt ina suí le chéile chun ord na bpointí atá acu féin a chur i gcomparáid lena chéile.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga chun cuidiú leis an rang más gá.



### Réamhobair 2

- ✓ Léigh na treoracha leis na daltaí agus roinn i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar iad.
- ✓ Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar na fadhbanna coitianta a bhíonn ag daoine óga nuair a fhágann siad an baile den chéad uair.
- ✓ Nuair atá tamall caite acu ag déanamh an phlé le chéile, pléigh tusa an cheist leis an rang ina iomláine.



### Réamhobair 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang agus abair le gach beirt na ceisteanna a dhéanamh le chéile.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin. Féach na Freagraí.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl, ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



## Iarobair 1

- ✓ Iarr ar na daltaí an t-alt gearr a léamh ina n-aonar agus iarr orthu líne a chur faoi na mothúcháin ann.
- ✓ Pléigh na mothúcháin leis an rang ar fad ansin. Mínigh don rang gur minic a úsáidtear forainmneacha réamhfhoclacha le mothúcháin a chur in iúl.
- ✓ Déan na ceisteanna eile leis an rang ar fad. Féach na Freagraí.



## Cluiche

- ✓ Gearr na cártaí agus cuir i gclúdach litreach iad.
- ✓ Tabhair clúdach litreach do gach beirt agus abair leo go gcaithfidh siad an forainm réamhfhoclach a roghnú le cur sa bhearna (sna bearnaí) sna habairtí.
- ✓ Mínigh dóibh go roghnóidh duine A abairt amach as an gclúdach litreach agus go caithfidh sé an forainm réamhfhoclach ceart a roghnú. Má bhíonn an ceart aige, coinneoidh sé an abairt agus gheobhaidh sé pointe ar gach abairt atá aige.
- ✓ Déanfaidh duine B an rud céanna.
- ✓ Ag deireadh an chluiche, is é an duine leis an méid is mó abairtí an buaiteoir.



## Plé

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh cuid acu leis an rang ar fad ansin.

## Freagraí

### Réamhobair 3

1. Ní bheidh na samplaí céanna ag na foghlaimeoirí, ach bíodh na cinn seo san áireamh:
  - cén chaoi a bhfuil tú?
  - tá sé togha
  - beagán
2. Rogha – choice, neamhspleáchas – independence, gaolta – relations, is ar éigean – barely / hardly, gan stró – without difficulty, togha – the best of.
3. An fhoirm threise.

### Iarobair 1

Tá eagla orm.

Tá iontas uirthi.

Tá fearg air.

Tá imní uirthi.

Tá brón air.

Tá náire air.

Tá áthas uirthi.

Tá éad air.

Tá déistin uirthi.

Tá meas air. Tá meas acu ar a chéile.

Tá muinín aici as.

Tá sé ag magadh faoi / ar dhuine.

## Cluiche

Nach bhfuil áthas uirthi faoi na torthaí Ardteistiméireachta?

Ní bheidh Seán anseo mar tá sé tinn. Tá brón air.

Níl Máire ag súil leis an mbaile a fhágáil. Tá imní uirthi.

Tá Niall an-dathúil agus tá súile gorma aige.

Ná tabhair ar na páistí é sin a ithe. Beidh déistin orthu.

Níor cheart dúinn dul ansin nó beidh éad orthu.

Bíonn deartháir Aoife de shíor ag magadh fúithi / uirthi.

Ní maith le Colm madraí. Tá eagla air rompu.

Tá cuma an-andúchasach ar Áine agus tá gruaig dhubh uirthi.

Níl meas agam ar Chathal ná ar Chian.

Nach bhfuil muinín agat as Nóra?

Níor chreid Tomás na torthaí a fuair sé. Bhí iontas air.

Bhí náire orm mar ní raibh aon bhronntanas againn dó.

## Ag fágáil an bhaile – Script

### Clíodhna Ní Mhógáin – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

*A Chlíodhna, cad atá sé i gceist agat a dhéanamh tar éis na hArdteiste?*

Le cúnamh Dé beidh mé ag dul chuig Coláiste na Tríonóide le staidéar a dhéanamh ar eolaíocht pholaitiúil (pholaitiúla a deir sí), agus Fraincis agus an Eacnamaíocht.

*An-mhaith. Agus cad iad na rudaí is mó a bhfuil tú ag súil leo i do shaol nua?*

Beagán neamhspleáchais is dóiche, freisin a bheith ag fágáil an nead (na neide) agus mo shaol féin a bheith agam, a bheith in ann mo rud féin a dhéanamh. Cé nach bhfuil mé i gcónaí i... ní hé go bhfuil mé faoi ghlas anseo i nGaillimh ach thaitneodh sé liom mo chuid roghanna féin a dhéanamh níos mó den am. Agus mo rogha rud a staidéar freisin ag an ollscoil. Beagán neamhspleáchais.

*Iontach. An dóigh leat go mbeidh tú ag roinnt le cairde nó... is dócha go mbeidh ort dul isteach in árasán... an bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá ag iarraidh bogadh go Baile Átha Cliath?*

Níl mórán de mo chuid cairde ag pleanáil bogadh go Baile Átha Cliath, ach tá roinnt gaolta agam ann agus tá roinnt de mo chuid cairde ann ach ní mórán é. Beidh am agam le cairde a dhéanamh.

*Beidh cinnte. Agus cad iad na rudaí is mó a chuireann imní ort faoin saol atá amach romhat, más ann dóibh ar chor ar bith?*

Ní duine mór mé le haghaidh, le bheith imníoch. Is dócha, an rud is mó a chuirfidh imní orm ná mo mháthair. Beidh sise imníoch, beidh sí trína chéile dom uireasa....Tá a fhios agam cheana féin go bhfuil sí, ní déarfadh sí é, ach tá a fhios agam go mbeidh sí a rá: 'Meas tú go bhfuil Clíodhna ok?', 'Meas tú...cén chaoi a bhfuil Clíodhna anois?' Faoi cheann coicíse beidh sí ina píosaí beaga.



Agus an mbeidh tú go maith ag coinneáil i dteagmháil léi?

Ní bheidh. Beidh mé uafásach. Tá mé uafásach an chaoi a bhfuil mé anois, is ar éigean a fheicim ar chor ar bith anois í, idir an staidéar agus a bheith imithe chuile háit. Is ar éigean a fheicim anois í níl a fhios agam cén chaoi a mbeidh mé faoi cheann bliana.

Beidh ort dul ar Skype....

Beidh mé i *gcrime column*, ar thaobh chartán bainne...

Agus an mbeidh tú go maith ag tabhairt aire duit féin nuair a fhágfaidh tú an baile?

Déarfainn go mbeinn. Is duine an-neamhspleách mé, ar aon nós. Bheinn sa mbaile ag tabhairt aire dom féin, ag cocaireacht dom féin, ag ní mo chuid éadaí féin. Ní bheadh aon *bhoother* agam. Ní bheadh aon fhadhb agam le bheith ag tabhairt aire dom féin.

Iontach, maith thú féin. Agus beidh tú ábalta cúrsaí airgid agus mar sin a bhainistiú gan stró?

Bhuel, rinne mé...tá mé go maith ag bainistiú mo chuid airgid. Fuair mé post dhá bhliain ó shin agus nuair atá cleachtadh agat a bheith ag déileáil le hairgead ag aois óg, tá mé ag ceapadh go mbíonn tú togha ag an gcaoi sin. Ní fheicim aon fhadhb leis sin.

## 6A: Ag fágáil an bhaile

### Sleamhnán 01

#### Ag fágáil an bhaile

Réamhobair 1

Tá an seans ann go mbeidh tú ag fágáil an bhaile gan mhoill.

- A. Cad iad na gnéithe den saol nua a bhfuil tú ag súil leo? Cuir na pointí thíos in ord – ag cur uimhir a haon in aice leis an bpointe is mó a bhfuil tú ag súil leis; agus mar sin ar aghaidh.
1. - a bheith i bhfad ar shiúl ó mo theaghlach
  2. - casadh le daoine nua
  3. - dul amach san oíche nuair is mian liom
  4. - mo rogha bia a ithe
  5. - staidéar nó obair a dhéanamh ar rud a thaitníonn liom
  6. - filleadh abhaile gach deireadh seachtaine
  7. - smacht agam ar mo chuid airgid féin
  8. - mo sheomra codlata a chóiriú i mo stíl féin
  9. - dul go dtí an phictiúrlann i rith an lae
  10. - casadh le daoine leis na suimeanna céanna

B. Cad a bhí ag an duine in aice leat?



**Obair aonair:**  
pointí le cur in ord; **obair bheirte, tasc labhartha:** freagraí le cur i gcomparáid lena chéile.

### Sleamhnán 02

#### Ag fágáil an bhaile

Réamhobair 2

Ach

'Is glas iad na cnoic i bhfad uainn'



An mbeidh aon ní ag cur imní ort agus tú leat féin sa saol mór? Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus déanaigí ransú smaointe ar na deacrachtaí a bhíonn ag daoine óga an chéad bhliain a fhágann siad an baile.

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 03

### Ag fágáil an bhaile

Réamhobair 3

Beidh tú ag éisteacht le dalta scoile, a bhfuil an ardteistiméireacht á déanamh aici i mbliana, ag labhairt faoin saol nua amach roimpi. Sula n-éistean tú léi, freagair na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- Tá canúint Chonnachta ag Clíodhna. Breacaigí síos cúig ghné a chuireann an chanúint sin in iúl.
- Scríobhaigí sainmhínte don stór focal seo a bheidh le cloisteáil sa mhír:
  - rogha
  - neamhspleáchas
  - gaolta
  - Is ar éigean
  - gan stró
  - togha
- Cén ghné den ghramadach atá sna samplaí seo a leanas?
  - mé féin
  - sise
  - a fheicimse

**Obair bheirte:**  
ceisteanna le plé.

## Sleamhnán 04

### Ag fágáil an bhaile

Éisteacht

Éist le Clíodhna anois agus freagair na ceisteanna.



- Cén ollscoil ar mhaith le Clíodhna freastal uirthi agus cad ba mhaith léi a dhéanamh ansin?
- Cad é an rud is mó a bhfuil Clíodhna ag súil leis ina saol nua?
- An mbeidh mórán daoine a bhfuil aithne aici orthu i mBaile Átha Cliath cheana?
- Cad a chuireann imní uirthi faoin mbaile a fhágáil?
- Cén fáth a mbeidh sí go maith ag tabhairt aire di féin?

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 05

### Ag fágáil an bhaile


Iarobair 1

Féach ar an réamhrá seo ón alt **Mo chéad bhliain ar an ollscoil** le Johanna Ní Mhurchú ar [www.ben.ie](http://www.ben.ie). Cuir líne faoi gach mothúcháin a fheiceann tú ann. An chéad bhliain ar an ollscoil – do na mílte daoine, bíonn meascán mothúcháin i gceist lena linn. Tá a fhios agam féin gur mhothaigh mé iad go léir – eagla, neirbhíseacht, réamhaíocht. Ach den chuid ba mhó, bhí mé ag tnúth go mór leis an tréimhe nua, spreagúil sin i mo shaol.

Caitheadh mé a rá, áfach, nuair a bhí orm mo rudaí go léir a phacáil agus mo sheomra codlata sa bhaile a fhágáil, tháinig deora le mo shúile. Ach dá mbeadh a fhios agam cad a bhí i ndán dom, bheinn ag síleadh deora áthais!

Cé acu abairt atá ceart: **Tá eagla orm nó Tá mé eagla?**

Cén forainm réamhfhoclach a théann leis na mothúcháin seo?



Agus cad faoi na cinn seo? Tá níos mó ná forainm réamhfhoclach amháin ag teastáil!

**Obair aonair, tasc léitheoireachta:**  
mothúcháin le haimsiú; gramadach, feasacht teanga: forainmneacha réamhfhoclacha.

## Sleamhnán 06

### Ag fágáil an bhaile

Cluiche

Cad é an forainm réamhfhoclach ceart?

..... ✂

Nach bhfuil áthas _____ faoina torthaí Ardeistiméireachta?
Ní bheidh Seán anseo mar tá sé tinn. Tá brón _____.
Níl Máire ag súil leis an mbaile a fhágáil. Tá imní _____.
Tá Niall an-dathúil agus tá súile gorma _____.
Ná tabhair ar na páistí é sin a ithe. Beidh déistin _____.
Níor cheart dúinn dul ansin nó beidh éad _____.
Bíonn deartháir Aoife de shíor ag magadh _____.
Ní maith le Colm madraí. Tá eagla _____.
Tá cuma an-andúchasach ar Áine agus tá gruaig dhubh _____.
Níl meas (mé) _____ (Cathal nó Cian).
Nach bhfuil muinín (tú) _____ (Nora)?
Níor chreid Tomás na torthaí a fuair sé. Bhí iontas _____.
Bhí náire _____ mar ní raibh aon bhronntanas againn dó.

**Obair bheirte:**  
cluiche teanga, forainmneacha réamhfhoclacha.

## Sleamhnán 07

### Ag fágáil an bhaile

Plé

Seo iad na ceisteanna a chuir Slobhán ar Clíodhna. Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur na gceisteanna céanna ar a chéile anois. Caitheamall ag ullmhú do chuid freagraí sula bpléifidh sibh na ceisteanna le chéile.

- Cad atá sé i gceist agat a dhéanamh tar éis na hArdeiste?
- Agus cad iad na rudaí is mó a bhfuil tú ag súil leo i do shaol nua?
- An dóigh leat go mbeidh tú ag roinnt árasáin le cairde agus an bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá ag bogadh go dtí an áit chéanna leat féin?
- Agus cad iad na rudaí is mó a chuireann imní ort faoin saol atá amach romhat, más ann dóibh ar chor ar bith?
- An mbeidh tú go maith ag coinneáil i dteagmháil le do mhuintir?
- An mbeidh tú go maith ag tabhairt aire duit féin nuair a fhágfaidh tú an baile?
- Agus beidh tú ábalta cúrsaí airgid agus mar sin a bhainistiú gan stró?

**Obair aonair:**  
ceisteanna le hullmhú;  
**obair bheirte:**  
ceisteanna le plé lé chéile;  
**plé ranga:**  
tuairimí le malartú.

# 6B An Ghaeilge sa saol mór Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an Ghaeilge ina saol tar éis an baile a fhágáil
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá mhír físe ina bhfuil daltaí scoile ag labhairt faoin nGaeilge ina saol tar éis na hArdteiste.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **Tuiseal Ginideach** ó ‘Fócas ar Theanga’, Aonad 2 (Caidrimh) a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhobair 1

- ✓ Iarr ar gach grúpa (de thriúr nó de cheathrar) na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin.



### Réamhobair 2

- ✓ Léigh trí na ráitis leis an rang agus abair leo an ghníomhaíocht a dhéanamh ina n-aonar go fóill. Is é sin, caithfidh siad an uimhir a oireann dóibh féin a chur in aice leis na ráitis.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin agus abair leo a gcuid tuairimí a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin.



### Réamhobair 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang agus abair le gach beirt na ceisteanna a dhéanamh le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna mar rang iomlán ansin. Féach na Freagraí.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh (féach na Freagraí).



### Iarphlé 1

- ✓ Léigh na treoracha leis na daltaí agus roinn i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar iad.
- ✓ Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar an tslí a mbeidh an Ghaeilge ina buntáiste dóibh amach anseo.

- ✓ Abair leo an plé a dhéanamh i gcomhthéacs na dteideal atá ar an sleamhnán.
- ✓ Nuair atá tamall caite acu ag déanamh an phlé le chéile, pléigh tusa an cheist leis an rang ina iomláine.



## Amhrán 1 / 2 / 3

- ✓ Cuir an t-amhrán ar siúl don rang agus athraigh na sleamháin (a bhfuil na focail orthu) de réir mar a leanann an t-amhrán ar aghaidh.
- ✓ B'fhiú go mór an t-amhrán seo a úsáid agus an tuiséal ginideach (uatha) á mhúineadh agat.
- ✓ Léigh tríd an amhrán, gan cheol, le bheith cinnte go dtuigeann na daltaí é i gceart.
- ✓ Ansin abair leo an dá cheist a dhéanamh ar shleamhnán **Amhrán 3**. Beidh ort cóip den amhrán a thabhairt do na daltaí más mian leat go ndéanfaidh na daltaí an ghníomhaíocht ina mbeirteanna. Is féidir na ceisteanna a dhéanamh leis an rang ina iomláine áfach, agus an t-amhrán ar na sleamhnáin a úsáid. Féach na Freagraí.
- ✓ Abair le gach beirt ansin an cheist dheireanach ar an sleamhnán **Amhrán 3** a phlé le chéile.
- ✓ Téigh siar ar na tuairimí a bhí acu.
- ✓ Cuir an t-amhrán ar siúl uair amháin eile.



## Iarphlé

- ✓ Téigh trí na treoracha ar an sleamhnán le bheith cinnte go dtuigeann na daltaí cad atá le déanamh acu.
- ✓ Bíodh an sleamhnán in airde agat, agus na boscaí le feiceáil go soiléir.
- ✓ Abair leis na daltaí a bheith ina seasamh agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag labhairt le daoine eile ar feadh nóiméad amháin faoi thopaic amháin ón mbosca.
- ✓ Abair leo go dtabharfaidh tú féin bualadh bos le tús a chur leis an ngeandáil ghasta. Caithfidh siad casadh le duine eile, topaic a roghnú leis agus labhairt ar an topaic sin ar feadh nóiméid.
- ✓ Mínigh dóibh go dtabharfaidh tú bualadh bos arís tar éis nóiméad amháin agus go mbeidh orthu an rud céanna a dhéanamh arís.
- ✓ Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo le linn na gníomhaíochta, ach bí cinnte gan dearmad a dhéanamh an t-am a thomhas.
- ✓ Pléigh aon stór focal nua a thagann chun cinn le linn na gníomhaíochta.

## Freagraí

### Réamhobair 3

Cuireann sé isteach orm (CM, CC, CU)

Cuireann sé as dom (CM, CC)

Goilleann sé orm (CM, CC, CU)

Is fuath liom é / Is beag orm é (CM, CC, CU)

Tá an ghráin agam air (CM)

Cuireann sé an ghoimh dhearg orm (CM)

Bím ar buile / ar mire nuair a ... (CC, CU)

Cuireann sé ar daoraí mé/ le craobhacha mé (CC, CU)

## Amhrán 1 / 2 / 3

Bhí mise i ngrá le cailín tráth  
Cailín a bhris mo chroí  
An cailín ab áille ag siúl na sráide  
A leithéidí ní fhaca tú riamh  
Agus bheimis pósta agus sásta inniu  
Bheadh páistí ar fud an tí  
Ag Gaeilgeoireacht ó dhubh go dubh  
Murach a cuid gramadaí.

Ó mura bhfuil an tuiseal ginideach agat  
Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí  
Níl suim dá laghad agam ionat  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí  
Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú  
Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí  
Tar trasna na páirce móire chugam  
Táim anseo i dtóin an tí.

Táim ag siúl an bhóthair uaignigh seo  
Le fada fada an lá  
Ag cuartú na mná gaelaí i ngach aon áit  
Ach faraor, níl sí le fáil  
Bean atá tugtha don tuiseal tabharthach  
Bean a thuigeann na díochlaontaí  
Bean a rachadh chun na leapan liom  
Le Graiméar na mBráithre Críostaí  
**Óra mura bhfuil an tuiseal ginideach agat**  
Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí  
Níl suim dá laghad agam ionat  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí  
Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú  
Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí  
Tar trasna na sráide caoile chugam  
Táim anseo i dtóin an tí.

Mar sin más tú an cailín seo  
Is má tá tú i do shaineolaí  
Ar rangabháil na deacrachta  
Gan trácht ar na tréaniolraí  
Má bhaineann tú pléisiúr as na consain chaola  
Más maith leat an briathar saor  
Tar liomsa a stóirín nó go n-éalóidh muid le chéile  
Ach ar dtús, scrúdú beag gramadaí.

Óra mura bhfuil an tuiseal ginideach agat  
Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí  
Níl suim dá laghad agam ionat  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí  
Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú  
Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí  
Tar trasna na páirce móire chugam  
Tar trasna na sráide caoile chugam  
Tar trasna na leabharlainne ciúine chugam  
Tar trasna na farraige gairbhe chugam  
Tar trasna na carraige duibhe chugam  
Tar trasna na líomanáide báine chugam  
Táim anseo i dtóin an tí.  
Bheimis pósta agus sásta inniu  
Bheadh páistí ar fud an tí  
Ag Gaeilgeoireacht ó dhubh go dubh  
Murach a cuid gramadaí.

# An Ghaeilge sa saol mór – Script

## Anne Bheáid – Pobalscoil Ghaoth Dobhair

*Anois agus tú ag imeacht go Baile Átha Cliath, go dtí UCD mar a dúirt tú. Agus tú, bhí tú ag staidéar do chuid ábhar uilig trí mheán na Gaeilge, an measann tú féin go mbeidh brú ort anois agus tú ag déanamh cuid de do chuid ábhar trí mheán an Bhéarla?*

Sílim go mbeidh sé difriúil agus go mbeidh sé deacair go leor fáil cleachtaithe leis ach tá Gaeilge...tá Béarla ag achan duine, muid féin agus sílim go mbeidh muid cleachtaithe leis furasta go leor. Tá an Ghaeilge mar bhuntáiste againn ar an chuid is mó... go háirithe má tá mé fá choinne Gaeilge a staidéar sa tríú leibhéal beidh cuidiú mór ann na hábhair uilig a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

*Bhuel tá sé sin go maith. Tá tú ag brath ar Ghaeilge a dhéanamh chomh maith.*

## Clíodhna Ní Mhógáin – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

*An mbeidh uaigneas ort ar chor ar bith...ag fágáil an bhaile?*

B'fhéidir roinnt. Tá mé ag ceapadh an rud is mó a chuirfidh as dom ná an Ghaeilge. Tá an oiread cleachtadh agam a bheith ag caint - bhí mé ag smaoineamh air sin níos túisce - tá an oiread cleachtadh agam a bheith ag caint Gaeilge sa mbaile agus ag an scoil agus chuile shórt, b'fhéidir go mbeadh beagán faidhbe agam a bheith ag aistriú isteach, ag déanamh chuile shórt i mBéarla. Ag dul isteach sa siopa agus ag fiafraí ar 'pionta bainne' in áit 'pint of milk' nó cibé rud a déarfadh siad.

*Tá a fhios agam! Agus do bharúil an ndéanfaidh tú iarracht fáil i dteagmháil le daoine eile a bhfuil Gaeilge acu, tríd an gCumann Gaelach agus rudaí mar sin i gColáiste na Tríonóide?*

Níl a fhios agam, b'fhéidir go ndéanfainn iarracht, ach níor bhreathnaigh mé isteach ann mórán. Beidh mé féin ar Skype ar feadh píosa, *you know*, ag iarraidh coinneáil suas le mo chuid cairde trí Ghaeilge.

*Is ea, sin é, tá sé sin ann. Iontach, maith thú. Bhuel go n-éirí go geal leat leis sin.*

# 6B: An Ghaeilge sa saol mór

## Sleamhnán 01

### An Ghaeilge sa saol mór

Réamhobair 1

- A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí liosta de na háiteanna ar fad a mbeadh Gaeilge á labhairt i gcathracha na hÉireann, dar libh:



\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

- B. Scríobhaigí liosta anois do na háiteanna ar fad sna coláistí tríú leibhéal a mbeadh Gaeilge á labhairt:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé; **plé ranga:**  
tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 02

### An Ghaeilge sa saol mór

Réamhobair 2

Féach ar na ráitis seo thíos. Scríobh an uimhir a léiríonn cé chomh fíor is atá gach ráiteas fút féin sna boscaí in aice le gach abairt.

Eochair:

- 1 = Fíor  
2 = Fíor go pointe  
3 = Braithéann sé, níl mé cinnte, anois is arís  
4 = Go fíorannamh  
5 = Bréagach



- Labhróidh mé Gaeilge le mo theaghlach / mo thuismitheoirí tar éis dom an baile a fhágáil.
- Labhróidh mé Gaeilge leis na daoine atá ag freastal ar an gcúrsa céanna liom.
- Beidh mé i mo bhall de chumann éigin a bhfuil baint aige leis an nGaeilge.
- Labhróidh mé Gaeilge leis na daoine a oibríonn sna siopaí agus sna bialanna timpeall.
- Labhróidh mé leis na daoine a mbeidh mé ag roinnt tí leo.
- Déanfaidh mé iarracht cairde nua a dhéanamh a bhfuil Gaeilge acu.
- Labhróidh mé Gaeilge leis na cairde a bhí agam ar an meánscoil nuair a fhillfidh mé ar an mbaile don deireadh seachtaine.

**Obair aonair:**  
ceisteanna le plé faoi labhairt na Gaeilge sa saol mór; **obair ghrúpa:** freagraí le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 03

### An Ghaeilge sa saol mór

Réamhobair 3

Féach ar na slite ar fad atá ann i nGaeilge chun a rá nach bhfuil tú sásta le rud nó go gcuireann rud isteach ort.

Tá an ghráin agam air  
Cuireann sé as dom  
Bím ar buille / ar mire nuair a ...  
Cuireann sé isteach orm  
Is fuath liom é / Is beag orm é  
Goilleann sé orm  
Cuireann sé ar daoráí / le craobhacha mé



1. An bhfuil aon cheann de na frásaí thuas níos boige ná na cinn eile, cad iad? Cuir na habairtí in ord déine.
2. An bhfuil aon slí eile ar eolas agatsa chun a rá go bhfuil tú ar mire faoi rud?
3. Cén chanúint lena mbaineann na frásaí thuas?

**Obair bheirte, saibhriú teanga:**  
ceisteanna le freagairt; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 04

### An Ghaeilge sa saol mór

Éisteacht

Éist le hAnna agus le Clíodhna anois agus freagair na ceisteanna.

1. Cad a bheidh á staidéar ag Anna agus í ar an ollscoil?
2. Cad a deir Anna faoin nGaeilge san ollscoil?
3. Cad a chuireann isteach ar Chlíodhna faoin mbaile a fhágáil?
4. Luann Clíodhna fadhb amháin a shamhlaíonn sí a bheidh aici i mBaile Átha Cliath, cad é?
5. An ndéanfaidh Clíodhna iarracht mhór casadh le daoine eile le Gaeilge?


**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 05

### An Ghaeilge sa saol mór

Iarphlé 1

Conas a bheidh an Ghaeilge ina buntáiste duit féin agus tú ag fágáil an bhaile an bhliain seo chugainn? Déan plé ar an gceist sin leis na daoine eile i do ghrúpa. Bíodh na pointí seo san áireamh agaibh agus sibh ag plé na ceiste.



**Obair ghrúpa:**  
ceist faoi bhuntáiste na Gaeilge faoi cheannteidil éagsúla le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 06

### An Ghaeilge sa saol mór

Amhrán 1

Bhí mise i ngrá le cailín tráth ♪  
Cailín a bhris mo chroí ♪  
An cailín ab áille ag siúl na sráide ♪  
A leithéidí ní fhaca tú riamh ♪  
Agus bheimis pósta agus sásta inniu ♪  
Bheadh páistí ar fud an tí ♪  
Ag Gaeilgeoireacht ó dhubb go dubh ♪  
Murach a cuid gramadaí. ♪

Ó mura bhfuil an tuiséal ginideach agat ♪  
Agus slacht ar do chuid 'heannaí ♪  
Níl suim dá laghad agam ionat ♪  
Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí ♪  
Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú ♪  
Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí ♪  
Tar trasna na páirce móire chugam ♪  
Táim anseo i dtóin an tí. ♪

Táim ag siúl an bhóthair uaignigh seo ♪  
Le fada fada an lá ♪  
Ag cuartú na mná gaeilí i ngach aon áit ♪  
Ach faraor, níl sí le fáil ♪  
Bean atá tugtha don tuiséal tabharthach ♪  
Bean a thuigeann na díochlaontaí ♪  
Bean a rachadh chun na leapan liom ♪  
Le Graiméar na mBráithre Críostai

**Obair ranga, tasc éisteachta:**  
amhrán le cloisteáil; **gramadach:** ainmfhocail sa tuiséal ginideach le haimsiú; **obair bheirte:** ceist amháin le plé.

## Sleamhnán 07

### Ag Ghaeilge sa saol mór

Amhrán 2

Óra mura bhfuil an tuiséal ginideach agat ♪  
 Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí ♪  
 Nil suim dá laghad agam ionat ♪  
 Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí ♪  
 Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú ♪  
 Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí ♪  
 Tar trasna na sráide caoile chugam ♪  
 Táim anseo i dtóin an tí. ♪  
 ♪  
 Mar sin más tú an cailín seo ♪  
 Is má tá tú i do shaineolaí ♪  
 Ar rangabháil na deacrachta ♪  
 Gan trácht ar na tréanólraí ♪  
 Má bhaineann tú pléisiúr as na cosain chaola ♪  
 Más maith leat an briathar saor ♪  
 Tar liomsa a stóirín nó go n-éalóidh muid le chéile ♪  
 Ach ar dtús, scrúdú beag gramadaí. ♪  
 ♪  
 Óra mura bhfuil an tuiséal ginideach agat ♪  
 Agus slacht ar do chuid 'h'eannaí ♪  
 Nil suim dá laghad agam ionat ♪  
 Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí ♪  
 Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú ♪  
 Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí ♪

**Obair ranga, tasc éisteachta:**  
 amhrán le cloisteáil;  
 gramadach: ainmfhocail sa tuiséal ginideach le haimsiú; **obair bheirte:** ceist amháin le plé.

## Sleamhnán 08

### An Ghaeilge sa saol mór

Amhrán 3

Tar trasna na páirce móire chugam ♪  
 Tar trasna na sráide caoile chugam ♪  
 Tar trasna na leabharlainne ciúine chugam ♪  
 Tar trasna na farraige gairbhe chugam ♪  
 Tar trasna na carraige dubhe chugam ♪  
 Tar trasna na liomanáide báine chugam ♪  
 Táim anseo i dtóin an tí.  
 ♪  
 Bheimis pósta agus sásta inniu ♪  
 Bheadh páistí ar fud an tí ♪  
 Ag Gaeilgeoireacht ó dhubh go dubh ♪  
 Murach a cuid gramadaí. ♪

#### Tasc

1. Cuir líne faoi gach ainmfhocal atá sa tuiséal ginideach.
2. Cuir ciorcal timpeall gach aidiacht atá sa tuiséal ginideach.

#### Plé

Ar mhaith leat féin duine le Gaeilge a phósadh agus páiste a thógáil le Gaeilge? Cén fáth?

**Obair ranga, tasc éisteachta:**  
 amhrán le cloisteáil;  
 gramadach: ainmfhocail sa tuiséal ginideach le haimsiú; **obair bheirte:** ceist amháin le plé.

## Sleamhnán 09

### An Ghaeilge sa saol mór

Iarphlé 2

#### Geandáil Ghasta

Tá seans maith ann go bhfreastalóidh tú ar chóisir 'Geandáil Ghasta' agus tú i do mhac léinn. Bíonn ort siúl timpeall an tseomra ag déanamh comhrá ar feadh nóiméad amháin le daoine éagsúla. Ag deireadh na hoíche roghnaíonn tú an duine ar mhaith leat buailleadh leis arís, bunaithe ar na comhráite a bhí agaibh.

Ar ndóig, níl tú ag cuardach do ghrá geal anseo sa rang inniu, ach bain triail as an ngníomhaíocht seo chun cleachtadh a dhéanamh ar an gcineál sin imeachta.

Siúl timpeall an ranga agus labhair le daoine éagsúla faoi na topaicí áirithe seo ar feadh **nóiméad amháin**.

madraí nó cait?	prátaí nó sceallóga?	Madonna nó Lady Gaga?	cathracha nó tuath?
cairde nó teaghlach?	amuigh nó istigh?	Gaeilge nó Béarla?	samhradh nó earrach?
feoil nó glasraí?	eolaíocht nó litríocht?	seandachtaí nó rudai nua?	spórt nó scannáin?
an dath dubh nó bán?	BBC nó RTÉ?	rac-cheol nó popcheol?	deochanna teo nó fuara?
an teilifís nó leabhair?	cóisirí nó díoscónna?	rothaíocht nó siúl?	fón cliste nó iPhone?

**Obair bheirte:**  
 cluiche cainte.



# 6C Cad atá i ndán duit?: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – cinntí a dhéanamh faoin saol amach rompu
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá mhír físe ina bhfuil beirt daltaí ag labhairt faoi cad ba mhaith leo a dhéanamh san ollscoil.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **Má** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhobair 1

- ✓ Iarr ar gach beirt na hábhair a phlé le chéile.
- ✓ Léigh trí na hábhair ar fad leo ansin le bheith cinnte go bhfuil siad ar eolas ag na daltaí agus le bheith cinnte gur féidir leo iad a fhuaimniú mar is ceart.
- ✓ Abair leo iarracht a dhéanamh na focail a fhoghlaim, ar feadh cúig nóiméad nó mar sin.
- ✓ Clúdaigh na focail agus iarr ar dhaltaí éagsúla na focail a litriú.



### Réamhobair 2

- ✓ Léigh na habairtí leis an rang ar fad. Bí cinnte go dtuigeann siad iad. Mínigh dóibh gur abairtí tábhachtacha iad agus cuir béim faoi leith ar na forainmneacha réamhfhoclacha.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo na ceisteanna a chumadh. Pléigh na ceisteanna a chum siad leis an rang ina iomláine. Beidh ceisteanna éagsúla acu ar ndóigh, ach bí cinnte go bhfuil struchtúr gach ceiste i gceart. Scríobh na ceisteanna seo ar an gclár agus iarr orthu na ceisteanna sin a chur ar a chéile.
- ✓ *Cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na hArdteiste?*
- ✓ *An dteastaíonn uait staidéar a dhéanamh ar \_\_\_\_\_?*
- ✓ *Cad a dhéanfaidh tú má éiríonn leat na pointí a fháil?*
- ✓ *Cad a dhéanfaidh tú má theipeann ort na pointí cearta a fháil?*
- ✓ Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus cuidigh leo más gá.



### Réamhobair 3

- ✓ Léigh na samplaí ar an sleamhnán.
- ✓ Roinn an rang i mbeirteanna agus iarr ar gach beirt ransú smaointe a dhéanamh ar na slite ar fad atá ar eolas acu chun **fhios agam** a rá.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu tar éis tamaill. Bíodh na cinn seo san áireamh:

N'fheadar...

Tá mé idir dhá chomhairle

B'fhéidir go ...

Níl barúil / tuairim agam



## Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl, ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh. Féach na Freagraí.



## Tasc / Ceistneoir 1 agus 2

- ✓ Léigh trí threoracha an tasc leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Léigh tríd an gceistneoir leo freisin, le bheith cinnte go dtuigeann na daltaí a bhfuil air.
- ✓ Abair leo an ceistneoir a líonadh iad féin ar dtús. Caithfidh siad uimhir 1 – 5 a chur tar éis gach abairte, ag brath ar an méid suime a bheadh acu féin san obair atá i gceist.
- ✓ Ansin, abair leo a gceistneoirí a mhalartú le ceistneoirí na ndaoine atá ina suí in aice leo.
- ✓ Caithfidh siad anois na ceistneoirí sin a léamh go cruinn agus tuairisc a scríobh faoin gcineál oibre a d'oirfeadh don duine sin. Abair leo na frásaí ag bun an tsleamhnáin **Tasc** a úsáid ina dtuairiscí.
- ✓ Bíodh abairtí ar nós na n-abairtí seo acu:  
*Is léir go bhfuil an-suim agat san eolaíocht. Mholfainn duit mar sin cúrsa eolaíochta a dhéanamh. Is maith leat bheith ag plé le daoine freisin. Ba cheart duit bheith i do mhúinteoir eolaíochta.*
- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla a dtuairiscí a léamh amach.



## Iarphlé

- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.
- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang agus abair leis na grúpaí éagsúla na ceisteanna a dhéanamh le chéile.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin.

## Freagraí

### Éisteacht (an tríú éisteacht)

Tá canúint Uladh ag an mbuachaill agus canúint Chonnacht ag an gcaillín.

- tá sé i gceist agam – *tá sé beartaithe agam*
- an-tóir ar – *an-éileamh ar*
- cóngarach dó – *gar do*
- bualadh le – *castáil (casadh) le*

## Cad atá i ndán duit? – Script

### Conar Ó Braonáin – Coláiste Ailigh

*Cad é ba mhaith leat féin a dhéanamh nuair atá an Ardteist déanta agat agus na marcanna faighte agat?*

Má fhaighim (na) marcanna, sin an ‘má’, ach tá sé beartaithe agam staidéar a dhéanamh ar an Bhéarla agus ar an Ghearmáinis i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath má fhaighim na pointí. Tá an-dúil agam i dteangacha (*deir sé “teangáí”*) agus sílim go bhfuil an-éileamh, go háirithe ar theangacha iasachta ar na saolta seo. Sílim gur cuid iontach tábhachtach iad sin don chumarsáid agus don chumarsáid idirnáisiúnta agus rudaí mar sin. Tá éileamh orthu i measc na bhfostóirí fosta.

### Eimhear Ní Dhomhnail – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

*A Eimhear, cad atá sé i gceist agat a dhéanamh tar éis na hArdteiste?*

Bhuel tar éis na hArdteiste tá sé i gceist agam cinnte dul i dtreo ollscoil. Is dócha go ngabhfaidh mé le cúrsa ginearálta ar nós *Arts*, mar níl a fhios agam go díreach céard atá mé ag iarraidh a dhéanamh tar éis na scoile. Níl a fhios agam an bhfuil mé ag iarraidh bheith i mo mhúinteoir nó i mo bhanaltra, nó rud éicint mar sin, so gabhfaidh mé le cúrsa go ginearálta ar nós *Arts*, is dócha.

*Agus ar mhaith leat freastal ar an ollscoil i nGaillimh do bharúil, nó ar mhaith leat dul go Baile Átha Cliath nó go Luimneach?*

Bhuel tá se i gceist agam bheith ag imeacht as Gaillimh más féidir. Ba mhaith liom bheith ag dul go, b’fhéidir, Luimneach, mar tá sé gar don bhaile *but* tá sé freisin as an mbaile. Tá mé ag iarraidh difríocht, más féidir, má gheobhaidh mé an cúrsa atá mé ag iarraidh thíos ansin.

*Iontach. Agus cad iad na rudaí is mó a bhfuil tú ag súil leo i do shaol nua mar mhac léinn, abair?*

Bhuel na rudaí is mó ná castáil le daoine nua agus taithí níos mó, difriúil, a fháil anuas ar an saol atá san ollscoil agus rudaí mar sin. Agus taisteal agus rudaí mar sin i mo shaol nua in áit a bheith fanta (ag fanacht) in áit amháin i gcónaí.

# 6C: Cad atá i ndán duit?

## Sleamhnán 01

### Cad atá i ndán duit?

Réamhobair 1

Féach ar na hábhair choitianta a ndéantar staidéar orthu san ollscoil. An bhfuil na focail ar eolas agaibh? An bhfuil aon ábhar eile nach bhfuil ar an liosta?



Ailtireacht  
 Altranas  
 Bithecheimic  
 Bitheolaíocht  
 Ceimic  
 Cumarsáid  
 Cuntasalaíocht  
 Díl  
 Eaconamaíocht  
 Eolaíocht  
 Eolaíocht an Chomhshaoil  
 Innealtóireacht (leictreonaice/bogearraí/shibhialta/  
 cheimiceach)  
 Iriseoireacht  
 Leigheas  
 Matamaitic  
 Múinteoireacht  
 Na hEalaíona  
 Staidéar Airgeadais  
 Staidéar Gnó



Caith dhá nóiméad ag foghlaim conas na hábhair ar an liosta a litriú. Ná déan dearmad den rialú 'caol le caol agus leathan le leathan'.

**Obair bheirte:** na hábhair ar an sleamhnán le plé/míniú; **obair aonair:** focail agus litriú le foghlaim; **tástáil:** an bhfuil an litriú ar eolas ag na daltaí.

## Sleamhnán 02

### Cad atá i ndán duit?

Réamhobair 2

#### Abairtí tábhachtacha

- ✓ Ba mhaith liom céim / dioplóma / teastas a **bhaint amach** san eolaíocht.
- ✓ Teastaím uaim **staidéar** a dhéanamh **ar** an eacnamaíocht.
- ✓ Má **éiríonn liom** na pointí a fháil!
- ✓ Tá mé ag athdhéanamh na hArdteistiméireachta mar **theip orm** na pointí a fháil anuraidh.



#### Obair ghrúpa

1. Cumairg ceisteanna oiriúnacha do na habairtí thuas.
2. Cuir na ceisteanna ar a chéile anois.

**Obair ghrúpa:** ceisteanna le cumadh le dul leis an téacs; **obair ranga:** cinntigh go bhfuil struchtúir na gceisteanna i gceart; **obair bheirte:** ceisteanna le cur ar a chéile.


## Sleamhnán 03

### Cad atá i ndán duit?

Réamhobair 3

Ach, is minic nach mbíonn a fhios ag daoine cad a dhéanfaid siad tar éis na hArdteistiméireachta. Déan ransú smaointe ar na sílte ar fad atá ar eolas agat chun **níl a fhios agam** a rá.

Níl mé cinnte!



**Obair bheirte, saibhriú teanga:** ransú smaointe, freagraí le cur ar an gclár bán.

## Sleamhnán 04

### Cad atá i ndán duit?

Éisteacht

Éist le Cormac agus Eimhear ag caint faoin mbliain tar éis na hArdteiste agus freagair na ceisteanna.

#### An chéad éisteacht:

1. Cad ba mhaith le Cormac a dhéanamh tar éis na hArdteistiméireachta?
2. Cad ba mhaith le hEimhear a dhéanamh tar éis na hArdteistiméireachta? Cén áit?

#### An dara héisteacht:

1. Cén fáth a gceapann Cormac go bhfuil teangacha tábhachtach sa lá atá inniu ann?
2. Cén fáth ar mhaith le hEimhear cúlra ginearálta a dhéanamh?
3. Cad iad na rudai a bhfuil Eimhear ag súil leo ina saol nua mar mhac léinn?

#### An tríú héisteacht:

1. Cén chanúint atá ag an mbeirt chainteoirí agus cén fáth a ndeir tú amhlaidh?
2. Bhí leagan eile de na fráisí seo sa mhír, cad iad?
  - tá sé i gceist agam
  - an-tóir ar
  - cóngarach do
  - bualadh le

**Obair aonair, tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt; **saibhriú teanga:** canúintí, nathanna.

## Sleamhnán 05

### Cad atá i ndán duit?

Tasc

#### TASC

1. Léigh an ceistneoir ó 1 – 33 agus cuir ✓ faoin uimhir a léiríonn an tsuim a bheadh agat féin sa chineál oibre atá i gceist. Féach an eochair:



- 1 = Bheadh an-suim agam ann.
- 2 = Bheadh suim agam ann.
- 3 = Bheadh suim mheasartha agam ann.
- 4 = Ní bheadh mórán suime agam ann.
- 5 = Ní bheadh suim dá laghad agam ann.

2. Nuair atá an méid sin déanta agat tabhair do cheistneoir don duine in aice leat.

3. Féach ar cheistneoir an duine in aice leat anois agus léigh tríd go cúramach. Beidh ort comhairle a thabhairt don duine sin ar an gceist a d'oifreadh dó. Beidh ort tuairisc ghearr a scríobh. Bain úsáid as fráisí ar nós na gceann thíos:

Ba cheart / ba chóir duit... Tá lámh mhaith agat ar...  
 Mholfaim duit... Bheifé go maith ag...  
 Is léir go bhfuil ... Tá bua \_\_\_\_\_ agat...

**Obair aonair:** ceistneoir le líonadh isteach; obair a mholadh do dhuine eile bunaithe ar a fhreagraí sa cheistneoir, **tasc scríofa:** tuairisc le scríobh don duine; **obair ranga:** tuairimí le léamh amach.

## Sleamhnán 06

### Cad atá i ndán duit?

Ceistneoir 1

	1	2	3	4	5
1. Riomhairí a shuiteáil agus a dheisiú					
2. Oidís bhia nua a thriail					
3. Cabhrú le duine aithmeanna gnó a bhaint amach					
4. Scileanna nua a mhúineadh do dhaoine					
5. Aire a thabhairt do dhaoine, strainséirí fiú					
6. Leabhair, ailt, aistí nó drámaí a scríobh					
7. Uimhreacha/sonraí a mhíniú & fadhbanna a réiteach					
8. Comhairle a thabhairt conas saol sláintiúil a bhaint amach					
9. Coireanna a imscrúdú					
10. Eolas a fháil ar chaidrimh dhaoine agus ar shíceolaíocht					
11. Feisteas nó stáitse a dhearadh do dhrama					
12. Gnó a bhunú					
13. Fostaíthe a thraenáil nó a mhúineadh					
14. Foghlaim conas a oibríonn an corp					
15. Eitleáin, foirgnimh nó innill a thógáil					
16. Staidéar a dhéanamh ar éiceachóras muirí					
17. Tuiscint a fháil ar chúrsaí reatha & idirnáisiúnta					
18. Critic a dhéanamh ar na healaíona nó ar cheol					

**Obair aonair:** ceistneoir le líonadh isteach; obair a mholadh do dhuine eile bunaithe ar a fhreagraí sa cheistneoir, **tasc scríofa:** tuairisc le scríobh don duine; **obair ranga:** tuairimí le léamh amach.

## Sleamhnán 07

### Cad atá i ndán duit?

Ceistneoir 2

	1	2	3	4	5
19. Cuidiú le daoine atá ag fáil bháis, tinn nó faoi dhúlagar					
20. Preaseisúint a scríobh					
21. Dúshlán mhatamaitice a oibriú amach					
22. Cabhrú le pobail atá buailte ag tubaistí nádúrtha					
23. Staidéar a dhéanamh ar an eitic & ar an bhfealsúnacht					
24. Pleanáil chaitheamh aimsire					
25. Uirlis a sheinm nó ceol a chumadh ar an ríomhaire					
26. Suíomh idirlín nó feidhmchlár a chódú					
27. Grúpa mór daoine a mhúineadh					
28. Taifead agus tuairisc a dhéanamh ar thinneas othair					
29. Leabhair agus ailt a léamh					
30. Taighde a dhéanamh ar chultúir agus ar reiligiúin eile					
31. Bheith ag obair mar aisteoir, stiúrthóir nó giolla stáitse					
32. An tsíl a n-imobríonn ceimicí a fhiosrú					
33. Bheith ag obair amuigh faoin spéir den chuid is mó					

**Obair aonair:** ceistneoir le líonadh isteach; obair a mholadh do dhuine eile bunaithe ar a fhreagraí sa cheistneoir, **tasc scríofa:** tuairisc le scríobh don duine; **obair ranga:** tuairimí le léamh amach.

## Sleamhnán 08

### Cad atá i ndán duit?

larphlé

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil barraíocht brú ar dhaltá Ardteistiméireachta? Cén fáth?
2. An féidir le daoine d'ocht mbliana déag d'aois fios ceart a bheith acu faoin bpost ceart dóibh?
3. Abair gur tusa an tAire Oideachais, conas a d'athrófa an Ardteistiméireacht?
4. Cé acu atá níos tábhachtaí duit féin: post buan le pinsean nó post suimiúil?
5. Ar mhaith leat bheith ag obair thar lear lá éigin? Cén fáth?

**Obair ghrúpa:** ceisteanna le plé faoi oideachas agus an Ardteist.

# 6D Saol na hoibre: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spríocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – saol na hoibre
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá fhógra poist.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.




### Réamhobair 1

- ✓ Iarr ar gach grúpa (de thriúr nó de cheathrar) na focail a phlé le chéile ar dtús.
- ✓ Ná tabhair míniú na bhfocal dóibh. Abair leo brí na bhfocal a fháil ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) nó [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) nó ina bhfoclóirí.
- ✓ Téigh siar ar an stór focal leo ansin.



### Cluiche Cuimhne 1 agus 2

- ✓ Bíodh na cártaí ar fad, **ar an dá shleamhnán**, gearrtha amach agat agus curtha i gclúdach litreach. Is é sin, ba cheart go mbeadh gach cárta (focal) i ngach clúdach litreach faoi dhó.
- ✓ Roinn an rang i mbeirteanna agus tabhair clúdach litreach do gach beirt. Mar shampla: Má tá rang d'fhiche agat beidh deich ngrúpa agat. Beidh deich gclúdach litreach agat le dhá leagan de gach focal istigh ann.
- ✓ Abair le gach grúpa na cártaí a bhocsáil go maith, agus ansin na cártaí ar fad a chur amach ar an mbord, aghaidh faoi. Níor cheart go bhfeicfeadh na daltaí na focail atá scríofa ar na cártaí.
- ✓ Roghnóidh duine A dhá chárta agus míneoidh sé an dá fhocal dá pháirtí. Má tá an focal céanna ar an dá chárta agus má tá an focal ar eolas aige, coinneoidh sé an dá chárta mar phointe agus roghnóidh sé dhá chárta eile. Mura bhfuil an dá fhocal mar an gcéanna, tar éis iad a mhíniú cuirfidh sé an dá chárta ar ais san áit a raibh siad. Má theipeann air aon chárta a mhíniú cuirfidh sé an dá chárta ar ais san áit a raibh siad, agus tógfaidh duine B a sheal. Déanfaidh an bheirt iarracht mhór cuimhneamh ar an áit a bhfuil na cártaí.
- ✓ Roghnóidh duine B dhá chárta eile ansin agus leanfaidh an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí nach bhfuil aon chárta fágtha ar an mbord.
- ✓ Is é an duine leis an méid is mó cártaí an buaiteoir.





## An Tasc / Ról A / Ról B

- ✓ Bíodh an sleamhnán **An Tasc** in airde agat.
- ✓ Bíodh cóip de Ról **A** agus Ról **B** déanta agat do *gach duine* sa rang.
- ✓ Léigh an dá ról leis an rang ina iomláine le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí an stór focal ar fad.
- ✓ Roinn an rang i mbeirteanna. Tabhair Ról **A** don chéad bheirt, Ról **B** don dara beirt, Ról **A** don tríú beirt, Ról **B** don cheathrú beirt agus mar sin ar aghaidh.
- ✓ Iarr ar gach beirt liosta de na tréithe a cheapann siad a bheadh oiriúnach don phost atá acu a bhreacadh síos.
- ✓ Nuair atá an méid sin déanta, pléigh na tréithe atá oiriúnach do gach post leis an rang ar fad.
- ✓ Ansin, cuir tús leis an gcéad chuid eile den tasc.
- ✓ Abair le gach beirt ról a mhalartú. Anois beidh Ról **B** ag an gcéad bheirt, Ról **A** ag an dara beirt, Ról **B** ag an tríú beirt, Ról **A** ag an gceathrú beirt agus mar sin de.
- ✓ Iarr orthu anois ceisteanna a chumadh a bheadh oiriúnach d'agallamh don phost sin.
- ✓ Nuair atá an méid sin déanta, pléigh ceisteanna agallaimh do gach post leis an rang ar fad.
- ✓ Ansin cuir gach beirt ag obair leis an mbeirt in aice leo. Beidh an chéad bheirt ag obair leis an dara beirt, beidh an tríú beirt ag obair leis an gceathrú beirt agus mar sin ar aghaidh.
- ✓ Caithfidh an bheirt le Ról **A** agallamh a chur ar an mbeirt eile don phost **Cúntóir Taighde**. Caithfidh an bheirt le Ról **B** agallamh a chur ar an mbeirt eile don phost **Stiúrthóir Naíonra**.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo más gá.
- ✓ Iarr ar ghrúpaí éagsúla agallamh a dhéanamh os comhair an ranga.
- ✓ Pléigh aon deacracht a bhí acu agus scríobh aon stór focal nua ar an gclár bán.



## Iarphlé 1 agus 2

- ✓ Léigh trí na ceisteanna leis an rang ar fad ar dtús.
- ✓ Lig do na foghlaimeoirí an ceacht seo a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt.
- ✓ Caithfidh siad cinneadh a dhéanamh a bhfuil na ráitis fíor nó bréagach fúthu féin.
- ✓ Caithfidh siad ansin scór a oibriú amach trí phointe amháin a chomhaireamh do gach ráiteas fíor.
- ✓ Pléifidh siad an scór a fuair siad le chéile.
- ✓ Pléigh thusa an scór a fuair daoine áirithe ansin. Déan iarracht comhrá a spreagadh faoin mbrú atá ar dhaltaí dá leithéid. Ba cheart go mbeadh an-suim acu a bheith ag tabhairt amach!



## Iarphlé 3

- ✓ Ceacht beag eadrom é seo le clabhsúr a chur leis an topaic.
- ✓ Tabhair deis dóibh na ciorcail a líonadh isteach.
- ✓ Pléigh cuid de na ciorcail a bhí ag daltaí éagsúla.


# 6D: Saol na hOibre

## Sleamhnán 01

### Saol na hoibre

Réamhobair 1

Cad is brí leis na focail seo? Bain úsáid as [www.focal.ie](http://www.focal.ie) chun brí na bhfocal a aimsiú.



**Obair ghrúpa:**  
focail agus a míniú le plé.

## Sleamhnán 02

### Saol na hoibre

Cluiche Cuimhne 1

Le gearradh. Féach na treoracha.

Taighde	Earnáil	Tionscnamh	Tionscadal
Teicneolaíocht Faisnéise	Deontas	Inchuardaithe	Daonnachtaí Digiteacha
Cruinneas	Sealadach	Saoire Mháithreachais	Dianchúrsa
Na luathbhlianta	Traenáil gharchabhrach	Breisoideachas	próiseáil

**Cluiche focal, obair bheirte:**  
focail le míniú.

## Sleamhnán 03

### Saol na hoibre

Cluiche Cuimhne 2

Le gearradh. Féach na treoracha.

Taighde	Earnáil	Tionscnamh	Tionscadal
Teicneolaíocht Faisnéise	Deontas	Inchuardaithe	Daonnachtaí Digiteacha
Cruinneas	Sealadach	Saoire Mháithreachais	Dianchúrsa
Na luathbhlianta	Traenáil gharchabhrach	Breisoideachas	próiseáil

**Cluiche focal, obair bheirte:**  
focail le míniú.

## Sleamhnán 04

### Saol na hoibre

An Tasc

Bí ag obair i ngrúpaí de bheirt. Beidh tú féin agus an duine i do ghrúpa ag cur isteach ar phost. Ansin beidh sibh ag feidhmiú mar fhostóirí agus ag cur agallaimh ar ghrúpa eile.



**Mar shampla:** Tá ról A ag Máire agus Seán. Tá ról B ag Pól agus Síle. Déanfaidh Máire agus Seán liosta de na tréithe / cáilíochtaí a bheadh oiriúnach do phost A – cúntóir taighde. Déanfaidh Pól agus Síle liosta de na tréithe / cáilíochtaí a bheadh oiriúnach do phost B – stiúrthóir naíonra.

Ansin, malartóidh siad rólí. Beidh ról B ag Máire agus Seán. Beidh ról A ag Pól agus Síle. Beidh siad ag cur agallaimh ar a chéile anois don phost atá os a gcomhair amach. Beidh orthu ceisteanna a agallaimh a ullmhú le cur ar an mbeirt eile. Beidh Máire agus Seán ag cur agallaimh ar Phól agus ar Shile do phost B – stiúrthóir naíonra. Beidh Pól agus Síle ag cur agallaimh ar Máire agus ar Sheán do phost A – cúntóir taighde.

**Obair bheirte, tasc labhartha agus scríofa:**  
tréithe a bhaineann le dhá phost a liostáil, ceisteanna i gcomhair agallaimh do na poist sin le cumadh, agallaimh le cur ar a chéile do na poist.

## Sleamhnán 05

### Saol na hoibre

An Tasc – Ról A

#### Cúntóir Taighde á lorg

**Tuarastal:** €19,665 in aghaidh na bliana

**Tionscal:** Earnáil an Aistriúcháin

**Láthair:** Baile Átha Cliath

Tá Foclóir na Nua-Ghaeilge, tionscnamh taighde de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, ag lorg iarratas do phost mar Chúntóir Taighde (le spéis faoi leith sa teicneolaíocht faisnéise), ar thionscadal maoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus Rialtas na hÉireann, faoin Scéim Deontas do Thionscadal Taighde 2013.

#### Cuideoidh an Cúntóir Taighde le:

- téacsanna digítithe a phróiseáil
- leathanaigh idirlín a dheardh agus a fhorbairt
- corpas inchuardaithe a fhorbairt ar líne

#### Beidh na cáilíochtaí seo a leanas ag an té a cheapfar:

- céim onóracha sa Nua-Ghaeilge
- ardscileanna ríomhaireachta, cruthú corpais agus próiseáil teanga san áireamh
- spéis sa Ghaeilge agus sna daonnachtaí digiteacha
- cruinneas sa Ghaeilge
- cumas oibre mar chuid d'fhoireann agus as a stuaim féin

**Obair bheirte, tasc labhartha agus scríofa:**  
tréithe a bhaineann le dhá phost a liostáil, ceisteanna i gcomhair agallaimh do na poist sin le cumadh, agallaimh le cur ar a chéile do na poist.

## Sleamhnán 06

### Saol na hoibre

An Tasc – Ról B

#### Stiúrthóir naíonra á lorg

**Tuarastal:** €38, 000 in aghaidh na bliana

**Tionscal:** Obair leis an óige

**Láthair:** Co. Lú

Stiúrthóir naíonra ag teastáil do Naíonra Oiriail, 10 The Forge, Lann Léire, Co. Lú. Post Sealadach atá ann chun saoire mháithreachais a chlúdach, ag tosú i mí Aibreáin 2014

#### Riachtanais:

- cumas faoi leith ag obair le leanaí óga
- scileanna cumarsáide láidre
- ardchaighdeán Gaeilge
- dianchúrsa FNT (Forbairtí Naíonra Teoranta): An Cháilíocht Stiúrthóra (nó bheith sásta tabhairt faoi go luath)
- cáilíochtaí cuí CDBO (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) ag Leibhéal 5 nó 6 nó
- céim in oideachas na luathbhlianta
- traenáil gharchabhrach
- traenáil um chosaint leanaí

**Obair bheirte, tasc labhartha agus scríofa:**  
tréithe a bhaineann le dhá phost a liostáil, ceisteanna i gcomhair agallaimh do na poist sin le cumadh, agallaimh le cur ar a chéile do na poist.



## Sleamhnán 07

### Saol na hoibre

Iarphlé 1

Go minic bíonn an-bhrú ar dhaoine fásta ina saol oibre. Is annamh a bhíonn aon am saor acu agus tagann deireadh lena saol pearsanta féin de réir a chéile. Is féidir an brú céanna a bheith ar dhaltai na hArdeistiméireachta. Déan an suirbhé seo leis an duine in aice leat le fáil amach an bhfuil sibh ag obair róchrúa!! Tabhair pointe amháin duit féin as gach freagra atá fíor fút féin.

1. Mothaím nach mbíonn go leor ama agam dom féin go minic, nó do mo chuid cairde. F\_ B\_
2. Is amhlaidh go bhfuil rud éigin le déanamh agam gach nóiméad de gach lá. F\_ B\_
3. Níl cuimhne agam ar an lá deireanach, ina iomláine, a ghlac mé saor chun spraoi a bheith agam. F\_ B\_
4. Mothaím faoi bhrú i gcónaí. F\_ B\_
5. Tá dearmad déanta agam ar an uair dheireanach a léigh mé leabhar iomlán nach raibh baint aige leis an Ardeistiméireacht. F\_ B\_
6. Bíim tuirseach róminic. F\_ B\_
7. Ní dheachaigh mé chuig scannán nó ceolchíorm nó a leithéid le míonna. F\_ B\_
8. Oibrím go díograiseach mar tá eagla orm nach bhfaighidh mé post maith amach anseo. F\_ B\_

**Obair aonair:**  
ceistneoir le líonadh isteach;  
**obair bheirte:**  
torthaí le plé;  
**plé ranga:**  
tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 08

### Saol na hoibre

Iarphlé 2

9. Is minic nach mbíonn go leor ama agam dinnéar a ithe le mo theaghlach de bharr an iomarca oibre. F\_ B\_
10. Tarlaíonn sé anois is arís nach n-éiríonn liom codladh na hoíche a fháil mar bíonn strus orm. F\_ B\_



Torthaí

0-2 Tá saol breá agat agus is léir nach bhfuil tú faoin iomarca brú. Bíodh an chothromaíocht sin i do shaol go deo.

3-4 Is léir go bhfuil go leor struis i do shaol. Ná déan dearmad sult a bhaint as an saol go rialta nó gheobhaidh an strus sin an lámh in uachtar ort.

5+ Tá tú ag obair an iomarca agus caithfidh tú bheith an-chúramach nó rachaidh do shaol as a riocht ar fad. Caithfidh tú athruithe a chur i bhfeidhm i do shaol anois sula mbeidh sé ródhéanach.

**Obair aonair:**  
ceistneoir le líonadh isteach;  
**obair bheirte:**  
torthaí le plé;  
**plé ranga:**  
tuairimí le malartú.


## Sleamhnán 09

### Saol na hoibre

Iarphlé 3


Líon isteach an méid ama **ba mhaith leat** a bheith agat sna réimsí seo a leanas:

- Obair bhaile
- Sláinte
- Tú féin
- Spioradáltacht
- Saothrú airgid
- Caidrimh
- Pobal



Anois líon isteach an méid ama atá agat **faoi láthair** sna réimsí céanna.

- Obair bhaile
- Sláinte
- Tú féin
- Spioradáltacht
- Saothrú airgid
- Caidrimh
- Pobal



**Obair aonair:**  
ceisteanna le freagairt; **obair ranga:**  
tuairimí le plé.

# 6E Comhionannas inscne: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spríocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – an saol fadó agus comhionannas inscne
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil beirt bhan ag caint faoin oideachas a bhí acu.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá Gaeilge Uladh ag an mbeirt bhan.



### Réamhobair 1

- ✓ Is ceacht cainte é seo le tús a chur leis an topaic.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun na hábhair a phlé ó thaobh inscne de.
- ✓ Bíodh plé agat leis an rang ar fad ansin faoi na hábhair a roghnaíonn mná agus fir ar an ollscoil.



### Réamhobair 2

- ✓ Taispeáin na pointí ar an sleamhnán, ceann ar cheann.
- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla na pointí a léamh amach.
- ✓ Bíodh plé sa rang faoi na fíricí ar an sleamhnán – an gcuireann siad iontas orthu?



### Réamhobair 3

- ✓ Taispeáin na pointí ar an sleamhnán, ceann ar cheann.
- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla na pointí a léamh amach.
- ✓ Bíodh plé agaibh ar an gcúis a bhfuil na fíricí ar an sleamhnán seo neamhghnách. Mar shampla: Má bhíonn i bhfad níos mó ban ag obair san earnáil sláinte, nach bhfuil sé aisteach nach bhfuil ach 36% de mhná ina gcomhairleoirí leighis nó fiacloireachta?



### Réamhobair 4

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na daltaí agus tabhair deis dóibh na bearnaí a líonadh.
- ✓ Pléigh na freagraí a bhí acu ansin. Féach na Freagraí.



### Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula seinneann tú an mhír, ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



## Éisteacht 2

- ✓ Léigh na ceisteanna ar an sleamhnán sula seinnfidh tú an mhír arís.
- ✓ Seinn an mhír arís agus ansin tabhair deis do na foghlaimeoirí freagraí na gceisteanna a ullmhú ina n-aonar.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Scríobh aon stór focal nua a tháinig aníos ar an gclár bán.



## Iarobair 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang.
- ✓ Iarr orthu na teidil chearta a chur sna bearnaí. Féach na Freagraí.
- ✓ Iarr ar gach beirt liosta de na cúiseanna, dar leo féin, a bhfuil an bhearna idir saol na mban agus saol na bhfear chomh difriúil i dtíorthu difriúla.
- ✓ Pléigh cuid de na liostaí os comhair an ranga. Bíodh na pointí seo san áireamh:

*Reiligiún, oideachas, bochtanas, cultúr agus traidisiún.*



## Iarobair 2

- ✓ Cuir díospóireacht ranga ar siúl, ar an tslí is fearr a oireann don rang atá agat.
- ✓ Bíodh na focail sna boscaí mar chuid den díospóireacht.

## Freagraí

### Réamhobair 4

Smaointigh: *smaoinigh*

Iomrá: *clú, cáil, ainm*

Cha mhairfeadh / cha raibh: *ní*

Caithfidh mé a ráit: *a rá*

Ní thig liom: *ní féidir liom*

Iontach **sásta**: *an-sásta*


Uilig: *gach/uile*

Ag amharc: *ag féachaint*

Faillí/neamart a dhéanamh i rud: *dearmad a dhéanamh ar rud, neamhspéis a chur i rud*

Tá mé ag déanamh go: *ceapaim go, sílim go*

### Iarobair 1



An bhearna inscne is mó

An bhearna inscne is lú

---

## Comhionannas inscne – Script

### Nancy McGabhann – Iarmhúinteoir bunscoile

*Cá háit a ndeachaigh tú féin ar an mheánscoil ansin a Nancy?*

Bhuel rinne mise scrúdú ansin nuair a bhí mé dhá bhliain déag agus bhí scoláireachtaí, ag dul, speisialta ó dhaoine as an Ghaeltacht, agus bhí an t-ádh ormsa go bhfuair mé an scoláireacht, na Gaeltachta, ag an am. Agus ansin smaointigh mo mháthair agus m'athair cén scoil ab fhearr domh dul chuige agus bhí iomrá mór ar an Chloch Lughaidh i Muineachán, agus chuir siad mé go Muineachán ansin go dtí an mheánscoil.

*Agus an raibh cumha ort?*

Bhuel, an bhfuil a fhios agat go mbeadh cumha orainn uilig ag fágáil an bhaile, agus ag fágáil do mháthair agus d'athair agus do chuid deirfiúracha agus deartháireacha ag an am. Ach cha mhairfeadh sin i bhfad, agus *I suppose* caithfidh mé a ráit go raibh, go raibh mé breá sásta go raibh mé ag fáil oideachais agus go bhfuair mé an scoláireacht. Bhí na mná rialta i Muineachán iontach deas agus bhí cuid mhór cairde agam, agus caithfidh mé a ráit nach dtig liom rud ar bith a ráit ina n-éadan agus bhain mé sult maith go leor as mo chúig bliana ansin.

*Agus cad é a rinne tú i ndiaidh na meánscoile?*

Bhuel bhí mé i gcónaí...ba mhaith liom bheith i mo mhúinteoir náisiúnta agus ansin chuaigh mé go dtí an coláiste oiliúna i mBaile Átha Cliath agus chaith mé dhá bhliain ansin agus tháinig mé amach, mar a deireadh siad fad ó shin, i mo mhúinteoir náisiúnta. Agus, caithfidh mé a ráit gur sin an rud uilig a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh. Bhí me iontach sásta go raibh mé i mo mhúinteoir agus mhúin mé ar feadh daichead bliain.

### Caitlín Mhic Grianna – Iar-léachtóir IT Leitir Ceanainn

*An raibh na buachaillí agus cailíní, a Chaitlín, ar fad le chéile nuair a bhí tusa ag déanamh na hArdteiste sa cheardscoil?*

Bhí muid uilig le chéile. Seachtar againn a bhí ann ar fad do na gnáthábhair cosúil le Gaeilge, Béarla, Mata agus Tíreolas. Rinne na buachaillí staidéar ar adhmaadóireacht agus ar eolaíocht, agus rinne na cailíní staidéar ar ghnó agus ar thíos. Bhí mise breá sásta leis na hábhair sin ag an am, ach ag amharc siar air anois bhí go leor míbhuntáistí ag baint leis. Ní thig liom locht a chur ar na múinteoirí ach bhí locht ar an chóras. Bhí faillí á dhéanamh (á déanamh) ar oideachas na mban ag an am sin mar mheas an córas nach raibh muidinne, na cailíní, in ann ábhair mar adhmaadóireacht, ná gan trácht ar eolaíocht a láimhseáil. Agus rinneadh neamart ar na cailíní bochta. Bhí na cailíní breá ábalta, mar a dúirt siad féin, obair a fháil in óstán inteacht nó in oifig éigin agus thioctadh leat a rá go raibh an córas ag caitheamh anuas orainn.

### Nancy McGabhann – Iarmhúinteoir bunscoile

*Anois, an raibh na deiseanna céanna ag fir agus ag mná tar éis na meánscoile le bhur linn, dar libh?*

Bhuel i m'amsa, tá Caitlín i bhfad níos óige ná mise, ach i m'amsa cha raibh oideachas saor ar bith ag dul agus cha raibh mórán deiseanna ag mná ná ag fir. Agus, dá mbeadh an t-ádh ort agus scoláireacht a fháil bhí na deiseanna céanna ag na mná agus a bhí ag na fir. Ach, dá mbeadh airgead agat in Éirinn, bhí, tá mé ag déanamh go raibh deiseanna níos fearr ag na fir, agus go dtug na hathraitheacha agus na máithreacha, bheireadh siad oideachas do na fir ach *but* shíl siad nach raibh sin tábhachtach a thabhairt do na mná.

# 6E: Comhionannas inscne

## Sleamhnán 01

### Comhionannas Inscne

Réamhobair 1

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na hábhair tríú leibhéal thíos. An bhfuil níos mó ban ná fear ag freastal orthu, dar libh? Scríobhaigí síos cúpla abairt le bhur dtuairimí a léiriú.

Innealtóireacht  
Cúram Sláinte  
Déantúsaíocht  
Cúrsaí Foirgníochta agus Tógála  
Oideachas  
Eolaíocht  
Na hEalaíona  
Ceardaíocht



**Obair bheirte:**  
tuairimí faoi fhir agus mhná agus cúrsaí ollscoile le tabhairt;  
**plé ranga:**  
tuairimí le malartú maidir le hábhair a roghnaítear san ollscoil.

## Sleamhnán 02

### Comhionannas Inscne

Réamhobair 2

An raibh an ceart agaibh? Baineann na figiúirí leis an mbliain 2011.



- ✓ Fir a bhí in 83.3% de na mic léinn a bhain céim amach san innealtóireacht, sa déantúsaíocht agus i gcúrsaí foirgníochta.
- ✓ Ba fhir iad 57% de na mic léinn a d'fhreastail ar chúrsaí eolaíochta.
- ✓ 82% an líon ban a bhain céim amach sna cúraim sláinte.
- ✓ Ba mhná iad 74% de na mic léinn a bhain céim amach san oideachas.
- ✓ 63% de chéimithe na nEalaíon, ba mhná iad.

**Obair ranga:**  
pointí le plé.

## Sleamhnán 03

### Comhionannas Inscne

Réamhobair 3

Ach, féachaigí ar na figiúirí seo anois. Cén fáth an bhfuil siad neamhghnách, go háirithe nuair a chuireann tú na figiúirí ar an sleamhnán deireanach san áireamh?

- ✓ Níl ach 36% de chomhairleoirí leighis agus fiaclóireachta ina mná.
- ✓ As na ban-mhúinteoirí bunscóile ar fad níl ach 53% ina mbainisteoirí.
- ✓ Níl ach 41% de mhná ina mbainisteoirí san earnáil iarbhunscóile.



**Obair ranga:**  
plé ar na tuairimí.

## Sleamhnán 04

### Comhionannas Inscne

Réamhobair 4

Beidh tú ag éisteacht le beirt bhan ag caint faoin oideachas a fuair siad. Tá canúint Uladh acu agus baineann siad úsáid as leaganacha atá bréa canúnach. Cén leagan atá agat féin ar na leaganacha seo? Má tá canúint Uladh agat, breac síos aon leagan eile atá ar eolas agat.

Smaointigh: \_\_\_\_\_  
Iomrá: \_\_\_\_\_  
Cha mhairfeadh / cha raibh: \_\_\_\_\_  
Caithfidh mé a ráit: \_\_\_\_\_  
Ní thig liom: \_\_\_\_\_  
Iontach sásta: \_\_\_\_\_  
Uilig: \_\_\_\_\_  
Ag amharc: \_\_\_\_\_  
Failli/neamart a dhéanamh i rud: \_\_\_\_\_  
Tá mé ag déanamh go: \_\_\_\_\_

**Obair aonair, saibhriú teanga, feasacht chanúnach:**  
focail i nGaeilge Thír Chonaill le míniú.

## Sleamhnán 05

### Comhionannas Inscne

Éisteacht 1

Éist le Nancy agus Caitlín anois agus freagair na ceisteanna.

- 1) Cén áit a ndeachaigh Nancy ar an meánscoil agus cén fáth a ndeachaigh sí ansin?
- 2) Ar thaitin an scoil léi?
- 3) Cad a rinne sí tar éis na meánscoile agus cé chomh fada a raibh an post sin aici?
- 4) Cén cineál scoile a raibh Caitlín ag freastal uirthi, agus cad a deir sí faoi na hábhair scoile a bhí ar fáil sa scoil sin?
- 5) Cén fáth a gceapann Caitlín nach raibh an t-oideachas lena linn chomh cothromaíoch sin?
- 6) Cad a deir Nancy faoi na deiseanna a bhí ag na fir agus ag na mná nuair a bhí sise ar scoil?

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 06

### Comhionannas Inscne

Éisteacht 2

Obair ghrúpa. Éistigí le Caitlín agus Nancy arís agus pléigí na ceisteanna seo le chéile.

1. Cad iad na difríochtaí idir na scoileanna a bhí ann nuair a bhí siadsan ar scoil agus na scoileanna atá in Éirinn sa lá atá inniu ann?
2. Luaigh Caitlín cúpla ábhar scoile. An bhfuil na hábhair sin ar fáil i scoileanna inniu?
3. Cad iad na hábhair, dar libh, atá ar fáil i scoileanna inniu nach raibh ar fáil nuair a bhí Caitlín agus Nancy ar scoil?
4. Cad a cheapann sibh faoi scoileanna cónaithe? Cén fáth?
5. An bhfuil níos mó deiseanna oideachais ag líon níos mó daoine inniu ná mar a bhí caoga bliain ó shin? Mínigí.

**Obair aonair, tasc éisteachta:**  
ceisteanna le freagairt;  
**obair ghrúpa:**  
ceisteanna le plé; **stór focal:**  
focail nua le cur ar an glár bán.

## Sleamhnán 07

### Comhionannas Inscne

Iarobair 1

Féach ar an léarscáil domhanda a léiríonn an bhearna inscne atá i dtíortha ar fud an domhain. Roghnaigh an teideal ceart le cur sna bearnaí cearta san eochair.

An bhearna \_\_\_\_\_ An bhearna \_\_\_\_\_



Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta de na cúiseanna, dar libh féin, a bhfuil an bhearna níos lú i dtíortha áirithe i gcomparáid le tíortha eile.

**Obair ranga:**  
teidil – an  
bhearna inscne  
is mó/lú – le  
cur sna bearnaí;  
**obair bheirte:**  
cúiseanna le  
tabhairt; **plé  
ranga:** tuairimí  
le malartú.

## Sleamhnán 08

### Comhionannas Inscne

Iarobair 2

Díospóireacht ranga

“Ba cheart cosc iomlán a chur ar chaitheamh an bhúrca, nó aon chineál caifirín loslamach in Éirinn.”



Bíodh an stór focal seo mar chuid den chaint:

Ar son an rúin	In éadan an rúin
i ngéibhinn díothach féiniúlachta dínit na mban saoirse shibhialta ceist mhorálta comhtháthú sóisialta	féiniúlacht an duine saoirse reiligiúin saoirse adhartha adhradh indibhidiúil loslamaíóibe féinléiriú

**Obair ranga:**  
díospóireacht;  
**stór focal:** focail  
le húsáid sa  
díospóireacht.

# 6F Conair eile: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – gairmeacha difriúla
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil beirt daltaí scoile ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag labhairt faoi na pleananna atá acu tar éis na hArdteistiméireachta.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá canúint láidir Chonnacht ag an mbeirt chainteoirí.



### Réamhobair 1

- ✓ Iarr ar thriúr daltaí éagsúla próifíl an duine a léamh amach os comhair an ranga.
- ✓ Cuir ceist ar na daltaí cé acu saol ab fhearr leo féin agus cén fáth. Bíodh plé spreagúil agaibh faoi thuairim gach duine.
- ✓ Abair leis na daltaí alt beag a scríobh ansin, bunaithe ar na cinn ar an sleamhnán. Caithfidh siad próifíl oibre a scríobh fúthu féin i gceann 20 bliain.
- ✓ Iarr ar dhuine nó beirt a bpróifíl a léamh amach os ard.
- ✓ Bailigh próifíl gach duine agus ceartaigh iad don chéad rang eile.



### Réamhobair 2

- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad ansin. Féach na Freagraí.



### Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl, ionas go mbeidh a fhios acu cé na freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Caithfidh siad an oiread eolais agus is féidir a chur sna boscaí.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



### Iarobair 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad. Bí cinnte go dtuigeann siad gach ní.
- ✓ Iarr ar gach beirt na scileanna a phlé le chéile ar dtús. Ansin, pléigh na scileanna leis an rang ina iomláine.
- ✓ Abair leis na daltaí na tréithe agus scileanna, dar leo féin, a bheadh ag teastáil don phost ba mhaith leo a dhéanamh, a bhreacadh síos.

- ✓ Iarr ar gach beirt na pointí a bhí acu a phlé le chéile sula bpléifidh tusa na tuairimí a bhí acu ar fad.
- ✓ Scríobh ar an gclár bán aon stór focal nua a tháinig aníos.



## Iarobair 2 agus 3

- ✓ Bíodh cóip déanta agat roimh an rang de shleamhnán **Iarobair 3**; agus bíodh sleamhnán **Iarobair 2** in airde agat sa tslí is go mbeidh na daltaí in ann an graf a fheiceáil agus iad ag freagairt na gceisteanna.
- ✓ Iarr ar gach beirt an ghníomhaíocht a dhéanamh le chéile ar dtús.
- ✓ Tar éis tamaill, pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad. Tuairimíocht atá i gceist den chuid is mó ach amháin le ceist 1 agus 2. Féach na Freagraí.



## Plé

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang. Bí cinnte go dtuigeann siad gach ní.
- ✓ Cuir an scannán beag nó cuid de, ar siúl don rang le cúlra na heagraíochta a mhíniú dóibh.
- ✓ Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile ar dtús. Ansin, pléigh na ceisteanna leis an rang ina iomláine.
- ✓ Scríobh ar an gclár bán aon stór focal nua a tháinig aníos.

## Freagraí

### Réamhobair 2

#### An tArm



#### An tAerchór



#### An tSeirbhís Chabhlaigh





ballach - wrasse / rock salmon

bas – sea bass

bradán – salmon

breac – trout

cadóg – haddock

colmóir – hake

diúilicíní – mussels

langa – ling

sól geal – lemon sole

mangach – pollock

oisrí – oysters

roc – ray

trosc – cod

turbard – turbot

### arobair 2 agus 3

1. Easpórtálacha Bia Mara na hÉireann
2. An Bheilg, an Éigipt, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Iodáil, an tSeapáin, an Ísiltír, an Nigéir, an tSín, an Pholainn, an Chóiré, an Rúis, an Spáinn agus an tSualainn.

## Conair eile – Script

### Diarmuid Ó Conghaile – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

*So a Dhiarmuid, cad iad na pleananna atá agat don samhradh seo chugainn, i ndiaidh na hArdteiste? Cad a dhéanfaidh tú?*

Tá mé ag dul go Santa Ponza in éineacht le mo chuid chairde. *Just* bealach leis an scoil a fhágáil *really*, píosa craic a bheith againn.

*An-mhaith. An raibh tú ann cheana?*

Ní raibh. Níor fhág mé an tír ó bhí mé dhá bhliain déag d’aois, so beidh sé deas é a fhágáil arís.

*Beidh cinnte, beidh sé tuillte go maith agat faoin am seo chomh maith. Agus, cé a bheas ag dul in éineacht leat?*

Mé féin, Macdara, Andrew is Chris agus mo chairde uilig.

*Agus an mbeidh tú ann cúpla seachtain nó seachtain amháin?*

Seachtain amháin.

*Seachtain amháin, agus an mbeidh post agat ansin nuair a thiocfaidh tú ar ais?*

Tá post agam faoi láthair, tá mé ag obair i siopa ar an mbaile. Tá súil agam go mbeidh sé ann nuair a thiocas mé ar ais.

*Beidh cinnte, agus ansin i mí Mheán Fómhair nó i mí Dheireadh Fómhair, cad tá sé i gceist agat a dhéanamh? An bhfuil sé i gceist agat dul ar an ollscoil?*

Tá súil agam fáil isteach ar chúrsa innealtóireachta i GMIT, innealtóireacht mheicniúil agus ó sin amach tá mé ag faire dul isteach san arm, má tá siad ag tógáil ar aon nós. Muna mbeidh, coinneoidh mé leis an meicneoireacht (meicnic) go dtí an chéad uair eile.

*Agus cad chuige a bhfuil suim agat dul isteach san arm?*

Tá col ceathracha liom san arm agus tá siad ag cineál...bíonn siad ag caint liom agus chuir siad suim ann. Agus tá suim agam san innealtóireacht mé féin, ach níl mé cinnte anois cé acu atá mé ag iarraidh a dhéanamh ach d’fhéadfaí é a thriail ar feadh bliain amháin.

Go díreach. Sin é. Agus cad iad na rudaí is mó a bhfuil tú ag súil leo i do shaol nua mar mhac léinn?

A bheith imithe ón mbaile...saoire (saoirse), bheadh sé deas a bheith neamhspleách ar feadh píosa. Beidh sé costasach ach má bhíonn féin beidh sé go deas.

## Micheál Ó Flatharta – Scoil Chuimsitheach Chiaráin

So a Mhichíl, beidh tú ag déanamh na hArdteiste an samhradh seo chugainn. Ina dhiaidh sin an bhfuil aon phlean agat?

Bhuel, b'fhéidir go rachainn chun an choláiste, tá mé ag brath ar innealtóireacht mhuirí a dhéanamh nó b'fhéidir go bhfanfainn thart ag obair. Tá an-suim agam san iascach.

So, b'fhéidir go mbeidh tú amuigh ag iascach ar feadh an tsamhraidh. An bhfuil sé sin déanta agat cheana?

Bím amuigh scaití le mo Dhaid amuigh sa gcurach sa [doiléir]. Bíonn muid ag iascach gloimeachaí (gliomaigh) agus mangaigh. Díolann muid scaití iad agus laethanta eile ansin coinníonn muid iad agus bíonn siad againn féin.

An bhfuil dúil agat san iasc?

Is maith liom scaití é, ní maith liom é rómhinic, má bhíonn éirím tuirseach dó.

Cinnté. Agus an rachaidh tú ar laethanta saoire ar chor ar bith?

Ní minic é.

Agus conas a dhéanfaidh tú ceiliúradh ar an scoil a fhágáil, mar sin? An mbeidh debs agat nó aon rud mar sin?

Níl a fhios agam, tá caint éicint go bhfuil debs sa scoil agus tá daoine eile a rá nach bhfuil, níl mé cinnte.

## 6F: Conair eile

### Sleamhnán 01

#### Conair eile

Réamhobair 1

Féach ar na trí shaol dhifriúla seo thíos. Cé acu saol ab fhearr leat féin? Cén fáth?



Is iriseoir mé. Is mise an comhfhreagraí cogaidh don pháipéar nuachta náisiúnta. Tá mé lonnaithe sa tSúdáin faoi láthair agus déanaim tráchtairacht ar an gcothach ansin. Níl a fhios agam cathain a bheidh mé ag dul abhaile nó cá mbeidh mé ag dul tar éis mo sheala sa tSúdáin. Tá mé dhá bhliain is daichead agus tá mé singil.



Is innealtóir sibhialta mé agus tá an t-ádh orm mar d'éirigh liom post buan a fháil sa bhaile céanna inár tógadh mé. Tá an post an-suimíúil ar fad. Is breá liom bheith ag obair ar son an phobail agus bheith ag cur leis an mbonnagar áitiúil. Tá mé pósta agus tá triúr páistí agam.



Is ealaíontóir mé agus tá mé i mo chónaí le mo bhean chéile amuigh faoin dtuath. Cailimid ceithre mhí den bhliain inár gcónaí sa Spáinn. Cé go bhfuil cur amach ag go leor daoine ar mo chuid oibre agus cé gur ealaíontóir réasúnta cáiliúil mé, ní shaothraim mórán airgid. Níl aon pháistí againn.

Scríobh alt beag ar nós na gceann thuas, ag déanamh cur síos ar do shaol féin mar a fheiceann tú é i gceann fiche bliain.

**Obair ranga:** triúr leis na hailt a léamh;  
**plé ranga:** tuairimí le malartú; **tasc scríofa:** próifíl shamhlaíoch fúthu féin i gceann fiche bliain le tabhairt.


### Sleamhnán 02

#### Conair eile

Réamhobair 2

Beidh tú ag éisteacht le beirt ag déanamh cur síos ar cad ba mhaith leo a dhéanamh tar éis na hArdteistiméireachta. Beidh duine amháin ag caint faoin arm agus duine eile ag caint faoin iascaireacht. Déan na cleachtaí ar stór focal anois.

1. Ceangail na craobhacha den arm leis na pictiúir chuí. Cad a dhéanann gach craobh, dar leat?



An tArm  
An tAerchór  
An tSeirbhís Chabhlaigh

2. Féach ar an liosta éisc atá ar fáil in uisce na hÉireann. Cé mhéad acu atá ar eolas agat?

bas  
sól geal  
turbard  
mangach  
trosc  
langa  
ballach

bradán  
roc  
cadóg  
diúilicíní  
oisrí  
breac  
colmóir



**Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt faoin arm; **stór focal, saibhriú teanga:** ainmneacha iasc le haistriú ó Ghaeilge go Béarla.

## Sleamhnán 03

### Conair eile

Éisteacht

Éist le Diarmuid agus le Micheál anois agus líon na bearnaí sa bhosca.

Ainm	Laethanta saoire?	Cúrsaí tríú leibhéal?	Aon phost eile?	Aon eolas eile?
Diarmuid 				
Micheál 				

**Obair aonair, tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt; **plé ranga:** freagraí le plé le chéile mar rang.

## Sleamhnán 04

### Conair eile

Iarobair 1

Féach ar na scileanna atá ag teastáil chun dul isteach san arm agus chun a bheith i do dhalta oifigeigh. An bhfuil na scileanna sin agat féin? Agus cad faoin duine in aice leat?

- o Cumas pleanála, tosaíochta agus eagrúcháin
- o An cumas le hanailís chúramach a dhéanamh ar fhadhbanna, ar mhaithe leis na réitigh chuí a aimsiú
- o Scileanna cumarsáide soiléire, gonta agus éifeachtacha
- o An cumas daoine eile a spreagadh chun oibriú mar fhoireann.
- o An cumas é sin ar fad a dhéanamh i dtimpeallacht lena mbaimeann go leor strus.



Breac síos cúpla pointe, anuas ar na pointí thuas, ag déanamh cur síos ar na scileanna agus buanna a bheadh ag teastáil sa phost ba mhaith leat féin a dhéanamh amach anseo.


**Obair bheirte:** scileanna riachtanacha don arm le plé; **plé ranga:** tuairimí le malartú; **obair bheirte:** scileanna do rogha phoist na ndaltaí le plé; **obair ranga:** tuairimí le malartú; stór focal nua le cur ar an gclár bán.

## Sleamhnán 05

### Conair eile

Iarobair 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an ngraf a bhaineann le tionscal na hiascaireachta agus freagair na ceisteanna ar an gcéad sleamhnán eile.



**Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt; **plé ranga:** tuairimí le malartú.

## Sleamhnán 06

### Conair eile

Iarobair 3

Ceisteanna bunaithe ar an sleamhnán deireanach.

1. Cuir Gaeilge ar theideal an ghraif. Bain úsáid as na focail seo: bia mara agus easpórtáil.
2. Scríobh amach na tíortha i nGaeilge.
3. Cén tír a iompórtáilann an méid is mó éisc as Éirinn? Cén fáth, dar leat?
4. Cén tír a iompórtáilann an méid is lú éisc as Éirinn? Cén fáth, dar leat?
5. An maith leat féin iasc? Cén cineál éisc a thaitníonn leat?
6. Cén dochar a dhéanann an ró-iascaireacht agus an róshaothrú in uiscí na hÉireann, dar leat?
7. Conas is féidir éisc na hÉireann a chaomhnú?

**Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt; **plé ranga:** tuairimí le malartú.


## Sleamhnán 07

### Conair eile

Plé

Tá eagraíocht ón Ísiltír, darb ainm *Mars One*, le ceathrar coilíneach a chur ar Mhars faoin mbliain 2023. Tá siad ag earcú daoine faoi láthair agus tá gearrliosta de mhíle duine acu. Níl ach Éireannach amháin ar an liosta sin. An mbeadh suim agat féin dul ann?

Ach má théann tú ann, ní thiocfaidh tú ar ais!



- 1) Ar mhaithe leat dul ann, cad chuige?
- 2) Cén fáth a mbeadh suim ag daoine a leithéid de thuras a dhéanamh, dar leat?
- 3) Cad iad na tréithe a bheadh ag teastáil ó na coilínigh, dar leat?

Físeán i mBéarla le taispeáint faoin bpláinéad Mars; **obair bheirte:** ceisteanna le plé; **plé ranga:** tuairimí le roinnt, stór focal nua le cur suas ar an gclár bán.

# 6G Eisimirce agus uaigneas: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht – Dúshlánach
Spriocanna	Feasacht agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt sa réimse – eisimirce agus uaigneas.
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar thrí phíosa scríbhneoireachta faoin eisimirce agus an t-uaigneas a shíolraítear dá bharr.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Ardteistiméireacht, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **An Clásal Coibhneasta** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



### Réamhobair

- ✓ Tá an ghníomhaíocht seo an-dúshlánach ar fad. Ní bheifeá ag súil go mbeadh na daltaí in ann gach focal a cheangal le gach sainmhíniú.
- ✓ Iarr orthu an oiread agus is féidir leo a dhéanamh ar dtús, agus ansin tabhair leideanna dóibh leis na cinn eile a dhéanamh. Mar shampla:
  - Beidh **ag** sa sainmhíniú freisin.
  - An aidiacht é an focal?
  - An bhfuil nod sa chomhfhocail?
  - An bhfuil aon fhorainm le feiceáil?
- ✓ Pléigh na focail leis an rang ar fad ansin. Féach na Freagraí.



### Crosfhocal 1 agus 2

- ✓ Bíodh cóip déanta agat den sleamhnán **Crosfhocal 1** do gach duine sa rang roimh ré.
- ✓ Bíodh an sleamhnán **Crosfhocal 2** leis na leideanna air in airde agat.
- ✓ Iarr ar gach beirt an crosfhocal a dhéanamh le chéile.
- ✓ Mínigh dóibh gurb iad na focail chéanna iad a pléadh ar an gcéad sleamhnán.
- ✓ Abair leo iarracht a dhéanamh an crosfhocal a dhéanamh gan féachaint siar ar an gcéad sleamhnán.
- ✓ Ceartaigh an crosfhocal leo ansin. Féach na Freagraí.



### Réamhphlé

- ✓ Abair leis na daltaí na ceistanna ar an sleamhnán seo a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh cuid acu leis an rang ar fad ansin.



## An Tasc / Grúpa A, B agus C

- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí le ceathrar i ngach grúpa.
- ✓ Bíodh an sleamhnán **Tasc** in airde agat.
- ✓ Bíodh cóip de gach téacs déanta agat do gach duine sa rang. Ní gá ag an bpointe seo áfach, ach téacs **A** a thabhairt do ghrúpa **A** agus mar sin de.
- ✓ Míinigh dóibh go mbeidh gach grúpa ag déanamh plé ar théacsanna éagsúla agus go gcaithfidh siad na téacsanna a phlé faoi na fotheidil: eisimirce agus uaigneas.
- ✓ Iarr ar gach duine i ngach grúpa nótaí a ghlacadh faoina bhfuil á phlé acu mar go mbeidh siad ag tabhairt an eolais do dhaoine eile ar ball.
- ✓ Tar éis tamall maith cainte, abair leo pointí maithe eolais faoin téacs a bhí acu féin a scríobh.
- ✓ Abair leo ansin cur i láthair gairid a ullmhú do na grúpaí eile. Beidh ar gach duine sa ghrúpa é a ullmhú ach ní bheidh ach ar dhuine amháin an cur i láthair a dhéanamh. Caithfidh siad na pointí ar an sleamhnán **Tasc** a chur san áireamh.
- ✓ Tabhair deis do gach grúpa an cur i láthair a dhéanamh.
- ✓ Tabhair cóip dóibh de na téacsanna nach raibh acu ansin.



## Iarobair 1 agus 2

- ✓ Cuir an t-amhrán **Moving Home** ar siúl uair amháin. Téigh go dtí an nasc seo chun an t-amhrán a fháil:  
<http://www.youtube.com/watch?v=-IG3nXyl41M&feature=kp>
- ✓ Abair leis na daltaí na ceisteanna ar an sleamhnán seo a phlé i ngrúpaí ansin agus an t-amhrán á sheinm den dara huair.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad ansin.

## Réamhobair

faill	seans, deis
tearc	annamh, gann <i>nó</i> ní minic
dream	grúpa daoine
(ag) clamhsán	ag gearán, ag tabhairt amach
ag airneál	ag airneán, ag cuartaíocht
baistíoch	duine a baisteadh, duine beo
caodranta	cruachróíoch
ballóg	fothrach (tí)
fuadrach	faoi dheifir
idir lámha (ag)	á dhéanamh (ag)
coimhthíoch	strainséir
meangadh gáire	aoibh, miongháire
gealgháireach	áthasach
maoithneach	rómánsúil, an-mhothúchánach
baothchaint	caint gan chiall
bacach	duine a iarrann déirce nó nach siúlann i gceart
go treallach	go stadach
meilfimid (am)	cuirfimid an t-am thart
stroighin	cineál gliú a úsáidtear i gcúrsaí tógála

## Crosfhocal 1 / 2

2. grúpa daoine (dream)
  4. aoibh, miongháire (meangadh)
  7. duine a baisteadh, duine beo (baistíoch)
  10. cruachróíoch (caodranta)
  11. strainséir (coimhthíoch)
  12. fothrach (ballóg)
  13. \_\_\_ treallach, go stadach (go)
  14. rómánsúil, an-mhothúchánach (maoithneach)
  15. ag airneán, ag cuartaíocht (ag airneál)
  16. annamh, gann nó ní minic (tearc)
- 
1. áthasach (gealgháireach)
  3. duine a iarrann déirce (bacach)
  4. cuirfimid an t-am thart (meilfimid)
  5. faoi dheifir (fuadach)
  6. ag gearán, ag tabhairt amach, ag (clamhsán)
  8. gliú a úsáidtear i gcúrsaí tógála (stroighin)
  9. seans, deis (faill)
  12. caint gan chiall (baothchaint)

# 6G: Eisimirce agus uaigneas

## Sleamhnán 01

### Eisimirce agus uaigneas

Réamhobair

Ceangail na focail leis na sainmhínte cearta nó leis na téarmaí comhchiallacha.


faill	ag airneán, ag cuartaíocht
tearc	caint gan chiall
dream	annamh, gann nó ní minic
(ag) clamhsán	aoibh, miongháire
ag airneál	faoi dheifir
baistíoch	cruachroíoch
cadránta	áthasach
ballóg	go stadach
fuadrach	seans, deis
idir lámha (ag)	cuirfidimid an t-am thart
coimhthíoch	duine a iarrann déirce nó nach siúlann i gceart
meangadh gáire	grúpa daoine
gealgháireach	duine a baisteadh, duine beo
maoithneach	strainséir
baothchaint	ag gearán, ag tabhairt amach
bacach	cinéal gliú a úsáidtear i gcúrsaí tógála
go treallach	á dhéanamh (ag)
meilfidimid (am)	rómánsúil, an-mhothúcháinach
stroighin	fothrach (tí)

**Obair aonair,**  
**stór focal:** focail  
le ceangal lena  
sainmhíniú.

## Sleamhnán 02

### Eisimirce agus uaigneas

Crosfhocal 1



**Obair bheirte:**  
crosfhocal  
le comhlánú  
le focail ó  
shleamhnán 1.

## Sleamhnán 03

### Eisimirce agus uaigneas

Crosfhocal 2

#### TRASNA

- grúpa daoine
- aoibh, miongháire
- duine a baisteadh, duine beo
- cruachroíoch
- strainséir
- fothrach (tí)
- treallach, go stadach
- rómánsúil, an-mhothúcháinach
- ag airneán, ag cuartaíocht
- annamh, gann nó ní minic

#### SÍOS

- áthasach
- duine a iarrann déirce
- cuirfidimid an t-am thart
- faoi dheifir
- ag gearán, ag tabhairt amach, ag \_\_\_\_\_
- gliú a úsáidtear i gcúrsaí tógála
- seans, deis
- caint gan chiall

**Obair bheirte:**  
crosfhocal  
le comhlánú  
le focail ó  
shleamhnán 1.

## Sleamhnán 04

### Eisimirce agus uaigneas

Réamhphlé

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

- Cén fáth a bhfuil dream óg na tíre ag dul ar imirce le blianta beaga anuas, dar leat?
- An féidir leat smaoineamh ar aon am eile, i stair na hÉireann, a chuaigh an t-aos óg ar imirce? Cén fáth?
- Cén dochar a dhéanann an eisimirce don tír, dar leat?
- An rachaidh tú féin ar imirce, dar leat?



**Obair bheirte:**  
ceisteanna le  
plé faoi imirce  
as Éirinn inniu;  
**obair ranga:**  
tuairimí le  
malartú.

## Sleamhnán 05

### Eisimirce agus uaigneas

Tasc

#### Treoracha



- Léigí amach an píosa scríbhneoireachta atá agaibh le chéile.
- Déanaigí liosta de na focail nach bhfuil ar eolas agaibh. Iarr ar an múinteoir brí na bhfocal a chur ar fáil daoibh nó bainigí úsáid as foclóir.
- Scríobhaigí achoimre ghearr ar an bpíosa atá agaibh. Beidh ar dhuine amháin den ghrúpa an píosa a léamh amach do na grúpaí eile.
- Caithfidh sibh, mar ghrúpa, cur síos a dhéanamh ar an bpíosa do na daoine eile sa rang. Bíodh an t-eolas seo san áireamh agaibh, fiú más tuairimíocht atá ann:
  - Cé a scríobh é agus cathain
  - Cén cineál píosa é – dán, síocht as leabhar nó gearrscéal
  - Na mothúcháin is láidre sa phíosa
- Éistigí le cur i láthair na ngrúpaí eile agus cuirigí ceisteanna orthu le tuilleadh eolais a fháil.

**Obair ghrúpa:**  
téacs amháin  
le plé ag  
gach grúpa,  
agus nótaí  
le déanamh  
faoi na teidil  
“Eisimirce agus  
uaigneas”,  
cur i láthair le  
déanamh ag  
gach grúpa.

## Sleamhnán 06

### Eisimirce agus uaigneas

Grúpa A

**Saol an deoraí,** le bean gan ainm, 37 bliain d'aois

Cuireann an salachar iontas orm i gcónaí. Chomh luath is a leagaim cos ar chosáin chathair Bhaile Átha Cliath tugaim faoi deara an guma coganta greamaithe den stroighin chrua. Feicim na seanchannáil beorach brúite agus caite ar leataobh gan chuma. Siúlaim thar an mbacach gan dídean atá ina shuí in aice leis an mbrúscar ag síleadh ón gcanna bruscair. Ní chuireann na hionmhána sin déistin orm áfach, ach a mhalairt. Cuireann gach smál agus gach píosa páipéir neamhchúiseach glondar ar mo chroí, mar is é mo bhaile é, is í mo thír í. Tá eolas agam ar an tír seo murab ionann is an Fhrainc, an tír ina bhfuil mé ag cur fúm faoi láthair. Chuaigh mé ar imirce chun na Fraince tá sé bliana ó shin de bharr easpa oibre in Éirinn. Tá post agam ann, tá fear agam ann agus tá clann orm ann, ach is coimhthíoch mé ann i gcónaí.

Is iad na daoine is mó a chuireann áthas orm nuair a thagaim chun an bhaile ar cuairt. Ní hamháin mo chuid cairde féin agus mo theaghlach féin ach gach uile dhuine san aerfort plóidaithe, ar an mbus malltriallach isteach chun na cathrach, sna siopaí agus sna beáir. Tugaim faoi deara nach bhfuil stíl faoi leith ag na hÉireannaigh mar atá ag na Francaigh. Deirtear b'fhéidir nach bhfuil stíl ar bith ag na hÉireannaigh ach tá saoirse éigin ag baint leis sin. Ní fir amháin atá sna beáir ach an oiread ach mná chomh maith, mná cumhachtacha gealgháireacha. Is iomaí uair agus mé amuigh go sóisialta sa Fhrainc gur chonaigh mé an t-atmaisféar oscailte agus cairdiúil sin. Is iomaí uair a chaith mé oíche shóisialta le cairde sa Fhrainc ag dúil leis an lá go mbeinn ar ais i measc mo mhuintire féin.

**Obair ghrúpa:**  
téacs amháin  
le plé ag  
gach grúpa,  
agus nótaí  
le déanamh  
faoi na teidil  
“Eisimirce agus  
uaigneas”,  
cur i láthair le  
déanamh ag  
gach grúpa.

## Sleamhnán 07

### Eisimirce agus uaigneas

Grúpa A

Síolraíonn cuimhne éigin as gach ní saolta a fheicim timpeall orm i mBaile Átha Cliath. Is doliagh dom siúl síos sráid ar bith gan meangadh beag gaire a theacht ar m'aghaidh, de bhí gur chas mé le duine ansin nó phóg mé duine ansíúd nó chonac mé an scannán ansin thall nó thit mé den rothar ag bun na sráide sin. Cuimhní maoltheacha a bhfuil luach cúig bliana déag orthu. Casáim le cairde an chéad oíche agus ní féidir craic na hoíche sin a bhuailadh amach. Is iontach an faoiseamh sin a thagann le haithne mhaith a bheith agat ar dhuine, le fios a bheith agat ar chúra an duine sin agus an cur amach céanna agaibh ar na tagairtí cultúrtha céanna. Sruthlaíonn an comhrá gan snag. Sin an chéad oíche agus bíonn an dara hoíche chomh spreagúil céanna. Faoi tríú hoíche áfach, bíonn tuirse orm agus bíonn fonn mo leaba féin orm. Mo leaba féin atá i mo theach féin, atá sa Fhrainc. Tosalonn an fhearthainn ag cur isteach orm. Fuaraionn an taisé sna tithe mo scamhóga. Titeann an spéir throm liath anuas ar mo cheann mar a bheadh ualach trom ann. Cuireann tithe amaideacha droch-thógha an tógair Cheiltigh as dom. Goileann baothchaint na nÉireannach orm. Tagann fonn éalaithe orm.

Fillim ar an bhFrainc. Chomh luath is a leagaim cos ar thalamh na Fraince téann síorchlamhsán na bhFrancach go smiar ionam. Mothaím uaim mo threibh féin. Sin é saol an deoraí. Sin é an t-imirceach ag maireachtáil idir dhá stól.

**Obair ghrúpa:**  
téacs amháin  
le plé ag  
gach grúpa,  
agus nótaí  
le déanamh  
faoi na teidil  
“Eisimirce agus  
uaigneas”,  
cur i láthair le  
déanamh ag  
gach grúpa.

## Sleamhnán 08

### Eisimirce agus uaigneas

Grúpa B

**Mac Eile Ag Imeacht**  
*Fionnuala Ní Fhlannagáin*

Cuirfidimne chun bóthair arís inniu  
Chug aerfort Bhaile Átha Cliath.  
Deireadh an tsamhraidh buailte linn  
Mac eile ag imeacht.  
Eisean féin a thiomáinfidh an carr  
Tús curtha ar a thuras fada.  
Ag mionchomhrá go treallach míloighciúil  
A mheifimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha  
A bheidh idir lámha aige  
Béarfaidh sé ar an bhfaill  
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.  
Tar éis slán a chur leis  
Agus greim láimhe againn ar a chéile  
Pléifimid na buntáistí a bheidh aige thall  
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile

Gealgháireach fuadrach a bheidh  
Na strainséirí inár dtimpeall.  
Ní bhcaimid le cupán caife,  
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.  
Deireadh an tsamhraidh buailte linn

Mac eile ag imeacht

**Obair ghrúpa:**  
téacs amháin  
le plé ag  
gach grúpa,  
agus nótaí  
le déanamh  
faoi na teidil  
“Eisimirce agus  
uaigneas”,  
cur i láthair le  
déanamh ag  
gach grúpa.

## Sleamhnán 9

### Eisimirce agus uaigneas

Grúpa C

*Caibidil 15 den leabhar “Rann na Feirste” le Séamus ‘ac Grianna.*  
*(Iosta GAELIC-L le Clárán Ó Duibhín, 1997-08-22)*

Go gearr i ndiaidh bhlianta an ghorta, thosaigh an imirce as Rann na Feirste go Meiriceá. Ar feadh scór nó scór go leith bliain d’imigh cuid mhór. Agus níor phill ach corr-dhuine. Níor imigh duine ar bith acu, agus rún aige a chnámha a fhágáil i Meiriceá. Dúirt an mhórchuid acu, ag imeacht dóibh, go mbeadh siad ar ais i gceann cúig bliana. Scriobh siad litreacha minic go leor, chug an mhuintir a bhí sa bhaile ar feadh cúpla bliain ar tús. Ansin thosaigh na litreacha ag éirí tearc. Sa deireadh, stad siad. Stadadh de chaint ortha sa bhaile. D’imigh a leithéid siúd eile tá dhá fhicid bliain ó shin. Ní raibh cuimhne ag aon duine ortha ach a bhfor-mhuintir féin. Ní raibh fhios ag cuid den dream óg go raibh a leithéid riamh ann. Ansin Domhnach amháin i ndiaidh an Aifrinn, chuala tú an sagart ag iarraidh gui an phobail do dhuine, nach raibh fhios agat b’fhéidir go raibh a leithéid riamh ann.

“Paidir is Ave Maria le hAodh Ó Domhnaill, as Rann na Feirste lá den tsaoil, a fuair bás i Meiriceá ar an chúigiú lá den mhí seo.”

Tá aithne agam ar fhear amháin a tháinig ar ais, i ndiaidh bliain is dhá fhicid a chaitheamh thall, mar a bhí Peadar Ó Pheadair Shuibhán. Agus níor aithin sé baistoch ar an bhaile nuair a tháinig sé. Ach d’aithin sé an Bháinseach agus an Traigh Bhán agus na Maola Fionna.

**Obair ghrúpa:**  
téacs amháin  
le plé ag  
gach grúpa,  
agus nótaí  
le déanamh  
faoi na teidil  
“Eisimirce agus  
uaigneas”,  
cur i láthair le  
déanamh ag  
gach grúpa.

## Sleamhnán 10

### Eisimirce agus uaigneas

Grúpa C

Bhí teanga Ghaeilge aige mar bhí aige an lá d’imigh sé. Fuair sé aithne ar na daoine agus bhíodh sé ag curtaíocht is ag airneál mar nach bhféadfadh sé an baile riamh. Ach ní labhraíodh sé mórán fán tseansol. Dar leat, gur duine cadránta a bhí ann. Sa deireadh tháinig an lá a raibh aige le himeacht. Agus ar ndóig, shílfeadh gur bhurth fhurasta dó Rann na Feirste a fhágáil an iarraidh seo gan cumtha ar bith a bheith air. Bhí a athair is a mháthair marbh, leis na blianta. An teach ann ar tógadh é, ní hé amháin go raibh sé ina bhallóg, acht ní raibh fágtha den bhallóg féin ach clocha na dúshraithe. Bhí a bhean is a chlann i Meiriceá ag feitheamh leis ar ais ionsar ortha. Shílfeadh duine gur ag gabháil chun an bhaile a bhí sé agus nach ag imeacht as an bhaile. Ach an tráthnóna sular imigh sé, chuaigh sé suas agus shuigh sé ar chlocha na ballóige agus chaoin sé uisce a chinn. Ansin d’imigh sé agus níor phill sé ní ba mhó.

**Obair ghrúpa:**  
téacs amháin  
le plé ag  
gach grúpa,  
agus nótaí  
le déanamh  
faoi na teidil  
“Eisimirce agus  
uaigneas”,  
cur i láthair le  
déanamh ag  
gach grúpa.

## Sleamhnán 11

### Eisimirce agus uaigneas

Iarobair 1

Bí ag obair sna grúpaí céanna fós agus tugaigí faoi na ceisteanna seo:



1. Éistigí le hamhrán de chuid na *Beatles*, *She’s Leaving Home*. Cad iad na mothúcháin a léirítear ann, dar libh?
2. Cad é téama an amhráin, dar libh?
3. An maith libh an t-amhrán? Cén fáth?
4. An mbeidh uaigneas ar bhur dtuismitheoirí nuair a fhágfaidh sibh an baile, dar libh?
5. An bhfuil sé tábhachtach an baile a fhágáil, dar libh? Cén fáth?
6. Déanaigí iarracht anois an chéad rann den amhrán a aistriú go Gaeilge.
7. An raibh sé deacair é a aistriú? Cén fáth?

**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna  
bunaithe ar  
“She’s Leaving  
Home” leis  
na Beatles  
le freagairt;  
véarsa amháin  
le haistriú;  
**obair ranga:**  
freagraí le plé.

## Sleamhnán 12

### Eisimirce agus uaigneas

Iarobair 2

**“She’s Leaving Home”**  
Wednesday morning at five o’clock as the day begins  
Silently closing her bedroom door  
Leaving the note that she hoped would say more  
She goes downstairs to the kitchen clutching her handkerchief  
Quietly turning the backdoor key  
Stepping outside she is free

...  
She (We gave her most of our lives)  
Is leaving (Sacrificed most of our lives)  
Home (We gave her everything money could buy)  
She’s leaving home after living alone  
For so many years (Bye bye)

Father snores as his wife gets into her dressing gown  
Picks up the letter that’s lying there  
Standing alone at the top of the stairs  
She breaks down and cries to her husband “Daddy our baby’s gone  
Why would she treat us so thoughtlessly?  
How could she do this to me?”

...  
She (We never thought of ourselves)  
Is leaving (Never a thought for ourselves)  
Home (We struggled hard all our lives to get by)  
She’s leaving home after living alone  
For so many years (Bye bye)

Friday morning at nine o’clock she is far away  
Waiting to keep the appointment she made  
Meeting a man from the motor trade  
She (What did we do that was wrong)  
Is having (We didn’t know it was wrong)  
Fun (Fun is the one thing that money can’t buy)  
Something inside that was always denied  
For so many years (Bye bye)

...  
She’s leaving home  
Bye bye



**Obair ghrúpa:**  
ceisteanna  
bunaithe ar  
“She’s Leaving  
Home” leis  
na Beatles  
le freagairt;  
véarsa amháin  
le haistriú;  
**obair ranga:**  
freagraí le plé.



# 6H Fócas ar Theanga (i) An Clásal Coibhneasta: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Rialacha a bhaineann leis an gclásal coibhneasta a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **6H (i) An Clásal Coibhneasta**, Aonad 6 (An saol tar éis na hArdteiste). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin gclásal coibhneasta.

Is gné an-tábhachtach den Ghaeilge é an clásal coibhneasta, ach is gné an-deacair é freisin. Is fearr na ceachtanna seo a dhéanamh le rang a bhfuil Gaeilge mhaith labhartha acu nó iad a dhéanamh i gcéimeanna le rang níos laige.

Maidir leis an tríú cuid den cheacht seo – an clásal coibhneasta agus ceisteanna, bí cinnte a mhíniú do na foghlaimeoirí nach bhfuil aon tagairt siar don chéad chlásal san abairt i gceist. Míniú d'óibh go n-úsáidtear an clásal coibhneasta díreach tar éis focail áirithe agus an clásal coibhneasta indíreach tar éis focail eile.

\*Féach leathanach 117 - 124, 12, 90 & 100 sa leabhar **Cogar Nua**

## 6H (i) An Clásal Coibhneasta

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <div style="border: 1px solid black; padding: 5px;"> <p><b>An Clásal Coibhneasta</b> <span style="float: right;">Díreach 1</span></p> <p><b>An clásal coibhneasta díreach</b>          Bíonn clásail in abairtí go minic. Baintear úsáid as an mír choibhneasta chun na clásail sin a cheangal le chéile. Tugann an clásal coibhneasta <b>díreach tuilleadh eolais faoin gclásal a thagann roimhe</b>. Féach na samplaí thíos, a bhfuil an mhír choibhneasta i gcló dubh iontu. Tá an mhír choibhneasta ag oibriú mar chónasc nó mar dhroichead idir an dá chlásal.</p> <p>Sin é an fear <b>a</b> cheannaíonn an páipéar nuachta gach Aoine.          Sin é an fear <b>nach</b> gceannaíonn an páipéar nuachta gach Aoine.</p> <p>Sin é an fear <b>a</b> cheannaigh an páipéar Dé hAoine seo caite.          Sin é an fear <b>nár</b> cheannaigh an páipéar nuachta Dé hAoine seo caite.</p> </div>	<p><b>Gramadach, feascht teanga: an clásal coibhneasta díreach – míniú.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <div style="border: 1px solid black; padding: 5px;"> <p><b>An Clásal Coibhneasta</b> <span style="float: right;">Díreach 2</span></p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1) Roinn gach abairt ar an sleamhnán deireanach in dhá abairt.</li> <li>2) Athscríobh an chéad dá abairt ar an sleamhnán deireanach anois san aimsir fháistineach. Is ionann an mhír choibhneasta san aimsir fháistineach agus san aimsir láithreach.</li> </ol> <p style="text-align: center;"><b>An raibh an ceart agat?</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Sin é an fear. Ceannaíonn sé an páipéar nuachta gach Aoine.</li> <li>○ Sin é an fear. Ní cheannaíonn sé an páipéar nuachta gach Aoine.</li> <li>○ Sin é an fear. Cheannaigh sé an páipéar nuachta Dé hAoine seo caite.</li> <li>○ Sin é an fear. Níor cheannaigh sé an páipéar nuachta Dé hAoine seo caite.</li> </ul> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Sin é an fear a cheannóidh an páipéar nuachta Dé hAoine seo chugainn.</li> <li>▪ Sin é an fear nach gceannóidh an páipéar nuachta Dé hAoine seo chugainn.</li> </ul> </div>	<p><b>Gramadach, feascht teanga: an clásal coibhneasta díreach – míniú agus ceisteanna.</b></p>
--	---	---	---

## Sleamhnán 03

### An Clásal Coibhneasta

Indireach 1

Bíonn clásail in abairtí go minic. Baintear úsáid as an mír choibhneasta chun na clásail sin a cheangal le chéile. Bíonn an clásal coibhneasta **indireach** i gceist áfach, nuair a bhíonn an dara clásal ag tagairt siar don chlásal a thagann roimhe. Cúpla nod chun an clásal coibhneasta indireach a úsáid:

✓ Is minic a bhíonn an tuiseal tabharthach i gceist agus bíonn an forainm réamhfhoclach ag deireadh na habairte, mar shampla:

*Sin í an bhean ar thug mé an t-airgead di. (Thug mé an t-airgead don bhean)*

✓ Is minic a bhíonn an tuiseal ginideach i gceist sa dara clásal, mar shampla:

*Sin í an bhean ar bhris a mac an fhuinneog. (Bhris mac na mná an fhuinneog)*

✓ Ní ionann an t-ainmní sa dá leath.

*Sin í an bhean. Bhuail mé í.*

*Sin í an bhean ar bhuail mé í.*

*Sin é an fear. Chonaic a iníon an tine.*

*Sin é an fear a bhfaca a iníon an tine.*

**Gramadach, feasacht teanga:**  
an clásal coibhneasta indireach – míniú.

## Sleamhnán 04

### An Clásal Coibhneasta

Indireach 2

✓ Is é an mhír choibhneasta san aimsir láithreach, san aimsir ghnáthláithreach agus san aimsir fháistineach ná:

*a + urú (dearfach) – Seo é an fear a n-itheann a mhadra seacláid.*

*nach + urú (diúltach) – Seo é an fear nach n-itheann a mhadra seacláid.*

✓ Is é an mhír choibhneasta san aimsir chaite ná:

*ar + séimhiú – Sin é an dalta scoile ar cheannaigh mé an rothar uaidh.*

*nár + séimhiú – Sin é an dalta scoile nár cheannaigh mé an rothar uaidh.*

✓ Bí cúramach leis na briathra mírialta áfach! Leanann an fhoirm cheisteach na míreanna coibhneasta. Mar shampla:

*An raibh tú ann?*

*Sin é an fear a raibh a mhac ann.*

*An ndeachaigh tú abhaile ar a haon a chlog?*

*Sin é an duine a ndeachaigh a bhean chéile abhaile ar a haon.*

**Gramadach, feasacht teanga:**  
an clásal coibhneasta indireach – míniú agus rialacha.

## Sleamhnán 05

### An Clásal Coibhneasta

Indireach 3

Ceangail na habairtí thíos le chéile. Bain úsáid as an gclásal coibhneasta indireach.

- (Is maith liom milseáin)(Tá cnónna iontu)
- (Sin é an teach tábhairne)(Oibríonn Seán ann)
- (Chonaic mé an madra)(Is leis an mbean é)
- (Chas mé le cara)(Tá cónaí air i gCorcaigh)
- (Rachaidh mé go dtí an ollscoil)(Beidh mo dheirfiúr ag freastal uirthi)
- (Cuireadh an buachaill abhaile)(Tugadh cic dó)
- (An raibh aithne agat ar an gcaillín?)(Ní raibh aon chairde aici)
- (Bhí éad air leis an gcaillín)(Níor tugadh obair bhaile di)
- (An é sin an múinteoir)(Bhí gach duine ag magadh faoi)

**Gramadach, feasacht teanga:**  
an clásal coibhneasta indireach – ceacht.

## Sleamhnán 06

### An Clásal Coibhneasta

Indireach 4

An raibh an ceart agat?

- Is maith liom milseáin a bhfuil cnónna iontu.
- Sin é an teach tábhairne a n-oibríonn Seán ann.
- Chonaic mé an madra ar leis an mbean é.
- Chas mé le cara a bhfuil cónaí air i gCorcaigh.
- Rachaidh mé go dtí an ollscoil a mbeidh mo dheirfiúr ag freastal uirthi.
- Cuireadh an buachaill abhaile ar tugadh cic dó.
- An raibh aithne agat ar an gcaillín nach raibh aon chairde aici?
- Bhí éad air leis an gcaillín nár tugadh obair bhaile di.
- An é sin an múinteoir a raibh gach duine ag magadh faoi?

**Gramadach, feasacht teanga:**  
an clásal coibhneasta indireach – freagraí ar an gceacht.

## Sleamhnán 07

### An Clásal Coibhneasta

Ceisteanna 1

An clásal coibhneasta agus ceisteanna.

Féach ar na ceisteanna coitianta seo. Cén abairt an bhfuil an clásal coibhneasta **indireach** inti? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Conas atá tú? Cad é mar atá tú? Cén chaoi a bhfuil tú?

Féach ar na mionfhocail seo ar fad a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. Leanann an clásal coibhneasta **díreach** cuid acu agus leanann an clásal coibhneasta **indireach** an chuid eile.

Cuir na mionfhocail sna boscaí cearta:

*cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fhad, cén uair, cad é mar agus cén dóigh*

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indireach

Cum ceisteanna leis na focail sna boscaí thuas anois.

**Gramadach, feasacht teanga:**  
ceisteanna coitianta le clásal coibhneasta díreach nó indireach.

## Sleamhnán 08

### An Clásal Coibhneasta

Ceisteanna 2

Freagraí

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indireach
<i>cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fhad, cén uair, cad é mar</i>	<i>cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh</i>

Cé chomh minic is a théann tú abhaile?

Cad a dhéanann an duine sin?

Cé a d'ól an deoch sin?

Cathain a bheidh sé ag teacht?

Conas atá tú?

Céard a dúirt sé?

Cén fhad a fhanfaidh sé?

Cén uair a thagann sé?

Cad é mar atá an aimsir?

Cad chuige a bhfuil fearg air?

Cén chaoi a dtéann tú ann?

Cén tslí a ndeir tú an focal sin?

Cén fáth a bhfuil sé sin amhlaidh?

Cén áit a mbíonn na páistí?

Cén dóigh a ndearna tú é?

**Gramadach, feasacht teanga:**  
ceisteanna coitianta le clásal coibhneasta díreach nó indireach.

# 6H Fócas ar Theanga (ii) Dá: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spríocanna	Rialacha a bhaineann le <b>dá</b> a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

## Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Ag fágáil an bhaile**, Aonad 6 (An saol tar éis na hArdteiste). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoi **Dá**.

## Freagraí

1. Dá mbuafaimis an lotto, cheannóimis gluaisteán.
2. Mura gcuirfimis scairt air, rachadh sé le craobhacha.
3. Bheimis saibhir anois mura mbeadh sé ceannaithe againn.
4. Dá labhróinn leis anois, chaoinfinn / ghoilfinn / bheinn ag gol / ag caoineadh.
5. Dá mbeifeá tar éis staidéar a dhéanamh, bheadh éirithe go maith leat sa scrúdú.
6. Dá ndéanfadh sé roinnt spóirt, bheadh sé i gceart.
7. Mura rachaimis, ní bhufaimis faic.
8. Dá gcaithfeá éadaí teo, ní bheifeá fuar.

\*Féach leathanach 27 – 33 sa leabhar **Cogar Nua**

## 6H (ii) Dá/Mura

### Sleamhnán 01

#### Dá / Mura

Féach ar an abairt seo:

**Dá** dtabharfainn airgead duit, **chaithfeá** ar mhilseáin é.

**Mura** dtabharfainn airgead duit, **bheadh** fearg ort.

Cad is féidir leat a rá faoin abairt sin? Féach ar an gcló dubh!

Cad a dúirt tú?

- ✓ Úsáidtear an modh coinníollach le **dá** agus **mura**.
- ✓ Leanann urú **dá** agus **mura** sa mhodh coinníollach.
- ✓ Má bhíonn an modh coinníollach sa chéad chlásal beidh an modh coinníollach sa dara clásal.

**Gramadach, feasacht teanga:**  
an modh coinníollach, dá agus mura.

### Sleamhnán 02

#### Dá / Mura

cleachtadh

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

1. If I won the lotto, I'd buy a car.
2. If we didn't call him, he'd go mad.
3. We would be rich now if we hadn't bought it.
4. If I spoke to him now, I'd cry.
5. If you'd studied, you'd have passed the exam.
6. If he did some sport, he'd be ok.
7. If we didn't go, we wouldn't win anything.
8. If you wore warm clothes, you wouldn't be cold.

**Gramadach, feasacht teanga:**  
an modh coinníollach, dá agus mura;  
**obair aonair/ bheirte:** abairtí le haistriú.

## 6H Fócas ar Theanga (iii) Má: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An Ardteistiméireacht
Spriocanna	Rialacha a bhaineann le <b>Má</b> a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

### Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Má i ndán duit?** Aonad 6 (An saol tar éis na hArdteiste). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoi **Má**.

### Freagraí

1. Má thagann siad ar ais gan mhoill, abair leo glaoch orm.
2. Má dúirt sé é sin, níor thuig mé é.
3. Má fheiceann tú Seán, iarr air scríobh chugam.
4. Má fuair sí an post, ní raibh a fhios agam.
5. Mura dtéim go Baile Átha Cliath amárach, rachaidh mé an tseachtain seo chugainn.
6. Má bhí tú i láthair, ní fhaca mé tú.
7. Mura bhfaigheann tú an litir, ná bíodh imní ort.
8. Má fhágann tú anois, ní fheicfidh mé go deo arís tú.

\*Féach leathanach 23 – 26 sa leabhar **Cogar Nua**

# 6H (iii) Má

<p><b>Sleamhnán 01</b></p> <p><b>Má</b> <small>san aimsir láithreach</small></p> <p>Féach ar an abairt seo:</p> <p><b>Má</b> thagann tú abhaile ar a seacht a chlog, <b>tabharfaidh</b> mé bronntanas duit.</p> <p>Cad is féidir leat a rá faoin abairt sin? Féach ar an gcló dubh!</p> <p>Cad a dúirt tú?</p> <ul style="list-style-type: none"><li>✓ Úsáidtear an aimsir láithreach le <b>má</b> chun tagairt a dhéanamh don am le teacht.</li><li>✓ Leanann séimhiú <b>má</b> san aimsir láithreach ach amháin leis na briathra bí agus abair. Mar shampla:</li></ul> <p>Má dhéanann tú sin, beidh an lá leat <b>ach</b> Má tá an aimsir go maith, rachaidh muid ann <b>agus</b> Má deir sí gan dul, ná himigh</p>	<p><b>Gramadach, feascht teanga: má, aimsir láithreach – míniú agus rialacha.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 02</b></p> <p><b>Má</b> <small>san aimsir chaite</small></p> <p>Féach ar na habairtí seo:</p> <p><b>Má</b> chaith sé an liathróid, ní fhaca mé é. <b>Má</b> d’ith sí a dinnéar, tá ocras uirthi fós.</p> <p><b>Má</b> fuair sí é, ní dúirt sí aon rud. <b>Má</b> dúirt sé liom é, ní cuimhin liom.</p> <p>Cad is féidir leat a rá faoi na habairtí thuas? Féach ar an gcló dubh!</p> <p>Cad a dúirt tú?</p> <ul style="list-style-type: none"><li>✓ Leanann séimhiú <b>má</b> san aimsir chaite.</li><li>✓ Ní chuirtear aon séimhiú ar na briathra <b>faigh</b> agus <b>abair</b>, tar éis <b>má</b> san aimsir chaite.</li></ul>	<p><b>Gramadach, feascht teanga: má, aimsir chaite – míniú agus rialacha.</b></p>
<p><b>Sleamhnán 03</b></p> <p><b>Mura / murar</b> <small>san aimsir láithreach &amp; san aimsir chaite</small></p> <p>Féach ar na habairtí seo:</p> <p><b>Mura</b> dtagann tú abhaile ar a seacht a chlog, <b>ní thabharfaidh</b> mé bronntanas duit.</p> <p><b>Murar</b> chaith seisean an liathróid, níl a fhios agam cé a chaith é!</p> <p>Cad is féidir leat a rá faoi na habairtí thuas? Féach ar an gcló dubh!</p> <p>Cad a dúirt tú?</p> <ul style="list-style-type: none"><li>✓ Úsáidtear <b>mura</b> i ngach aimsir ach amháin san aimsir chaite.</li><li>✓ Leanann urú <b>mura</b>.</li><li>✓ Úsáidtear <b>murar</b> san aimsir chaite.</li><li>✓ Leanann séimhiú <b>murar</b> de ghnáth ach amháin le cuid de na briathra mírialta.</li></ul>	<p><b>Gramadach, feascht teanga: mura/ murar, aimsir láithreach agus aimsir chaite – míniú agus rialacha.</b></p>	<p><b>Sleamhnán 04</b></p> <p><b>Má / Mura / Murar</b> <small>cleachtadh</small></p> <p>Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:</p> <ol style="list-style-type: none"><li>1. If they return soon, tell them to call me.</li><li>2. If he said that, I did not understand him.</li><li>3. If you see Seán, ask him to write to me.</li><li>4. If she got the job, I did not know.</li><li>5. If I don't go to Dublin tomorrow, I'll go next week.</li><li>6. If you were there, I did not see you.</li><li>7. If you don't get the letter, don't worry.</li><li>8. If you leave now, I'll never see you again.</li></ol>	<p><b>Gramadach, feascht teanga: má/ mura/murar, cleachtadh.</b></p>



## Ardteistiméireacht

Cúrsa Gaeilge d'iar-bhunscoileanna  
Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

### Treoir don mhúinteoir

Iarradh ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ábhar oiriúnach do theagasc na Gaeilge in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur ar fáil de bharr mí-oiriúnacht na dtéacsleabhar atá ar an margadh.

Cinneadh suíomh gréasáin a fhorbairt le hábhar físe, fuaime agus scríofa a bheadh oiriúnach do chainteoirí dúchais agus do chainteoirí líofa Gaeilge.

Faoi stiúir Shiuán Ní Mhaonaigh, scríobh Úna Nic Gabhann agus Aoife Ní Chonchúir an t-ábhar atá ar an suíomh. Treoir in úsáid an ábhair sin atá sa leabhar seo, atá dírithe ar chúrsa na hArdteiste.

